



Forbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV



Arna pháirtchistiú ag
Tionscnamh TEN-E an AE

Tuarascáil ar an
gComhairliúchán
leis an bPobal agus
le húinéirí Talún

2B

IMLEABHAR

AN CLÁR ÁBHAR

1	RÉAMHRÁ	1
1.1	CUSPÓIR NA TUARASCÁLA.....	1
1.2	STRUCHTÚR NA TUARASCÁLA SEO	1
1.3	SAINMHÍNITHE	3
2	COMHTHÉACS AN CHAIDRIMH LEIS AN BPOBAL AGUS LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA	7
2.1	RÉAMHRÁ	7
2.1.1	Coinbhinsiún Aarhus	7
2.1.2	Treoir Chomhdhlúite an EIA	9
2.1.3	Ceanglais an Dí Náisiúnta	10
2.1.4	Dea-Chleachtas.....	12
2.1.5	Tionscadal Leasa Choitinn	12
2.2	AN CUR CHUIGE AR GHLAC EIRGRID LEIS I LEITH AN PHRÓISIS COMHAIRLIÚCHÁIN PHOIBLÍ ...	14
2.2.1	Na Coincheapa Comhairliúcháin Phoiblí agus na Prionsabail Chomhairliúcháin Phoiblí a Leanadh	14
2.2.2	Cur chuige EirGrid i leith an Chomhairliúcháin i bhForbairt an Tionscadail	17
2.3	COMHTHÉACS AN CHAIDRIMH LE HÚINÉIRÍ TALÚN	27
2.3.1	Comhthéacs Reachtúil	27
2.3.2	Dea-Chleachtas EirGrid	27
2.4	FOIREANN CUMARSÁIDE AN TIONSCADAIL.....	27
3	FORBHREATHNÚ AR AN GCOMHAIRLIÚCHÁN POIBLÍ AGUS AR AN GCAIDREAMH LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA A RINNEADH	28
3.1	2007 - 2010.....	30
3.1.1	Céim 1	30
3.1.2	Céim 2	31
3.1.3	Céimeanna 3 agus 4	31
3.1.4	An tIarratas Roimhe seo ar Cheadú Pleanála.....	31
3.2	CÉIM AN PHRÓISIS UM ÁTHMHEASÚNÚ (2011 – 2013).....	32
3.3	RÉITEACH TIONSCADAIL ROGHNAITHE (2013).....	33
3.4	AN LÍNEBHEALACH DEIRIDH GO CUR ISTEACH AN IARRATAIS (Ó 2013 AMACH).....	34
3.5	COMHAIRLIÚCHÁN LE HÚINÉIRÍ TALÚN	36
3.6	NA HUIRLISÍ CUMARSÁIDE AR BAINÉADH LEAS ASTU	38
3.6.1	Na Meáin agus Fógraíocht	40
3.7	DEACRACHTAÍ, SAINCHEISTEANNA AGUS FREAGAIRTÍ A THÁINIG CHUN CINN	43
3.7.2	Leibhéal Rannpháirtíocht an Phobail agus an Chaidrimh le Páirtithe Leasmhara	45
3.8	MÓRTHONSCNAIMH CHAIDRIMH DE CHUID EIRGRID.....	45
3.8.1	Urraíocht ar Rás Bóthair 4 Mhíle Dhún Búinne.....	45

3.8.2	Urraíocht ar Fhéile Hay	46
3.8.3	Féile <i>Life of Riley</i> sa Chabhán	46
3.8.4	An Clár Eolaíochta do Scoileanna de chuid EirGrid.....	47
3.8.5	Comhdháil Chumann na Múinteoirí Innealtóireachta agus Teicneolaíochta i Muineachán	47
3.9	AMLÍNE MAIDIR LE GNÍOMHAÍOCHTAÍ AGUS LE HIMEACHTAÍ COMHAIRLIÚCHÁIN Ó 2007 AMACH	47
4	COMHAIRLIÚCHÁN A RINNEADH IDIR 2007 AGUS 2010.....	48
4.1	RÉAMHRÁ.....	48
4.2	TÉARMAÍ TAGARTHA	48
4.3	MODHEOLAÍOCHTAÍ A GLACADH DON CHOMHAIRLIÚCHÁN POIBLÍ AGUS DON CHAIDREAMH LE HÚINÉIRÍ TALÚN	49
4.4	LEIBHÉAL RANNPHÁIRTÍOCHT AN PHOBAIL I GCÉIM 1: SCÓPÁIL AR SHRIANTA STRAITÉISEACHA (DEIREADH FÓMHAIR 2007 – BEALTAINE 2008)	51
4.4.1	An Leibhéal Rannpháirtíochta	51
4.4.2	An Cineál Aiseolais a Fuarthas	52
4.4.3	Freagraí ar na Saincheisteanna a Ardaíodh le linn Rannpháirtíocht an Phobail	54
4.4.4	An Dóigh a ndeachaigh Aiseolas i gcion ar Fhorbairt an Tionscadail.....	57
4.5	BEALTAINE 2008 – NOLLAIG 2009 (CÉIMEANNA 2, 3 AGUS 4 SAN ÁIREAMH)	58
4.5.1	An Leibhéal Rannpháirtíochta	59
4.5.2	An Cineál Aiseolais a Fuarthas	59
4.5.3	Freagraí ar na Saincheisteanna a Ardaíodh le linn Rannpháirtíocht an Phobail	59
4.5.4	An Dóigh a ndeachaigh Aiseolas i gcion ar Fhorbairt an Tionscadail.....	60
4.6	AN TRÉIMHSE COMHAIRLIÚCHÁIN REACHTÚIL: NOLLAIG 2009 – IÚIL 2010.....	63
4.6.1	An Leibhéal Rannpháirtíochta	64
4.6.2	An Cineál Aiseolais a Fuarthas - Aighneachtaí i Scríbhinn.....	65
4.6.3	An Cineál Aiseolais a Fuarthas agus an Fhreagairt do na Príomh-shaincheisteanna a Ardaíodh - Aighneachtaí ó Bhéal	67
4.6.4	An Cineál Aiseolais a Fuarthas agus an Fhreagairt do na Príomh-shaincheisteanna a Ardaíodh – An Réiteach Tionscadail Deiridh agus an Dearadh Deiridh (ó 2013 amach).....	68
5	AN PRÓISEAS UM ATHMHEASÚNÚ (LÚNASA 2010 – AIBREÁN 2013).....	69
5.1	AN RÉASÚNAÍOCHT LEIS AN BPRÓISEAS UM ATHMHEASÚNÚ.....	69
5.2	ÁBHAIR EILE LENA MBAINEANN ÁBHARTHACHT A THÁINIG CHUN CINN LE LINN NA TRÉIMHSE ..	69
5.2.1	Torthaí an Choimisiúin Idirnáisiúnta Saineolaithe (IEC)	69
5.2.2	Tuarascáil ó Chomhchoiste an Oireachtais	70
5.2.3	Grid25 Implementation Programme (<i>Clár Fortheidhmithe Eangach25</i>) 2011-2016 agus an Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta	71

5.2.4	Ráiteas Beartais an Rialtais maidir leis an Tábhacht Straitéiseach a Bhaineann le Tarchur agus le Bonneagar Fuinnimh Eile	72
5.3	AN PRÓISEAS UM ATHMHEASÚNÚ.....	73
5.4	CUR CHUIGE I LEITH AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN AGUS RANNPHÁIRTÍOCHT AN PHOBAIL.....	74
5.5	AN RÉAMHCHÉIM ATHMHEASÚNAITHE (2010 – 2011)	76
5.5.1	Téarmaí Tagartha.....	77
5.5.2	Modhanna Rannpháirtíochta	78
5.5.3	Gníomhaíochtaí Cumarsáide	79
5.5.4	An tAiseolas a Fuarthas	84
5.5.5	An Cineál Aiseolais a Fuarthas	86
5.5.6	Freagraí ar na Saincheisteanna a Ardaíodh	87
5.5.7	An Dóigh a ndeachaigh Aiseolas i gcion ar Fhorbairt an Tionscadail.....	87
5.6	AN T-ATHMHEASÚNÚ DEIRIDH (2011 – 2013).....	88
5.6.1	Téarmaí Tagartha.....	90
5.6.2	Modhanna Rannpháirtíochta	91
5.6.3	Gníomhaíochtaí Cumarsáide	92
5.6.4	An tAiseolas a Fuarthas	101
5.6.5	An Cineál Aiseolais a Fuarthas	103
5.6.6	Freagraí ar na Saincheisteanna a Ardaíodh	105
5.6.7	An Dóigh a ndeachaigh Aiseolas i gcion ar Fhorbairt an Tionscadail.....	106
6	PREFERRED PROJECT SOLUTION REPORT (TUARASCÁIL UM RÉITEACH TIONSCADAIL ROGHNAITHE)	107
6.1	RÉAMHRÁ	107
6.2	CUR CHUIGE I LEITH AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN AGUS RANNPHÁIRTÍOCHT AN PHOBAIL.....	107
6.2.1	Téarmaí Tagartha.....	108
6.2.2	Modhanna Rannpháirtíochta	109
6.2.3	Gníomhaíochtaí Cumarsáide	110
6.2.4	Aiseolas a Fuarthas le linn an Chomhairliúcháin agus Rannpháirtíocht an Phobail maidir leis an Réiteach Tionscadail Roghnaithe	124
6.2.5	An Cineál Aiseolais a Fuarthas	125
6.2.6	Freagraí ar na Saincheisteanna a Ardaíodh le linn Rannpháirtíocht an Phobail	144
6.2.7	Tionchar Rannpháirtíocht an Phobail.....	146
7	CAIDREAMH LE HÚINÉIRÍ TALÚN.....	148
7.1	RÉAMHRÁ	148
7.2	CAIDREAMH LE HÚINÉIRÍ TALÚN, 2007 GO 2010	148
7.2.1	Leibhéal Rannpháirtíocht na nÚinéirí Talún.....	150
7.2.2	An Cineál Aiseolais a Fuarthas	150
7.2.3	Freagraí ar na Saincheisteanna a Ardaíodh	151
7.2.4	An Dóigh a ndeachaigh Aiseolas i gcion ar Fhorbairt an Tionscadail.....	152

7.3	CAIDREAMH LE HÚINÉIRÍ TALÚN, 2011 - 2015	153
7.3.1	Céim 1 - Bealach Táscaigh	154
7.3.2	Tréimhse idir Céim 1 agus Céim 2	155
7.3.3	Céim 2 – An Línebhealach Roghnaithe	158
7.3.4	Céim 3 – An Línebhealach Deiridh.....	165
7.3.5	Comhfhreagras le hÚinéirí Talún roimh Chur Isteach an Iarratais Pleanála .	166
7.4	AN CINEÁL AISEOLAIS A FUARTHAS	168
7.5	FREAGRAÍ AR NA SAINCHEISTEANNA A ARDAÍODH LE LINN RANNPHÁIRTÍOCHT AN PHOBAIL (CÉIMEANNA 1 AGUS 2).....	170
7.6	TIONCHAR AN CHAIDRIMH LE HÚINÉIRÍ TALÚN (CÉIMEANNA 1 AGUS 2)	171
8	AN TRÉIMHSE TAR ÉIS DHEIREADH AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN AR AN RÉITEACH TIONSCADAIL ROGHNAITHE AGUS ROIMH CHUR ISTEACH AN IARRATAIS PLEANÁLA	173
8.1	MEÁN FÓMHAIR 2013 GO NOLLAIG 2013.....	173
8.2	CÉIM THOGRA AN TIONSCADAIL (NOLLAIG 2013 GO DTÍ A CHUR ISTEACH).....	174
8.2.1	Ábhair eile lena mbaineann Ábharthacht a tháinig chun cinn le linn na Tréimhse	174
8.2.2	Gníomhaíochtaí Cumarsáide a bhí ar siúl ó Mhárta 2015 suas go Cur Isteach an Iarratais Pleanála ar Cheadú.....	176
8.3	AN PRÓISEAS COMHAIRLIÚCHÁIN REACHTÚIL.....	181
9	CONCLÚID	183
9.1	SCAIPEADH ÉIFEACTACH FAISNÉISE AR AN BPOBAL AGUS AR ÚINÉIRÍ TALÚN	185
9.2	MÉID AGUS CINEÁL RANNPHÁIRTÍOCHT AN PHOBAIL AGUS AN AISEOLAIS A FUARTHAS	185
9.2.1	Tuairisciú ar Aiseolas Comhairliúcháin	188
9.2.2	Cáipéisí Iarratais.....	188
9.3	ACHOIMRE	188
10	LEABHARLIOSTA	189

LIOSTA NA BHFÍORACHA

Fíor 2.1:	Na Sraitheanna Comhairliúcháin agus Caidrimh ar Leith ar Glac EirGrid leo don Fhorbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV.....	16
Fíor 2.2:	Íomhá Tháscach ón Treochlár a foilsíodh sa Bhileog Faisnéise Nuashonraithe don Phobal (Aibreán 2009).....	21
Fíor 2.3:	Íomhá ón Treochlár a foilsíodh sa Bhileog Faisnéise Nuashonraithe don Phobal don Réamhchéim Athmheasúnaithe (Bealtaine 2011).....	22
Fíor 2.4:	Íomhá ón Treochlár a foilsíodh sa Bhileog Faisnéise Nuashonraithe don Phobal don Chéim Athmheasúnaithe Dheiridh (Aibreán 2013).....	23
Fíor 2.5:	Íomhá ón Treochlár a foilsíodh sa Bhileog Faisnéise Nuashonraithe don Phobal don Chéim um Réiteach Tionscadail Roghnaithe (Iúil 2013).....	24
Fíor 2.6:	Íomhá ón Treochlár a foilsíodh sa Bhileog Faisnéise Nuashonraithe don Phobal (Iúil 2014).....	25
Fíor 2.7:	Treochlár a foilsíodh sa Bhileog Faisnéise PCI don Phobal (Bealtaine 2015).....	26
Fíor 3.1:	Cur Chuige Céimnithe EirGrid i leith an Chaidrimh le hÚinéirí Talún don Fhorbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV.....	37
Figure 3.2:	General Press and Broadcast Coverage for the North-South 400 kV Interconnection Development between April 2011 and September 2013 with an Illustration of the Number of Articles Published Alongside the Corresponding Circulation Figures	41
Fíor 3.3:	Miondealú ar na Cineálacha Ailt a Tuairiscíodh sna Meáin Ghinearálta Chlóite agus Chraolacháin don Fhorbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV idir Aibreán 2011 agus Meán Fómhair 2013.....	42
Fíor 3.4:	Miondealú ar na Cineálacha Foilseachán Alt sna Meáin Ghinearálta Chlóite agus Chraolacháin don Fhorbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV idir Aibreán 2011 agus Meán Fómhair 2013.....	42
Fíor 3.5:	Miondealú ar na Cineálacha Foilseachán Alt ba Líonmhaire sna Meáin Ghinearálta Chlóite agus Chraolacháin don Fhorbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV idir Aibreán 2011 agus Meán Fómhair 2013.....	43
Fíor 3.6:	An 44ú Rás Bóthair 4 Mhíle i nDún Búinne, urraithe ag EirGrid, a bhí ar siúl i nDún Bóinne, Co. na Mí ar an Domhnach an 24 Márta 2013.....	46
Fíor 3.7:	Clocha Míle, Gníomhaíochtaí agus Imeachtaí Comhairliúcháin ó 2007 i leith (ar an gcéad leathanach eile)	47
Fíor 4.1:	Teach Oibre Charraig Mhachaire Rois, Carraig Mhachaire Rois, Co. Mhuineacháin, Suíomh Ionad Faisnéise Áitiúil an Tionscadail agus Imeachtaí an Lae Oscailte a reáchtáladh i Muineachán.	57

Fíor 5.1:	Government Policy Statement on the Strategic Importance of Transmission and Other Energy Infrastructure (Ráiteas Beartais an Rialtais faoin Tábhacht Straitéiseach a bhaineann le Tarchur agus Bonneagar Eile Fuinnimh), foilsithe in Iúil 201272
Fíor 5.2:	Póstaer EirGrid ar Taispeáint i bhFuinneog Siopa sa Limistéar Staidéir le linn Rannpháirtíocht an Phobail agus an Chomhairliúcháin ar an Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh) 95
Fíor 5.3:	Ionad Oideachais na hUaimhe inar Reáchtáladh Laethanta Oscailte tar éis Fhoilsiú an Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh) agus an Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe).97
Fíor 6.1:	Suíomh Ionad Faisnéise Áitiúil an Tionscadail i nDún an Rí, Co. an Chabháin..... 113
Fíor 6.2:	Suíomh Lá Oscailte Dhún an Rí (Seomra Tionóil Murtagh) don Chomhairliúchán ar an Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe) ...115
Fíor 6.3:	Lá Oscailte na hUaimhe, Ionad Oideachais na hUaimhe, an Uaimh, Co. na Mí – Comhairliúchán ar an Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe) 116
Fíor 6.4:	Taispeáint EirGrid don Lá Oscailte ar a Léiríodh Faisnéis don Phobal agus d'Úinéirí Talún maidir leis an nGréasán Tarchuir le linn an Chomhairliúcháin ar an Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)..... 117
Fíor 6.5:	Taispeántas Idirghníomhach ar EMF a Sholáthair Compliance Engineering Ltd. ag an gComhairliúchán ar an Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe) 118
Fíor 6.6:	Mionsamhlacha Taispeána na dTúr a bhí ar Taispeáint ag na Laethanta Oscailte tar éis Fhoilsiú an Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe) 123
Fíor 7.1:	Cur Chuige Céimnithe EirGrid i leith an Chaidrimh le hÚinéirí Talún don Fhorbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV..... 153
Fíor 7.2:	Léaráid Scéimreach EirGrid ar an Modheolaíocht Tógála a Foilsíodh i mí Iúil 2013 mar chuid den Chomhairliúchán ar an Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)..... 159

LIOSTA NA DTÁBLAÍ

Tábla 1.1:	Liosta Téarmaí agus Focal Comhchiallach dá dtagraítear sa Tuarascáil seo4
Tábla 2.1:	Sonraí ar an Nós Imeachta Comhairliúcháin Réamhiarratais leis an mBord don Fhorbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV..... 10
Tábla 2.2:	Treochlár don Tionscadal 17
Tábla 3.1:	Forbhreathnú ar na Céimeanna Comhairliúcháin29

Tábla 4.1:	Achoimre ar na Modhanna maidir le Comhairliúchán Poiblí agus le Caidreamh le hÚinéirí Talún a Ghlac EirGrid le linn an Iarratais roimhe (2007 – 2010).....	49
Tábla 4.2:	Leibhéal Rannpháirtíocht an Phobail le linn na Céime Scópála ar Shrianta Straitéiseacha*	51
Tábla 4.3:	Saincheistanna a Ardaíodh le linn na Céime um Roghanna Conaire Bealaigh	53
Tábla 4.4:	Foilseacháin a tháinig as Aiseolas a cuireadh ar fáil le linn na Céime Scópála ar Shrianta Straitéiseacha	56
Tábla 4.5:	Athbhreithniú ar na Saincheistanna a ardaíodh idir 2007 agus 2009 agus an áit ar tugadh freagra orthu i gCáipéisí a bhaineann leis an Tionscadal	60
Tábla 4.6:	Leibhéal Rannpháirtíocht an Phobail le linn an Chomhairliúcháin Reachtuil	65
Tábla 4.7:	Na Saincheistanna a tháinig chun cinn le linn Rannpháirtíocht an Phobail agus ó Údaráis Fhorordaithe in Aighneachtaí a Rinneadh maidir leis an Iarratas roimhe seo ar Cheadú Pleanála	65
Tábla 5.1:	An Dá Chéim de Chomhairliúchán Dírithe Poiblí ar Thug EirGrid fúthu mar chuid den Athmheasúnú Cuimsitheach ar an bhForbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV	74
Tábla 5.2:	Príomhthorthaí Preliminary Re-evaluation Report (Réamhthuarascáil Athmheasúnaithe) a foilsíodh i mí na Bealtaine 2011	77
Tábla 5.3:	Achoimre ar na Gníomhaíochtaí Cumarsáide ar Thug EirGrid fúthu i rith an Chomhairliúcháin leis an bPobal agus le hÚinéirí Talún ar an Preliminary Re-evaluation Report (Réamhthuarascáil Athmheasúnaithe)	79
Tábla 5.4:	Cineálacha Grúpaí Páirtithe Leasmhara a ndearnadh Teagmháil leo mar chuid den Chomhairliúchán ar an Preliminary Re-evaluation Report (Réamhthuarascáil Athmheasúnaithe) agus ar Eisíodh Litir agus an Bhileog Faisnéise Nuashonraithe don Phobal dóibh.....	83
Tábla 5.5:	Aighneachtaí i Scríbhinn a Fuarthas le linn an Phróisis Chomhairliúcháin Phoiblí maidir leis an Preliminary Re-evaluation Report (Réamhthuarascáil Athmheasúnaithe)	85
Tábla 5.6:	Téarmaí Tagartha don Sochar Pobail	91
Tábla 5.7:	Achoimre ar na Gníomhaíochtaí Cumarsáide a Rinne EirGrid le linn an Chaidrimh leis an bPobal agus le hÚinéirí Talún maidir le torthaí an Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)	92
Tábla 5.8:	Sonraí maidir le hIonaid, Dátaí agus Amanna na Laethanta Oscailte a reáchtáil EirGrid don Chéim Athmheasúnaithe Deiridh.....	96
Tábla 5.9:	Sonraí ar na Taispeáintí a Cuireadh ar Fáil ag na Laethanta Oscailte maidir leis an Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)	97

Tábla 5.10:	Rannpháirtíocht an phobail le linn an Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)	101
Tábla 5.11:	An Cineál Aiseolais a Fuarthas maidir leis an Final Re-Evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)	104
Tábla 6.1:	Achoimre ar na Gníomhaíochtaí Cumarsáide a Rinne EirGrid le linn an Chaidrimh leis an bPobal agus le hÚinéirí Talún maidir le torthaí an Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe).....	111
Tábla 6.2:	Na hIonaid inar Reáchtáladh na Laethanta Oscailte don Chéim um Réiteach Tionscadail Roghnaithe	115
Tábla 6.3:	Sonraí ar na Taispeáintí Lae Oscailte a Cuireadh i Láthair ag Laethanta Oscailte a Reáchtáladh le linn an Chomhairliúcháin ar an Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe).....	119
Tábla 6.4:	Leibhéal Rannpháirtíocht an Phobail maidir leis an Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)*	124
Tábla 6.5:	Na Príomhábhair Imní a Tháinig Chun Cinn sa Chomhairliúchán Poiblí ar an Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe) agus Léiriú ar an Áit a dTugtar Aghaidh Orthu san EIS agus / nó i bhFaisnéis Tacaíochta a Chuir EirGrid Isteach Chuig an mBord Pleanála mar chuid den Iarratas Pleanála seo.....	145
Tábla 7.1:	Sonraí ar na Litreacha a Seoladh chuig Úinéirí Talún idir 2007 agus 2009.....	149
Tábla 7.2:	Sonraí ar na Litreacha a Seoladh chuig Úinéirí Talún mar chuid de Chéim 1 den Chaidreamh le hÚinéirí Talún.....	155
Tábla 7.3:	Sonraí ar na Litreacha a Eisíodh d'Úinéirí Talún mar chuid de Chéim an Athmheasúnaithe Deiridh tar éis Measúnú ar an Línebhealach Mionathraithe.....	156
Tábla 7.4:	Sonraí ar an bhFaisnéis a Eisíodh d'Úinéirí Talún le linn Chéim 2 den Chaidreamh le hÚinéirí Talún	162
Tábla 7.5:	Sonraí ar an bhFaisnéis a Eisíodh d'Úinéirí Talún le linn Chéim 3 den Chaidreamh le hÚinéirí Talún	167
Tábla 7.6:	Príomh-shaincheisteanna Úinéirí Talún a Ardaíodh le linn Chéim 1 den Chaidreamh le hÚinéirí Talún	168
Tábla 7.7:	Saincheisteanna Úinéirí Talún a Ardaíodh le linn Chéim 2 den Chaidreamh le hÚinéirí Talún.....	170
Tábla 7.8:	Toradh ar an gCaidreamh le hÚinéirí Talún idir an Tréimhse um Athmheasúnú agus Cur Isteach an Iarratais	171
Tábla 8.1:	Achoimre ar na Gníomhaíochtaí Cumarsáide a rinne EirGrid ó mí an Mhárta 2015 go dtí gur cuireadh isteach an tIarratas Pleanála	178

LIOSTA NA NAGUISÍNÍ

- Aguisín A** Aguisín A leis an *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)* – Athbhreithniú ar na Saincheistanna a Ardaíodh in Aighneachtaí i Scríbhinn chuig an mBord Pleanála agus ar Chur i Láthair ag an Éisteacht ó Bhéal i dtaca leis an Iarratas Roimhe Seo ar Cheadú (Uimhir Thagartha an Bhoird Pleanála VA0006)
- Aguisín B** Bileog Faisnéise Nuashonraithe don Phobal (Bealtaine 2011)
- Aguisín C** Aguisín B leis an *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)* – Freagairt do na hAighneachtaí agus Caidreamh Eile a Tháinig chun cinn sa *Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe)*
- Aguisín D** Bileog Faisnéise Nuashonraithe don Phobal (Aibreán 2013)
- Aguisín E** Caibidil 2 den *Preferred Project Solution Report – The Final Re-evaluation Public Engagement Report (An Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe – An Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh ar Chaidreamh an Phobail)*
- Aguisín F** Aguisín C leis an *Preferred Project Solution Report – The Final Re-evaluation Public Engagement Report (An Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe – An Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh ar Chaidreamh an Phobail)*
- Aguisín G** Tábla 3.1, Tábla 3.2 agus Tábla 3.3 den *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)* ina léirítear samplaí den dóigh ar bhain na saincheistanna agus na hiarratais ar mionathruithe le mionathruithe féideartha ar an línebhealach
- Aguisín H** Bileog Faisnéise Nuashonraithe don Phobal (Iúil 2013)
- Aguisín I** Samplaí de litreacha agus de cháipéisí gaolmhara a eisíodh le linn an chaidrimh le húnéirí talún
- Aguisín J** Nuachtlitir Nuashonraithe don Phobal (Nollaig 2013)
- Aguisín K** Bileog Faisnéise Nuashonraithe don Phobal (Iúil 2014)
- Aguisín L** Bileog Faisnéise PCI don Phobal (Bealtaine 2015)
- Aguisín M** Bileog Faisnéise Nuashonraithe don Phobal (Meitheamh 2015)

1 RÉAMHRÁ

1.1 CUSPÓIR NA TUARASCÁLA

- 1 Ullmhaíodh an *Tuarascáil ar an gComhairliúchán leis an bPobal agus le hÚinéirí Talún* atá leagtha amach anseo chun gabháil le hiarratas ar fhorpheas pleanála atá á dhéanamh ag EirGrid cpt (dá dtagraítear EirGrid anseo feasta) chuig an mBord Pleanála (an Bord) le haghaidh na coda sin den tionscadal idirnasctha iomlán (ar a dtugtar ‘an t-idirnascaire a bheartaítear’) atá suite in Éirinn (i.e. i gContae Mhuineacháin, i gContae an Chabháin agus i gContae na Mí). Is é ‘an Fhorbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV’ nó ‘an fhorbairt a bheartaítear’ nó ‘Togra EirGrid’ teideal an iarratais chun críche an iarratais seo ar fhorpheas pleanála.
- 2 Is é is cuspóir leis an tuarascáil seo taifead a dhéanamh ar mhéid agus ar chineál an chomhairliúcháin phoiblí agus rannpháirtíocht an phobail a rinneadh idir 2007 agus tarraingt siar an iarratais pleanála roimhe sin agus idir 2011, nuair a cuireadh tús le hathmheasúnú ar an togra ar fhorbairt roimhe sin (Forbairt Idirnasctha 400 kV na Mí-Thír Eoghain), agus cur isteach an iarratais seo ar fhorpheas pleanála.
- 3 Is é is cuspóir leis an tuarascáil seo freisin a léiriú go bhfuil tréaniarracht déanta ag EirGrid lena chinntiú go mbíonn an oiread teachta agus is féidir ag an bpobal agus ag úinéirí talún ar fhaisnéis i ndáil leis an tionscadal ag gach céim den fhorbairt réamhpleanála. Maidir leis sin, táthar den tuairim gur comhlíonadh ceanglais Choinbhinsiún Aarhus, na Treorach Códaithe maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta (EIA) agus reachtaíocht náisiúnta na hÉireann ina n-iomláine sa chomhairliúchán a rinneadh i ndáil leis an bhForbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV – idir chomhairliúchán a rinneadh ar an bhForbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV féin agus chomhairliúchán a rinneadh roimh chur isteach an iarratais roimhe d’Fhorbairt Idirnasctha 400 kV na Mí-Thír Eoghain.

1.2 STRUCHTÚR NA TUARASCÁLA SEO

- 4 Ba cheart an tuarascáil seo a léamh i gcomhar le Caibidil 3 **Imleabhar 3B** den Ráiteas Tionchair Timpeallachta (EIS) dar teideal ‘Scópáil an EIS’ ina dtugtar breac-chuntas ar an gcaoi ar úsáideadh an fhaisnéis a bailíodh i rith an chomhairliúcháin le húnéirí talún agus i rith phróiseas rannpháirtíocht an phobail san fhorbairt a bheartaítear, san EIS agus san iarratas pleanála.
- 5 Sa tuarascáil seo, díritear ar an bpróiseas comhairliúcháin leis an bpobal agus le húnéirí talún agus tugtar achoimre ar ábhar na tuarascála anseo thíos.

Caibidil 1: Leagtar amach sa chaibidil seo cuspóir agus struchtúr na tuarascála agus tugtar gluais de théarmaí coitianta a úsáidtear inti.

Caibidil 2: Leagtar amach sa chaibidil seo na hoibleagáidí a bhí ar EirGrid dul i gcomhairle leis an bpobal, ag féachaint do na nithe seo a leanas, i measc nithe eile: Coinbhinsiún Aarhus, Treoir Chomhdhlúite an EIA agus na ceanglais a ghabhann le Tionscadal Leasa Choitinn (PCI). Tugtar sonraí inti freisin ar na coincheapa comhairliúcháin phoiblí agus ar na prionsabail chomhairliúcháin phoiblí a lean EirGrid agus ar na treochláir forbartha a chuir EirGrid le chéile don tionscadal.

Caibidil 3: Tugtar forbhreathnú sa chaibidil ar na céimeanna agus ar na gníomhaíochtaí éagsúla comhairliúcháin a bhí ar siúl ó 2007 ar aghaidh. Tugtar achoimre inti freisin ar na modhanna éagsúla cumarsáide leis an bpobal ar baineadh leas astu (lenar áiríodh, i measc nithe eile, bileoga faisnéise, laethanta oscailte, cruinnithe, etc.), mar aon leo siúd a bhí dírithe go sonrach ar úinéirí talún. Ag deireadh na caibidle, tá amlíne ina ndéantar achoimre ar na céimeanna comhairliúcháin uile agus ar na príomhghníomhaíochtaí uile a bhaineann leis an tionscadal.

Is sa chaibidil seo freisin a thugtar breac-chuntas ar na deacrachtaí a bhí os comhair EirGrid i rith phróisis rannpháirtíocht an phobail agus an chomhairliúcháin le húnéirí talún a rinneadh idir 2007 agus cur isteach an iarratais seo ar cheadú pleanála chuig an mBord.

Caibidil 4: Tugtar breac-chuntas sa chaibidil ar an bpróiseas comhairliúcháin phoiblí a rinneadh i rith an iarratais roimhe seo, ar na príomh-shaincheisteanna a ardaíodh, agus ar an bpróiseas trína ndearnadh an t-aiseolas a fuarthas a úsáid sa togra. Cuirtear faisnéis i láthair sa chaibidil seo freisin ar na príomh-shaincheisteanna a ardaíodh i rith na tréimhse comhairliúcháin a bhí forordaithe ag an mBord ar an iarratas roimhe seo ar cheadú pleanála, ar na príomh-shaincheisteanna a ardaíodh ag an éisteacht ó bhéal a reáchtáladh ina dhiaidh sin in 2010, agus ar an bpróiseas trína ndearnadh EirGrid agus foireann an tionscadail na saincheisteanna sin a bhreithniú i leith an iarratais reatha.

Caibidil 5: Tugtar breac-chuntas sa chaibidil seo ar an réasúnaíocht maidir le hathmheasúnú a dhéanamh ar thionscadal na Forbartha Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV tar éis tharraingt siar an iarratais roimhe seo ar cheadú pleanála, ar chuspóirí an phróisis comhairliúcháin a rinneadh, ar an

bpróiseas trína ndearnadh sin mar aon le sonraí ar an gcaoi a ndearna foireann an tionscadail an t-aiseolas a fuarthas a bhailiú, a scaipeadh agus a bhreithniú roimh fhoilsiú an *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)* i mí Aibreáin 2013.

Caibidil 6: Cuirtear sonraí i láthair sa chaibidil seo ar an gcomhairliúchán a rinneadh leis an bpobal agus le húnéirí talún tar éis fhoilsiú an *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)* i mí Iúil 2013, na príomh-shaincheisteanna a ardaíodh mar aon le cur síos ar an gcaoi a ndearna foireann an tionscadail na príomh-shaincheisteanna sin a bhailiú agus a bhreithniú.

Caibidil 7: Tugtar breac-chuntas sa chaibidil seo ar an bpróiseas comhthreomhar comhairliúcháin faoi leith a rinneadh le húnéirí talún a bhféadfadh an togra tionchar a imirt orthu, sonraí ar na gníomhaíochtaí caidrimh a glacadh, ar an aiseolas a fuarthas agus ar an gcaoi a ndearna foireann an tionscadail an t-aiseolas sin a bhainistiú agus a bhreithniú.

Caibidil 8: Tugtar forbhreathnú sa chaibidil seo ar an ngníomhaíocht a rinneadh tar éis na tréimhse comhairliúcháin ar an *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)* ar 9 Meán Fómhair 2013, ar fhoilsiú an línebhealaigh deiridh i mí na Nollag 2013, ar fhoilsiú an línebhealaigh athbhreithnithe deiridh i mí an Mhárta 2015 agus ar an gcaidreamh gníomhach leis an bpobal agus le húnéirí talún idir Márta 2015 agus cur isteach an iarratais seo.

Caibidil 9: Cuirtear conclúid i láthair sa chaibidil seo ar an gcomhairliúchán a rinneadh leis an bpobal agus le húnéirí talún idir 2007 agus sular cuireadh isteach an t-iarratas pleanála.

1.3 SAINMHÍNITHE

6 Ar mhaithe le soiléire, sainmhínítear i d**Tábla 1.1** na téarmaí agus na focail chomhchiallacha dá dtagraítear sa tuarascáil seo:

Tábla 1.1: Liosta Téarmaí agus Focal Comhchiallach dá dtagraítear sa Tuarascáil seo

Téarma / Focal Comhchiallach	Ciall
An Páirtí atá Faoi Réir	Tagraítear anseo don Pháirtí Conarthach nó do na Páirtithe Conarthacha ar dóigh dóibh a bheith faoi réir an tionchair trasteorann a bheidh ag gníomhaíocht atá beartaithe, i gcomhthéacs Choinbhinsiún Espoo (Airteagal 1(iii) den Choinbhinsiún), nó do Pháirtí nó do Pháirtithe leis an bPrótacal sin ar dóigh dóibh a bheith faoi réir an tionchair comhshaoil trasteorann, an tionchar sláinte ina measc, a bheidh ag plean nó ag clár (Prótacal, Airteagal 2.4).
Comhairliúchán¹	An próiseas dinimiciúil a bhaineann le comhphlé idir daoine aonair nó grúpaí, rud atá bunaithe ar fhíormhalartú tuairimí agus lena ngabhann cuspóir soiléir chun tionchar a imirt ar chinntí, ar bheartais nó ar chláir ghníomhaíochta.
Comhairlí	An duine aonair nó an eagraíocht a fhreagraíonn do chomhairliúchán nó a ghlacann páirt i gcleachtaí comhairliúcháin.
Pobal	<p>1. Daoine a chónaíonn i limistéar geografach sainithe, nó daoine a bhfuil spéis acu sna rudaí céanna nó a bhfuil an t-ábhar céanna ag cur imní orthu.</p> <p>2. Is é is pobal ann ná grúpa sonrach daoine atá cosúil le chéile ar bhealach éigin. Is minic a bhíonn dhá ghné choitianta i gceist leis an téarma ‘pobal’: ar an gcéad dul síos, daoine a chónaíonn san aon cheantar amháin nó san aon áit geografach amháin; ar an dara dul síos, daoine a bhfuil an t-aon leas amháin acu.</p>
Caidreamh agus Caidreamh leis an bPobal	An próiseas a bhaineann le hobair a dhéanamh i gcomhar le grúpaí daoine, agus trí ghrúpaí daoine, a bhfuil baint acu le chéile de bharr gaireacht geografach, sainleasa nó cásanna den chineál céanna d’fhonn dul i ngleic le saincheistanna a théann i bhfeidhm ar fholláine na ndaoine sin.
Úinéir Talún	Úinéirí gabháltas a bhfuil an togra lonnaithe orthu nó os a gcionn. Sula sainaitheofar an bealach roghnaithe, áireofar leis sin úinéirí gabháltas a bhfuil teorainn a réadmhaoine lonnaithe laistigh de 50 méadar ó lár líne an línebhealaigh tháscaigh, cé nach rachaidh an togra reatha i bhfeidhm orthu go díreach.

¹ Jones, Rhion agus Gammell, Elizabeth (2009). *The Art of Consultation – Public Dialogues in a Noisy World*.

Téarma / Focal Comhchiallach	Ciall
Gníomhaire Úinéirí Talún	Is é sin an duine a phléann go príomha le caidreamh le húinéirí talún.
Rannpháirtíocht	<p>Is é atá i gceist le rannpháirtíocht ná timpeallacht a chothaíonn comhairliúchán a éascú go réamhghníomhach. Tagraíonn an téarma do rannpháirtíocht páirtithe leasmhara sa phróiseas comhairliúcháin agus / nó sa phróiseas caidrimh.</p> <p>Agus pleananna á gcur le chéile ag EirGrid do rannpháirtíocht an phobail sa tionscadail, tugadh aird freisin ar <i>Access to Information, Public Participation in Decision-making and Access to Justice in Environmental Matters (Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht an Phobail i gCinnteoireacht agus Rochtain ar an gCeartas in Ábhair Chomhshaoil)</i> ó UNECE.²</p>
An Pobal lena mBaineann	I gcomhthéacs Choinbhinsiún Aarhus, is iad an pobal lena mbaineann na daoine nó na heagraíochtaí sin a dtéann cinnteoireacht chomhshaoil i bhfeidhm orthu nó a bhfuil spéis acu i gcinnteoireacht chomhshaoil.
Páirtí Leasmhar	Duine aonair, grúpa nó páirtí a théann i bhfeidhm ar eagraíocht, ar bheartas, ar chlár nó ar chinneadh, nó duine aonair, grúpa nó páirtí a dtéann eagraíocht, beartas, clár nó cinneadh i bhfeidhm orthu. I gcás na tuarascála seo, baineann an téarma seo leis na daoine aonair, leis na grúpaí nó leis na páirtithe sin a dtéann an Fhorbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV i bhfeidhm orthu.
Comhairliúchán Reachtúil	Reachtáiltear comhairliúchán reachtúil de réir ceanglais dhlíthiúla. Is iad na húdaráis iomchuí a reachtálann an comhairliúchán sula ndéanfaid siad cinneadh ar cé acu a leanfar nó nach leanfar ar aghaidh leis an tionscadal.
Téarmaí Tagartha	Tagraíonn an téarma seo do na paraiméadair a bhfuil raon feidhme an chomhairliúcháin / an chaidrimh sainithe laistigh díobh. Bíonn siad leagtha amach go soiléir ag tús gach tréimhse caidrimh agus comhairliúcháin dhírithhe phoiblí ionas go mbeidh tuiscint shoiléir ag páirtithe leasmhara ar an méid a d'fhéadfaidís cur leis an bpróiseas comhairliúcháin / caidrimh agus ar an dóigh a bhféadfaidís páirt a ghlacadh sna próisis sin.
Comhairliúchán Trasteorann	Tagraíonn an téarma seo don phróiseas comhairliúcháin a dtugtar faoi le tíortha trasteorann i gcás Ballstát a bhfuil tionscadail ar siúl acu a théann i bhfeidhm ar thír amháin nó níos mó. I gcás an tionscadail seo, tagraíonn an téarma 'comhairliúchán trasteorann' do chomhairliúchán a rinneadh / a

² Ar fáil ag: <http://www.unece.org>

Téarma / Focal Comhchiallach	Ciall
	dhéanfar le Tuaisceart Éireann, an Ríocht Aontaithe e.g. Roinn Comhshaoil Thuaisceart Éireann (DOENI).
Trédhearcacht	<p>A chinntiú go mbíonn rochtain shoiléir ag na páirtithe leasmhara uile ar gach gné de chomhairliúchán, idir an fhaisnéis a chuirtear ar fáil agus an dóigh a dtuairiscítear na conclúidí agus a dtionchar.</p> <p>Cabhraíonn Téarmaí Tagartha atá leagtha síos go soiléir don chomhairliúchán nó don chaidreamh atá i gceist le trédhearcacht, agus sholáthair EirGrid an méid sin don chomhairliúchán a rinneadh ar an tionscadal go dtí seo.</p>

2 COMHTHÉACS AN CHAIDRIMH LEIS AN BPOBAL AGUS LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA

2.1 RÉAMHRÁ

1 Agus iarratas á dhéanamh ar cheadú pleanála don Fhorbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV, tá de dhualgas ar EirGrid dul i gcomhairle leis an bpobal agus leis an bpobal lena mbaineann, rud a rinneadh, de réir na gceanglas reachtaíochta, na gceanglas dea-chleachtais agus na gcleachtas pleanála seo a leanas:

- Ceanglais Choinbhinsiún Aarhus;
- Na ceanglais a ghabhann le Treoir Chomhdhlúite an EIA;
- Ceanglais reachtaíochta na hÉireann; agus
- Ceanglais a ghabhann le Tionscadal Leasa Choitinn (PCI).

2 Tá EirGrid tiomanta freisin do chomhairliúchán inrochtana, bríoch agus cuntasach a chur ar fáil mar chuid dá phróiseas forbartha tionscadail.

3 Pléitear an comhthéacs reachtaíochta, an comhthéacs dea-chleachtais agus an comhthéacs cleachtais pleanála sin do chaidreamh leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara don Fhorbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV sna rannáin a leanas.

2.1.1 Coinbhinsiún Aarhus

4 Síníodh *Convention on Access to Information, Public Participation in Decision-making and Access to Justice in Environmental Matters (an Coinbhinsiún maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, le Rannpháirteachas an Phobail sa Phróiseas Cinnteoireachta agus le Rochtain ar Cheartas in Ábhair Chomhshaoil)* de chuid Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE) in Aarhus na Danmhairge i mí an Mheithimh 1998. Tugtar ‘Coinbhinsiún Aarhus’ air go coitianta, agus tháinig sé i bhfeidhm i mí Dheireadh Fómhair 2001. D’fhoilsigh UNECE treoir maidir le ceanglais an Choinbhinsiúin in 2000 dar teideal *The Aarhus Convention: An Implementation Guide (Coinbhinsiún Aarhus: Treoir Forfheidhmiúcháin)*.

5 I gCoinbhinsiún Aarhus, leagtar amach rialacha bunúsacha chun rannpháirteachas an phobail in ábhair chomhshaoil a chur chun cinn agus chun forfheidhmiú dhlí an chomhshaoil a fheabhsú. Is páirtí i gCoinbhinsiún Aarhus é an tAontas Eorpach ó mí na Bealtaine 2005, agus tá Coinbhinsiún Aarhus ina chuid dhílis de dhlíchóras an AE anois. Dhaingnigh Éire Coinbhinsiún Aarhus i mí an Mheithimh 2012.

6 Tá forálacha Choinbhinsiún Aarhus roinnte ina dtrí cholún mar seo a leanas:

1. **Rochtain ar Fhaisnéis:** an ceart atá ag an bpobal faisnéis chomhshaoil atá i seilbh comhlachtaí poiblí a iarraidh, agus tá dualgas ar na comhlachtaí sin an fhaisnéis sin a chothabháil.

Tá an colún maidir le Rochtain ar Fhaisnéis curtha chun feidhme le Treoir 2003/4/CE ón AE maidir le *Rochtain Phoiblí ar Fhaisnéis Chomhshaoil agus in Éirinn le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol), 2007-2011.*

2. **Rannpháirteachas an Phobail sa Phróiseas Cinnteoireachta maidir leis an gComhshaol:** an ceart atá ag an bpobal a bheith rannpháirteach sa chinnteoireacht in ábhair chomhshaoil agus an dualgas atá ar údarais phoiblí cur ar chumas an phobail tuairim a nochtadh ar thograí a théann i gcion ar an gcomhshaol. In Airteagal 6 de Choinbhinsiún Aarhus, bunaítear ceart “*an phobail lena mbaineann*” a bheith rannpháirteach sna nósanna imeachta cinnteoireachta maidir leis an gcomhshaol, agus leagtar amach ann rialacha mionsonraithe lena rialaítear rannpháirtíocht an phobail sa chinnteoireacht lena mbaineann na gníomhaíochtaí atá liostaithe in Iarscríbhinn I leis an gCoinbhinsiún agus gníomhaíochtaí nach bhfuil liostaithe san Iarscríbhinn ach a bhféadfadh tionchar suntasach a bheith acu ar an gcomhshaol.

San Aontas Eorpach, tá an chuid sin de Choinbhinsiún Aarhus curtha chun feidhme le Treoir 2003/35/CE maidir le rannpháirtíocht an phobail (‘an Treoir um Rannpháirteachas an Phobail’), atá ina cuid anois, i measc nithe eile, de Threoir Chomhdhlúite an EIA 2011/92/AE.

Rinneadh ceanglais na Treorach um Rannpháirteachas an Phobail a thrasú i ndlí na hÉireann, lena n-áirítear comhtháthú a ceanglas san *Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000*, arna leasú.

3. **Rochtain ar Cheartas:** an ceart atá ag an bpobal athbhreithniú a dhéanamh ar nósanna imeachta chun cur in aghaidh cinní a bhaineann leis an gcomhshaol, arna ndéanamh ag comhlachtaí poiblí nó ag daoine príobháideacha, ar cinní iad arna ndéanamh gan aird a thabhairt ar an dá cholún thuasluaite den Choinbhinsiún.

7 Sa cháipéis ó UNECE, *The Aarhus Convention: An Implementation Guide (Coinbhinsiún Aarhus: Treoir Forfheidhmiúcháin)* (2013), léirítear an dea-chleachtas maidir leis an gcaoi ar cheart dul i gcomhairle leis an bpobal i gcás mórthionscadal. Bhí dréacht den cháipéis sin ar fáil in 2011, agus tugadh aird air sin i ndáil le gníomhaíochtaí cumarsáide don Fhorbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV.

- 8 D'ullmhaigh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil *Dréacht-Tuarascáil Náisiúnta ar an gCur Chun Feidhme* ina dtugtar breac-chuntas ar chur chun feidhme Choinbhinsiún Aarhus in Éirinn go dtí seo. Bhí an tuarascáil sin faoi réir comhairliúchán poiblí inar iarradh tuairimí ó pháirtithe leasmhara, ón bpobal, agus ó aon pháirtí eile lena mbaineann, lenar áiríodh EirGrid. Mar chuid den chomhairliúchán sin, d'eisigh EirGrid freagra i scríbhinn dar dháta an 8 Lúnasa 2013 inar leagadh amach na nithe seo a leanas:
- Ról EirGrid mar an tOibreoir Córais Tarchuir (TSO) in Éirinn;
 - Straitéis Eangach²⁵ agus foilseacháin ábhartha eile de chuid EirGrid (lena n-áirítear foilseacháin a bhaineann leis an gcomhshaol); agus
 - Na deiseanna a chuir EirGrid ar fáil don phobal a bheith rannpháirteach i dtograí EirGrid agus ina chur chuige maidir le tionscadail mhóra tarchuir a fhorbairt.
- 9 Chuir Éire a *Tuarascáil Náisiúnta ar an gCur Chun Feidhme*³ faoi bhráid rúnaíocht Choinbhinsiún Aarhus an 31 Nollaig 2013. Rinneadh leasú ar an gcáipéis ina dhiaidh sin agus cuireadh an leagan nua faoi bhráid na rúnaíochta an 18 Feabhra 2014.

2.1.2 Treoir Chomhdhlúite an EIA

- 10 Tá roinnt leasuithe déanta ar théacs Threoir an EIA chun na ceanglais maidir le rannpháirteachtas an phobail i gCoinbhinsiún Aarhus a léiriú. Mar shampla, ionchorpraítear na sainmhínte ar '*an pobal*' agus '*an pobal lena mbaineann*' mar atá leagtha amach in Airteagail 2(4) agus 2(5) de Choinbhinsiún Aarhus i dTreoir Chomhtháite an EIA le hAirteagail 1(2)(d) agus (e), faoi seach. Ina theannta sin, leagtar amach na ceanglais íosta le haghaidh rannpháirteachtas éifeachtach an phobail i leasuithe ar Airteagal 6 de Threoir an EIA. Is é is aidhm le hAirteagal 6(2) agus le hAirteagal 6(3) de Threoir Chomhtháite an EIA a áirithiú go dtabharfar eolas don phobal go luath sa nós imeachta cinnteoireachta maidir leis an gcomhshaol, agus go gcuirfear faisnéis agus cáipéisí ábhartha ar fáil don phobal lena mbaineann. Áirithítear leis na forálacha substainteacha go dtabharfar *deiseanna luatha éifeachtacha* don phobal lena mbaineann a bheith rannpháirteach i nósanna imeachta cinnteoireachta maidir leis an gcomhshaol chun toiliú le tionscadail agus, chun na críche sin, tá an pobal lena mbaineann i dteideal tuairimí agus dearcadh a nochtadh nuair a bhíonn gach rogha ar fáil don údarás inniúil sula nglacfar an cinneadh maidir leis an iarratas ar cheadú forbartha.

³ Ar fáil ag www.DCENR.ie

2.1.3 Ceanglais an Dlí Náisiúnta

- 11 Déantar foráil in alt 182(E) den *Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000*, (arna leasú) do na nósanna imeachta comhairliúcháin réamhiarratais maidir le forbairt bonneagair straitéisigh leis an mBord i ndáil le forbairt tarchuir leictreachais a bheartaítear. Roimh iarratas a chur faoi bhráid an Bhoird, ní mór don ‘iarratasóir ionchasach’ comhairliúchán a dhéanamh leis an mBord maidir leis an bhforbairt a bheartaítear.
- 12 De réir alt 182(E) den *Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000*, (arna leasú) tionóladh plé réamhiarratais idir ionadaithe EirGrid agus baill foirne de chuid an Bhoird. Tá achoimre ar na príomh-shaincheisteanna a tháinig chun cinn le linn na gcruinnithe sin agus a bhaineann le hábhar an EIS le fáil i d**Tábla 2.1**.

Tábla 2.1: Sonraí ar an Nós Imeachta Comhairliúcháin Réamhiarratais leis an mBord don Fhorbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV

Dáta an Chruinnithe	Príomh-shaincheisteanna a Ardaíodh
An tIarratas Roimhe seo ar Fhormheas Reachtúil	Áiríodh leis na saincheisteanna ábhartha a ardaíodh le linn na gcruinnithe réamhiarratais maidir leis an iarratas roimhe seo, i measc nithe eile: <ul style="list-style-type: none"> Roghanna eile (lena n-áirítear cáblaí faoin talamh [UGC] in aghaidh líne lasnairde [OHL]); roghanna um chonair bhealaigh – lena n-áirítear soir ón Uaimh; Tionchar trasteorann; agus An próiseas um roghnú bealaigh maidir le tithe, seandálaíocht agus oidhreacht chultúrtha.
2 Nollaig 2010	Ba é ba chuspóir leis an gcruinniú sin breac-chuntas a thabhairt ar ghníomhaíochtaí i ndiaidh an t-iarratas roimhe seo a tharraingt siar (i.e. Forbairt Idirnasctha 400 kV na Mí-Thír Eoghain).
31 Iúil 2013	Ba é an fócas sa chruinniú sin an Bord a thabhairt chun dáta maidir leis na gníomhaíochtaí ón gcruinniú roimhe sin lena n-áirítear, i measc nithe eile, torthaí Athbhreithniú an Choimisiúin Idirnáisiúnta Saineolaithe (ar an gcás i leith Forbairt Idirnasctha 400 kV na Mí-Thír Eoghain ar fad, nó cuid di, a leagan faoin talamh agus an costas a bhainfeadh leis sin), <i>Government Policy Statement on the Strategic Importance of Transmission and Other Energy Infrastructure (Ráiteas Beartais an Rialtais maidir leis an Tábhacht Straitéiseach a Bhaineann le Tarchur agus le</i>

Dáta an Chruinnithe	Príomh-shaincheisteanna a Ardaíodh
	<p><i>Bonneagar Fuinnimh Eile</i>), <i>Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)</i>, agus gníomhaíochtaí a bhaineann le foilsiú an <i>Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)</i> an 16 Iúil.</p> <p>I measc na bpríomh-shaincheisteanna a bhain le hábhar an EIS bhí: na himpleachtaí (más ann dóibh) a bheadh ann mura lorgófaí cead a thuilleadh don fhostáisiún ag Maohail agus an bhféadfaí an líne a shuí níos faide soir; an próiseas um roghnú bealaigh maidir le tithe, éiceolaíocht agus tírdhreacha stairiúla; agus roghanna eile túr.</p>
20 Lúnasa 2013	D'iarr EirGrid tuairim scópála ón mBord.
15 Deireadh Fómhair 2013	Ba é an fócas sa chruinniú sin an Bord a thabhairt chun dáta maidir le gníomhaíochtaí ó fhoilsiú an <i>Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)</i> , lena n-áirítear rannpháirtíocht le húnéirí talún, mionathruithe ar an dearadh líne táscach agus saincheisteanna a tháinig chun cinn. Cuireadh béim sa phlé chomh maith ar nósanna imeachta maidir le tionchar trasteorann féideartha comhshaoil na forbartha a bheartaítear ar an gcomhshaoil i gceantar i mballstát.
11 Nollaig 2013	D'eisigh an Bord a thuairim scópála faoin bhfaisnéis a chuireadh san EIS.
18 Nollaig 2013	Ba é an fócas sa chruinniú sin tuairisc chun dáta a thabhairt don Bhord maidir le dréachtú an EIS agus sonraí an iarratais agus tuairim scópála an Bhoird a phlé. I measc na gcúrsaí ábhartha eile bhí saincheisteanna agus nósanna imeachta trasteorann, an <i>Chomhthuarascáil Chomhshaoil</i> (feic Imleabhar 4 de na cáipéisí iarratais) agus na deacrachtaí a bhí ann.
23 Nollaig 2013	Cruinniú leantach ba ea sin chun saincheisteanna sainiúla a tháinig as an gcruinniú an 18 Nollaig a shoiléiriú lena n-áirítear an leibhéal sonraí a bhí le cur i mbreac-chuntas <i>Plean Bainistíochta Tógála agus Comhshaoil</i> a bheadh le cur san áireamh mar Aguisín leis an EIS.

- 13 Pléitear faisnéis bhreise i ndáil leis na nósanna imeachta reachtúla réamhchomhairliúcháin leis an mBord i gCaibidil 3, **Imleabhar 3B** den Ráiteas Tionchair Timpeallachta (EIS) agus sa Tuarascáil Phleanála, **Imleabhar 2A**, atá ag gabháil leis an iarratas ar cheadú pleanála.
- 14 Déantar ceanglais na *Treorach um Rannpháirteachas an Phobail* i ndáil le hiarratais ar cheadú forbartha le haghaidh tionscadail tarchuir leictreachais a bheartaítear a léiriú i ndlí na hÉireann le halt 182A(4) den *Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000*, (arna chur isteach) agus le halt 212 de na *Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001*, (arna leasú) i measc nithe eile. Éilítear leis na ceanglais sin go bhfoilsítear fógra maidir le cineál agus láthair na forbartha a bheartaítear agus forordaítear iontu ábhar fógra dá leithéid, lena n-áirítear cuireadh chun aighneachtaí agus tuairimí a chur faoi bhráid an Bhoird maidir leis na nithe seo a leanas:
- Impleachtaí na forbartha a bheartaítear maidir le pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe sa limistéar nó sna limistéir lena mbaineann; agus
 - Tionchar dóchúil na forbartha a bheartaítear ar an gcomhshaol nó drochthionchar na forbartha a bheartaítear ar iomláine láithreáin Eorpaigh, de réir mar is cuí.

2.1.4 Dea-Chleachtas

- 15 Le halt 182A(4)(b) den *Acht um Pleanáil agus Forbairt 2001* (arna leasú), ceanglaítear ar iarratasóir, roimh iarratas maidir le forbairt bonneagar tarchuir straitéiseach a chur faoi bhráid an Bhoird, cóip den iarratas, den EIS agus de Ráiteas Tionchair Natura (NIS) a sheoladh chuig an údarás áitiúil nó chuig na húdaráis áitiúla lena mbaineann agus chuig na húdaráis fhorordaithe. Is dea-chleachtas é dul i gcomhairle leis na húdaráis fhorordaithe sin le linn forbairt an tionscadail agus ullmhú an EIS sula gcuirtear an t-iarratas i gcrích.

2.1.5 Tionscadal Leasa Choitinn

- 16 Rinneadh Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*Treoirlínte le haghaidh Bonneagair Tras-Eorpaigh Fuinnimh*) a ghlacadh an 21 Márta 2013 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2013. Faoi Airteagal 3(4) den Rialachán, tugadh de chumhacht don Choimisiún Eorpach gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun liosta tionscadal leasa choitinn (PCInna) an Aontais a bhunú. Tá an liosta sin ina larscríbhinn leis an Rialachán. Sainaithníodh i Rialachán Tarmligthe an Choimisiúin Eorpaigh, 1391/2013, arna eisiúint an 14 Deireadh Fómhair 2013, na tionscadail a bheidh ina gcuid de chéadliosta PCInna an Aontais. San larscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe faoin gceannteideal “2. *Conair thosaíochta maidir le hidirnáisc leictreachais Thuaidh-Theas in Iarthar na hEorpa (ITT leictreachas an Iarthair)*”, liostaítear ag uimh. 2.13:

“2.13.1. Idirnasc na hÉireann-na Ríochta Aontaithe idir Fearann na Coille (ÉIRE) agus Turleenan (RA – Tuaisceart Éireann).” [aistriúchán neamhoifigiúil]

- 17 Luaitear in Airteagal 9(2) den Rialachán go ndéanfaidh na páirtithe uile a bhfuil baint acu leis an bpróiseas deonaithe ceadanna, gan dochar d’aon cheanglais atá ann faoi Choinbhinsiún Aarhus, faoi Choinbhinsiún Espoo agus faoi dhlí ábhartha an Aontais, na prionsabail um rannpháirteachas an phobail atá leagtha amach sna Treoirlínte in Iarscríbhinn VI(3) a leanúint.
- 18 Pléitear le ceanglais Rialachán 347/2013 mar chuid de phróiseas deonaithe ceadanna do thionscadail PCI. Cuirtear síos air sin sa Tuarascáil Phleanála (feic **Imleabhar 2A** de na cáipéisí iarratais). Faoin Rialachán sin, ceanglaíodh ar EirGrid, i measc nithe eile, *Coincheap maidir le Rannpháirteachas an Phobail* (CPP) a chur faoi bhráid an Bhoird (mar údarás inniúil do PCInna in Éirinn). Rinneadh amhlaidh an 31 Iúil 2014. Bhí trí mhí ag an mBord ansin mionathruithe a cheadú nó a iarraidh ar an gcoincheap a bhí leagtha amach. Rinne an Bord mionathrú ar an CPP an 10 Meán Fómhair 2014, agus ceanglas á leagan síos aige le bileog faisnéise a fhoilsiú.
- 19 Rinne EirGrid an CPP agus an comhfhreagras a fuarthas ón mBord a fhoilsiú ina dhiaidh sin ar a shuíomh gréasáin an 25 Meán Fómhair 2014, de réir ceanglais an Bhoird mar atá leagtha amach sa *Manual of Permit Granting Process Procedures (Lámhleabhar maidir le Nósanna Imeachta don Phróiseas Deonaithe Ceadanna)* (2014) faoin Tionscadal Leasa Choitinn dá chuid.
- 20 Leagtar amach in Airteagal 9.4 de Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (Treoirlínte le haghaidh Bonneagair Tras-Eorpaigh Fuinnimh):
- “Ullmhóidh an tionscnóir tionscadail tuarascáil ina ndéanfar achoimre ar thorthaí na gníomhaíochtaí a bhaineann le rannpháirtíocht an phobail roimh sheoladh isteach an chomhaid iarratais, lena n-áirítear na gníomhaíochtaí sin a rinneadh sular cuireadh tús leis an bpróiseas deonaithe ceadanna. Seolfaidh an tionscnóir tionscadail isteach an tuarascáil in éineacht leis an gcomhad iarratais chuig an údarás inniúil. Tabharfar aird chuí ar na torthaí sin sa chinneadh cuimsitheach.”*
- 21 De réir an cheanglais sin, cuirfidh EirGrid tuarascáil faoi bhráid an Bhoird, in éineacht leis an iarratas pleanála. Cuirfear na nithe sin ar fáil lena mbreathnú / lena n-íoslódáil ag úinéirí talún, ag an bpobal agus ag páirtithe leasmhara an tionscadail ar an suíomh gréasáin atá ag EirGrid don tionscadal.

22 Pléitear ceanglais ábhartha eile a ghabhann le PCInna sa Tuarascáil Phleanála, **Imleabhar 2A** de na cáipéisí iarratais, agus i g**Caibidil 8** den tuarascáil seo.

2.2 AN CUR CHUIGE AR GHLAC EIRGRID LEIS I LEITH AN PHRÓISIS COMHAIRLIÚCHÁIN PHOIBLÍ

2.2.1 Na Coincheapa Comhairliúcháin Phoiblí agus na Prionsabail Chomhairliúcháin Phoiblí a Leanadh

23 Tá na colúin bhunúsacha chomhairliúcháin ar ghlac EirGrid leo don tionscadal ag luí le ceanglais Choinbhinsiún Aarhus agus leis an dea-chleachtas sa tionscal. Rinneadh na gníomhaíochtaí comhairliúcháin uile ar tugadh fúthu go dtí seo a cheapadh chun cloí le gach ceann de na trí choincheap bhunúsacha agus ba é an aidhm a bhí leo a chinntiú go mbeadh gníomhaíochtaí rannpháirtíocht an phobail don tionscadal:

- Inrochtana;
- Bríoch; agus
- Cuntasach.

24 Sna míreanna ina dhiaidh seo, mínítear an chiall atá le gach ceann de na téarmaí sin agus tugtar forbhreachnó gairid ar na meicníochtaí a d'úsáid EirGrid chun iad a bhaint amach.

2.2.1.1 Prionsabal 1: Comhairliúchán Inrochtana

25 I gcomhthéacs an tionscadail, is é an aidhm atá le comhairliúchán inrochtana faisnéis faoin tionscadal agus teachtaireachtaí tábhachtacha faoin tionscadal a chur ar fáil don phobal, don phobal lena mbaineann, d'úinéirí talún agus do pháirtithe leasmhara eile.

26 Tá inrochtaineacht i gcomhairliúchán ar bith ríthábhachtach chun go n-éireodh leis. Agus na modhanna a ceapadh don tionscadal seo curtha i bhfeidhm, is féidir a inrochtana atá an próiseas comhairliúcháin a thuairisciú agus a mheasúnú de réir na nithe seo a leanas:

- An leibhéal feasachta maidir leis an tionscadal agus leis an bhfaisnéis faoin tionscadal ar féidir teacht uirthi;
- Úsáidtear uirlisí éagsúla cumarsáide chun a chinntiú go mbeidh deis ag gach páirtí leasmhar teacht ar fhaisnéis, beag beann ar an áit a bhfuil cónaí orthu agus ar a leibhéal litearthachta nó a gcumais ar líne;
- Bíonn na hábhair inrochtana agus cuirtear faisnéis i láthair ar bhealach atá soiléir bríoch nach bhfuil casta; agus

- Inrochtaineacht fhisiceach (i.e. rochtain chuí ar gach ionad a bhíonn in úsáid ag EirGrid, lena n-áirítear láithreacha geografacha agus rochtain d'úsáideoirí cathaoir rothaí).


2.2.1.2 Prionsabal 2: Comhairliúchán Bríoch

- 27 Is é is ciall do chomhairliúchán bríoch soiléire a thabhairt don phobal maidir le cad iad na gnéithe den tionscadal atá ar oscailt do chomhairliúchán, cad iad na gnéithe a bhí faoi réir athrú / a d'fhéadfadh a bheith faoi réir athrú, agus cad iad na cinntí atá déanta cheana féin. Trína bheith soiléir maidir lena bhfuil ar oscailt dóibh, cabhraítear le tuiscint a thabhairt do pháirtithe leasmhara ar an leibhéal ionchuir agus ar an gcineál ionchuir a d'fhéadfaidís a dhéanamh go réalaíoch maidir leis an tionscadal de réir mar a fhorbraítear é.
- 28 Rinne EirGrid an comhairliúchán a cheapadh agus a chur chun feidhme le bheith bríoch ag céimeanna tábhachtacha d'amlíne an tionscadail. Ag gach céim den phróiseas caidrimh agus comhairliúcháin (tar éis aiseolas a fháil ó pháirtithe leasmhara in 2011 go háirithe), cheap EirGrid téarmaí tagartha ar mhaithe le heolas a thabhairt don phobal agus d'úinéirí talún faoi cad iad na gnéithe den tionscadal a bhí ar oscailt le haghaidh comhairliúcháin, cad iad na gnéithe a bhí faoi réir athrú agus cad iad na cinntí a bhí déanta cheana féin. Trína bheith soiléir maidir lena bhfuil ar oscailt dóibh, cabhraítear le tuiscint a thabhairt do pháirtithe leasmhara ar an ról a bheidh acu de réir mar a fhorbraítear an tionscadal. Cabhraítear le hionchas páirtithe leasmhara a bhainistiú freisin. Is é a theastaíonn ó chomhairliúchán bríoch freisin ná go gcuirtear aighneachtaí agus tuairimí páirtithe leasmhara san áireamh agus cuireadh na haighneachtaí agus na tuairimí sin san áireamh sa chomhairliúchán poiblí a reáchtáladh go dtí seo.
- 29 Dá bhrí sin, soláthraíodh téarmaí tagartha, in éineacht le treoiclár don tionscadal (a ndéanfar cur síos air níos déanaí sa chaibidil seo), chun an próiseas comhairliúcháin a stiúradh agus chun a thaispeáint conas a chuireann an próiseas comhairliúcháin le forbairt theicniúil an tionscadail. Cuireadh na téarmaí tagartha ar fáil go fairsing ionas go gcoinneofaí an pobal ar an eolas i gcónaí faoin gcéim a bhí bainte amach ag an tionscadal.
- 30 Ina theannta sin, bhí dhá shraith atá ar leithligh ó chéile agus a rith go comhthreomhar le chéile i gceist i gcónaí leis an gcomhairliúchán ar fad a reáchtáladh don tionscadal. Mar sin féin, mar thoradh ar aiseolas a fuarthas ó pháirtithe leasmhara, tá an cur chuige sin níos soiléire ó 2011 ar aghaidh ná mar a bhí roimhe:
- 1: Comhairliúchán a dhírigh ar an bpobal, ar pháirtithe leasmhara an tionscadail, ar na meáin agus ar ionadaithe tofa agus ar ghrúpaí pobail; agus

- 2: Comhairliúchán a dhírigh ar úinéirí talún a bhféadfadh na tograí dul i bhfeidhm orthu agus a dhírigh ar na modhanna a ceapadh chun iad a spreagadh le bheith páirteach sa phróiseas agus páirt a ghlacadh sa chomhphlé maidir leis an dearadh. Bhí an méid sin bunaithe ar an rún sonraithe a bhí ag EirGrid an tionchar féideartha ar thalmhaíocht, ar ghabháil agus ar chleachtais bainistíochta feirme a íoslaghdú an oiread agus ab fhéidir (faoi mar a phléifear níos mine i **gCaibidil 7**).

2.2.1.3 Prionsabal 3: Comhairliúchán Cuntasach

- 31 Nuair a dhéantar cinntí cuntasacha faoin tionscadal, cinntítear go gcuirtear saincheisteanna san áireamh sa tionscadal, de réir mar is cuí, agus nach gcuirfean an tionscadal ar aghaidh ach amháin tar éis plé go cuí le gach céim.
- 32 Bhí trí shraith ar leith i gceist leis an gcomhairliúchán don tionscadal. Ba é an aidhm a bhí leis na sraitheanna sin feacht an phobail agus na n-úinéirí talún a uasmhéadú ar an tionscadal agus, ina dhiaidh sin, rannpháirtíocht na ndaoine sin a uasmhéadú sa phróiseas. Cuirtear an méid sin i láthair go grafach i bhFíor 2.1.
- 33 Rinne foireann an tionscadail aiseolas ó pháirtithe leasmhara a bhailiú agus a thaifeadadh le linn gach céime den chomhairliúchán poiblí. Rinneadh athbhreithniú ar an bhfaisnéis sin chun a chinntiú go ndéanfadh foireann an tionscadail breithniú uirthi mar chuid den phróiseas cinnteoireachta.



Fíor 2.1: Na Sraitheanna Comhairliúcháin agus Caidrimh ar Leith ar Glac EirGrid leo don Fhorbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV

- 34 Mar sin, bhí foireann tionscadail EirGrid in ann míniú a thabhairt ar an bhfaisnéis a fuarthas ón bpobal agus ó pháirtithe leasmhara an tionscadail ag gach céim den chomhairliúchán agus bhí siad in ann a thaispeáint conas a rinneadh breithniú agus athbhreithniú ar an bhfaisnéis sin. D'fhág sé sin go rabhthas in ann comhairliúchán cuntasach soiléir a dhéanamh tríd an bpróiseas.

2.2.2 Cur chuige EirGrid i leith an Chomhairliúcháin i bhForbairt an Tionscadail

35 Agus tionscadail faoin straitéis Eangach²⁵ á gcur i bhfeidhm, bhain EirGrid leas comhsheasmhach as treochláir ghrafacha chun amlíne an tionscadail a chur i láthair an phobail agus páirtithe leasmhara eile ar bhealach simplí inrochtana. Trí threochláir a fhoilsiú, cinntítear go mbíonn trédhearcacht ann sa mhéid go bhfaigheann an pobal agus páirtithe leasmhara léargas soiléir ar na céimeanna atá beartaithe don tionscadal ó thús go deireadh. Ba ar bhealach atriallach a úsáideadh treochláir don tionscadal Forbartha Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV – feic **Fíoracha 2.2 - 2.6** ina leith sin, áit a dtugtar sonraí ar an dóigh ar cuireadh an amlíne in iúl in amharcfhoirm thar shaolré an tionscadail go dtí seo:

Tábla 2.2: Treochlár don Tionscadal

Fíor	Atriall sa Treochlár
Fíor 2.2	Íomhá ón treochlár a foilsíodh in <i>Bileog Faisnéise Nuashonraithe don Phobal</i> i mí Aibreáin 2009
Fíor 2.3	Íomhá ó treochlár a foilsíodh don réamhchéim athmheasúnaithe (Bealtaine 2011)
Fíor 2.4	An íomhá a úsáideadh sa bhileog faisnéise don chéim athmheasúnaithe dheiridh (Aibreán 2013)
Fíor 2.5	An treochlár a foilsíodh sa bhileog faisnéise don chéim um réiteach tionscadail roghnaithe (Iúil 2013)
Fíor 2.6	An treochlár a foilsíodh in <i>Bileog Faisnéise Nuashonraithe don Phobal</i> i mí Iúil 2014
Fíor 2.7	An treochlár a foilsíodh sa <i>Bhileog Faisnéise PCI don Phobal</i> (Bealtaine 2015)

36 Léirítear sna fíoracha sin gur ag gach céim den chomhairliúchán le linn shaolré an tionscadail a tugadh soiléire do pháirtithe leasmhara maidir leis an dóigh ar bhain an chéim shonrach sin den chomhairliúchán leis an amlíne fhoriomlán.

2.2.2.1 Treochlár EirGrid um Fhorbairt Tionscadail agus Chomhairliúchán

37 Agus é ag cur leis na treochláir éagsúla don tionscadal seo, d'fhoilsigh EirGrid Project Development and Consultation Roadmap (*Treochlár um Fhorbairt Tionscadail agus Chomhairliúchán*) (**Fíor 2.5**) in 2012 mar chreat ginearálta le haghaidh fhorbairt na dtionscadal mór dá chuid. Is é bunchuspóir an treochláir sin go ndéanfar tionscadal a fhorbairt laistigh de phróiseas struchtúrtha soiléir, agus go ndéanfar comhairliúchán leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara ón gcéim is luaithe den bhailiú faisnéise. Tá léiriú níos mionsonraithe ar an treochlár le fáil sa cháipéis *Approach to the Development of Electricity Transmission Infrastructure (An Cur Chuige maidir le Forbairt Bonneagar Tarchuir Leictreachais)* a d'fhoilsigh EirGrid, agus atá ar fáil ar www.eirgridprojects.com. Sa

ghnáthchás um fhorbairt tionscadal, ag tagairt don Treochlár de chuid EirGrid, tarlaíonn na nithe seo a leanas:

- I g**Céim a hAon**, díritear ar phróiseas bailithe na faisnéise teicniúla, comhshaoil agus eile chun bonn eolais a chur faoi chruith an tionscadail. Áirítear léi limistéar staidéir a shainaitheint chun freastal ar riachtanais an tionscadail sin ar leith; srianta comhshaoil agus srianta eile a shainaitheint laistigh den limistéar staidéir sin; agus conairí bealaigh féideartha a shainaitheint a fhéachann leis na srianta sainaitheanta sin a sheachaint a oiread is féidir. Áirítear leis de ghnáth gach a bhfuil i gceist leis an rogha chonair bhealaigh is lú srian, i dtuairim na gcomhairleoirí teicniúla agus comhshaoil. Cuirtear san áireamh i dTuarascáil ar Chéim a hAon an dul chun cinn ar Chéim a hAon agus ar a conclúidí – réiteach sainaitheanta tionscadail is dealraíthí a roghnófar. Tá sé sin ar an mbonn le haghaidh comhairliúchán poiblí agus caidreamh poiblí. Is féidir go ndearnadh comhairliúchán níos luaithe i leith gnéithe éagsúla de Chéim a hAon a chur ar siúl freisin.
- Is éard atá i gceist le **Céim a Dó** ná breithniú ar aiseolas a thagann aníos i leith comhairliúcháin maidir le Tuarascáil ar Chéim a hAon, tuilleadh athbhreithnithe ar roghanna roimhe sin, tuilleadh measúnaithe ar chonair bhealaigh roghnaithe (arb é an chiall leis sin ná an chonair bhealaigh ‘is fearr oiriúint’) agus tuilleadh tacaíochta di, agus línebhealach táscach a d’fhéadfadh bheith indéanta a shainaitheint laistigh den chonair bhealaigh roghnaithe sin. Faightear na gnéithe sin de ghnáth i dTuarascáil ar Chéim a Dó, a chuirtear faoi bhabhta eile comhairliúcháin phoiblí agus comhairliúcháin le páirtithe leasmhara. Áirítear le Céim a Dó tús a chur le rannpháirtíocht le húnéirí talún feadh an línebhealaigh tháscaigh roghnaithe a shainaitheintear.
- Baineann na céimeanna deiridh den treochlár (**Céim a Trí agus Céim a Ceathair**) go príomha le deimhniú an línebhealaigh deiridh agus le hullmhú gaolmhar na staidéar teicniúil agus comhshaoil. Áirítear leis sin breithniú ar aiseolas a thagann aníos i leith comhairliúcháin ar an Tuarascáil ar Chéim a Dó mar aon le rannpháirtíocht leanúnach le húnéirí talún a fhéachann le teacht ar chomhaontú, nuair is féidir, maidir le láthair na struchtúr ar ghabháltais. Cuirtear an togra deiridh faoi bhráid an údaráis iomchuí (an Bord de ghnáth) ansin le haghaidh formheas pleanála.

38 Luaitear an méid seo a leanas san *Approach to the Development of Electricity Transmission Infrastructure (Cur Chuige maidir le Bonneagar Tarchuir Leictreachais a Fhorbairt)*:


“Cé go bhfuil sé i gceist go dtabharfar san fhorbhreathnú seo treoir ghinearálta do na páirtithe leasmhara maidir le forbairt tionscadal tarchuir, is

gá a thuiscint nach mar a chéile aon dá thionscadal agus nach ann d'aon phróiseas atá oiriúnach do gach ceann acu.


Mar sin, cé go bhféachaimid i gcónaí le mórthionscadail a fhorbairt ar aon dul leis an gcur chuige sin, d'fhéadfadh gur ghá i gcásanna áirithe imeacht ón bpróiseas sin de bharr chineál agus mhéid an tionscadail. I gcásanna den sórt sin, tabharfaimid míniú ar na cúiseanna a bhí le himeacht ar bith.”
[aistriúchán neamhoifigiúil]

- 39 Ar dhóigh éigin, ní hionann an comhthéacs d'ullmhú an iarratais reatha ar cheadú agus an comhthéacs i gcás tionscadail forbartha tarchuir eile. Sa chás sin, tá ar chumas EirGrid togra a chur i láthair inar baineadh leas as na próisis ullmhúcháin ón iarratas roimhe seo ar cheadú (lenar áiríodh líon suntasach aighneachtaí ó Chomhlachtaí Forordaithe agus ón bpobal i gcoitinne), as nósanna imeachta an chomhairliúcháin réamhiarratais agus as an aiseolas a tháinig ón gcomhairliúchán sin, agus as creat an tionscadail a bhaineann go sonrach le treochláir tháscacha (mar a pléadh thuas).
- 40 D'ainneoin na fíriche gur foilsíodh an Treochlár de chuid EirGrid in 2012, i.e. tar éis an iarratais tosaigh ar thoiliú forbartha, tá an próiseas forbartha reatha i gcomhréir le creat agus dul chun cinn struchtúrtha an Treochláir. Ina leith sin, is amhlaidh gurb éard atá sa phróiseas mionsonraithe um athmheasúnú ar tugadh faoi idir 2010 agus 2013 (feic **Caibidil 4** den tuarascáil seo le haghaidh sonraí) go bunúsach ná Céim a hAon agus Céim a Dó (i bpáirt) den Treochlár de chuid EirGrid (as ar tháinig an *Preliminary Re-evaluation Report [Réamhthuarascáil Athmheasúnaithe]* [2011] agus an *Final Re-evaluation Report [Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh]* [2013] – a chuirtear san áireamh mar Aguisín 1.1 agus Aguisín 1.2 in **Aguisíní Imleabhar 3B** leis an EIS).
- 41 Ba é an *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)*, a foilsíodh i mí Iúil 2013 (a chuirtear san áireamh mar Aguisín 1.3 in **Aguisíní Imleabhar 3B** leis an EIS), an t-ábhar le haghaidh comhairliúchán poiblí agus comhairliúcháin le páirtithe leasmhara (feic **Caibidil 6** den tuarascáil seo le haghaidh sonraí). Sa tuarascáil sin, tugtar sonraí maidir leis an 'Rogha Dearadh Líne' le haghaidh na forbartha a bheartaítear. Tríd sin, comhdhéanann sé sin go bunúsach an próiseas agus an bhunspríoc de 'Chéim 2 – Roghanna a Mheasúnú' den Treochlár.
- 42 Comhfhreagraíonn an próiseas um chaidreamh le húinéirí talún mar aon le suirbhé, dearadh agus measúnú comhshaoil, i gcomhairle le húdaráis fhorordaithe agus le páirtithe leasmhara eile i leith an réitigh tionscadail roghnaithe do 'Chéim 3 – Dearadh a Dheimhniú' den Treochlár de chuid EirGrid (feic **Caibidil 7** le haghaidh sonraí).

- 43 Is é ábhar an iarratais seo ar fhorbairt pleanála na forbartha a bheartaítear an toradh deiridh ar an bpróiseas um dhearadh líne agus an bhunspríoc de ‘Céim 4 – Iarratas Pleanála a Ullmhú’ de Threochlár EirGrid.
- 44 Mar gheall ar an méid deiseanna a bhí ag an bpobal bheith rannpháirteach i ngach gné den phróiseas pleanála roimhe sin (lena n-áirítear aighneachtaí i scríbhinn agus ó bhéal a chur faoi bhráid an Bhoird) i gcás an tionscadail seo, agus ar ar tharla i rith an phróisis um athmheasúnú, agus ar an bpróiseas ina dhiaidh sin as ar tháinig an fhorbairt seo a bheartaítear, meastar go ndearnadh prionsabail threochlár 2012 maidir le rannpháirtíocht an phobail san fhorbairt a bheartaítear a chur i gcrích sa chás áirithe seo.
- 45 I mí na Nollag 2014, d’fhoilsigh EirGrid doiciméad dar teideal *“Athbhreithniú agus Feabhas a chur ar ár bPróiseas Comhairliúcháin Phoiblí”*. Áirítear leis sin athbhreithniú ar chur chuige EirGrid i leith forbairt tionscadail de réir an Treochlár, ag féachaint ar conas a d’fhéadfaí feabhas a chur ar an bpróiseas chun deiseanna breise a thabhairt don phobal le bheith rannpháirteach.
- 46 Ag deireadh an athbhreithnithe, sonraítear Gealltanas (Uimh. 2) maidir leis an bPróiseas Comhairliúcháin i bhForbairt an Tionscadail, agus é beartaithe chun feabhas agus nuashonrú a chur ar an Treochlár reatha agus díreofar ar fheabhas a chur ar dheiseanna rannpháirtíochta don phobal, d’úinéirí talún agus do pháirtithe leasmhara i bhforbairt tionscadal nua. Is sa ghealltanas sin a shainaithnítear trí phríomhréimse – bunaithe ar chur chuige lena n-éascaítear rannpháirtíocht níos luaithe – lena mínítear cén fáth a bhfuil gá leis an tionscadal, lena sainaithnítear roghanna indéanta teicniúla chun freastal ar an ngá sin agus lena lorgaítear ionchur maidir le conas is ceart an rannpháirtíocht áitiúil a dhéanamh.
- 47 Tá sé beartaithe go gcoinneofar próiseas struchtúrtha d’fhorbairt tionscadail sa chur chuige, le deiseanna atá aitheanta go soiléir don rannpháirtíocht agus don chaidreamh le páirtithe leasmhara, faoi mar atá mar bhonn bunúsach don Treochlár reatha.
- 48 Mar chuid den chur chuige nuashonraithe sin, d’oscail EirGrid ionaid faisnéise an tionscadail don phobal ag an am céanna ar foilsíodh an dearadh líne deiridh a bheartaítear don Fhorbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV. Bhí athbhreithniú déanta ag EirGrid ar dhearadh líne mhí na Nollag 2013 agus mar thoradh air sin athlonnadh roinnt de na láithreacha túir feadh an ailínithe. Níor tháinig aon athrú ar an ailíniú féin. Feic **Caibidil 8** den tuarascáil seo chun faisnéis bhreise a fháil maidir le gníomhaíochtaí cumarsáide idir mí an Mhárta 2015 go dtí gur cuireadh an t-iarratas isteach chuig an mBord Pleanála.



Fíor 2.2: Íomhá Thascach ón Treochlár a foilsíodh sa Bhileog Faisnéise Nuashonraithe don Phobal (Aibreán 2009)



Fíor 2.3: Íomhá ón Treochlár a foilsíodh sa Bhileog Faisnéise Nuashonraithe don Phobal don Réamhchéim Athmheasúnaithe (Bealtaine 2011)




Fíor 2.4: Íomhá ón Treochlár a foilsíodh sa Bhileog Faisnéise Nuashonraithe don Phobal don Chéim Athmheasúnaithe Dheiridh (Aibreán 2013)



Fíor 2.5: Íomhá ón Treochlár a foilsíodh sa Bhileog Faisnéise Nuashonraithe don Phobal don Chéim um Réiteach Tionscadail Roghnaithe (Iúil 2013)



Fíor 2.6: Íomhá ón Treochlár a foilsíodh sa Bhileog Faisnéise Nuashonraithe don Phobal (Iúil 2014)



Fíor 2.7: Treochlár a foilsíodh sa Bhileog Faisnéise PCI don Phobal (Bealtaine 2015)

2.3 COMHTHÉACS AN CHAIDRIMH LE HÚINÉIRÍ TALÚN

49 Faoi mar a leagtar amach i **Rannán 2.2.1.2**, bhí dhá shraith atá ar leithligh ó chéile agus a ritheann go comhthreomhar le chéile i gceist i gcónaí leis an gcur chuige comhairliúcháin a rinneadh don tionscadal. Dhírigh sraith amháin ar úinéirí talún a bhféadfadh an togra dul i bhfeidhm orthu.

2.3.1 Comhthéacs Reachtúil

50 Sula dtógtar líne nó daingneán leictreachais ar thalamh nó thar thalamh ar bith, ceanglaítear le forálacha an *Achta Leictreachais (Soláthar)*, 1927, arna leasú, nach mór fógra i scríbhinn a sheirbheáil ar an úinéir agus / nó ar an áititheoir ina ndearbhaítear go bhfuil sé beartaithe a leithéid a thógáil. Déanfar cur síos san fhógra sin freisin ar chineál na líne nó an daingneáin agus ar an suíomh agus ar an gcaoi a bhfuil sé beartaithe é a chur nó a cheangal. Tá an fógra sin ina riachtanas roimh thógáil. Tugtar sonraí níos mine i **gCaibidil 7** ar ghníomhaíochtaí an chomhairliúcháin le húnéirí talún agus ar thorthaí na ngníomhaíochtaí sin.

2.3.2 Dea-Chleachtas EirGrid

51 Tá EirGrid tiomanta do chomhairliúchán inrochtana, bríoch agus cuntasach a chur ar fáil chun rannpháirtíocht an phobail a éascú mar chuid dá phróiseas forbartha tionscadail, agus áirítear sraith comhthreomhar ar leith caidrimh atá dírithe go sainiúil ar úinéirí talún leis an bpróiseas i dtaca leis an bhForbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV a bheartaítear.⁴ Déanann EirGrid iarracht an méid a chuirfí isteach ar úsáid reatha na talún agus ar chleachtais bainistíochta feirme a laghdú an oiread agus is féidir agus, mar thoradh air sin, chuathas i dteagmháil le húnéirí talún ag gach céim den tionscadal.

2.4 FOIREANN CUMARSÁIDE AN TIONSCADAIL

52 Tá baill éagsúla d'fhoireann fhoriomlán an tionscadail san fhoireann atá freagrach as cumarsáid faoin tionscadal, as comhairliúchán poiblí, agus as caidreamh le páirtithe leasmhara agus le húnéirí talún don tionscadal seo.

⁴ Áirítear leis an tsraith sin úinéirí talún ar aithin EirGrid go bhfuil siad gar don líne (i.e. laistigh de 50 méadar) don Fhorbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV.

3 FORBHREATHNÚ AR AN GCOMHAIRLIÚCHÁN POIBLÍ AGUS AR AN GCAIDREAMH LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA A RINNEADH

- 1 Ó 2007 ar aghaidh, tá EirGrid ag tabhairt faoi phróiseas um chaidreamh leis an bpobal, um chomhairliúchán agus um fhaisnéis a bhailiú agus a scaipeadh don fhorbairt a bheartaítear. Tá páirt glactha ag na daoine seo a leanas sa phróiseas comhairliúcháin: an pobal, an pobal lena mbaineann, páirtithe leasmhara straitéiseacha, údaráis fhorordaithe, ionadaithe tofa, grúpaí gníomhaíochta agus aon pháirtí eile lena mbaineann. Ba i gcomhthráth leis an bpróiseas comhairliúcháin sin a chuathas i mbun caidrimh le húninéirí talún aonair maidir leis an tionscadal. Dá bhrí sin, bhí dhá shraith i gceist leis an bpróiseas comhairliúcháin. Ba iad sin:
 - **Sraith 1:** Dírithe ar an bpobal agus ar an bpobal lena mbaineann agus ar gach páirtí leasmhar ar spéis leo an tionscadal, lena n-áirítear údaráis fhorordaithe; agus
 - **Sraith 2:** Dírithe go sonrath ar úinéirí talún a bhféadfaí cur isteach orthu.
- 2 Tugtar forbhreathnú ginearálta sa chaibidil seo ar na príomhchéimeanna comhairliúcháin a rinneadh don tionscadal ó 2007 ar aghaidh (a bhfuil achoimre orthu i d**Tábla 3.1**). Sna caibidlí ina dhiaidh seo, déantar cur síos níos mine ar na príomhchéimeanna sin maidir le cuspóirí an phróisis comhairliúcháin, leis na modhanna agus na huirlisí ar baineadh leas astu agus leis an dóigh a ndearnadh an t-aiseolas a fuarthas a bhailiú agus a bhreithniú. Anuas air sin, cuirtear ar fáil i bh**Fíor 3.8** (atá ar fáil ag deireadh na caibidle) amlíne mhionsonraithe le haghaidh na ngníomhaíochtaí agus na n-imeachtaí éagsúla comhairliúcháin ar tugadh fúthu i leith an tionscadail ón mbliain 2007 i leith, lena n-áirítear iad siúd ar tugadh fúthu le linn na bpríomhchéimeanna comhairliúcháin sin.
- 3 Chomh maith leis sin, déantar achoimre sa chaibidil seo ar na gníomhaíochtaí éagsúla comhairliúcháin agus ar na huirlisí éagsúla comhairliúcháin ar bhain EirGrid leas astu ar fud an tionscadail. Déantar cur síos níos mine orthu sin sna caibidlí ina dhiaidh sin.
- 4 Ar deireadh, pléitear sa chaibidil freisin leis an bhfíric gur tháinig roinnt deacrachtaí aníos a chuir dúshlán faoi chuspóir agus faoi thorthaí chéimeanna an chomhairliúcháin, beag beann ar iarrachtaí EirGrid dul i mbun comhairliúcháin agus caidrimh leis na páirtithe leasmhara ar fad mar chuid den phróiseas comhairliúcháin a rinneadh le haghaidh an tionscadail.

Tábla 3.1: Forbhreathnú ar na Céimeanna Comhairliúcháin

	2007 – 2010	2011 – 2014
Sraith 1: Céimeanna Struchtúrtha den Chomhairliúchán Poiblí agus / nó den Chaidreamh leis an bPobal	<p>I gCéim 1, tugadh tús eolais don phobal ar an tionscadal, ar na Roghanna Conaire Bealaigh agus ar an dóigh ar thángthas ar chinneadh orthu (Deireadh Fómhair 2007 – Bealtaine 2008).</p> <p>I gCéim 2, díriodh ar fhógairt na gConairí Bealaigh Roghnaithe agus an línebhealaigh tháscaigh (Márta 2009 – Iúil 2009).</p> <p>Céimeanna 3 agus 4: Bhí na céimeanna sin ar siúl i ndiaidh a chéile agus ba éard a bhí i gceist iontu ná comhairliúchán leanúnach i leith an mheasúnaithe ar na línebhealaí táscacha agus ullmhúchán an iarratais pleanála (agus bhíodhas ag díriú go sonrach ar úinéirí talún). (Lúnasa 2009 – cur isteach an iarratais pleanála i mí na Nollag 2009).</p> <p>(Ní eile atá ábhartha do ghníomhaíochtaí rannpháirtíocht an phobail is ea an comhairliúchán reachtúil foirmiúil ar tugadh faoi mar chuid de phróiseas an iarratais ar cheadú maidir le Forbairt Bonneagair Straitéisigh [SID], rud a bhí ar siúl idir mí na Nollag 2009 agus mí an Mheithimh 2010.)</p>	<p>Céim an Phróisis um Athmheasúnú (2011 – 2013)</p> <p>Chomhfhreagair an próiseas dhá chéim seo d'fhoilsiú an <i>Preliminary Re-evaluation Report (Réamhthuarascáil Athmheasúnaithe)</i> agus an <i>Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)</i> agus do na gníomhaíochtaí leathana comhairliúcháin phoiblí a bhí á ndéanamh um an taca sin.</p> <ul style="list-style-type: none"> An réamhchéim athmheasúnaithe – mhair an tréimhse comhairliúcháin foirmiúil ón 9 Bealtaine 2011 go dtí an 1 Iúil 2011. An chéim athmheasúnaithe dheiridh – mhair an tréimhse caidrimh foirmiúil ón 16 Aibreán 2013 go dtí an 27 Bealtaine 2013. <p>An Chéim um Réiteach Tionscadail Roghnaithe – sa chéim seo, díriodh ar chomhairliúchán maidir leis an réiteach tionscadail roghnaithe agus leis an <i>Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)</i>. Mhair an tréimhse comhairliúcháin ón 16 Iúil 2013 go dtí an 9 Meán Fómhair 2013.</p>
Sraith 2: Caidreamh Dírithe le hÚinéirí Talún	<p>D'fhéach foireann tionscadail EirGrid le teagmháil a dhéanamh go díreach le húnéirí talún agus / nó cuairt a thabhairt orthu maidir le foilsiú na gConairí Roghnaithe agus na Línebhealaí Táscacha (Márta 2009 – Iúil 2009) agus ina dhiaidh sin le linn di staidéir bhonnlíne a dhéanamh agus an Ráiteas Tionchair Timpeallachta (EIS) a chur i gcrích agus an t-iarratas pleanála á ullmhú (Lúnasa 2009 – Nollaig 2009).</p>	<p>Céim 1 – Bhí caidreamh dírithe le húnéirí talún ar siúl tar éis fhoilsiú an Bhealaigh Tháscaigh (foilsíodh é sin i gcomhthráth le foilsiú an <i>Preliminary Re-evaluation Report [Réamhthuarascáil Athmheasúnaithe]</i>).</p> <p>Céim 2 – Bhí caidreamh dírithe le húnéirí talún ar siúl tar éis fhoilsiú an <i>Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)</i> i mí Iúil 2013.</p> <p>Céim 2 – Tar éis measúnú a dhéanamh ar na hiarratais ar fad ar mhionathruithe a fuarthas, tugadh faisnéis d'úinéirí talún (i scríbhinn) ar an Dearadh Líne Deiridh agus ar an láthair thuir a raibh sé ar intinn ag EirGrid iad a chur faoi bhráid an Bhoird Pleanála (an Bord) lena bhfaomhadh (Nollaig 2013).</p>

Tabhair faoi deara: Le linn gach céime den tionscadal, rinne EirGrid athbhreithniú, agus lean sé d'athbhreithniú a dhéanamh, ar gach aighneacht agus ar gach aiseolas a fuarthas ó pháirtithe leasmhara go dtí gur cuireadh steach an t-iarratas seo ar cheadú pleanála.

3.1 2007 - 2010

5 Tugadh faoi roinnt céimeanna comhairliúchán agus caidrimh leis an bpobal roimh chur isteach an iarratais d'fhonn eolas a thabhairt don iarratas a cuireadh isteach chuig an mBord i mí na Nollag 2009. Tá cur síos ginearálta ar na céimeanna sin anseo a leanas:

- Céim 1 – tugadh tús eolais don phobal ar an tionscadal a bheartaítear, ar na roghanna conaire bealaigh a bheartaítear agus ar an dóigh ar thángthas ar chinneadh orthu (Deireadh Fómhair 2007 – Bealtaine 2008);
- Céim 2 – díriodh ar fhógairt na gConairí Bealaigh Roghnaithe agus na Línebhealaí Táscaha (Márta 2009 – Iúil 2009); agus
- Céim 3 agus Céim 4 – bhí na céimeanna seo ar siúl i ndiaidh a chéile agus ba éard a bhí i gceist iontu ná comhairliúchán leanúnach i leith an mheasúnaithe ar na Línebhealaí Táscaha agus ullmhúchán an iarratais pleanála (Lúnasa 2009 – cur isteach an iarratais pleanála i mí na Nollag 2009).

6 Breithnítear na céimeanna sin den chomhairliúchán tuilleadh i **gCaibidil 4** agus déantar achoimre ar na clocha míle comhairliúcháin agus ar na gníomhaíochtaí comhairliúcháin i bhFíor 3.8 (atá ar fáil ag deireadh na caibidle).

3.1.1 Céim 1

7 I mí Dheireadh Fómhair 2007, d'iarr EirGrid ar an bpobal agus ar an bpobal lena mbaineann tuairimí a thabhairt ar na trí rogha maidir le conair 1 km ar leithead a d'fhorbair foireann an tionscadail. D'fhéach EirGrid agus foireann an tionscadail ar an aiseolas ar fad a fuarthas ón bpobal agus rinne siad breithniú air, go háirithe maidir le tionchar féideartha an togra ar raon saincheisteanna éagsúla, lena n-áirítear an tírdhreach, an comhshaol agus an oidhreacht chultúrtha. Agus úsáid á baint aice as an bhfaisnéis a fuarthas le linn comhairliúcháin leis an bpobal mar aon le critéir mheasúnaithe eile, rinne foireann an tionscadail dul chun cinn ar an togra i dtreo rogha conaire 1 km ar leithead.

8 Rinne foireann tionscadail EirGrid athbhreithniú ar na freagraí a fuarthas ón bpobal agus ón bpobal lena mbaineann le linn an chomhairliúcháin sin, agus freagraíodh na ceisteanna go díreach, trí Cheisteanna Coitianta nó trí thuarascálacha sonracha.

3.1.2 Céim 2

9 I mí Aibreáin 2009, d'fhógair EirGrid rogha conairí 1 km ar leithead amháin, lenar áiríodh Línebhealaí Táscacha⁵, agus d'iarr aiseolas ar na bealaí sin lena áirithiú gur tugadh go cuí faoi gach ceist a d'ardaigh na páirtithe leasmhara. I rith an ama sin, d'iarr EirGrid aiseolas freisin ón bpobal agus ón bpobal lena mbaineann maidir le roghanna eile faoin tionscadal, lenar áiríodh cáblaí faoin talamh agus bealaí malartacha.

3.1.3 Céimeanna 3 agus 4

10 Rinneadh measúnú mionsonraithe ar línebhealaí táscacha na gconairí roghnaithe, agus chuathas i dteagmháil le gach úinéir talún a n-imreodh an togra tionchar orthu sular cuireadh EIS i gcrích agus sular cuireadh an t-iarratas faoi bhráid an Bhoird i mí na Nollag 2009.

3.1.4 An tIarratas Roimhe seo ar Cheadú Pleanála

11 Cuireadh an t-iarratas roimhe seo ar cheadú pleanála i dtaca le tionscadal na Forbartha Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV (ar ar tugadh Forbairt Idirnasctha 400 kV na Mí-Thír Eoghain ag an am) faoi bhráid an Bhoird (Tag. VA0006) an 18 Nollaig 2009. Cuimsíodh na nithe seo a leanas sa tionscadal sin a ndearnadh iarratas ina leith:

- Leanúint ar aghaidh leis an líne lasnairde (OHL) 400 kV de chiorcad singil ón áit a dtrasnaíonn an ciorcad an teorainn dlínse i mbaile fearainn na Léime Giorra, Contae Mhuineacháin, go dtí an fostáisiún 400 kV atá ann cheana ag Fearann na Coille, Contae na Mí, agus a thrasnaíonn tailte i gContae Mhuineacháin, i gContae an Chabháin agus i gContae na Mí;
- Fostáisiún nua 400 kV i mbaile fearainn Mhaothla, Contae na Mí, cóngarach do chrosbhealach an chiorcaid tarchuir thuaidh-theas a bheartaítear leis an líne lasnairde soir-siar 220 kV reatha idir Fostáisiún Choillín an Triain agus Fostáisiún Lú;
- Malairt slí ghaolmhar na líne lasnairde 220 kV idir Coillín an Triain agus Lú go dtí an Fostáisiún a bheartaítear i Maothail, trína gcuirtear nasc idir an dá chiorcad tarchuir ar fáil; agus
- Oibreacha gaolmhara ag teastáil i bhFostáisiún Fhearann na Coille atá ann cheana leis an gcorcad 400 kV a bheartaítear a éascú.

⁵Áiríodh le stair an tionscadail dhá ghné chomhpháirteacha idirghaolmhara (i.e. Tionscadal Idirnascaire 400 kV an Chabháin - Thír Eoghain agus Tionscadal Ciorcad Tarchuir 400 kV an Chabháin - na Mí), ar a dtugtar dá bhrí sin "rogha conairí 1 km ar leithead" agus "línebhealaí táscacha".

- 12 In Imleabhar 1, Caibidil 3 den Ráiteas Tionchair Timpeallachta (EIS) a ullmhaíodh maidir leis an bhforbairt a bhí beartaithe roimhe seo, tugtar breac-chuntas ar an gcur chuige a glacadh i leith an chomhairliúcháin leis an bpobal le linn fhorbairt an tionscadail agus ullmhú an iarratais. Leis na modhanna a glacadh chun an comhairliúchán poiblí a éascú, rinneadh iarracht a áirithiú gur tugadh deis rannpháirtíochta le foireann an tionscadail dóibh siúd ar mhian leo déanamh amhlaidh. I **gCaibidil 4** den tuarascáil seo, pléitear na príomh-mhodhanna comhairliúcháin a úsáideadh roimh an iarratas roimhe seo.
- 13 De bhun na bhforálacha reachtacha ábhartha, bhí an tréimhse chun aighneachtaí agus tuairimí ar an iarratas roimhe seo ar cheadú pleanála a fháil ar siúl idir mí Eanáir agus mí an Mhárta 2010. I rith na tréimhse sin, d'iarr an Bord ar údaráis fhorordaithe, ar pháirtithe leasmhara eile, ar an bpobal agus ar gach páirtí eile aighneachtaí i scríbhinn a chur isteach. I mí na Bealtaine 2010, tionóladh éisteacht ó bhéal maidir leis an bhforbairt a bheartaítear. Lean an éisteacht ar aghaidh go dtí gur tarraingíodh siar an t-iarratas go déanach i mí an Mheithimh 2010.

3.2 CÉIM AN PHRÓISIS UM ATHMHEASÚNÚ (2011 – 2013)

- 14 Tar éis tharraingt siar an iarratais go mall i mí an Mheithimh 2010, tugadh faoi chéim athmheasúnaithe, faoi mar a mhionsonraítear i **gCaibidil 5** den tuarascáil seo (lena n-áirítear réamhchéim athmheasúnaithe agus céim athmheasúnaithe dheiridh). Ba é ba chuspóir leis an bpróiseas um athmheasúnú a dhearbhu an raibh nó nach raibh raon feidhme, ábhair, agus conclúidí thogra na forbartha a bhí san iarratas roimhe seo fós ábhartha chun bheith ina mbonn eolais faoin iarratas nua ar cheadú pleanála agus chun é a mhúnlú. Tar éis tharraingt siar an iarratais roimhe seo, b'iomchuí féachaint ar aon fhaisnéis nua nó bhreise a bhí ar fáil do EirGrid agus d'fhoireann an tionscadail nach raibh ar fáil sular cuireadh an t-iarratas roimhe seo isteach i mí na Nollag 2009.
- 15 Ar dtús, cuireadh líon mór aighneachtaí i scríbhinn agus ó bhéal maidir leis an togra roimhe seo i láthair thar ceann údaráis fhorordaithe, úinéirí talún, an phobail i gcoitinne, an phobail lena mbaineann agus páirtithe leasmhara eile, i rith an phróisis os comhair an Bhoird, lena n-áirítear ag an éisteacht ó bhéal. Bhí faisnéis úsáideach sna haighneachtaí sin ar bhain EirGrid leas aisti chun athbhreithniú a dhéanamh ar chineál agus ar láthair na forbartha a bheartaítear. Déantar na príomh-shaincheisteanna a ardaíodh sna haighneachtaí sin a chur i láthair i **gCaibidil 4** den tuarascáil seo.
- 16 Ina dhiaidh sin, tugadh faoi roinnt staidéir agus tuarascálacha ábhartha agus foilsíodh iad tar éis tharraingt siar an iarratais roimhe seo i mí an Mheithimh 2010. Bhí na staidéir agus na tuarascálacha sin ábhartha go díreach nó go hindíreach d'Fhorbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV go ginearálta, nó do ghnéithe áirithe di. Tá breithniú déanta ag EirGrid ar an

bhfaisnéis ar fad sna staidéir agus sna tuarascálacha sin. Déantar cur síos achomair ar na tuarascálacha sin i Rannán 5.2 den tuarascáil seo. De bharr chineál an iarratais roimhe seo ar cheadú pleanála maidir le Forbairt Idirnasctha 400 kV na Mí-Thír Eoghain, tá líon mór den obair a rinneadh i dtaca leis an iarratas sin ábhartha i gcónaí. Go háirithe, bhí an fhaisnéis san EIS, agus staidéir eile theicniúla agus staidéir eile ar an gcomhshaol, ábhartha i gcónaí maidir leis an bpróiseas a bhaineann le cineál, le méid, agus le láthair na forbartha reatha a bheartaítear a shainmhíniú, agus maidir le measúnú a dhéanamh ar an bpríomhthionchar a bheadh ag aon togra nua ar an gcomhshaol. Bhí sé tábhachtach iad sin a chur san áireamh agus raon feidhme an phróisis um athmheasúnú á chinneadh. Cuireadh an EIS, agus na cáipéisí teicniúla, comhshaoil, pleanála agus eile a bhaineann leis an iarratas roimhe seo ar cheadú ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin EirGrid, agus tá fáil orthu i gcónaí ann lena n-athbhreithniú agus mar thagairt don phobal.

- 17 Breithnítear an próiseas athmheasúnaithe tuilleadh i **gCaibidil 5** den tuarascáil seo agus déantar achoimre ar na clocha míle gaolmhara comhairliúcháin agus ar na gníomhaíochtaí gaolmhara comhairliúcháin i bh**Fíor 3.8** (atá ar fáil ag deireadh na caibidle).

3.3 RÉITEACH TIONSCADAIL ROGHNAITHE (2013)

- 18 Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an aiseolas ar fad a fuarthas le linn na dtréimhsí athmheasúnaithe, d'fhoilsigh EirGrid Preferred Project Solution Report (*Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe*) i mí Iúil 2013. Sainithníodh inti na tograí mionsonraithe le haghaidh an tionscadail agus cuireadh an línebhealach roghnaithe agus na láithreacha túir a bheartaítear san áireamh inti. Sainithníodh sonraí faoi bhealaí rochtana táscacha chun críocha tógála inti freisin.
- 19 Reáchtáil EirGrid tréimhse comhairliúcháin fhoirmiúil phoiblí ar feadh ocht seachtaine idir Dé Máirt, an 16 Iúil 2013, agus Dé Luain, an 9 Meán Fómhair 2013.
- 20 Le linn na céime sin, chuaigh EirGrid i mbun caidrimh freisin le húinéirí talún agus le grúpaí ionadaíochas d'úinéirí talún, de réir mar ba chúí, maidir le sonraí ar an línebhealach roghnaithe, ar na láithreacha túir a bheartaítear agus ar bhealaí rochtana táscacha le haghaidh na tógála.
- 21 Céim thábhachtach ab ea foilsiú na tuarascála seo i bpróiseas pleanála agus seachadta an tionscadail, agus rinne EirGrid iarracht na nithe seo a leanas a dhéanamh:
- Dul i gcomhairle leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara eile maidir le raon feidhme an EIS;

- Dul i gcomhairle leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara eile maidir leis an réiteach tionscadail roghnaithe;
- Faisnéis ar an tionscadal, ar dhearadh na líne, agus ar an dul chun cinn ar iarratas pleanála a sholáthar don phobal, d'úinéirí talún, don phobal lena mbaineann agus do pháirtithe leasmhara eile; agus
- A áirithiú go mbeadh rochtain chuí ag gach páirtí leasmhar ábhartha ar fhaisnéis agus ar phróiseas cinnteoireachta an tionscadail i bhfad sula gcuirfí an t-iarratas faoi bhráid an Bhoird.

22 Déantar sonraí breise faoin gcéim um réiteach tionscadail roghnaithe den tionscadal a leagan amach i gCaibidil 6 den tuarascáil seo agus déantar achoimre ar na clocha míle gaolmhara comhairliúcháin agus ar na gníomhaíochtaí gaolmhara comhairliúcháin i bhFíor 3.8 (atá ar fáil ag deireadh na caibidle).

3.4 AN LÍNEBHEALACH DEIRIDH GO CUR ISTEACH AN IARRATAIS (Ó 2013 AMACH)

23 Lean EirGrid d'athbhreithniú agus de bhreithniú a dhéanamh ar na haighneachtaí a fuarthas ón bpobal, ón bpobal lena mbaineann agus ó úinéirí talún sa tréimhse ó dheireadh an chomhairliúcháin maidir leis an Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe) (a chríochnaigh an 9 Meán Fómhair 2013) go dtí gur foilsíodh an línebhealach deiridh i mí na Nollag 2013⁶. Foilsíodh Bileog Faisnéise Nuashonraithe don Phobal um an dtaca sin chun an méid sin a phoibliú agus chun comhairle a chur ar pháirtithe leasmhara faoin dóigh a bhféadfaidís amharc ar fhaisnéis maidir le sonraí an línebhealaih deiridh agus an fhaisnéis sin a iarraidh. Le linn na tréimhse sin, lean EirGrid ar aghaidh ag oibriú a sheirbhíse faisnéise don tionscadal agus ag cur cruinnithe faisnéise ar fáil do phríomhpháirtithe leasmhara.

24 D'fhoilsigh EirGrid eagrán breise den Bhileog Faisnéise Nuashonraithe don Phobal i mí Iúil 2014 chun feasacht leanúnach ar an tionscadal a chinntiú sula gcuirfí an t-iarratas isteach. Cuireadh comhairle ar fáil sa bhileog faoi chinntí an Phainéil um Shaineolaithe Neamhspleácha (IEP) agus soláthraíodh faisnéis inti faoin bpróiseas um Thionscadal Leasa Choitinn (PCI). Le linn na tréimhse sin, lean EirGrid ar aghaidh ag oibriú a sheirbhíse faisnéise don tionscadal agus ag cur cruinnithe faisnéise ar fáil do pháirtithe leasmhara.

⁶ Rinneadh an línebhealach deiridh a athbhreithniú ina dhiaidh sin, rud a foilsíodh i mí an Mhárta 2015.

- 25 Le linn na tréimhse sin ar fad agus go dtí gur cuireadh an t-iarratas seo isteach, bhí an pobal, an pobal lena mbaineann agus aon pháirtí eile lena mbaineann ábalta dul i dteagmháil le foireann an tionscadail tríd an líne theileafóin íosghlao, trí ríomhphost, tríd an bpost agus in ionaid faisnéise an tionscadail. Rinne EirGrid athbhreithniú ar an aiseolas ar fad a fuarthas ó pháirtithe leasmhara agus rinne sé iarracht freagra a thabhairt ar a gcuid ceisteanna. I mí na Nollag 2013, d'fhoilsigh EirGrid doiciméad dar teideal "Athbhreithniú agus Feabhas a chur ar ár bPróiseas Comhairliúcháin Phoiblí, dá dtagraítear i **Rannán 2.2.2.1** den tuarascáil seo. Rinneadh iniúchadh san athbhreithniú sin ar an gcur chuige a ghlac EirGrid i leith an phróisis chomhairliúcháin d'fhonn feabhas a chur an gcaoi a dtéann sé i gcomhairle leis an bpobal faoina chuid tionscadal amach anseo. Mar chuid de na tiomantais a rinneadh san fhoilseachán sin i mí an Mhárta 2015, tá sé beartaithe ag EirGrid na trí ionad faisnéise tionscadail san Uaimh, i gCarraig Mhachaire Rois agus i nDún an Rí a oscailt arís⁷. Tríd an gcuidreamh gníomhach sin leis an bpobal agus leis an bpobal lena mbaineann, cuireadh na páirtithe leasmhara ar an eolas is úire faoin tionscadal, lena n-áirítear forbairtí a rinneadh le déanaí agus tosca a raibh tionchar acu ar amlíne an phróisis pleanála (lena n-áirítear sainiú an tionscadail mar Thionscadal Leasa Choitinn). Tríd an gcuidreamh leis an bpobal, cuireadh ar an eolas iad faoin dearadh líne deiridh a bhí beartaithe ag EirGrid a chur faoi bhráid an Bhoird.
- 26 Mar chuid de na tiomantais a rinne EirGrid ina nAthbhreithniú ar Chomhairliúchán le haghaidh tionscadal, a foilsíodh i mí na Nollag 2014, chuir EirGrid fógraí amach go raibh sé chun beirt oifigeach idirchaidrimh pobail agus triúr oifigeach idirchaidrimh talmhaíochta a earcú. Cuideoidh na ról idirchaidrimh le rannpháirtíocht páirtithe leasmhara ar fud na hÉireann (lena n-áirítear an Mhí, an Cabhán agus Muineachán) le haghaidh thionscadail EirGrid. Rachaidh na hoifigigh idirchaidrimh talmhaíochta chun cainte le páirtithe leasmhara tábhachtacha i gcúrsaí talmhaíochta agus le húnéirí talún maidir leis an bhforbairt bonneagair tarchuir i ngach céim de shaolré an tionscadail óna thús síos tríd go dtí na céimeanna pleanála agus tógála. Rachaidh na hoifigigh idirchaidrimh pobail chun cainte le daoine aonair, le hionadaithe na n-údarás áitiúil agus le grúpaí/heagraíochtaí scairshealbhóirí ábhartha.
- 27 An 1 Bealtaine 2015, d'fhoilsigh EirGrid *Bileog Faisnéise PCI don Phobal* ar shuíomh gréasáin an tionscadail (feic **Aguisín L** den tuarascáil seo) inar tugadh faisnéis nuashonraithe faoin bpróiseas PCI agus treochlár nuashonraithe don tionscadal, de réir an Choincheapa nuachóirithe maidir le Rannpháirtíocht Phoiblí (CPP). Ag teacht le foilsiú na bileoige sin, chuir EirGrid fógraí in dhá nuachtán náisiúnta (The Irish Times agus Irish Independent) chun fógraíocht a thabhairt dá foilsiú. Bhí cóipeanna clóite den bhileog ar fáil ag gach ceann


⁷ Toisc nach raibh an t-ionad in Óstán Tí Dhún a' Rí, Dún an Rí, ar fáil, dúnadh an t-ionad faisnéise an 1 Aibreán 2015 agus cuireadh tús leis an gcuardach le haghaidh ionad nua. Osclaíodh ionad faisnéise nua an tionscadail in Ionad Teicneolaíochta agus Fiontraíochta an Chabháin, Muinchille, an Chabháin i mí an Mheithimh 2015.

d'ionaid faisnéise an tionscadail agus ó sheirbhís faisnéise an tionscadail ach iad a iarraidh (ríomhphost, post agus líne fóin íosghlao).

- 28 Mar aon leis an mBileog Faisnéise PCI don Phobal tá sé i gceist ag EirGrid Bileog Faisnéise Nuashonraithe don Phobal a fhoilsiú agus a eisiúint do pháirtithe leasmhara (agus d'úinéirí talún) sula gcuirfean an t-iarratas isteach (feic **Aguisín M** leis an tuarascáil seo). Eiseoidh EirGrid preaseisiúint do na meáin náisiúnta agus réigiúnacha chun iad a chur ar an eolas faoi fhoilsiú na bileoige. Áireofar sa phreaseisiúint freisin sonraí maidir leis an gcaoi ar féidir leis an bpobal a bheith rannpháirteach sa phróiseas comhairliúcháin reachtúil a gcuirfean tús leis seachtain amháin tar éis an t-iarratas pleanála a chur faoi bhráid an Bhoird.
- 29 Breithnítear an chéim sin den chomhairliúchán tuilleadh i g**Caibidil 8** den tuarascáil seo agus déantar achoimre ar na clocha míle gaolmhara comhairliúcháin agus ar na gníomhaíochtaí gaolmhara comhairliúcháin i bh**Fíor 3.8** (atá ar fáil ag deireadh na caibidle).

3.5 COMHAIRLIÚCHÁN LE HÚINÉIRÍ TALÚN

- 30 Cuireadh tús le caidreamh dírithe le húinéirí talún le haghaidh an tionscadail seo tar éis fhoilsiú na gconairí bealaigh roghnaithe agus na línebhealaí táscaha i mí Aibreáin 2009 (i.e. sular cuireadh an t-iarratas roimhe ar cheadú isteach). Scríobh EirGrid chuig na húinéirí talún / na háititheoirí uile chun cuireadh a thabhairt dóibh teacht le chéile le foireann an tionscadail agus an togra agus aon ábhar imní a bhí acu a phlé. I mí Iúil 2009, d'fhógair EirGrid go dtosódh sé ag díriú ar iarratas pleanála a ullmhú agus mhol sé d'úinéirí talún teagmháil a dhéanamh leis chomh luath agus ab fhéidir má bhí aon cheisteanna acu. Beag beann ar an iarracht a rinne foireann tionscadail EirGrid teagmháil a dhéanamh le húinéirí talún go díreach agus / nó cuairt a thabhairt orthu agus cead a fháil suirbhé a dhéanamh ar thailte, níor baineadh amach ach méid teoranta caidrimh. Tar éis an t-iarratas ar cheadú a chur isteach i mí na Nollag 2009 d'Fhorbairt Idirnasctha 400 kV na Mí-Thír Eoghain, d'éirigh úinéirí talún ina rannpháirtithe gníomhacha sa phróiseas comhairliúcháin reachtúil.
- 31 Tar éis an t-iarratas roimhe seo ar cheadú a tharraingt siar agus tar éis an Preliminary Revaluation Report (*Réamhthuarascáil Athmheasúnaithe*) a fhoilsiú i mí na Bealtaine 2011, chuir EirGrid tús le caidreamh dírithe le húinéirí talún maidir leis an línebhealach táscach. Mar chuid den bhabhta caidrimh sin, seoladh litir chuig gach úinéir talún ina raibh na téarmaí tagartha don chaidreamh le húinéirí talún. Sna téarmaí tagartha sin, leagadh amach cur chuige trí chéim a nglacfaí leis agus míníodh na deiseanna a bhí ag úinéirí talún a bheith rannpháirteach i ngach céim.



Fíor 3.1: Cur Chuige Céimnithe EirGrid i leith an Chaidrimh le hÚinéirí Talún don Fhorbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV

- 32 Ba iad príomhaidhmeanna Chéim 1 den chaidreamh le húnéirí talún aird úinéirí talún a tharraingt ar an tionscadal, gabháltais a shainaitint a bhféadfadh an tionscadal dul i gcion orthu, agus faisnéis a bhailiú maidir leis an bhfaisnéis is nuaí ar úinéireacht, ar úsáid talún, agus ar chleachtais bainistíochta feirme sa cheantar a bhféadfadh an tionscadal dul i gcion orthu.
- 33 I gCéim 2 den chomhairliúchán le húnéirí talún, díriodh ar an línebhealach roghnaithe, ar láithreacha túir a bheartaítear, agus ar bhealaí rochtana táscacha le haghaidh na tógála. Bhí an chéim sin ina céim ríthábhachtach struchtúrtha den chomhairliúchán sular cinneadh an línebhealach deiridh a chuirfí san áireamh san iarratas seo ar cheadú pleanála leis an mBord.
- 34 Ba é cuspóir Chéim 3 den chaidreamh le húnéirí talún faisnéis a scaipeadh ar úinéirí talún maidir le hábhar mionsonraithe an togra seo a bhfuil ceadú pleanála á lorg ón mBord ina leith.
- 35 Faoi mar a leagtar amach i **gCaibidil 7** den tuarascáil seo, ba é a bhí i gceist leis an gcomhairliúchán le húnéirí talún ná comhfhreagras i scríbhinn, léarscáileanna tionscadail a sholáthar, cuairteanna ag gníomhairí úinéirí talún, Bileoga Faisnéise Nuashonraithe don Phobal / bileoga faisnéise maidir le saincheisteanna sonracha, lena áiríodh Bileog Faisnéise shonrach d'Úinéirí Talún, agus freastal ar iarratais ar athrú chun an bealach agus na láithreacha túir a mhionathrú nuair ab fhéidir.
- 36 Tugtar tuilleadh sonraí i **gCaibidil 7** den tuarascáil seo ar an gcur chuige ar glacadh leis i leith comhairliúcháin le húnéirí talún agus déantar achoimre ar chlocha míle agus ar ghníomhaíochtaí gaolmhara comhairliúcháin i bhFíor 3.8 (ag deireadh na caibidle).

3.6 NA HUIRLISÍ CUMARSÁIDE AR BAINÉADH LEAS ASTU

- 37 Ó thús an tionscadail a bheartaítear, ba é an aidhm uileghabhálach a bhí ag EirGrid a chinntiú go mbeadh aon duine ar mhian leo dul i dteagmháil le foireann an tionscadail ar an eolas faoin bpróiseas lena mbaineann agus go mbeadh deis ag na daoine sin déanamh amhlaidh. Ba é a bhí i gceist leis sin, i measc nithe eile, an méid seo a leanas a chinntiú:
- Bhí rochtain ag páirtithe leasmhara ar fhaisnéis fhíorasach maidir le gach céim den tionscadal;
 - Tugadh deiseanna do dhaoine a bhféadfadh an tionscadal dul i gcion orthu nó do dhaoine a shíleann go bhféadfadh an tionscadal dul i gcion orthu, cur le próiseas deartha an tionscadail a luaithe agus ab fhéidir;
 - Bhí rochtain ag EirGrid ar an bhfaisnéis ba nuaí mar chuid d'ullmhú an iarratais pleanála nua; agus
 - Cuireadh fóram ar bun trína bhféadfadh na páirtithe leasmhara a bheadh imníoch faoin tionscadal a gcuid ceisteanna / ábhair imní / tuairimí a phlé agus / nó a chur isteach agus freagra a fháil ó fhoireann tionscadail EirGrid.
- 38 Mar sin, ba ar fud na gcéimeanna, na sraitheanna agus na ngníomhaíochtaí uile a bhain EirGrid leas as modhanna agus as uirlisí éagsúla cumarsáide d'fhonn próiseas comhairliúcháin an-inrochtana fadréimseach a chur ar fáil. Baineadh leas as an iliomad modhanna cumarsáide freisin chun a chinntiú go mbeadh deis ag na páirtithe leasmhara go léir teagmháil a dhéanamh le foireann an tionscadail ar an mbealach ab fhearr leo agus go bhféadfaidís teacht ar fhaisnéis trí mhodhanna traidisiúnta (tríd an bpost, i dtuarascálacha cruachóipe agus i gcáipéisí) agus ar líne (suíomh gréasáin faisnéise agus ríomhphost).
- 39 Tugtar sonraí thíos ar na modhanna agus ar na huirlisí éagsúla cumarsáide a úsáideadh le linn na dtréimhsí comhairliúcháin ábhartha. Tá na modhanna agus na huirlisí sin sa bhreis ar na fógraí nuachtáin a cuireadh ar fáil inar tugadh réamhfhógra agus inar iarradh aighneachtaí i ndáil le céimeanna sonracha den chomhairliúchán poiblí a thuiriscítear sa tuarascáil seo. Tá siad sa bhreis freisin ar uirlisí cumarsáide ar baineadh leas astu mar chuid den chaidreamh le húnéirí talún. Tuairiscítear iad sin i **gCaibidil 7** den tuarascáil seo freisin. Déantar tuilleadh plé ar na meáin agus ar fhógraíocht i **Rannán 3.6.1**. Sna caibidlí ina dhiaidh seo, déantar cur síos orthu de réir mar a bhain siad leis na céimeanna éagsúla comhairliúcháin.

Bileoga Faisnéise:

- 40 Rinne EirGrid Bileoga Faisnéise Nuashonraithe don Phobal a fhoilsiú ar bhonn rialta d'fhonn aird a tharraingt ar phríomhfhorbairtí agus ar chlocha míle an tionscadail, d'fhonn achoimre a dhéanamh ar phríomhthuarascálacha agus ar phríomhcháipéisí agus d'fhonn freagra a thabhairt ar cheisteanna a ardaíodh le linn an phróisis comhairliúcháin. I ngach bileog faisnéise, iarradh tuilleadh comhairliúcháin agus caidrimh ar an tionscadal agus soláthraíodh sonraí ar an dóigh a bhféadfaí teagmháil a dhéanamh le foireann an tionscadail. Cuireadh leabhráin bhreise le chéile freisin agus pléadh iontu na príomh-shaincheisteanna a sainaitníodh ní ba luaithe sa chomhairliúchán, amhail EMF.

Líne Theileafóin:

- 41 Tá líne theileafóin íosghlao thiomnaithe don tionscadal (1890 25 26 90) á feidhmiú ag EirGrid ó thús na chéad chéime den chomhairliúchán, rud a d'fhéadfadh an pobal a úsáid chun faisnéis a iarraidh agus / nó teagmháil a dhéanamh le foireann an tionscadail. Tá an líne sin ar oscailt don phobal ó 9am go 5pm, Luan go hAoine, ón mbliain 2007 i leith.

Seoladh Ríomhphoist agus Seoladh Poist

- 42 Sholáthair EirGrid seoladh ríomhphoist don tionscadal (northsouth@eirgrid.com) agus seoladh poist don tionscadal (f/ch Bainisteoir Tionscadail Thuaidh-Theas EirGrid, Bloc 2, Urlár 2, Campas Gnó na Cé Thiar, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath). Soláthraítear na sonraí teagmhála sin sna cáipéisí faisnéise uile a eisítear.

Gréasán:

- 43 Tá suíomh gréasáin don tionscadal á choinneáil ar bun ag EirGrid ó thús an tionscadail, áit a bhfuiltear in ann teacht ar na príomhábhair uile a eisíodh don tionscadal, lena n-áirítear tuarascálacha agus léarscáileanna. Chinntigh an méid sin freisin go bhféadfadh daoine stair an tionscadail a leanúint agus é á fhorbairt.

Ionaid Faisnéise an Tionscadail:

- 44 D'oscail EirGrid ionaid faisnéise áitiúla don tionscadal laistigh de limistéar staidéir an tionscadail, áit a bhféadfadh an pobal agus úinéirí talún bualadh isteach chucu nó coinne a eagrú chun bualadh le foireann tionscadail EirGrid agus chun faisnéis a fháil faoin tionscadal. Chuir an líne theileafóin íosghlao, an tseirbhís ríomhphoist agus an tseirbhís phoist leis na hionaid faisnéise freisin. Soláthraíodh dhá ionad, san Uaimh agus i gCarraig Mhachaire Rois, ar dtús, ach cuireadh an tríú ceann ar bun le linn na céime caidrimh agus comhairliúcháin den athmheasúnú deiridh in 2013. Bhí na hábhair faisnéise uile – tuarascálacha agus léarscáileanna ina measc – ar fáil ag ionaid faisnéise an tionscadail agus bhí baill foirne ar fáil chun bualadh leis an bpobal agus chun aiseolas na ndaoine sin a thuairisciú.

Laethanta Oscailte:

- 45 Cuireadh roinnt laethanta oscailte agus oícheanta faisnéise ar siúl ar fud an limistéir staidéir ar mhaithe le clocha míle an tionscadail a shonrú. Ba é príomhaidhm na n-imeachtaí sin deis a thabhairt do gach duine a raibh spéis acu sa tionscadal ceisteanna a chur go díreach faoin tionscadal agus freagraí a fháil ar bhonn duine le duine ar a gcuid ceisteanna le foireann tionscadail EirGrid. Bhí faisnéis an tionscadail – amhail léarscáileanna agus bileoga faisnéise – ar fáil ag gach cruinniú agus bhí daoine in ann amharc orthu ansin nó iad a thabhairt abhaile leo.

Tuairisciú:

- 46 Choinnigh EirGrid an pobal ar an eolas maidir leis an tionscadal, agus úsáid á baint aige as preaseisiúintí, as fógraí agus as agallaimh raidió chun clocha míle an tionscadail a shonrú. Baineadh leas fairsing as na meáin chlóite agus as na meáin raidió. Thug EirGrid tuairisc faoi dhul chun cinn an tionscadail trína fhoilseacháin agus trína bhileoga faisnéise clóite maidir le hábhair shonracha, amhail réimsí leictreamaighnéadacha (EMF), caidreamh le húnéirí talún agus stádas an tionscadail mar Thionscadal Leasa Choitinn (PCI).

Cruinnithe Faisnéise agus Cruinnithe Duine le Duine:

- 47 Chuir EirGrid cuir i láthair agus cruinnithe faisnéise teicniúla ar fáil do pháirtithe leasmhara chun faisnéis faoin tionscadal a sholáthar. Bhí cruinnithe pearsanta do dhaoine aonair nó do ghrúpaí beaga ionadaíocha ar fáil do pháirtithe leasmhara freisin ionas go bhféadfaidís freagra a fháil ar a gcuid ceisteanna ar bhealach níos pearsanta.

Ceisteanna Coitianta:

- 48 Rinneadh liostaí Ceisteanna Coitianta a chur le chéile agus a nuashonrú go rialta agus cuireadh ar fáil iad i bhfoirm chlóite agus ar shuíomh gréasáin an tionscadail.

3.6.1 Na Meáin agus Fógraíocht

- 49 Tuigeadh go raibh sé ríthábhachtach feachtas a chruthú ar an tionscadal lena chinntiú go mbeadh an pobal rannpháirteach i rith fhorbairt an tionscadail agus na dtréimhsí comhairliúcháin. Baineadh leas as feachtais sna meáin agus as feachtais fógraíochta chuige sin chun tacú leis an bpróiseas comhairliúcháin phoiblí.
- 50 Dá bharr sin, músclaíodh cuid mhór feachtas ar an tionscadal agus ar an gcaoi le faisnéis faoin tionscadal a rochtain trí scaipeadh faisnéise. Ba mhinic a d'úsáidtfí preaseisiúintí chun gach ceann de chlocha míle nó d'fhorbairtí an tionscadail a shonrú. Úsáideadh fógraí chun aird a tharraingt ar mhodhanna nua caidrimh nó ar spriodhátáí tábhachtacha a bhí le teacht.

- 51 Mar shampla, léirítear i bhFíor 3.2 an méid tuairisceoireacht chlóite agus chraolta a rinneadh ar an tionscadal idir mí Aibreáin 2011 agus deireadh mhí Mheán Fómhair 2013. Miondealaítear na figiúirí sin i bhFíoracha 3.4 agus 3.6. Fuarthas an méid ba mhó tuairisceoireachta sna nuachtáin réigiúnacha – bhí beagnach faoi bhun 45% de na hailt uile le fáil iontusan. Bhí 37.5% den tuairisciú uile le fáil sna nuachtáin náisiúnta. B'ionann an tuairisceoireachta a fuarthas i bhfoinsí craolacháin agus 13% den tuairisciú a fuarthas.
- 52 De thoradh an ardleibhéil feasachta ar an tionscadal a chruthaigh an feachtas sin, bhíothas in ann na heochairghnéithe eile den chomhairliúchán poiblí agus rannpháirtíocht le húnéirí talún arna dhéanamh ag EirGrid a thabhairt isteach go héifeachtach.
- 53 Músclaíodh cuid mhór feasacht poiblí ar an gcaoi agus ar an áit a bhféadfaí faisnéis a fháil. Measann EirGrid go raibh feachtas rathúil faisnéise agus comhairliúcháin le sonrú san iomlán.







Figure 3.2: General Press and Broadcast Coverage for the North-South 400 kV Interconnection Development between April 2011 and September 2013 with an Illustration of the Number of Articles Published Alongside the Corresponding Circulation Figures



Fíor 3.3: Miondealú ar na Cineálacha Ailt a Tuairiscíodh sna Meáin Ghinearálta Chlóite agus Chraolacháin don Fhorbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV idir Aibreán 2011 agus Meán Fómhair 2013



Fíor 3.4: Miondealú ar na Cineálacha Foilseachán Ailt sna Meáin Ghinearálta Chlóite agus Chraolacháin don Fhorbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV idir Aibreán 2011 agus Meán Fómhair 2013



Fíor 3.5: Miondealú ar na Cineálacha Foilseachán Alt ba Líonmhaire sna Meáin Ghinearálta Chlóite agus Chraolacháin don Fhorbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV idir Aibreán 2011 agus Meán Fómhair 2013

3.7 DEACRACHTAÍ, SAINCHEISTEANNA AGUS FREAGAIRTÍ A THÁINIG CHUN CINN

54 In ainneoin iarrachtaí EirGrid dul i mbun comhairliúcháin agus caidrimh leis na páirtithe leasmhara ar fad mar chuid den phróiseas comhairliúcháin a rinneadh le haghaidh an tionscadail, tháinig roinnt deacrachtaí aníos a chuir dúshlán faoi chuspóir agus faoi thorthaí chéimeanna an chomhairliúcháin. Cuirtear síos ar na dúshláin sin sna rannáin ina dhiaidh seo.

3.7.1.1 Rochtain ar Fhaisnéis

55 San iarratas roimhe seo, chuir páirtithe leasmhara in iúl go raibh imní orthu maidir le láthair chéad Ionad Faisnéise na hUaimhe. Mar fhreagra air sin, fuair EirGrid oifig nua san Uaimh (10a Áras Uí Chinnéide, Bóthar Uí Chinnéide, an Uaimh, Contae na Mí) a d'oscail i mí na Bealtaine 2011. Bhí an t-ionad faisnéise sin lonnaithe i lár bhaile na hUaimhe gar d'ionad siopadóireachta agus do thaitneamhachtaí eile. Bhí teacht ar dhá charrchlós, leis.

56 Chuir páirtithe leasmhara imní in iúl le linn na laethanta oscailte i mBaile an Chabháin don Final Re-evaluation Report (*Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh*) (an 23 Aibreán agus an 24 Aibreán 2013) i ndáil le láthair an lae oscailte. Ba é tuairim na bpáirtithe leasmhara gur cheart an t-imeacht a réachtáil níos gaire don línebhealach táscach a bheartaítear, agus ní i mBaile an Chabháin. Mar fhreagra air sin, fuair EirGrid ionad i nDún an Rí inar réachtáladh an lá

oscailte faoi choinne an chomhairliúcháin don Preferred Project Solution Report (*Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe*).

57 Le linn comhairliúcháin roimh an iarratas i ndáil leis an bhforbairt a beartaíodh roimhe sin, nocht páirtithe leasmhara go raibh siad buartha faoin bhfáil ar fhaisnéis ar shuíomh gréasáin EirGrid. Thug roinnt díobh le fios go raibh deacrachtaí acu nascleanúint a dhéanamh ar an suíomh agus faisnéis a fháil. Mar chuid den athbhreithniú a rinneadh ar shuíomh gréasáin foriomlán EirGrid, leasaíodh agus feabhsaíodh na leathanaigh a bhain go sonrach leis an tionscadal d'fhonn an comhéadan úsáideora a fheabhsú, faoi mar a phléitear i gCaibidil 4 den tuarascáil seo.

3.7.1.2 Cineál Rannpháirtíocht an Phobail

58 Leag EirGrid amach ag gach céim den chomhairliúchán na téarmaí tagartha inar tugadh eolas don phobal i gcoitinne, do pháirtithe leasmhara agus d'úinéirí talún ar na saincheisteanna agus na topaicí a raibh sé ag iarraidh a n-aiseolas a fháil ina leith.

59 I rith na gcéimeanna comhairliúcháin, bhí corrghné den aiseolas a fuarthas lasmuigh de na téarmaí tagartha don chéim chomhairliúcháin ar leith sin; bhain siad le cúrsaí náisiúnta nó cúrsaí domhanda, e.g. beartas Rialtais.

60 Chun dul i ngleic leis sin, ba sna catagóirí seo a leanas a cuireadh na haighneachtaí a fuair EirGrid sa tréimhse caidrimh leis an bpobal don Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh) idir an 16 Aibreán 2013 agus an 27 Bealtaine 2013, lenar áiríodh na cinn sin a fuarthas ag na cruinnithe breise a d'éascaigh County Monaghan Anti-Pylon Landowners Group (Grúpa Úinéirí Talún Chontae Mhuineacháin in Éadan Píolón) / Co. Monaghan Anti-Pylon Limited (Grúpa Úinéirí Talún Chontae Mhuineacháin in Éadan Píolón) (CMAPLG):

- Aighneachtaí maidir leis an *Final Re-Evaluation Report (An Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)*;
- Aighneachtaí a bhain le hábhar an *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)*;
- Freagairtí a bhain le Próiseas na Measúnachta Tionchair Timpeallachta; agus
- Aiseolas ar shaincheisteanna eile.

61 Tugadh aghaidh ansin ar na haighneachtaí sin faoi na ceanteidil i gCaibidil 2 den Preferred Project Solution Report (*Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe*) a foilsíodh an 16

Iúil 2013. Rinne foireann an tionscadail breithniú agus athbhreithniú breise orthu i rith an ama roimh ullmhú an iarratais pleanála seo don tionscadal.

3.7.2 Leibhéal Rannpháirtíocht an Phobail agus an Chaidrimh le Páirtithe Leasmhara

62 In ainneoin líon mór na modhanna agus na bhfóram a cuireadh ar fáil ó cuireadh tús leis an tionscadal agus atá leagtha amach thuas, bhí níos lú daoine ag cuid de na himeachtaí lae oscailte agus in ionaid faisnéise an tionscadail ná mar a bhí súil leis.

63 Déanann dhá ghrúpa ionadaíocht d'úinéirí talún sa limistéar staidéir. Seo a leanas iad:

1. Coiste North East Pylon Pressure (*Muintir an Oirthuaiscirt in Éadan Píolón*)/North East Pylon Pressure Campaign Limited (NEPP); agus
2. County Monaghan Anti-Pylon Landowners Group (*Grúpa Úinéirí Talún Chontae Mhuineacháin in Éadan Píolón*)/Co. Monaghan Anti-Pylon Limited (CMAPLG).

64 D'eisigh úinéirí talún áirithe foirmeacha údaráis agus teoracha do EirGrid gan teagmháil a dhéanamh leo ach amháin trína n-ionadaithe ceaptha. Mar sin, bhí cosc ar EirGrid agus ar a chuid gníomhairí teagmháil a dhéanamh go díreach le húinéirí talún a ndearna an dá ghrúpa ionadaíochta sin d'úinéirí talún ionadaíocht dóibh. Dá bharr sin, ní raibh EirGrid in ann ach fógraí reachtúla nó fógraí foirmiúla eile a bhaineann lena dtailte a sholáthar go díreach do na húinéirí talún sin agus, dá bhrí sin, ní raibh EirGrid in ann teagmháil réamhghníomhach a dhéanamh le húinéirí talún a ndearna na grúpaí sin ionadaíocht dóibh le linn an chomhairliúcháin. Mar sin féin, cuireadh roinnt iarratas ar athrú isteach thar ceann úinéirí talún i gContae Mhuineacháin trí ionadaithe dlíthiúla de chuid an CMAPLG.

3.8 MÓRTHIONSCNAIMH CHAIDRIMH DE CHUID EIRGRID

65 D'fhonn cur le feasacht an phobail ar EirGrid agus ar a ról, tapaíonn EirGrid deiseanna in Éirinn chun urraíocht a dhéanamh ar imeachtaí náisiúnta agus áitiúla, chomh maith le feachtais náisiúnta agus áitiúla ar mhaithe le feasacht an phobail a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

66 Mar shampla, tá na himeachtaí a phléitear sna rannáin ina dhiaidh seo i measc na n-imeachtaí a bhí ar siúl i limistéar staidéir na Forbartha Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV.

3.8.1 Urraíocht ar Rás Bóthair 4 Mhíle Dhún Búinne

67 Rinne EirGrid urraíocht ar Rás Bóthair 4 Mhíle agus Spaoi-Rith Dhún Búinne, Contae na Mí, i gcomhpháirtíocht le Cumann Lúthchleasaíochta na hÉireann, agus iad á dhéanamh sin gach

bliain ó 2011 i leith. Bhí an t-imeacht is déanaí ar siúl Dé Domhnaigh, an 29 Márta 2015 agus is imeacht an-tábhachtach é an rás seo i bhféilire na rásaíochta bóthair in Éirinn.



Fíor 3.6: An 44ú Rás Bóthair 4 Mhíle i nDún Búinne, urraithe ag EirGrid, a bhí ar siúl i nDún Bóinne, Co. na Mí ar an Domhnach an 24 Márta 2013.

3.8.2 Urraíocht ar Fhéile Hay

68 Rinne EirGrid urraíocht ar Fhéile Hay a bhí ar siúl i gCeanannas, Contae na Mí, idir an 28 Meitheamh 2013 agus Dé Domhnaigh an 30 Meitheamh 2013. Ba é sin an chéad uair a reáchtáladh an fhéile mhór litríochta seo in Éirinn. Le linn na féile, ghlac ionadaí de chuid EirGrid, páirt sa díospóireacht 'Meeting Future Energy Needs' (*Freastal ar Riachtanais Fuinnimh Amach Anseo*). Sa díospóireacht sin, féachadh ar chothromaíocht a aimsiú idir freastal ar riachtanais fuinnimh an domhain atá ag dul i méid agus an clár comhshaoil idirnáisiúnta níos leithne.

69 Rinne EirGrid urraíocht ar Fhéile Hay a bhí ar siúl i gCeanannas idir Dé Céadaoin an 2 Iúil agus Dé hAoine an 4 Iúil 2014.

3.8.3 Féile *Life of Riley* sa Chabhán

70 Thacaigh EirGrid leis an gcéad fhéile 'Life of Riley' sa Chabhán. Bhí sé mar aidhm ag an bhféile sin saol an mhadra bháin a chaitheamh idir an 19 Lúnasa 2013 agus an 25 Lúnasa 2013. Féile atá ann ina gceiliúrtar ceol traidisiúnta na hÉireann, ceolta tuaithe, drámaíocht, damhsa, na healaíona agus spraoi teaghlaigh.

3.8.4 An Clár Eolaíochta do Scoileanna de chuid EirGrid

71 Tá an Clár Eolaíochta do Scoileanna de chuid EirGrid dírithe ar dhaltaí scoile atá i mbun staidéir ar an eolaíocht don Teastas Sóisearach. Cuimsíodh ann sraith seónna idirghníomhacha beo in ionaid réigiúnacha ar fud na hÉireann. Seó idirghníomhach is ea é atá bunaithe ar churaclam reatha na heolaíochta don Teastas Sóisearach, agus leagtar béim ar an taithí phraiticiúil ann. Tá sé mar aidhm aige cabhrú le daltaí léirtheiscint a fhorbairt ar thionchar an leictreachais ar ár saol agus ar an gcomhshaol. Bhí an chéad imeacht a d'óstáil EirGrid don bhliain acadúil 2013-2014 ina chuid de Sheachtain Mhatamaitice na hÉireann in Amharclann an Gharáiste i gCo. Mhuineacháin i mí Dheireadh Fómhair 2013. D'fhreastail os cionn 600 dalta ar an imeacht sin.


3.8.5 Comhdháil Chumann na Múinteoirí Innealtóireachta agus Teicneolaíochta i Muineachán


72 I mí Dheireadh Fómhair 2013, chuaigh EirGrid i bpáirt le Cumann na Múinteoirí Innealtóireachta agus Teicneolaíochta (ETTA) chun ceiliúradh a dhéanamh ar fheabhas na hinnealtóireachta agus na teicneolaíochta i measc dhaltaí an Teastais Shóisearaigh agus na hArdeistiméireachta. Rinne EirGrid urraíocht ar roinnt comórtas do dhaltaí, agus fógraíodh na buaiteoirí i rith Chomhdháil Náisiúnta ETTA a bhí ar siúl in Institiúid Breisoideachais agus Oiliúna Mhuineacháin an 15 agus an 16 Samhain 2013.


3.9 AMLÍNE MAIDIR LE GNÍOMHAÍOCHTAÍ AGUS LE HIMEACHTAÍ COMHAIRLIÚCHÁIN Ó 2007 AMACH


73 Faoi mar a thagraítear ag tús na caibidle seo, ullmhaíodh amlíne mhionsonraithe do na gníomhaíochtaí agus do na himeachtaí éagsúla comhairliúcháin a reáchtáladh don tionscadal ó 2007 ar aghaidh. Cuirtear an amlíne sin i láthair i bhFíor 3.7.

Fíor 3.7: Clocha Míle, Gníomhaíochtaí agus Imeachtaí Comhairliúcháin ó 2007 i leith (ar an gcéad leathanach eile)









May
2015

- On 1st May, EirGrid published a PCI Public Information Leaflet on its project website and its publication was advertised in two national newspapers. The leaflet explained the project history, the PCI process and the timeline for the planning application. The leaflet was made available at each of the project information centres or on request via the project information service
- As part of its commitment to respond to the concerns of the agriculture, equine and tourism sectors in respect of its major projects EirGrid has published three reports. These are available at www.eirgrid.com/aboutus/publications/gridinitiatives

May/June
2015
Onwards

- EirGrid will open a new project information centre in Cootehill, County Cavan
- EirGrid will publish notice of the application in national and regional newspapers and place site notices
- EirGrid will publish a Community Update Brochure – June 2105 and send a copy to stakeholders along with a copy of the previously published PCI Public Information Leaflet
- Landowners will also be sent the above brochures along with map(s) showing the proposed development on their lands the final line design to be submitted to An Bord Pleanála in the planning application. Landowners will also be issued a copy of the PCI Public Information Leaflet
- The *Community Update Brochure – June 2015* will be published on the project website along with an updated Frequently Asked Questions document
- EirGrid will submit its planning application with an EIS and NIS to An Bord Pleanála in accordance with the schedule provided by An Bord Pleanála
- Following submission of the application EirGrid will issue a letter to landowners to notify them that the application has been submitted and will enclose a printed copy of the non-technical summary of the EIS and a digital copy of the complete application and EIS on compact disc
- The ten-week Statutory Public Consultation period will commence one week following the submission of the planning application.
- The application and EIS will be published on a dedicated website which will ‘go-live’ on commencement of the public consultation period
- The project information centres will open for the duration of the Statutory Public Consultation phase and details of opening hours will be advertised in advance
 - The project website will continue to be accessible and will provide a link to the dedicated planning website for the application

4 COMHAIRLIÚCHÁN A RINNEADH IDIR 2007 AGUS 2010

4.1 RÉAMHRÁ

- 1 Tugadh faoi roinnt céimeanna éagsúla comhairliúchán agus caidrimh leis an bpobal roimh chur isteach an iarratais d'fhonn eolas a thabhairt don iarratas a cuireadh isteach chuig an mBord Pleanála (an Bord) i mí na Nollag 2009. Rinneadh cur síos mionsonraithe orthu sin i gCaibidil 3 d'Imleabhar 1 den Ráiteas Tionchair Timpeallachta (EIS) a ullmhaíodh don iarratas sin maidir le Forbairt Idirnasctha 400 kV na Mí-Thír Eoghain. Sna rannáin seo a leanas, déantar cur síos achomair ar phróiseas an chomhairliúcháin phoiblí a rinneadh le haghaidh an iarratais sin.
- 2 Seo cur síos ginearálta ar na céimeanna comhairliúcháin a bhí ar siúl sa tréimhse sin:
 - Céim 1 - Na Roghanna Conaire Bealaigh (Deireadh Fómhair 2007 – Bealtaine 2008);
 - Céim 2 – Na Conairí Bealaigh Roghnaithe agus an Línebhealach Táscach (Márta 2009 – Iúil 2009); agus
 - Céimeanna 3 agus 4 – (Lúnasa 2009 go cur isteach an iarratais pleanála i mí na Nollag 2009).
- 3 Cuirtear é sin i láthair go grafach i bhFíor 2.2 de **Chaibidil 2** den tuarascáil seo.

4.2 TÉARMAÍ TAGARTHA

- 4 Ba é cuspóir na chéad chéime den chomhairliúchán ná tús eolais a thabhairt don phobal ar an tionscadal a bheartaítear, ar na roghanna conaire bealaigh a bheartaítear agus ar an mbonn leis na roghanna sin (agus tagairt á déanamh do na srianta a bheadh i gceist). Féachadh sa chéad chéim le faisnéis ar an tionscadal a chur ar fáil don phobal agus le hábhair imní an phobail agus na bpáirtithe leasmhara a shainaithint. Féachadh freisin le deis a thabhairt do pháirtithe leasmhara aiseolas a sholáthar ar na trí rogha conaire 1 km ar leithead a sainaitníodh lena mbreithniú ag foireann an tionscadail agus ar an gceist a bhí le breithniú ag foireann an tionscadail maidir le línte lasnairde (OHL) a úsáid in ionad cáblaí faoin talamh (UGC). Léirítear an méid sin sa treochlár táscach do 2009.
- 5 Díríodh sa dara céim den chomhairliúchán ar na conairí bealaigh roghnaithe agus na línebhealaí táscacha a fhógairt don phobal. Ba le linn an dara céim freisin a fógraíodh go mbeadh EirGrid i dteagmháil le húinéirí talún feadh na línebhealaí táscacha.

- 6 Fógraíodh na conairí bealaigh roghnaithe agus an línebhealach táscach don phobal sa tríú céim den chomhairliúchán. Ba sa chéim sin freisin a iarradh ar an bpobal páirt a ghlacadh sa phróiseas ionas go mbeifí in ann tuairim an phobail a bhreithniú agus a chur san áireamh, nuair ba chúí, sula ndéanfaí an t-iarratas pleanála a ullmhú agus a chur isteach.

4.3 MODHEOLAÍOCHTAÍ A GLACADH DON CHOMHAIRLIÚCHÁN POIBLÍ AGUS DON CHAIDREAMH LE HÚINÉIRÍ TALÚN

- 7 Le linn ullmhú agus chur isteach ina dhiaidh sin an iarratais roimhe sin ar cheadú pleanála leis an mBord, chuaigh EirGrid i gcomhairle leis an bpobal agus le húnéirí talún ar roinnt bealaí. Tugtar achoimre orthu sin i d**Tábla 4.1**. Ba é ba chuspóir leis na próisis chomhairliúcháin a glacadh bealach fadréimseach inrochtana a éascú chun go rachadh an pobal i dteagmháil le foireann tionscadail EirGrid agus chun go bhfaigheadh EirGrid tuairimí agus aighneachtaí ón bpobal agus go ndéanfadh foireann an tionscadail iad a bhreithniú agus machnamh a dhéanamh orthu.

Tábla 4.1: Achoimre ar na Modhanna maidir le Comhairliúchán Poiblí agus le Caidreamh le hÚinéirí Talún a Ghlac EirGrid le linn an Iarratais roimhe (2007 – 2010)

Modh	Comhairliúchán
Líne theileafóin íosghlao	Cuireadh an Líne Theileafóin íosghlao don tionscadal ar bun i mí Mheán Fómhair 2007. Ba é an aidhm a bhí léi bealach inrochtana cumarsáide a chur ar fáil don phobal, áit a bhféadfaí faisnéis a iarraidh faoin tionscadal nó ceisteanna a ardú. Bhí uimhir na líne teileafóin sin san áireamh i ngach foilseachán don chomhairliúchán agus poiblíodh í go fairsing trí phreaseisiúintí do na meáin.
Seirbhís ríomhphoist	Cuireadh dhá sheoladh ríomhphoist shonracha (meathcavanpower@eirgrid.com agus aguscavantyroneinterconnector@eirgrid.com) ar bun don tionscadal chun go bhféadfadh an pobal ceisteanna a chur isteach nó faisnéis a iarraidh faoin tionscadal. Bhí na seoltaí ríomhphoist sin san áireamh i ngach foilseachán don chomhairliúchán agus poiblíodh iad go fairsing trí phreaseisiúintí do na meáin.
Seoladh Poist	Sholáthair EirGrid seoladh poist a bhféadfadh an pobal comhfhreagras agus / nó aighneachtaí i scríbhinn ar an tionscadal a chur chuige. Bhí an seoladh sin san áireamh i ngach foilseachán don chomhairliúchán (bileoga faisnéise san áireamh) agus poiblíodh é go fairsing trí phreaseisiúintí do na meáin.
Bileoga Faisnéise	Rinne EirGrid cuid mhór bileoga faisnéise a chur le chéile agus a scaipeadh ar pháirtithe leasmhara le linn an phróisis chomhairliúcháin.

Modh	Comhairliúchán
Imeachtaí Laethanta Oscailte	Cuireadh cúig imeacht comhairliúcháin phoiblí ar siúl, agus é mar aidhm leo fóram a chur ar fáil ina bhféadfadh an pobal agus úinéirí talún bualadh go díreach le foireann tionscadail EirGrid agus tuilleadh faisnéise a iarraidh agus/nó a fháil agus aiseolas a thabhairt.
Cruinnithe	Tionóladh cruinnithe comhstádais idir an pobal agus foireann tionscadail EirGrid.
Ionaid Faisnéise an Tionscadail	<p>Le linn na luathchéimeanna den chomhairliúchán, bhuail EirGrid le páirtithe leasmhara in ionaid phoiblí nó ag a dteach. Agus aitheantas á thabhairt aige don ghá a bhí le háras sainithe a bheith ann sa limistéar staidéir chun freastal ar chruinnithe den sórt sin, d'oscail EirGrid dhá ionad faisnéise a raibh foireann iontu – Ionad Faisnéise na hUaimhe agus Ionad Faisnéise Charraig Mhachaire Rois. Osclaíodh an dá cheann acu i mí Iúil 2008.</p> <p>Bhí na hábhair faisnéise uile – tuarascálacha agus léarscáileanna ina measc – ar fáil ag gach ceann de na hoifigí sin agus bhí bail foirne ar fáil ar laethanta sonraithe chun bualadh leis an bpobal, chun a n-aiseolas a thuairisciú agus chun a gceisteanna a bhainistiú. Cuireadh an tseirbhís sin ar fáil mar bhealach le cineál inrochtana comhairliúcháin a éascú don phobal, agus príobháideacht na ndaoine sin á háirithiú ag an am céanna. A bhúí leis sin, éascaíodh díospóireacht ionraic oscailte idir an pobal agus foireann tionscadail EirGrid agus áirithíodh go bhfaighfí aiseolas suntasach ón bpobal de réir mar a dhéanfaí dul chun cinn ar obair chun rogha conaire 1 km ar leithead a shocrú.</p>
Suíomh gréasáin	Bhain EirGrid leas as a shuíomh gréasáin (www.eirgrid.com) mar mheán trína bhféadfadh páirtithe leasmhara teacht ar an bhfaisnéis ábhartha ar fad (leabhráin agus bileoga, tuarascálacha tionscadail agus bileoga faisnéise).
Foilseacháin	B'iomaí foilseachán (tuarascálacha tionscadail san áireamh) a chuir EirGrid le chéile chun freagra a thabhairt ar cheisteanna páirtithe leasmhara.

4.4 LEIBHÉAL RANPHÁIRTÍOCHT AN PHOBAIL I GCÉIM 1: SCÓPÁIL AR SHRIANTA STRAITÉISEACHA (DEIREADH FÓMHAIR 2007 – BEALTAINE 2008)

4.4.1 An Leibhéal Rannpháirtíochta

8 Bhí foireann tionscadail EirGrid i dteagmháil leis an bpobal agus leis an bpobal lena mbaineann tríd an líne theileafóin, trí litreacha, trí fhoirmeacha aiseolais, trí ríomhphoist, trí laethanta oscailte agus trí chruinnithe. Tugtar sonraí i d**Tábla 4.2** ar an líon aighneachtaí a fuarthas agus miondealú ar an dóigh a bhfuarthas iad.

Tábla 4.2: Leibhéal Rannpháirtíocht an Phobail le linn na Céime Scópála ar Shrianta Straitéiseacha*

Foinse an Aiseolais ó Pháirtithe Leasmhara	Líon Aighneachtaí
Líne Theileafóin	1,200
Foirmeacha Aiseolais	4,410
Ríomhphoist	939
Aighneachtaí i Scribhinn	1,009
Sínitheoirí Achainí Aonair	2,596
Laethanta Oscailte**	800+
Cruinnithe le Grúpaí Beaga	Cuireadh tugtha do 220 duine
Iomlán	11,174+

* Ní áirítear caidreamh le húnéirí talún a rinne gníomhairí únéirí talún. Déantar cur síos ar leith air sin i g**Caibidil 7** den Tuarascáil seo.

** An chéad sraith: ar siúl an 11, an 16 agus an 17 Deireadh Fómhair – níos mó ná 500 páirtí leasmhar i láthair. An dara sraith: ar siúl an 27 agus an 28 Samhain 2007 – níos mó ná 300 páirtí leasmhar i láthair.

- 9 Nuair atáthar ag féachaint ar an leibhéal rannpháirtíochta sin, ba cheart an daonra comhcheangailte i Muineachán, sa Chabhán agus sa Mhí sa bhliain 2006 a chur san áireamh, ba é sin, 282,650 duine.⁸

4.4.2 An Cineál Aiseolais a Fuarthas

- 10 Mar thoradh ar an gcaidreamh leis an bpobal le linn na tréimhse sin, bhí foireann tionscadail EirGrid in ann léargas a fháil ar na saincheisteanna coitianta ar tharraing páirtithe leasmhara aird orthu i dtaca leis an tionscadal.
- 11 I d**Tábla 4.3**, rangáítear na saincheisteanna a d'ardaigh páirtithe leasmhara le linn na tréimhse sin agus tugtar forbhreathnú ar na príomhláithreacha agus ar na príomhréimsí lenar bhain spéis agus imní.

⁸ Bunaithe ar an daonra comhcheangailte i Muineachán, sa Chabhán agus sa Mhí sa bhliain 2006 (foinse: an Phríomh-Oifig Staidrimh [CSO]).

Tábla 4.3: Saincheisteanna a Ardaíodh le linn na Céime um Roghanna Conaire Bealaigh

Saincheisteanna	Achoimre
Scoileanna agus Naíolanna	Bhain an príomhábhar imní lena ghaire atá an togra d'áiseanna den sórt sin.
Éiceolaíocht agus an Dúlra	<p>Bhain an príomhábhar imní leis an bhfiadhúlra agus leis na limistéir áilleachta nádúrtha atá lonnaithe laistigh de na conairí bealaigh. Sainithníodh limistéir aitheanta chosanta, tearmainn fiadhúlra ina measc. Cé gur sainithníodh mórán speiceas mar speiceas lenar bhain imní, ba iad ialtóga agus Ealaí Glóracha na príomhspeicis ar tarraingíodh aird orthu. Chomh maith leis sin, sainithníodh lochanna sonracha a mbíonn an Eala Ghlórach lonnaithe iontu mar áiteanna a bhféadfadh an fhorbairt a bheartaítear dul i bhfeidhm orthu.</p> <p>I measc ábhair imní eile, bhí tionchar an togra ar thaitneamhacht amhairc an cheantair, lena n-áirítear coillearnacha, an tírdhreach droimníní agus tailte portaigh. Chuir cumainn áitiúla slatiascaireachta imní in iúl faoin tionchar a d'imreodh an togra ar thaitneamhacht na n-aibhneacha freisin.</p>
Foirgnimh Oidhreachta agus Liostaithe	<p>Chuir cuid mhór daoine imní in iúl faoina ghaire atá an togra d'fhoirgnimh oidhreachta agus liostaithe, lena n-áirítear tithe paróiste, caisleáin, mainistreacha, reiligí agus cnoic stairiúla. Bhí imní ar dhaoine eile faoi thithe ceann tuí.</p> <p>Tríd is tríd, d'ardaigh páirtithe leasmhara sa limistéar staidéir imní faoi shuíomhanna stairiúla, lena n-áirítear suíomhanna speisialta is díol spéise seandálaíochta, ar nós liosanna agus coillearnacha oidhreachta.</p>
Cultúr agus Spórt	<p>Chuir eagraíochtaí cultúrtha agus spóirt – amhail clubanna CLG agus cumainn ghailf – imní in iúl faoi thionchar na forbartha a bheartaítear ar a gcuid gníomhaíochtaí áineasa eagraithe, pleananna leathnaithe amach anseo ina measc. Chuir baill de ghrúpaí pobail Gaeltachta go gníomhach i gcoinne an togra mar gheall ar an gcur isteach a bheadh ann ar an oidhreacht chultúrtha agus nádúrtha sa cheantar.</p> <p>Fuarthas méid an-suntasach aiseolais ó dhaoine a bhí ag cur imní in iúl faoin bhféidearthacht go dtógfaí na línte cumhachta i ngar d'ionaid leighis sa cheantar.</p>

Saincheisteanna	Achoimre
	Dhírigh an pobal aird freisin ar ghníomhaíochtaí cultúrtha, amhail ceiliúrtha fómhair agus aontaí sráide, a bhíonn ar siúl ina gcuid ceantar.
Turasóireacht agus Forbairt	Tharraing forbróirí réadmhaoine aird ar an inní a bhí orthu faoin drochthionchar amhairc a bheadh ag an togra ar a gcuid talún agus, go háirithe, ar thograí forbartha reatha agus amach anseo. Tharraing áiseanna turasóireachta aird freisin ar an drochthionchar amhairc a d'imreodh na línte cumhachta a bheartaítear agus ar an bhféidearthacht nach dtabharfadh an oiread céanna turasóirí cuairt ar an gceantar dá mbarr.
Beostoc agus Capaill Rása	Bhí inní ann freisin faoin tionchar a d'fhéadfaí a imirt ar ráschúrsaí agus ar an eallach, ar leas na héanlaithe clóis agus ar leas ainmhithe eile (ar nós cúnna). Sainithníodh go bhfuil roinnt codanna den bhealach suite i ngar do cheantair ina mbíonn cúnna á dtógáil. Bhí an-inní ar thógálaithe faoi shláinte a gcuid ainmhithe, agus iad ag rá go gcaillfidís sciar mór dá n-ioncam de bharr breitheanna anabái féideartha. Chuir feirmeoirí eallaigh agus déiríochta inní in iúl freisin faoin tionchar a bheadh ann ar shláinte a dtréad. Cuireadh in iúl go sonrach gur cheart taighde a dhéanamh ar chúrsaí mairteola, agus tagairt á déanamh do na himpleachtaí sláinte ar thréad an staidéir.
Mianadóireacht agus Aerpháirceanna	D'ardaigh líon beag páirtithe leasmhara inní a bhaineann le hoibríochtaí mianadóireachta sa cheantar agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag pléascadh ar na línte cumhachta. Chuir aerpháirceanna agus cumainn eiltile ábhair inní in iúl go gcuirfeadh an togra isteach ar ruthaigh eiltile.

4.4.3 Freagraí ar na Saincheisteanna a Ardaíodh le linn Rannpháirtíocht an Phobail

- 12 I gcás aighneachtaí i scríbhinn a fuarthas (trí litir agus trí ríomhphost), tugadh freagra orthu inar pléadh leis na ceisteanna agus leis na hábhair inní a ardaíodh. Nuair ba ghá, seoladh ábhair ábhartha faisnéise in éineacht leis na freagraí. I measc na n-ábhar sin, bhí bileoga Ceisteanna Coitianta agus na bileoga faisnéise nuashonraithe ó EirGrid, an leabhrán Faisnéise maidir le EMF agus bileoga faisnéise ginearálta faoin tionscadal. Tugadh freagra go pras ar fhormhór na gceisteanna. Mar sin féin, bhí freagraí breithnithe mionsonraithe ag

teastáil i gcás roinnt ceisteanna casta grinne a fuarthas de réir mar a chuaigh an próiseas comhairliúcháin ar aghaidh.

- 13 Ina theannta sin, chuaigh EirGrid agus foireann tionscadail EirGrid i mbun caidrimh leis an bpobal mór tríd an líne theileafóin (i.e. líne fáiltithe EirGrid agus líne EirGrid do chaidreamh le custaiméirí) agus trí na laethanta oscailte. Bhain siad leas as na modhanna sin freisin chun freagraí a thabhairt ar na ceisteanna uile a ardaíodh – agus freagraí á dtabhairt acu go díreach nó i dteagmháil leantach ina dhiaidh sin.
- 14 Agus í ag aithint na bpríomh-shaincheisteanna a tháinig chun cinn ón líne theileafóin, ó litreacha, ó fhoirmeacha aiseolais, ó ríomhphoist, ó laethanta oscailte agus ó chruinnithe, bhí foireann tionscadail EirGrid in ann bileoga cuí faisnéise poiblí a chur le chéile chun plé le téamaí áirithe. Déantar achoimre i d**Tábla 4.4** ar rogha de na foilseacháin ábhartha.

Tábla 4.4: Foilseacháin a tháinig as Aiseolas a cuireadh ar fáil le linn na Céime Scópála ar Shrianta Straitéiseacha

Ainm an Fhoilseacháin	Dáta Eisiúna	Cuspóir
Leabhrán EMF	Samhain 2007	<p>Mar fhreagairt do rannpháirtíocht an phobail agus do na ceisteanna a ardaíodh i ndáil leis an tionchar féideartha ar shláinte, chuir EirGrid leabhrán le chéile inar pléadh le EMF agus le cúrsaí sláinte. Sainaithníodh sa leabhrán na sonraí teicniúla a bhaineann le EMF, agus aird ar leith á tabhairt ar na cineálacha éagsúla de neart réimse a bhíonn i gceist le línte lasnairde éagsúla agus le cáblaí éagsúla faoin talamh. Sainaithníodh agus pléadh ann torthaí ó staidéir a rinneadh le déanaí ar EMF agus, ag deireadh an leabhráin, leagadh béim ar an rún daingean atá ag EirGrid sláinte phoiblí a chosaint.</p> <p>Ba ag cruinnithe agus ag laethanta oscailte a leithdháileadh na leabhráin sin ar an bpobal. Bhí siad ar fáil freisin ar shuíomh gréasáin EirGrid.</p>
Ceisteanna Coitianta	Eanáir 2008	<p>Mar fhreagairt do rannpháirtíocht an phobail agus do cheisteanna a ardaíodh, chuir EirGrid cáipéis Ceisteanna Coitianta le chéile. Ba é ab aidhm don cháipéis sin freagra a thabhairt ar cheisteanna coitianta ón bpobal agus soiléire a thabhairt ar roinnt gnéithe den tionscadal a raibh inní ar an bpobal fúthu.</p> <p>Seoladh cáipéis na gCeisteanna Coitianta don phobal i mí Feabhra 2008. Cuireadh í ar fáil ar shuíomh gréasáin EirGrid freisin.</p>
PB Power Preliminary Briefing Note (Réamhnóta Eolais PB Power)	Feabhra 2008	<p>Choimisiúnaigh EirGrid <i>Preliminary Briefing Note Overhead and Underground Energy Transmission Options (Réamhnóta Eolais: Roghanna Tarchuir Fuinnimh Lasnairde agus faoin Talamh)</i>, a chuir Parsons Brinckerhoff le chéile. Rinneadh achoimre ghinearálta sa réamhnóta ar na saincheisteanna teicniúla agus costais a bhaineann le gach rogha. Tháinig sé roimh anailís chomparáideach chuimsitheach ar na roghanna a bhí ar fáil, rud a bhí sainiúil don tionscadal agus don bhealach. Ba iad Parsons Brinckerhoff a thug faoin anailís sin freisin agus foilsíodh í i mí Feabhra 2009.</p>

Ainm an Fhoilseacháin	Dáta Eisiúna	Cuspóir
		Bhí an nóta faisnéise ar fáil ar shuíomh gréasáin EirGrid agus seoladh é sa phost chuig páirtithe leasmhara nuair a iarradh é.

4.4.4 An Dóigh a ndeachaigh Aiseolas i gcion ar Fhorbairt an Tionscadail

- 15 D'fhonn freastal ar dhul chun cinn trédhearcach i dtreo teacht ar réiteach tionscadail roghnaithe, choimisiúnaigh EirGrid roinnt tuarascálacha agus staidéir éagsúla le linn na céime seo. Sainaithnítear na tuarascálacha sin i **Rannán 4.5.3**. Coimisiúnaíodh na tuarascálacha, i measc nithe eile. Mar thoradh ar aiseolas a fuarthas ó pháirtithe leasmhara, mar shampla, thug raon feidhme na dtuarascálacha eolas d'fhoilsiú na bileoige faisnéise maidir le EMF, rud a tháinig as ábhair inmí i measc páirtithe leasmhara.
- 16 Thug aiseolas a fuarthas ó pháirtithe leasmhara eolas freisin don straitéis cumarsáide don tionscadal. Maidir leis sin, ba de bhun aiseolais ó pháirtithe leasmhara a chinn EirGrid a chuid gníomhaíochtaí comhairliúcháin a mhéadú i limistéar staidéir an tionscadail. Toisc gur glacadh go maith leis an gcéad bhabhta de Laethanta Oscailte agus go rabhthas ag iarraidh tuilleadh faisnéise a fháil faoin tionscadal, pleanáladh an dara babhta d'imeachtaí agus cuireadh ar siúl é ina dhiaidh sin. B'ionann formáid na Laethanta Oscailte don dá bhabhta. Cuireadh ábhair faisnéise ar fáil agus bhí foireann an tionscadail ar fáil chun ceisteanna a fhreagairt. Forbairt thábhachtach eile ba ea oscailt Oifigí Faisnéise an Tionscadail san Uaimh agus i gCarraig Mhachaire Rois i mí Lúnasa 2008, rud a thug deis don mhuintir áitiúil pleananna don forbairt a bheartaítear a phlé le foireann tionscadail EirGrid (feic **Rannán 4.5**).



Fíor 4.1: Teach Oibre Charraig Mhachaire Rois, Carraig Mhachaire Rois, Co. Mhuineacháin, Suíomh Ionad Faisnéise Áitiúil an Tionscadail agus Imeachtaí an Lae Oscailte a reáchtáladh i Muineachán.

4.5 BEALTAINÉ 2008 – NOLLAIG 2009 (CÉIMEANNA 2, 3 AGUS 4 SAN ÁIREAMH)

- 17 Bhí na céimeanna sin ar siúl tar éis an chonair bhealaigh roghnaithe agus an línebhealach táscach a fhógairt don phobal i mí Aibreáin 2009. Roimhe sin áfach (idir Bealtaine 2008 agus Márta 2009), lean foireann tionscadail EirGrid ar aghaidh ag dul i mbun caidrimh leis an bpobal, agus leas á bhaint aici as an líne theileafóin, as litreacha, as foirmeacha aiseolais, as ríomhphoist agus as cruinnithe. Chomh maith leis sin, d'eisigh EirGrid roinnt tuarascálacha teicniúla d'fhonn faisnéis faoin tionscadal a sholáthar do pháirtithe leasmhara de réir mar a forbraíodh an tionscadal.
- 18 Ina theannta sin, agus faoi mar a tugadh faoi deara thuas, d'oscail EirGrid dhá Oifig Faisnéise Tionscadail i limistéar an tionscadail d'fhonn tuilleadh caidrimh a éascú leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara straitéiseacha le linn na tréimhse. Bhí oifig amháin lonnaithe i gCarraig Mhachaire Rois, Contae Mhuineacháin, agus bhí an ceann eile lonnaithe san Uaimh, Contae na Mí.
- 19 I mí Aibreáin 2009, d'fhoilsigh EirGrid bileog faisnéise nuashonraithe don phobal, rud dar teideal *EirGrid Progresses 400 kV Power Line Projects to Next Phase (Cuireann EirGrid Tionscadail Líne Cumhachta 400 kV ar aghaidh chuig an gCéad Chéim Eile)*. Ba sa cháipéis sin a fógraíodh na conairí bealaigh roghnaithe (Conair Bhealaigh 3B do Thionscadal na Mí-an Chabháin agus Conair Bhealaigh A do Thionscadal an Chabháin-Thír Eoghain) agus línebhealach táscach. Thug EirGrid sonraí ar an dóigh ar sainathnódh an bealach roghnaithe, lenar áiríodh na critéir theicniúla a úsáideadh chun an cinneadh a dhéanamh, agus ar an dóigh ar thug an próiseas comhairliúcháin eolas do na conclúidí ar tháinig EirGrid orthu. Agus an Treochlár Táscach don Tionscadal (feic **Rannán 2.2.2** den Tuarascáil seo) á úsáid aige, thug EirGrid soiléire do pháirtithe leasmhara maidir lena raibh díreach i ndán don tionscadal ag an am sin agus thug sé cuireadh do pháirtithe leasmhara páirt a ghlacadh sa phróiseas comhairliúcháin. Ba ag an am sin freisin a chuir EirGrid tús leis an gcaidreamh le húnéirí talún maidir leis an línebhealach táscach (feic **Caibidil 7** le haghaidh tuilleadh sonraí).
- 20 I mí Iúil 2009, d'fhoilsigh EirGrid eagrán eile den *Bhileog Faisnéise Nuashonraithe don Phobal*, rud dar teideal *EirGrid is moving Towards the Final Preparation of the Planning Application (Tá EirGrid ag bogadh i dtreo Ullmhúchán Deiridh an Iarratais Pleanála)*. Iarradh sa bhileog sin ar an bpobal páirt a ghlacadh sa phróiseas ionas go mbeifí in ann tuairim an phobail a bhreithniú agus a chur san áireamh, nuair ba chúí, sula ndéanfaí an t-iarratas pleanála a ullmhú agus a chur isteach.

4.5.1 An Leibhéal Rannpháirtíochta

21 Le linn na tréimhse idir mí na Bealtaine 2008 agus mí Aibreáin 2009, lean foireann tionscadail EirGrid ar aghaidh ag dul i mbun caidrimh leis an bpobal agus leas á bhaint aici as an líne theileafóin, as litreacha, as foirmeacha aiseolais, as ríomhphoist agus as cruinnithe. Le linn earrach na bliana 2009, sheol páirtithe leasmhara moll mór comhfhreagrais isteach, lenar áiríodh sé shraith de cheisteanna caighdeánacha agus ceisteanna mionsonraithe ar raon saincheisteanna eile. Lean EirGrid ar aghaidh ag dul i mbun caidrimh leis an bpobal tar éis fhoilsiú na gconairí bealaigh roghnaithe agus na línebhealaí táscacha (i.e. Aibreán 2009). Ba ag an am sin a cuireadh tús le caidreamh dírithe le húnéirí talún (feic **Caibidil 7**). Leanadh ar aghaidh le caidreamh den sórt sin go dtí gur cuireadh an t-iarraitas ar cheadú isteach i mí na Nollag 2009.

4.5.2 An Cineál Aiseolais a Fuarthas

22 Ardaíodh raon leathan saincheisteanna teicniúla agus comhshaoil de bhun an chaidrimh leis an bpobal le linn na tréimhse sin. Cé go raibh leagan faoin talamh, díluacháil réadmhaoine agus cúrsaí sláinte fós i measc na bpríomh-shaincheisteanna a bhí á n-ardú, bhí freagraí breithnithe mionsonraithe ag teastáil i gcás ceisteanna casta a bhí á gcur isteach, lenar áiríodh ceisteanna a bhain le hoidhreacht, le stoc folaíochta agus le slatiascaireacht.

23 Chomh maith leis sin, a bhuí le foilsiú an Línebhealaigh Tháscaigh i mí Aibreáin 2009, tugadh sonraí breise don phobal agus d'úinéirí talún ar chineál agus ar láthair na forbartha a bheartaítear, rud as ar tháinig, i measc nithe eile, ceisteanna sonracha faoi na gnéithe comhshaoil den fhorbairt a bheartaítear.

4.5.3 Freagraí ar na Saincheisteanna a Ardaíodh le linn Rannpháirtíocht an Phobail

24 Rinneadh gach iarracht déileáil le ceisteanna, agus freagra a thabhairt ar cheisteanna, a d'ardaigh páirtithe leasmhara trí na modhanna éagsúla comhairliúcháin. Áiríodh leis na hiarrachtaí sin bileoga faisnéise, cruinnithe, preaseisiúintí, tuilleadh imscrúdaithe a dhéanamh le speisialtóirí teicniúla, taighde, tuairisciú agus laethanta oscailte, mar shampla.

25 Ceann de na rudaí ba shuntasáil le linn na tréimhse sin ba ea gur eisigh foireann tionscadail EirGrid roinnt tuarascálacha teicniúla d'fhonn faisnéis faoin tionscadal a sholáthar do pháirtithe leasmhara de réir mar a forbraíodh an tionscadal. Coimisiúnaíodh na tuarascálacha sin, i measc nithe eile, mar fhreagairt d'iarraitais ó pháirtithe leasmhara go ndéanfaí tuilleadh staidéir ar an gcás. Ba é an aidhm a bhí le gach ceann de na tuarascálacha sin a thaispeáint do pháirtithe leasmhara an dóigh ar cuireadh a gcuid tuairimí san áireamh agus aiseolas a thabhairt dóibh maidir le haon cheisteanna a ardaíodh. Ina theannta sin, chuir EirGrid tuarascálacha ar fáil lenar cabhraíodh leis an bpróiseas

comhairliúcháin a mhíniú tuilleadh agus lena thuairisciú conas atá an tionscadal ag teacht leis an straitéis fhoriomlán um forbairt eangaí. Cuireadh na tuarascálacha sin agus ábhair eile faisnéise faoin tionscadal ar fáil do pháirtithe leasmhara in Oifigí Faisnéise an Tionscadail agus ar shuíomh gréasáin EirGrid agus seoladh iad tríd an bpost nuair a iarradh iad.

- 26 Agus aiseolas á sholáthar aige i scríbhinn nuair a iarradh é, mhol EirGrid do pháirtithe leasmhara leas a bhaint as cruinnithe duine le duine le foireann an tionscadail. Chuir EirGrid in iúl do pháirtithe leasmhara arís eile go mbeadh foireann an tionscadail ar fáil chun bualadh leo agus chun a gcuid ceisteanna a fhreagairt ar a gcaoithiúlacht.

4.5.4 An Dóigh a ndeachaigh Aiseolas i gcion ar Fhorbairt an Tionscadail

- 27 Rinne foireann an tionscadail breithniú agus athbhreithniú ar aiseolas a bhain leis an línebhealach agus le gnéithe comhshaoil den togra nuair a bhí an dearadh líne deiridh agus an EIS á n-ullmhú acu. Maidir leis sin, ba iad ábhar an iarratais pleanála ar cheadú agus an EIS a cuireadh faoi bhráid an Bhoird Pleanála i mí na Nollag 2009 na príomhbhealaí inar tugadh freagra ar cheisteanna ábhartha / nua a ardaíodh le linn na tréimhse comhairliúcháin seo (agus ceisteanna ábhartha a ardaíodh le linn gníomhaíochtaí comhairliúcháin roimhe).
- 28 Leagtar amach i d**Tábla 4.5** athbhreithniú achomair ar na príomh-shaincheisteanna a ardaíodh le linn gníomhaíochtaí comhairliúcháin don tionscadal idir 2007 agus 2009 agus ar an áit ar thug EirGrid freagra ar na saincheisteanna a tháinig chun cinn, lena áiríodh an EIS in 2009. Cuireadh an tábla sin san áireamh mar Thábla 3.5 in Imleabhar 1 d'Fhorbairt Idirnasctha 400 kV na Mí-Thír Eoghain: Ráiteas Tionchair Timpeallachta (2009).

Tábla 4.5: Athbhreithniú ar na Saincheisteanna a ardaíodh idir 2007 agus 2009 agus an áit ar thugadh freagra orthu i gCáipéisí a bhaineann leis an Tionscadal

SAINCHEIST	ÁBHAR IMNÍ A ARDAÍODH	CAIBIDIL SAN EIS NÓ CÁIPÉIS ÁBHARtha DE CHUID EIRGRID
CÚRSAÍ TEICNIÚLA		
Leagan faoin talamh	Líne lasnairde (OHL) i gcoinne cáblaí faoin talamh (UGCanna)	Déantar tagairt don tsaincheist seo i gcáipéisí de chuid EirGrid, lena n-áirítear <i>Cavan-Tyrone and Meath-Cavan 400 kV Transmission Circuits Comparison of high-voltage transmission options: Alternating Current Overhead & Underground, & Direct Current Underground (Ciorcaid Tarchuir 400 kV an Chabháin-Thír Eoghain agus na Mí-an Chabháin – Comparáid idir Roghanna Tarchuir Ardvoltais: Sruth Ailtéarnach Lasnairde agus faoin Talamh, agus Sruth Díreach faoin Talamh)</i> (Feabhra 2009) ó Parsons Brinckerhoff (PB Power) agus Technical Study on using EHV UGC as alternatives to OHL (<i>Staidéar Teicniúil ar Chábla Ardvoltais Bhreise faoin Talamh a</i>

SAINCHEIST	ÁBHAR IMNÍ A ARDAÍODH	CAIBIDIL SAN EIS NÓ CÁIPÉIS ÁBHARTHA DE CHUID EIRGRID
		<i>úsáid mar mhalairt ar Líne Lasnairde</i>) (Deireadh Fómhair 2009) ó Tokyo Electric Power Company of Japan (TEPCO).
Conairí Iarnróid, Mótarbhealaí	Cuireadh in iúl gur cheart an togra a fhorbairt i gcomhar le talamh atá faoi úinéireacht an stáit agus ar thalamh atá faoi úinéireacht an stáit, ar nós conairí iarnróid agus mótarbhealaí, ar mhaithe leis an mbonneagar a ghrúpáil le chéile.	Imleabhar 1, Caibidil 5 de EIS 2009. Déantar tagairt don tsaincheist seo i gcáipéisí de chuid EirGrid, lena n-áirítear: <i>Locating 400 kV cables in or Adjacent to Rail Beds (Cáblaí 400 kV a Shuí i bhFoghráid Iarnróid nó Taobh Leo)</i> (An Tuarascáil Iarnróid), Iúil 2009.
Suíomh bealaí	Cuireadh in iúl gur cheart conairí a bheith treoraithe níos faide siar agus i dtreo Mhuir Éireann. Bhíothas den tuairim go bhféadfaí bealach ní ba dhíri a fháil.	Imleabhar 1, Caibidil 5; Imleabhar 2, Cuid A, Caibidil 3, Cuid B, Caibidil 3 de EIS 2009. Déantar tagairt don tsaincheist seo i gcáipéisí de chuid EirGrid (feic Imleabhar 1, Caibidil 5 do na tagairtí uile) de EIS 2009.
An cinneadh faoin mbealach	Bhí imní ann gur cinneadh an bealach agus gurbh eol na conairí bealaigh roghnaithe cheana féin.	Imleabhar 1, Caibidil 5 de EIS 2009. Déantar tagairt don tsaincheist seo i gcáipéisí de chuid EirGrid (feic Imleabhar 1, Caibidil 4 de EIS 2009 do na tagairtí uile).
CÚRSAÍ PEARSANTA		
Sláinte/EMF	Cuireadh imní in iúl faoi na rioscaí sláinte a bhaineann le réimsí leictreamaighnéadacha (EMFanna) a astaítear ó línte cumhachta.	Imleabhar 1, Caibidil 3; Imleabhar 2, Cuid A, Caibidil 6, Cuid B, Caibidil 6 de EIS 2009. Déantar tagairt don tsaincheist seo i gcáipéisí de chuid EirGrid: An Leabhrán Faisnéise maidir le Réimsí Leictreacha agus Maighnéadacha; an Bhileog don Sealbhóir Tí; Ceisteanna Coitianta, Eanáir 2008.
Trasnaíocht leictreamaighnéadach	Bhí imní ann go gcuirfeadh na línte cumhachta isteach ar ghlacadóireacht teilifíse agus fóin phóca. Bhí imní ann go gcuirfí isteach ar shéadairí.	Imleabhar 2, Cuid A, Rannán 2.6.3, Cuid B, Rannán 2.6.3 de EIS 2009.
Díluacháil Réadmhaoine	Bhí imní ann go dtitfeadh praghsanna réadmhaoine mar gheall ar a ghaire atá na réadmhaoine do na línte cumhachta.	Déantar tagairt don tsaincheist seo i gcáipéisí de chuid EirGrid: Ceisteanna agus Freagraí.
Forbairt Réadmhaoine	Bhí imní ann go gcuirfeadh na línte cumhachta cosc ar fhorbairt na talún sa todhchaí.	Déantar tagairt don tsaincheist seo i gcáipéisí de chuid EirGrid: Bileog Faisnéise na gCeisteanna Coitianta, Ceisteanna agus Freagraí.
Beostoc, capaill rása, agus feirmeoireacht	Bhí imní ann faoi shláinte an bheostoic, capaill rása ina measc; bhí imní ann faoi steiriliú na talún.	Déantar tagairt don tsaincheist seo i gcáipéisí de chuid EirGrid: An Leabhrán maidir le EMF; Bileog Faisnéise na gCeisteanna Coitianta; Bileog Faisnéise Nuashonraithe don Phobal, Iúil 2009; Ceisteanna agus Freagraí.
An Próiseas	Bhí imní ann faoina chuimsithí a	Imleabhar 1, Caibidil 3 de EIS 2009.

SAINCHEIST	ÁBHAR IMNÍ A ARDAÍODH	CAIBIDIL SAN EIS NÓ CÁIPÉIS ÁBHARHA DE CHUID EIRGRID
Comhairliúcháin	bhí an próiseas comhairliúcháin.	Déantar tagairt don tsaincheist seo i gcáipéisí de chuid EirGrid: Ceisteanna agus Freagraí, Iúil 2009; Bileog Faisnéise Nuashonraithe don Phobal, Márta 2009; Ceisteanna Coitianta, Eanáir 2008; na Bileoga Faisnéise maidir leis na Roghanna Conaire Bealaigh a Bheartaítear (Deireadh Fómhair 2007).
CÚRSAÍ COMHSHAOIL		
Speicis mBaol/Limistéir Chaomhantais Speisialta (SACanna)	Ealaí Glóracha, Earca Sléibhe, Ialtóga, Bradán an Atlantaigh, Cadhain, Fritileáin Réisc.	Imleabhar 2, Cuid A, Caibidil 7, Cuid B, Caibidil 7 de EIS 2009. Déantar tagairt don tsaincheist seo i gcáipéisí de chuid EirGrid: Ceisteanna agus Freagraí, Iúil 2009; Bileog Faisnéise Nuashonraithe don Phobal, Márta 2009; Ceisteanna Coitianta, Eanáir 2008.
Tionchar amhairc	Bhí imní ann go mbeadh tionchar ag na línte cumhachta ar an tírdhreach nádúrtha; cuireadh in iúl go bhféadfaí dearaí ní ba lú agus "ní ba nua-aimseartha" a úsáid nó go bhféadfaí an togra a leagan faoin talamh.	Imleabhar 1, Caibidil 4; Imleabhar 2, Cuid A, Caibidil 14, Cuid B, Caibidil 14 de EIS 2009. Déantar tagairt don tsaincheist seo i gcáipéisí de chuid EirGrid, lena n-áirítear: Meath-Tyrone 400 kV Interconnection Development: Tower Outline Evaluation and Selection Report (<i>Forbairt Idirnasctha 400 kV na Mí-Thír Eoghain: Tuarascáil ar Mheastóireacht agus ar Roghnú Chuma na dTúr</i>) (Deireadh Fómhair 2009).
Droimní, portaigh, lochanna agus coillearnacha	Cuireadh imní in iúl faoin gcosaint a thabharfaí do limistéir oidhreachta nádúrtha, SACanna agus SPAnna ina measc.	Imleabhar 2, Cuid A, Caibidilí 7, 8, 9, 12 agus 14; Cuid B, Caibidilí 7, 8, 9, 12 agus 14 de EIS 2009. Déantar tagairt don tsaincheist seo i gcáipéisí de chuid EirGrid: Na Bileoga Faisnéise maidir leis na Roghanna Conaire Bealaigh a Bheartaítear (Deireadh Fómhair 2007); Ceisteanna Coitianta, Eanáir 2008; Bileog Faisnéise Nuashonraithe don Phobal, Márta 2009.
Truailliú torainn	Bhí imní ann go gcruthódh na línte cumhachta an iomarca torainn.	Imleabhar 2, Cuid A, Caibidil 11, Cuid B, Caibidil 11 de EIS 2009. Déantar tagairt don tsaincheist seo i gcáipéisí de chuid EirGrid: Ceisteanna agus Freagraí, Iúil 2009; Ceisteanna Coitianta, Eanáir 2009.
Uisce, aibhneacha	Cuireadh imní in iúl faoi thrasrianta uisce agus faoin tionchar a d'imreodh an togra ar phóraitheoirí i lochanna agus in aibhneacha.	Imleabhar 2, Cuid A, Caibidil 7 agus 9, Cuid B, Caibidil 7 agus 9 de EIS 2009. Déantar tagairt don tsaincheist seo i gcáipéisí de chuid EirGrid: Na Bileoga Faisnéise maidir leis na Roghanna Conaire Bealaigh a Bheartaítear (Deireadh Fómhair 2007); Ceisteanna Coitianta, Eanáir 2008; Bileog Faisnéise Nuashonraithe don Phobal, Márta 2009.
CÚRSAÍ POBAIL		
Turasóireacht	Cuireadh imní in iúl faoin drochthionchar a d'fhéadfadh an togra a imirt ar an turasóireacht sa cheantar.	Imleabhar 2, Cuid A, Caibidilí 5 agus 14, Cuid B, Caibidilí 5 agus 14 de EIS 2009. Déantar tagairt don tsaincheist seo i gcáipéisí de chuid EirGrid, lena n-áirítear: <i>Kingscourt to Woodland 400 kV Power Line: Response to Fáilte Ireland (Líne</i>

SAINCHEIST	ÁBHAR IMNÍ A ARDAÍODH	CAIBIDIL SAN EIS NÓ CÁIPÉIS ÁBHARTHA DE CHUID EIRGRID
		<i>Chumhachta 400 kV Dhún an Rí-Fhearann na Coille: Freagra d'Fháilte Éireann</i> (Samhain 2008).
Gaireacht do thithe cónaithe	Bhí imní ann faoina ghaire atá an togra d'fhoirgnimh éagsúla, lena n-áirítear scoileanna, naíolanna agus tithe.	Imleabhar 2, Cuid A, Caibidil 5, Cuid B, Caibidil 5 de EIS 2009. Déantar tagairt don tsaincheist seo i gcáipéisí de chuid EirGrid: Ceisteanna Coitianta, Eanáir 2008; Ceisteanna agus Freagraí, Iúil 2009; <i>Bileog Faisnéise Nuashonraithe don Phobal</i> , Márta 2009; <i>Bileog Faisnéise Nuashonraithe don Phobal</i> , Iúil 2009.
Foirgnimh Oidhreacht agus Liostaithe	Bhí imní ann faoin tionchar amhairc a d'imreodh an togra ar foirgnimh chosanta.	Imleabhar 2, Cuid A, Caibidil 14, Cuid B, Caibidil 14 de EIS 2009. Déantar tagairt don tsaincheist seo i gcáipéisí de chuid EirGrid: Na Bileoga Faisnéise maidir leis na Roghanna Conaire Bealaigh a Bheartaítear (Deireadh Fómhair 2007); Ceisteanna Coitianta, Eanáir 2008; <i>Bileog Faisnéise Nuashonraithe don Phobal</i> , Márta 2009.
Cultúr agus Spórt	Cuireadh imní in iúl faoin drochthionchar a d'imreodh an togra ar chumainn CLG, ar ghalfchúrsaí agus ar ionaid leighis ó thaobh sláinte agus gaireachta de.	Imleabhar 2, Cuid A, Caibidil 5, Cuid B, Caibidil 5 de EIS 2009.
Pobail Ghaeltachta	Cuireadh imní in iúl faoin drochthionchar a d'imreodh an togra ar phobail Ghaeltachta ó thaobh sláinte, oidhreacht agus gaireachta de.	Imleabhar 2, Cuid A, Caibidil 14 de EIS 2009.
Mianadóireacht agus Aerpháirceanna	Cuireadh imní in iúl go n-imbhuailfeadh eitleáin atá ag eitilt go hÍseal faoi na línte cumhachta, bhí imní ann go gcuirfeadh mianadóireacht isteach ar na línte cumhachta.	Imleabhar 2, Cuid A, Caibidil 5 agus 8 de EIS 2009.

4.6 AN TRÉIMHSE COMHAIRLIÚCHÁIN REACHTÚIL: NOLLAIG 2009 – IÚIL 2010

- 29 Cuireadh an t-iarratas ar cheadú pleanála le haghaidh Fhorbairt Idirnasctha 400 kV na Mí-Thír Eoghain (Uimh. Thagartha an Bhoird Pleanála VA0006) isteach an 18 Nollaig 2009. Bhí na sonraí ar an iarratas ar thaispeáint phoiblí le linn na tréimhse ó mhí Eanáir go mí an Mhárta 2010 (ar feadh tréimhse 10 seachtaine) ag oifigí an Bhoird Pleanála (an Bord), ag oifigí na gComhairlí Contae lena mbaineann (Comhairle Chontae na Mí, Comhairle Chontae an Chabháin agus Comhairle Contae Mhuineacháin), ag oifigí faisnéise an tionscadail san Uaimh agus i gCarraig Mhachaire Rois agus ar shuíomh gréasáin tiomnaithe don tionscadal.

- 30 Bhí deis ag páirtithe leasmhara, ag an bpobal i gcoitinne agus ag aon pháirtí eile lena mbaineann aighneachtaí a dhéanamh / tuairimí a thabhairt go dtí an 12 Márta 2010 faoi na nithe seo a leanas:
- Impleachtaí na forbartha a bheartaítear maidir le pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe an limistéir; agus
 - Tionchar dóchúil na forbartha a bheartaítear ar an gcomhshaol, má thógtar í.
- 31 Anuas air sin, thug roinnt údaráis fhorordaithe tuairimí faoi ábhair an iarratais ar cheadú (lena n-áirítear an EIS) leis an mBord mar chuid den phróiseas comhairliúcháin reachtúil.
- 32 I mí na Bealtaine 2010, chuir an Bord tús le héisteacht ó bhéal maidir leis an bhforbairt a bheartaítear. Bhí deis ag údaráis fhorordaithe agus ag aon pháirtí eile lena mbaineann araon (lena n-áirítear páirtithe nua leis an iarratas) aighneacht ó bhéal a dhéanamh leis an éisteacht ó bhéal.
- 33 Rinneadh iarratas EirGrid a tharraingt siar i mí an Mheithimh 2010. Níor chinn an Bord an t-iarratas ar cheadú pleanála mar sin.

4.6.1 An Leibhéal Rannpháirtíochta

- 34 Fuair an Bord 940 tuairim nó aighneacht i scríbhinn ón bpobal agus ó údaráis fhorordaithe i ndáil leis an iarratas ar cheadú pleanála d'Fhorbairt Idirnasctha 400 kV na Mí-Thír Eoghain. Chuir an Bord cóip de na haighneachtaí sin ar fad chuig EirGrid. Le linn na héisteachta ó bhéal, bhí deis ag údaráis fhorordaithe agus ag aon pháirtí eile lena mbaineann (lena n-áirítear páirtithe nua leis an iarratas) aighneacht ó bhéal a dhéanamh leis an éisteacht freisin. Ar an iomlán, rinneadh 155 aighneacht ó bhéal le linn na héisteachta ó bhéal.
- 35 Tugtar achoimre i d**Tábla 4.6** ar leibhéal na rannpháirtíochta le linn chéim an chomhairliúcháin reachtúil.

Tábla 4.6: Leibhéal Rannpháirtíocht an Phobail le linn an Chomhairliúcháin Reachtúil

Foinse an Aiseolais ó Pháirtithe Leasmhara	Líon Aighneachtaí
Aighneachtaí i Scríbhinn	940
Aighneachtaí ó Bhéal	155
Iomlán	1,095

4.6.2 An Cineál Aiseolais a Fuarthas - Aighneachtaí i Scríbhinn

- 36 Rinne EirGrid athbhreithniú cuimsitheach ar an 940 tuairim nó aighneacht i scríbhinn a cuireadh ar fáil chun na príomh-shaincheistanna a ardaíodh a shainathint agus chun na príomh-shaincheistanna sin ar fad a rangú de réir na bpríomh-shainréimsí topaice, mar a léirítear i d**Tábla 4.7**. Bhain na topaicí sin le gnéithe éagsúla den fhorbairt a bheartaítear agus le hábhair na gcáipéisí iarratais, lena n-áirítear na topaicí arna measúnú laistigh den EIS. Trí phríomh-shaincheistanna a ghrúpáil lena chéile i sainréimsí topaice, áirithíodh go ndearna an duine ábhartha ó fhoireann tionscadail EirGrid athbhreithniú ar na hábhair a tháinig chun cinn i rannpháirtíocht an phobail agus ó na húdaráis fhorordaithe, agus gur thug an duine sin aghaidh orthu go cuí freisin.
- 37 Sannadh uimhir thagartha aitheantais do gach aighneacht i scríbhinn, agus cruthaíodh mairtís de na haighneachtaí i scríbhinn ar fad agus de chatagóir na dtopaicí i ngach ceann acu. Áirítear sonraí ar thoradh an phróisis sin, mar aon le nótaí míniúcháin ar na topaicí agus ar na cineálacha ábhair a tháinig chun cinn, sa Tuarascáil seo mar **Aguisín A**. Soláthraíodh na sonraí sin in Aguisín A leis an Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh), a foilsíodh i mí Aibreáin 2013 (feic **Caibidil 5** den Tuarascáil seo).

Tábla 4.7: Na Saincheistanna a tháinig chun cinn le linn Rannpháirtíocht an Phobail agus ó Údaráis Fhorordaithe in Aighneachtaí a Rinneadh maidir leis an Iarratas roimhe seo ar Cheadú Pleanála

	Ceannteidil Topaice	An Cineál Saincheistanna a Tháinig Chun Cinn
1	Aer, Torann agus Creathadh	Tionchar féideartha de bharr torann a bhaineann leis na piolóin, an líne tharchuir agus an fostáisiún a bheartaítear.
2	Cáipéisí Iarratais	Gnéithe nós imeachta éagsúla de na cáipéisí iarratais lena n-áirítear an costas a bhaineann le ceannach na gcáipéisí, ceistanna a bhaineann le léarscáiliú, fótamontáisi, etc.
3	Breithniú ar Roghanna Eile	Saincheistanna a bhaineann leis an líne a leagan faoin talamh in áit líne lasnairde, bealaí malartacha (lena n-

	Ceannteidil Topaice	An Cineál Saincheisteanna a Tháinig Chun Cinn
		áirítear an seanbhóthar iarainn agus an M3), suíomhanna malartacha don fhostáisiún, roghanna teicneolaíochta eile agus rogha maidir le dearadh na dtúr.
4	Tógáil	Teicnící tógála agus cúrsaí sábháilteachta.
5	Comhairliúchán agus Rannpháirtíocht an Phobail	Áirítear leis na saincheisteanna tuairimí maidir leis an gcomhairliúchán leis an bpobal, le páirtithe leasmhara, le húnéirí talún agus le húdaráis fhorordaithe.
6	Oidhreacht Chultúrtha	Tionchar féideartha a bhaineann leis an tseandálaíocht, leis an oidhreacht chultúrtha, le diméinte, etc.
7	Flóra, Fána agus Iascaigh	Tionchar féideartha a bhaineann leis an bhfiadhúlra, flóra, fána (lena n-áirítear an Eala Ghlorach), crainn, iascaigh, etc.
8	Sláinte	Tionchar féideartha a bhaineann le cúrsaí sláinte i gcoitinne agus le EMF go háirithe.
9	Tionchar ar an Tírdhreach agus Tionchar Amhairc	Tionchar féideartha a bhaineann le tionchar amhairc na bpiolón, na líne tarchuir agus na bhfostáisiún a bheartaítear agus tuairimí maidir le cineálacha áirithe tírdhreacha (e.g. portaigh áitiúla, foraoiseacht, etc.).
10	Dlíthiúil	Tuairimí a bhaineann le cearta rochtana maidir le hobair thógála, chothabhála agus shuirbhéireachta, le cúiteamh agus le cearta an úinéara. Áirítear freisin tuairimí a bhaineann le Bonneagar Straitéiseach agus EIA agus reachtaíocht maidir le Measúnacht Oiriúnachta (lena n-áirítear, i measc nithe eile, breithniú ar roghanna eile, trasteorann agus micreashuí ⁹).
11	Sócmhainní Ábhartha	Tionchar féideartha a bhaineann le tionchar na forbartha a bheartaítear ar chleachtais feirmeoireachta, ar an bpobal, ar thurasóireacht agus ar shlíthe beatha.
12	An Gá Atá leis an Tionscadal	Saincheisteanna lena n-áirítear forálacha maidir le héilimh agus le beartais a bhaineann leis an bhforbairt a bheartaítear.
13	An Chéim Oibríoch	Saincheisteanna oibriúcháin.
14	Comhthéacs Pleanála	Tuairimí a bhaineann le beartas náisiúnta, réigiúnach agus an phlean forbartha áitiúil.
15	Réadmhaoin	Saincheisteanna a bhaineann le Caibidil 1 (Réamhrá Ginearálta) agus le Caibidil 2 (An Gá Straitéiseach atá leis an Tionscadal) d'Imleabhar 1 den EIS agus an Tuarascáil ar an gComhthéacs Pleanála.
16	Trácht	Tionchar féideartha a bhaineann le tionchar na forbartha a bheartaítear ar an ngréasán bóithre, ar phointí rochtana, etc.

⁹ Is é atá i gceist le micreashuí ná cead a iarraidh laistigh den toiliú reachtúil ar sholúbthacht chun láithreacha túir a bhogadh, laistigh de theorainneacha sainiúla tar éis ceadú pleanála a fháil, le linn chéim na tógála. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach mbeidh EirGrid, ina iarratas chuig an mBord, ag iarraidh cead a chun láithreacha túir a bhogadh tar éis ceadú pleanála a fháil.

	Ceannteidil Topaice	An Cineál Saincheisteanna a Tháinig Chun Cinn
17	Ithreacha, Uisce agus Geolaíocht	Tionchar féideartha a bhaineann le tionchar na forbartha a bheartaítear ar an ngeolaíocht, ar ithreacha, ar aibhneacha agus ar lochanna.

4.6.2.1 Freagairt ar na Príomh-shaincheisteanna a ardaíodh in Aighneachtaí i Scríbhinn ón bPobal agus ó Údaráis Fhorordaithe

- 38 Mar a bhí i gcás an aiseolais a fuarthas ón bpobal agus ón bpobal lena mbaineann agus ó pháirtithe leasmhara eile sular cuireadh isteach an chéad iarratas ar cheadú pleanála, áirithíodh trí aicmiú na n-aighneachtaí go ndearna an ball cuí d'fhoireann tionscadail EirGrid athbhreithniú ar na príomh-shaincheisteanna a ardaíodh i rannpháirtíocht an phobail agus na n-údarás forordaithe. Nuair a bhí an próiseas sin curtha i gcrích, d'ullmhaigh an ball cuí d'fhoireann tionscadail EirGrid ráiteas fianaise le cur i láthair ag an éisteacht ó bhéal.
- 39 Tugadh aird sna ráitis a ullmhaíodh ar na príomh-shaincheisteanna a ardaíodh sa phróiseas comhairliúcháin agus, sa chás inar ardaíodh saincheist nó ceist ar leith in aighneacht nár tugadh aghaidh air in ábhar an iarratais go dtí sin, tugadh freagra ar an tsaincheist go saineiúil sa ráiteas fianaise.
- 40 Dá réir sin, tar éis aird a thabhairt ar na haighneachtaí a rinneadh leis an mBord, ba é an príomhbhealach inar thug EirGrid freagra ar na príomh-shaincheisteanna a d'ardaigh an pobal lena mbaineann agus údaráis fhorordaithe ná freagraí a sholáthar sna ráitis fianaise a chuir foireann tionscadail EirGrid i láthair ag an éisteacht ó bhéal.

4.6.3 An Cineál Aiseolais a Fuarthas agus an Fhreagairt do na Príomh-shaincheisteanna a Ardaíodh - Aighneachtaí ó Bhéal

- 41 Rinne EirGrid na príomh-shaincheisteanna a ardaíodh le linn na héisteachta ó bhéal a rangú freisin de réir na dtopaicí a dtugtar breac-chuntas orthu i dTábla 2.3 d'Aguisín A leis an Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh) (atá san áireamh leis an tuarascáil seo mar Aguisín A). Rinne an ball cuí d'fhoireann tionscadail EirGrid athbhreithniú ar na saincheisteanna chun cinneadh a dhéanamh ar cé acu ba cheart nó nár cheart an t-ábhar a bhreithniú tuilleadh maidir le ceistiú na fianaise. Ós rud é gur tarraingíodh an t-iarratas ar cheadú siar le linn na héisteachta ó bhéal, níorbh ann d'aon deis le freagairt do shaincheisteanna ábhartha nó do shaincheisteanna nua a ardaíodh le linn aighneachtaí ó bhéal. Mar sin féin, rinne EirGrid breithniú agus athbhreithniú ar an aiseolas sin nuair a atosáíodh an tionscadal le linn an phróisis um athmheasúnú (a ndéantar cur síos air i gCaibidil 5 den tuarascáil seo).

4.6.4 An Cineál Aiseolais a Fuarthas agus an Fhreagairt do na Príomh-shaincheisteanna a Ardaíodh – An Réiteach Tionscadail Deiridh agus an Dearadh Deiridh (ó 2013 amach)

- 42 Ba san aiseolas a fuarthas ón bpobal, ón bpobal lena mbaineann agus ó údaráis fhorordaithe agus ó úinéirí talún go háirithe a tugadh faisnéis a bhain le hábhar na ngnéithe deartha mhionsonraithe den fhorbairt a bheartaítear. Rinneadh breithniú ar an aiseolas sin mar chuid den phróiseas um athmheasúnú (mar a dhéantar cur síos air i **gCaibidil 5**). Ós rud é go mbaineann siad leis na hardchéimeanna den dearadh mionsonraithe, áfach, tugtar aghaidh agus tuairisciú orthu mar chuid den chéim um réiteach tionscadail roghnaithe (feic **Caibidil 6**).

5 AN PRÓISEAS UM ATHMHEASÚNÚ (LÚNASA 2010 – AIBREÁN 2013)

5.1 AN RÉASÚNAÍOCHT LEIS AN BPRÓISEAS UM ATHMHEASÚNÚ

1 Tar éis tharraingt siar an iarratais roimhe seo, thosaigh EirGrid ar an bpróiseas a bhaineann le hiarratas nua ar cheadú pleanála a ullmhú i ndáil leis an bhforbairt bonneagar tarchuir a bheartaítear. Mar gheall ar an méid mór oibre a rinneadh agus an t-iarratas roimhe seo á ullmhú agus mar gheall go bhfuil an obair sin ábhartha don iarratas nua, mheas EirGrid gurbh iomchuí athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar an bhfaisnéis sin mar aon le faisnéis eile a tháinig chun cinn, amhail:

- Faisnéis a bhí sna haighneachtaí i scríbhinn a cuireadh faoi bhráid an Bhoird maidir leis an iarratas roimhe seo a ndearna foireann tionscadail EirGrid breithniú agus athbhreithniú orthu ar fad;
- Faisnéis a bhí ábhartha don tionscadal a fuarthas le linn aighneachtaí ó bhéal a rinne an pobal agus údaráis fhorordaithe le linn na héisteachta ó bhéal roimhe seo in 2010;
- Athbhreithniú ar cháipéisí Rialtais agus EirGrid a eisíodh tar éis tharraingt siar an iarratais roimhe seo, faoi mar a mionsonraíodh i **gCaibidil 4**; agus
- Faisnéis nuashonraithe ar shriantachtaí.

2 Mar thoradh air sin, measadh gurbh iomchuí tús a chur le próiseas athbhreithniúcháin ar an obair a bhí déanta cheana in áit tús a chur as an nua le forbairt an tionscadail agus leis an bpróiseas comhairliúcháin ar fad.

5.2 ÁBHAIR EILE LENA MBAINNEANN ÁBHARTHACHT A THÁINIG CHUN CINN LE LINN NA TRÉIMHSE

3 Tugadh faoi roinnt staidéir agus tuarascálacha ábhartha agus foilsíodh iad tar éis tharraingt siar an iarratais roimhe seo i mí an Mheithimh 2010. Bhí na staidéir agus na tuarascálacha sin ábhartha go díreach nó go hindíreach don Fhorbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV go ginearálta, nó do ghnéithe áirithe di. Mar chuid dá phróiseas um athmheasúnú, rinne EirGrid breithniú ar an bhfaisnéis ar fad sna staidéir agus sna tuarascálacha sin. Déantar cur síos achomair ar na tuarascálacha sin sna rannáin ina dhiaidh seo.

5.2.1 Torthaí an Choimisiúin Idirnáisiúnta Saineolaithe (IEC)

4 I mí Iúil 2011, choimisiúnaigh an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha an Coimisiún Idirnáisiúnta Saineolaithe (IEC) chun athbhreithniú agus tuairisciú a dhéanamh ar

na tairbhí, agus ar an gcostas, a bhainfeadh le líne iomlán Fhorbairt Idirnasctha 400 kV na Mí-Thír Eoghain, nó le cuid den líne, a leagan faoin talamh. Moladh i dTuarascáil an IEC, a foilsíodh i mí Eanáir 2012¹⁰, nár cheart an t-idirnascaire iomlán a leagan faoin talamh trí réiteach cábla Srutha Ailtéarnaigh (AC) a úsáid.

5 Áirítear iad seo a leanas i measc phríomhchonclúidí an athbhreithnithe a rinne an Coimisiún:

- Sa chás go roghnófaí an nasc a leagan faoin talamh ar feadh an bhealaigh ina iomláine nó ar feadh cuid de réir theicneolaíocht an lae inniu, bheadh Sruth Díreach Ardvoltais (HVDC) le Tiontaire Foinse Ardvoltais (VSC) in éineacht le cáblaí XLPE¹¹ ar an rogha ab fhearr;
- Conclúid go dtairgeann líne lasnairde costais infheistíochta atá i bhfad níos lú ná aon rogha eile faoin talamh go fóill agus go bhféadfaí an réiteach a dhéanamh níos tarraingtí trí bheagán infheistíocht bhreise a dhéanamh i ndearaí túir nua in ionad na dtúr traidisiúnta cruach laitíse atá á mbeartú faoi láthair; agus
- Tá an costas coibhneasta ar réiteach DC le cáblaí faoin talamh thart ar €330 milliún níos mó ná an costas a bheadh ar réiteach coibhéiseach líne lasnairde AC don tionscadal.

5.2.2 Tuarascáil ó Chomhchoiste an Oireachtais

6 Tar éis fhoilsiú Athbhreithniú an IEC, rinne an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha tréimhse comhairliúcháin a éascú, faoi choimirce Chomhchoiste an Oireachtais um Chumarsáid, Acmhainní Nádúrtha agus Talmhaíocht. Thionóil an Comhchoiste éisteachtaí iomlánacha i dTeach Laighean i mí Feabhra 2012, agus bhí ionadaithe uathu seo a leanas i láthair: an IEC, Líonraí BSL, EirGrid, an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (DCENR), agus grúpaí lenar áiríodh North East Pylon Pressure Campaign (*Muintir an Oirthuaiscirt in Éadan Píolón*) (NEPCC), County Monaghan Anti-Pylon Committee (*Coiste Frith-Phiolón Chontae Mhuineacháin*) (CMAPC) agus Ratheniska Anti-Substation Group (*Coiste Frith-Fhostáisiún Ráithín an Uisce*).

7 I mí an Mheithimh 2012, d'fhoilsigh an Comhchoiste tuarascáil ar a bhreithniú ar Athmheasúnú an IEC agus ar an bpróiseas comhairliúcháin ina dhiaidh sin. Áirítear iad seo a leanas i measc phríomhchonclúidí na tuarascála:

¹⁰ An Coimisiún Idirnáisiúnta Saineolaithe (IEC) (Eanáir 2012). *Meath-Tyrone Report Review by the International Expert Commission (Athbhreithniú ar Thuarascáil na Mí-Thír Eoghain leis an gCoimisiún Idirnáisiúnta Saineolaithe)* Lúnasa – Samhain 2011. (*Athbhreithniú ar na tairbhí, agus ar an gcostas, a bhaineann le líne iomlán Fhorbairt Idirnasctha 400 kV na Mí-Thír Eoghain, nó le cuid den líne, a leagan faoin talamh*). Ar fáil ar: <http://www.dcenr.gov.ie>.

¹¹ Poileitiléin thrasnasctha

- Comhaontú leathan maidir leis an ngá atá le hidirnascaire chun daingneacht an tsoláthair leictreachais ar oileán na hÉireann a áirithiú, agus ionas gur féidir cumhacht gaoithe a chomhtháthú níos fearr sa líonra;
- Tá achrann ag baint leis an gceist cibé acu ar cheart líne chumhachta a leagan faoin talamh nó líne lasnairde a shuiteáil;
- Aithníonn daoine agus grúpaí atá ar son na líne lasnairde agus in haghaidh araon gur féidir an líne a leagan faoin talamh go teicniúil. Mar sin féin, léirigh EirGrid inní maidir lena indéanta atá sé go teicniúil aistriú chuig HVDC don tionscadal áirithe seo;
- Áitíonn na daoine atá ar son na líne lasnairde go bhfuil sé róchostasach an líne a leagan faoin talamh, agus go laghdófaí buntáistí an tionscadail dá réir. Áitíonn na daoine atá in aghaidh na líne lasnairde go bhfuil costas ag baint leis an moill atá leis an líne, agus go bhféadfaí an tionscadal a chur i bhfeidhm ní ba luaithe dá n-aontódh EirGrid an tionscadal a leagan faoin talamh;
- Tá líne lasnairde do-ghlactha i gcás go leor de na daoine a bhfuil cónaí orthu feadh an bhealaigh a bheartaítear. Is cosúil go nglacfaidh na daoine céanna leis an líne a leagan faoin talamh; agus
- Sa chaidreamh luath agus leanúnach le páirtithe leasmhara, ba cheart an trédhearcacht a uasmhéadú agus an oiread faisnéise agus is féidir a chur ar fáil don phobal i gcoitinne.

5.2.3 Grid25 Implementation Programme (*Clár Forfheidhmithe Eangach25*) 2011-2016 agus an Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta


- 8 D'fhoilsigh EirGrid *Grid25 Implementation Programme 2011-2016 (Clár Forfheidhmithe Eangach25, 2011-2016)* i mí na Bealtaine 2012. Forbhreathnú straitéiseach praiticiúil atá ann ar an gcaoi a bhfuil sé beartaithe na céimeanna luatha d'Eangach25 a chur i bhfeidhm. Foilsíodh an cháipéis sin, agus an *Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA)* a ghabhann leis, tar éis próiseas comhairliúcháin phoiblí náisiúnta maidir le dréacht-Chlár Forfheidhmithe Eangach25 agus dréacht-SEA.
- 9 Saináithnítear i gclár forfheidhmithe Eangach25 an tuiscint reatha is fearr ar na coda sin den chóras tarchuir a mheastar gur dhócha go bhforbrófar iad sna cúig bliana atá amach romhainn chun éifeacht a thabhairt do bheartas reatha an Rialtais. Aithnítear sa chlár forfheidhmithe na saincheisteanna, na cuspóirí, agus na próisis ghaolmhara nach mór a ghlacadh agus cinntí á ndéanamh maidir leis an gcaoi agus leis an áit a ndéanfar na forbairtí. Ar an gcaoi sin, dearbhaítear na paraiméadair agus na critéir le haghaidh na bpróiseas trína

ndéanfar cinní ina dhiaidh sin. Déantar tagairt shonrach sa chlár forfheidhmithe d'Fhorbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV.

- 10 I Rannán 4.15 den Tuarascáil Chomhshaoil a ullmhaíodh mar chuid de phróiseas an SEA, leagtar amach Rátáil maidir le hAcmhainneacht Forbartha Fhoriomlán trína soláthraítear leibhéal ard measúnaithe ar na sriantachtaí is mó a bhaineann le forbairt an chórais tarchuir. Anuas ar na sriantachtaí sin, áiríodh Réimsí Deiseanna d'fhonn láithreacha a shainaithe ina raibh deiseanna féideartha chun bonneagar tarchuir a fhorbairt ag a bhfuil tionchar laghdaithe ar an gcomhshaol.
- 11 De réir na léarscáile Rátála maidir le hAcmhainneacht Forbartha Fhoriomlán (Fíor 4.23 den Tuarascáil Chomhshaoil), baineann sriantacht íseal, nó sriantacht áitiúil, go ginearálta leis an gceantar sin in oirthuaisceart na hÉireann ina bhfuil sé beartaithe an Fhorbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV a thógáil.

5.2.4 Ráiteas Beartais an Rialtais maidir leis an Tábhacht Straitéiseach a Bhaineann le Tarchur agus le Bonneagar Fuinnimh Eile

- 12 An 17 Iúil 2012, rinne an Rialtas ráiteas beartais dar teideal *Government Policy Statement on the Strategic Importance of Transmission and Other Energy Infrastructure (Ráiteas Beartais an Rialtais faoin Tábhacht Straitéiseach a bhaineann le Tarchur agus Bonneagar Eile Fuinnimh)* a fhaomhadh agus a fhoilsiú¹².



Fíor 5.1: Government Policy Statement on the Strategic Importance of Transmission and Other Energy Infrastructure (Ráiteas Beartais an Rialtais faoin Tábhacht Straitéiseach a bhaineann le Tarchur agus Bonneagar Eile Fuinnimh), foilsithe in Iúil 2012

¹² Ar fáil ag www.dcenr.gov.ie

- 13 Sa ráiteas beartais sin, aontaíonn agus tacaíonn an Rialtas le cláir straitéiseacha sholáthraithe an bhonneagair fuinnimh, go háirithe clár infheistíochta Eangach25 de chuid EirGrid ar fud na réigiúin, agus déanann an Rialtas na cláir sin a chur chun cinn. Athdheimhnítear sa doiciméad beartais:

“Cé nach bhféachann an Rialtas le forbróirí bonneagair a stiúradh i dtreo suíomhanna, bealaí ná teicneolaíochtaí ar leith ... is é beartas an Rialtais agus tá sé chun leas an náisiúin, go háirithe sna cúinsí geilleagracha atá ann faoi láthair, go ndéantar na cláir infheistíochta sin a sheachadadh sa dóigh is éifeachtúla ó thaobh costais de agus chomh tráthúil agus is féidir, bunaithe ar an eolas is fearr atá ar fáil agus bunaithe ar chaidreamh eolach i dtaca leis na tionchair agus leis na costais a bhaineann le réitigh éagsúla innealtóireachta” (leathanach 6) [aistriúchán neamhoifigiúil]

- 14 Aithnítear sa doiciméad beartais sin gur *“bealach tábhachtach chun inghlacthacht an bhonneagair i measc an phobail a bhaint amach”* atá i seachadadh buntáistí fadtréimhseacha do phobail [aistriúchán neamhoifigiúil]. Maidir le hEangach25 agus forbairtí eile fuinnimh, luaitear sa cháipéis go mbeidh *“tionchar dearfach [ag na forbairtí sin] ar gach pobal áitiúil trí thacú leis an bhforbairt réigiúnach agus gheilleagrach agus le poist”*. Mar sin féin, aithnítear ann freisin *“cé go dtéann bonneagar fuinnimh náisiúnta chun leas gach duine, ní mór tionchar diúltach féideartha a eascraíonn as ábhair imní maidir leis an taitneamhacht amhairc agus le cúrsaí sláinte agus sábháilteachta a mhaolú tríd an bpróiseas comhairliúcháin agus, nuair is iomchuí, trí bhearta a rachaidh chun leas an phobail”* [aistriúchán neamhoifigiúil].

- 15 Maidir leis an gcuid deiridh sin, tugann EirGrid faoi deara go bhfuil sé de chumhacht ag an mBord, de bhun alt 182B(6) den *Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000* (arna leasú), coinníoll a cheangal le ceadú arna thabhairt maidir le forbairt tarchuir leictreachais lena n-éileofar tógáil nó maoiniú tógála (ina iomláine nó cuid de) saoraíde, nó soláthar nó maoiniú soláthair (ina iomláine nó cuid de) seirbhíse, sa cheantar ina mbeadh an fhorbairt a bheartaítear lonnaithe agus a bheadh, dar leis an mBord, ina bhuntáiste suntasach don phobal.

5.3 AN PRÓISEAS UM ATHMHEASÚNÚ

- 16 Bhí dhá chéim i gceist le próiseas um athmheasúnú EirGrid: réamhchéim athmheasúnaithe idir 2010 agus 2011 agus athmheasúnú deiridh in 2013. Faoin gcur chuige dhá chéim sin, bhí deis ann caidreamh a dhéanamh leis an bpobal maidir le torthaí tosaigh agus moltaí an phróisis um athmheasúnú. Bhreithnigh foireann an tionscadail aiseolas ón bpobal, ón bpobal lena mbaineann agus ó úinéirí talún ón réamhchéim athmheasúnaithe sular cuireadh na moltaí um athmheasúnú i gcrích in 2013. Ina dhiaidh sin, bhí an *Final Re-evaluation Report*

(*Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh*) agus na torthaí faoi réir bhabhta eile rannpháirtíocht an phobail.

- 17 Cuirtear sonraí ar dhátaí agus ar chuspóir an chaidrimh leis an bpobal i láthair i d**Tábla 5.1**.

Tábla 5.1: An Dá Chéim de Chomhairliúchán Dírithe Poiblí ar Thug EirGrid fúthu mar chuid den Athmheasúnú Cuimsitheach ar an bhForbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV

Céim	Dátaí	Cuspóir
Réamhchéim athmheasúnaithe	9 Bealtaine 2011 – 1 Iúil 2011 ¹³	Comhairliúchán roimh iarratas a dhéanamh inar iarradh aiseolas ar thorthaí an <i>Preliminary Re-evaluation Report (Réamhthuarascáil Athmheasúnaithe)</i> a foilsíodh i mí na Bealtaine 2011.
Athmheasúnú deiridh	16 Aibreán 2013 – 27 Bealtaine 2013	Tréimhse bhreise comhairliúcháin agus rannpháirtíocht an phobail roimh iarratas a dhéanamh inar iarradh aiseolas ar thorthaí an <i>Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)</i> a foilsíodh i mí Aibreáin 2013.

- 18 Bhí próiseas an chaidrimh agus an chomhairliúcháin athmheasúnaithe dírithe ar an bpobal agus ar gach páirtí leasmhar ar spéis leo an tionscadal. Bhí próiseas comhthreomhar eile ar leith dírithe ar úinéirí talún a bhféadfaí cur isteach orthu (feic **Caibidil 7** den Tuarascáil seo).

5.4 CUR CHUIGE I LEITH AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN AGUS RANPHÁIRTÍOCHT AN PHOBAIL

- 19 Ceapadh clár comhairliúcháin agus rannpháirtíocht an phobail le haghaidh an tionscadail agus ba é ab aidhm dó freastal ar rannchuidiú an phobail agus an phobail lena mbaineann maidir leis an tionscadal. Bhí sé mar aidhm ag an gclár an pobal, an pobal lena mbaineann agus úinéirí talún a chur ar an eolas arís i dtaobh an tionscadail agus an próiseas a mhíniú dóibh ón réamhchéim athmheasúnaithe go dtí an t-athmheasúnú deiridh, an réiteach tionscadail roghnaithe (feic **Caibidil 6**) agus, ar deireadh thiar, cur isteach an iarratais nua ar chead forbartha. Feic **Rannán 2.2.2** le haghaidh sonraí ar an treochlár tascach don tionscadal i leith na tréimhse seo.
- 20 Le foilsiú na dtuarascálacha um athmheasúnú, chuir EirGrid an pobal agus úinéirí talún ar an eolas i dtaobh an tionscadail. D'fhonn teagmháil a dhéanamh leis an oiread daoine agus ab

¹³ Bhí deireadh le cur leis an gcomhairliúchán an 17 Meitheamh 2011, ach mar thoradh ar aiseolas ó pháirtithe leasmhara agus ar fhonn EirGrid a áirithiú go mbeadh an deis ag gach páirtí leasmhar ar spéis leo an tionscadal a bheith rannpháirteach, chuir EirGrid síneadh coicíse le tréimhse an chomhairliúcháin.

fhéidir, dearadh na modheolaíochtaí comhairliúcháin agus cumarsáide ar fad le bheith inrochtana ina n-iomláine, agus bhí sé d'aidhm acu a áirithiú go mbeadh na nithe seo a leanas i gceist:

- Bhí an pobal, an pobal lena mbaineann agus na húnéirí talún ar an eolas go raibh athmheasúnú á dhéanamh ag EirGrid ar an tionscadal agus go raibh sé ar intinn ag EirGrid iarratas nua ar phleanáil don tionscadal a chur faoi bhráid an Bhoird Pleanála (an Bord) in am is i dtráth.
- Thabharfaí faisnéis ar an tionscadal don phobal, don phobal lena mbaineann agus d'úinéirí talún mar aon le sonraí ar na bealaí inarbh fhéidir leo teacht ar an bhfaisnéis sin ar shuíomh gréasáin an tionscadail, ón tseirbhís faisnéise (líne theileafóin, ríomhphost, ionaid faisnéise, imeachtaí faisnéise poiblí) agus trí na foilseacháin agus trí na léarscáileanna a táirgeadh don tionscadal.
- Gheobhadh EirGrid faisnéis agus aiseolas mar chuid de rannpháirtíocht an phobail sa phróiseas comhairliúcháin, a bhféadfaí breithniú agus athbhreithniú a dhéanamh orthu mar chuid d'fhorbairt an réitigh tionscadail tháscaigh, den réiteach roghnaithe don tionscadal, agus sula gcuirfí dearadh na líne i gcrích.

21 Sainaitníodh spriocghrúpaí tábhachtacha agus tugadh cuireadh dóibh páirt a ghlacadh sna comhairliúcháin, lena áiríodh:

- Ionadaithe Tofa agus páirtithe leasmhara ionadaíocha náisiúnta;
- Údaráis Reachtúla agus Fhorordaithe;
- Grúpaí Sainleasa;
- Grúpaí Áitiúla, Gnó, agus Pobail;
- Breathnóirí ón iarratas pleanála roimhe;
- An Garda Síochána;
- Úinéirí talún;
- Cónaitheoirí a bhí cóngarach don línebhealach;
- Pobail laistigh de cheantar na líne; agus
- An Pobal i gCoitinne.

- 22 Trí pháirtithe leasmhara a shainaithe agus a chur san áireamh ar bhealach cuimsitheach, cú agus tráthúil i rith fhorbairt an tionscadail, rinne EirGrid iarracht a áirithiú go raibh na nithe seo a leanas i gceist:
- Soláthraíodh agus soláthraítear faisnéis don phobal agus d'úinéirí talún i bhformáid chuí inrochtana;
 - D'fhéadfaí tuiscint níos fearr ar na saincheistanna atá ábhartha don lucht déanta cinní agus do pháirtithe leasmhara a éascú; agus
 - Laghdaíodh an tionchar ar phobail áitiúla an oiread is féidir. D'fhéach rannpháirtíocht luath an phobail le EirGrid tuiscint a fháil ar ábhair a bhfuil tábhacht leo nó spéis iontu nó ar ábhair imní iad ar leibhéal áitiúil, agus sriantachtaí a shainaithe nach bhfuil sainaitheanta cheana féin.

5.5 AN RÉAMHCHÉIM ATHMHEASÚNAITHE (2010 – 2011)

- 23 Ba in 2010 a chuir EirGrid tús leis an réamhchéim athmheasúnaithe ar an tionscadal d'fhonn a fháil amach cé acu an raibh nó nach raibh raon feidhme, ábhair, conclúidí agus togra an iarratais roimhe seo ar cheadú d'Fhorbairt Idirnasctha 400 kV na Mí-Thír Eoghain fós ábhartha chun bheith ina mbonn eolais faoin iarratas nua ar cheadú agus chun é a mhúnlú. D'fhoilsigh EirGrid torthaí a athbhreithnithe in *Preliminary Re-evaluation Report (Réamhthuarascáil Athmheasúnaithe)* in 2011. Cuireadh an tuarascáil faoi bhráid an phobail le haghaidh comhairliúcháin ón 9 Bealtaine 2011 go dtí an 1 Iúil 2011. Tugadh 'Línebhealach Tásach' laistigh den 'Chonair Bhealaigh is dealraithí a Roghnófaí' ar aghaidh sa tuarascáil freisin. Mar chuid den chomhairliúchán poiblí, tugadh deis don phobal aighneachtaí a dhéanamh maidir leis an líne thásach a bheartaítear.
- 24 Sainaitheadh sa *Preliminary Re-evaluation Report (Réamhthuarascáil Athmheasúnaithe)* na trí rogha conaire bealaigh a dréachtaíodh roimhe sin sa phróiseas mionsonraithe um roghnú bealaigh agus teicneolaíochta ar tugadh faoi idir 2005 agus 2008 sula ndearnadh iarratas 2009. Rinneadh athmheasúnú agus athmheas ar na trí rogha conaire bealaigh sin agus ar an teicneolaíocht a bheartaítear. Sa tuarascáil, foilsíodh torthaí an chleachtaidh athmheasúnaithe agus athmheasúnachta sin agus sainaitheadh an chonair bealaigh is dealraithí a roghnófaí agus an línebhealach tásach. Tá achoimre ar na príomhthorthaí i d**Tábla 5.2**.
- 25 Tugadh faoi bhabhta comhairliúcháin mar thoradh ar an bpróiseas sin um athmheasúnú agus chuathas i gcomhairle leis an bpobal chun a dtuairimí a fháil i dtaca leis an athmheasúnú sin ar na roghanna bealaigh agus le torthaí an athmheasúnaithe sin (feic na téarmaí tagartha a leagtar amach i **Rannán 5.5.1**).

- 26 Ba é cuspóir uileghabhálach na céime sin de chomhairliúchán agus de rannpháirtíocht an phobail eolas ar an tionscadal a thabhairt in athuair don phobal, d'úinéirí talún agus do pháirtithe leasmhara ar spéis leo an tionscadail, agus deis a thabhairt dóibh dul i dteagmháil le foireann an tionscadail agus a gcuid aiseolais a thabhairt maidir le príomhghnéithe an tionscadail. D'fhéadfadh foireann tionscadail EirGrid an t-aiseolas sin a bhreithniú roimhe chéim an *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)*.

Tábla 5.2: Príomhthorthaí *Preliminary Re-evaluation Report (Réamhthuarascáil Athmheasúnaithe)* a foilsíodh i mí na Bealtaine 2011

Príomhthorthaí
Tá gá soiléir láithreach i gcónaí le hidirnascaidh feabhsaithe le Tuaisceart Éireann lena soláthrófar buntáistí suntasacha mar seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> • Iomaíochas sa mhargadh leictreachais uile-oileáin a fheabhsú; • Daingneacht an tsoláthair leictreachais a fheabhsú; agus • Tacú le forbairt leanúnach agus forbairt amach anseo na giniúna cumhachta in-athnuaite.
Tá gá i gcónaí (sa mheántearma go dtí an fadtéarma) leis an ngréasán tarchuir a atreisiú sa limistéar thoir thuaidh d'Éirinn.
Is é an réiteach teicneolaíoch is fearr don tionscadal seo Líne Lasnairde ciorcaid shingil 400 kV srutha ailtéarnaigh (AC) idir Fostáisiún Fhearann na Coille atá ann cheana i gCo. na Mí chuig fostáisiún nua ag Turleenan i gCo. Tír Eoghain.
Tá sé indéanta codanna gearra den líne 400 kV a leagan faoin talamh. Mar sin féin, go dtí seo, níor sainaitníodh limistéar ar bith ina bhféadfadh gá a bheith leis an gcorcad AC a leagan faoin talamh, seachas an bealach isteach chuig Fostáisiún Fhearann na Coille.
Ní dóigh anois go dteastóidh an fostáisiún idirmheánach a bhí bheartaithe roimhe seo (cóngarach do Dhún an Rí, Contae an Chabháin) sna deich mbliana amach romhainn agus, dá bhrí sin, ní áireofar é san iarratas nua ar cheadú pleanála le haghaidh na Forbartha Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV.
I gcás gach ceann de na conairí bealaigh ar sainaitníodh iad mar roghanna a d'fhéadfadh a bheith indéanta lena mbreithniú san iarratas roimhe ar cheadú pleanála, is roghanna bealaigh inmharthana i gcónaí iad don fhorbairt a bheartaítear.
Meastar gurb iad Bealach 3B i Limistéar Staidéir na Mí (MSA) agus Conair Bhealaigh A i Limistéar Staidéir an Chabháin-Mhuineacháin (CMSA) (mar atá sainaitheanta i bhforbairt an tionscadail den iarratas roimhe) na conairí is mó ina n-aimsítear an chothromaíocht is fearr idir na critéir theicniúla, chomhshaoil, phobail agus na critéir mheasúnaithe eile. Tá an Línebhealach Táscach sainaitheanta laistigh de na conairí bealaigh sin cosúil go maith leis an líne a moladh san iarratas roimhe. Mar sin féin, rinneadh roinnt mionathruithe, lena n-áirítear iad seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> • Fostáisiún Mhaothla a bhí beartaithe roimhe seo gar do Dhún an Rí a bhaint, agus mionathruithe áirithe ar an Línebhealach Táscach a bhaineann leis sin; agus • Mionathrú áitiúil ar an Línebhealach Táscach chun tithe nua a sheachaint.

5.5.1 Téarmaí Tagartha

- 27 Ba é cuspóir na dtéarmaí tagartha don chomhairliúchán agus do rannpháirtíocht an phobail maidir le torthaí an *Preliminary Re-evaluation Report (Réamhthuarascáil Athmheasúnaithe)* tuairimí a éascú ar ábhar agus ar thorthaí an *Preliminary Re-evaluation Report*

(*Réamhthuarascáil Athmheasúnaithe*) lena n-áirítear an gá atá leis an tionscadal, an réiteach teicneolaíoch a bheartaítear (Líne Lasnairde 400 kV), an limistéar staidéir lena n-áirítear conairí bealaigh a sainaitníodh roimhe seo (agus ar conairí inmharthana iad mar rogha bealaigh don forbairt a bheartaítear fós) agus nach meastar a thuilleadh go bhfuil gá leis an bhfostáisiún idirmheánach a bhí beartaithe (cóngarach do Dhún an Rí). Ba iad seo a leanas na téarmaí tagartha a díriodh ar pháirtithe leasmhara le linn an chomhairliúcháin ar an *Preliminary Re-evaluation Report (Réamhthuarascáil Athmheasúnaithe)*:

- Ar chuir EirGrid gach critéar ábhartha san áireamh agus cinneadh á dhéanamh gurb é líne lasnairde an réiteach teicniúil is fearr don tionscadal seo? Murar chuir, cén fhaisnéis bhreise is ceart do EirGrid a chur san áireamh, nó cén rogha eile a mholfá atá inmharthana agus éifeachtúil ó thaobh costas de?
- An ndearnadh breithniú cuí ar gach critéar comhshaoil eile agus an bhfuil rud ar bith eile ann ar cheart dóibh a chur san áireamh?
- An bhfuil saincheist thábhachtach ar bith eile ar cheart do EirGrid a chur san áireamh roimh iarratas nua pleanála a chur faoi bhráid an Bhoird Pleanála?

28 Ba ón 9 Bealtaine 2011 go dtí an 1 Iúil 2011 a mhair an tréimhse ina bhféadfaí aighneachtaí a dhéanamh.

5.5.2 Modhanna Rannpháirtíochta

29 Rinneadh céim an chomhairliúcháin a phoibliú trí na nithe seo a leanas: suíomh gréasáin EirGrid, preaseisiúintí, fógraí preasa agus post díreach chuig páirtithe leasmhara sainaitheanta ar spéis leo an tionscadal.

30 Fógraíodh láithreacha agus uaireanta oscailte na n-oifigí faisnéise san Uaimh agus i gCarraig Mhachaire Rois. Chomh maith leis sin, baineadh leas as an bhfógraíocht chun daoine a threorú chuig suíomh gréasáin EirGrid le haghaidh faisnéise faoin tionscadal. Táirgeadh Bileog Faisnéise Nuashonraithe don Phobal freisin i mí na Bealtaine 2011, inar cuireadh síos ar an bhforbairt a bheartaítear agus ar chuspóir chéim an chomhairliúcháin. Cuireadh sonraí ar fáil inti faoi conas a d'fhéadfaí aighneachtaí a dhéanamh trí aighneacht i scríbhinn, trí ríomhphost nó trí aighneacht ó bhéal ag ionaid faisnéise, trí líne theileafóin íosghlao an tionscadail nó trí chruinnithe eagraithe duine le duine dá n-iarrfaí iad.

5.5.3 Gníomhaíochtaí Cumarsáide

- 31 I d**Tábla 5.3**, tugtar achoimre ar na gníomhaíochtaí cumarsáide ar baineadh úsáid astu le haghaidh comhairliúcháin le linn na réamhchéime athmheasúnaithe. Pléitear tuilleadh sonraí i leith na ngníomhaíochtaí sin sna rannáin ina dhiaidh seo den tuarascáil seo.

Tábla 5.3: Achoimre ar na Gníomhaíochtaí Cumarsáide ar Thug EirGrid fúthu i rith an Chomhairliúcháin leis an bPobal agus le hÚinéirí Talún ar an Preliminary Re-evaluation Report (*Réamhthuarascáil Athmheasúnaithe*)

Modh	Gníomhaíocht Cumarsáide
Preaseisiúintí	D'eisigh EirGrid preaseisiúintí leis na meáin lena áirithiú go mbeadh an pobal (agus úinéirí talún) ar an eolas maidir leis na deiseanna a bheith rannpháirteach sa phróiseas comhairliúcháin.
Fógraíocht	Cuireadh fógraí sna meáin áitiúla chun feacht a mhúscailt maidir leis an gcomhairliúchán.
Líne theileafóin íosghlao	Bhí baill Fhoireann Cumarsáide an Tionscadail freagrach as glaonna chuig líne theileafóin íosghlao an tionscadail (1890 25 26 90) a fhreagairt, agus thaifead siad sonraí ar an aiseolas agus ar na ceisteanna a fuarthas ón bpobal agus chuir siad iad sin ar aghaidh chuig foireann tionscadail EirGrid ina dhiaidh sin. ¹⁴
Ionaid Faisnéise an Tionscadail	Rinneadh ionaid faisnéise an tionscadail san Uaimh agus i gCarraig Mhachaire Rois (a bhí in úsáid don iarratas roimhe) a athoscailt don phobal i mí na Bealtaine 2011.
Caidreamh Réamhghníomhach	Tugadh faoi chaidreamh réamhghníomhach le páirtithe leasmhara lena áirithiú go raibh an oiread páirtithe leasmhara agus ab fhéidir ar an eolas maidir leis an gcomhairliúchán poiblí agus leis na deiseanna agus na modhanna éagsúla le bheith rannpháirteach.
Cruinnithe	Reáchtáladh cruinnithe le Comhairle Contae Mhuineacháin i rith na tréimhse comhairliúcháin seo.
Bróisiúr Comhairliúcháin / Bileog Faisnéise	Rinne EirGrid Bileog Faisnéise Nuashonraithe don Phobal a ullmhú agus a eisiúint i mí na Bealtaine 2011, rud ina raibh sonraí ar thorthaí an <i>Preliminary Re-evaluation Report (Réamhthuarascáil Athmheasúnaithe)</i> , ar na príomhthorthaí agus ar théarmaí tagartha an chomhairliúcháin.

¹⁴ Tá líne theileafóin íosghlao an tionscadail i bhfeidhm fós go dtí an lá inniu.

Modh	Gníomhaíocht Cumarsáide
Póstaer	Ullmhaíodh póstaer agus é mar aidhm aige feasacht a mhúscailt ar an gcomhairliúchán ar an réamhchéim athmheasúnaithe. Scaipeadh an póstaer ar fud an limistéir staidéir.
Litreacha	Seoladh amach litreacha agus an Bróisiúr Comhairliúcháin chuig na páirtithe leasmhara.
Suíomh gréasáin	Cuireadh an fhaisnéis ar fad maidir leis an tionscadal ar fáil ar aon suíomh gréasáin nua amháin: http://www.eirgridprojects.com/projects/NorthSouth400kVInterconnectionDevelopment/

5.5.3.1 Gníomhaíocht agus Fógraíocht sna Meáin

- 32 D'eisigh EirGrid preaseisiúintí leis na meáin áitiúla agus náisiúnta lena áirithiú go mbeadh an pobal (agus úinéirí talún) ar an eolas maidir leis na deiseanna a bheith rannpháirteach sa phróiseas comhairliúcháin. Chuir EirGrid fógraí sna meáin áitiúla freisin chun eolas a thabhairt don phobal (agus d'úinéirí talún) faoi shonraí an *Preliminary Re-evaluation Report (Réamhthuarascáil Athmheasúnaithe)*, faoi stádas reatha an tionscadail, agus faoin dóigh a bhféadfadh an pobal agus an pobal lena mbaineann páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán poiblí.
- 33 Chomh maith leis sin, rinne EirGrid póstaer a ullmhú agus a tháirgeadh d'ionaid faisnéise an tionscadail agus é mar aidhm aige feasacht a mhúscailt ar shonraí an phróisis comhairliúcháin agus ar an gcaoi arbh fhéidir leis an bpobal dul i dteagmháil le foireann an tionscadail.

5.5.3.2 Ionaid Faisnéise an Tionscadail

- 34 Mar chuid de thús an chomhairliúcháin phoiblí ar an *Preliminary Re-evaluation Report (Réamhthuarascáil Athmheasúnaithe)*, d'fhill ionaid faisnéise an tionscadail san Uaimh agus i gCarraig Mhachaire Rois (a bhí in úsáid don iarratas roimhe) ar uaireanta rialta oscailte ón 10 Bealtaine 2011 (go dtí an 25 Lúnasa 2011 nuair a bhí siad ar oscailt le haghaidh coinní amháin). Ó dheireadh na héisteachta ó bhéal maidir leis an iarratas roimhe, tá siad ar oscailt le haghaidh coinní amháin.
- 35 Bhí gach ceann d'ionaid faisnéise an tionscadail ar oscailt lá amháin sa tseachtain – ar an Máirt (an Uaimh) agus ar an gCéadaoin (Carraig Mhachaire Rois) faoi seach. Ina theannta

sin, bhí an dá ionad faisnéise ar oscailt ar bhonn lánaimseartha ó Luan go hAoine i rith na seachtaine ón 16 go dtí an 20 Bealtaine 2011. Ba iad 1pm-7pm na huaireanta oscailte.

- 36 Bhí cóipeanna den *Preliminary Re-evaluation Report (Réamhthuarascáil Athmheasúnaithe)* agus den Bhileog Faisnéise Nuashonraithe ar fáil ag ionaid faisnéise an tionscadail le go bhféadfadh an pobal amharc orthu agus bhí foireann EirGrid ar fáil chun freagraí a thabhairt ar aon cheistanna ó pháirtithe leasmhara agus chun aon aighneachtaí ó bhéal ar mhian le páirtithe leasmhara a dhéanamh a thaifeadadh mar aighneacht fhoirmiúil ar chéim an chomhairliúcháin.

5.5.3.3 Suíomh gréasáin

- 37 Rinneadh nuashonrú ar shuíomh gréasáin EirGrid don tionscadal nuair a cuireadh tús in athuair leis na gníomhaíochtaí comhairliúcháin. Roimhe sin, bhí dhá leathanach gréasáin ar leith i gceist le suíomh gréasáin an tionscadail (an Mhí-an Cabhán agus an Cabhán-Tír Eoghain). Mar thoradh ar aiseolas ó pháirtithe leasmhara maidir lena inrochtana a bhí faisnéis agus le comhéadan an tsuímh gréasáin áfach, cuireadh an dá shuíomh gréasáin le chéile agus déantar gach faisnéis maidir leis an tionscadal a sholáthar agus a nuashonrú ar an suíomh gréasáin nua ag an seoladh seo:

<http://www.eirgridprojects.com/projects/NorthSouth400kVInterconnectionDevelopment/>

- 38 Mar chuid den chomhairliúchán ar an athmheasúnú ar an tionscadal, rinneadh nuashonrú ar an suíomh gréasáin mar seo a leanas:

- **9 Bealtaine 2011:** Faisnéis nuashonraithe faoin tionscadal, lenar áiríodh an *Preliminary Re-evaluation Report (Réamhthuarascáil Athmheasúnaithe)* agus na hagusíní agus an *Bhileog Faisnéise Nuashonraithe don Phobal* agus an léarscáil a sheoladh; agus
- **17 Meitheamh 2011:** Fógra poiblí ar shíneadh an chomhairliúcháin.

- 39 Foilsíodh an fhaisnéis ar fad ar an suíomh gréasáin sin de réir mar a rinneadh dul chun cinn ar an tionscadal.

5.5.3.4 Bileog Faisnéise Nuashonraithe don Phobal (Bealtaine 2011)

- 40 Rinne EirGrid *Bileog Faisnéise Nuashonraithe don Phobal* (Bealtaine 2011) a ullmhú agus a tháirgeadh lena scaipeadh ar an bpobal agus ar pháirtithe leasmhara ar spéis leo an tionscadal mar chuid den chomhairliúchán ar an *Preliminary Re-evaluation Report (Réamhthuarascáil Athmheasúnaithe)*. Tugadh cur síos soiléir achomair sa bhileog faisnéise

ar chúlra agus ar chomhthéacs an togra agus ar stádas reatha an tionscadail. Leagadh amach inti conas a rachadh an tionscadal agus an comhairliúchán lena mbaineann ón réamhchéim athmheasúnaithe go cur isteach an iarratais. Sainithníodh inti na clocha míle tábhachtacha a baineadh amach agus na céimeanna tábhachtacha comhairliúcháin a rinneadh ar an mbealach.

41 Tugadh faisnéis shonrach don phobal sa bhileog faisnéise ar na nithe seo a leanas:

- Téarmaí tagartha don chéim seo den chomhairliúchán agus de rannpháirtíocht an phobail (mar a chuirtear síos uirthi i d**Tábla 5.5.1** den tuarascáil seo);
- Cúlra agus comhthéacs an tionscadail;
- Faisnéis ar chéim reatha an tionscadail (an réamhchéim athmheasúnaithe) agus ar an treochlár i dtreo iarratas pleanála a chur faoi bhráid an Bhoird lena cheadú;
- Torthaí an *Preliminary Re-evaluation Report (Réamhthuarascáil Athmheasúnaithe)*;
- Forás an tionscadail agus athruithe a rinneadh mar chuid de phróiseas na réamhchéime athmheasúnaithe;
- Sonraí ar an gcaoi arbh fhéidir leis an bpobal dul i dteagmháil le foireann tionscadail EirGrid (ríomhphost; líne theileafóin; seoladh poist agus sonraí na n-ionad faisnéise); agus
- Foirm aiseolais inarbh fhéidir le páirtithe leasmhara a dtuairimí a chur in iúl d'fhoireann tionscadail EirGrid.

42 Áiríodh léi léarscáil den línebhealach táscach agus den chonair roghnaithe a bhí á mbreithniú, mar aon leis an dóigh a nascfadh sé leis an gcuid sin den idirnascaire foriomlán lonnaithe i dTuaisceart Éireann. Cuireadh an Bhileog Faisnéise Nuashonraithe don Phobal san áireamh leis na litreacha a seoladh amach mar chuid den chomhairliúchán, agus bhí leagan leictreonach ar fáil ar shuíomh gréasáin an tionscadail. Tá cóip den bhileog faisnéise sin le fáil in **Aguisín B** leis an tuarascáil seo.

5.5.3.5 Na Litreacha a Seoladh chuig Páirtithe Leasmhara

43 Tugtar liosta i d**Tábla 5.4** de na páirtithe leasmhara / grúpaí páirtithe leasmhara uile ar seoladh litreacha agus an *Bhileog Faisnéise Nuashonraithe don Phobal* chucu ina raibh eolas maidir le tús an chomhairliúcháin ar an *Preliminary Re-evaluation Report (Réamhthuarascáil Athmheasúnaithe)*. Tiomsaíodh sonraí teagmhála na bpáirtithe leasmhara a rinne aighneacht i scríbhinn nó ó bhéal ag an éisteacht ó bhéal a tionóladh don iarratas roimhe ar cheadú

pleanála, agus cuireadh san áireamh iad i liosta postála na bpáirtithe leasmhara mar chuid den phróiseas comhairliúcháin don athmheasúnú. Eisíodh litir dar dháta an 9 Bealtaine 2011 do gach duine de na páirtithe leasmhara sin, litir inar iarradh orthu páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán. Luaigh EirGrid freisin go mbuailfeadh sé leo chun an tionscadal a phlé dá mba mhian leo.

Tábla 5.4: Cineálacha Grúpaí Páirtithe Leasmhara a ndearnadh Teagmháil leo mar chuid den Chomhairliúchán ar an Preliminary Re-evaluation Report (*Réamhthuarascáil Athmheasúnaithe*) agus ar Eisíodh Litir agus an Bhileog Faisnéise Nuashonraithe don Phobal dóibh

Cineál	Sonraí
Comhlachais Tráchtála	Gach ceann sa Mhí, sa Chabhán agus i Muineachán
Ionaid Faisnéise don Phobal	Gach ceann atá suite laistigh de 5 km den bhealach a bheartaítear
Ionadaithe Poiblí	Teachtaí Dála, Feisirí de Pharlaimint na hEorpa agus Comhairleoirí sa Mhí, sa Chabhán agus i Muineachán*
Cumann Lúthchleas Gael (CLG)	Boird Contae sa Mhí, sa Chabhán agus i Muineachán
Ionaid S	Gach ceann sa Mhí, sa Chabhán agus i Muineachán
Gnóthais	Gnóthais a léirigh spéis roimhe sin
Leabharlanna	Gach ceann sa Mhí, sa Chabhán agus i Muineachán
Grúpaí Tionscadail	Gach ceann sa Mhí, sa Chabhán agus i Muineachán
Scoileanna	Bunscoileanna, Meánscoileanna agus Institiúidí Tríú Leibhéal atá suite laistigh de 5km den bhealach a bheartaítear
Breathnóirí	Na breathnóirí ar fad ón éisteacht ó bhéal maidir leis an iarratas roimhe sin, seachas úinéirí talún (atá faoi réir próiseas ar leith)
Bailte Slachtmhara	Gach ceann atá suite laistigh de 5 km den bhealach a bheartaítear

* Tabhair faoi deara: Níor seoladh an litir sin chuig Seanadóirí toisc go raibh an toghchán don Seanad ar siúl ag an am.

- 44 Rinne foireann tionscadail EirGrid an-iarracht teacht ar mhodhanna seachadta faisnéise maidir leis an tionscadal agus lena áirithiú go mbeadh an oiread páirtithe leasmhara agus ab fhéidir ar an eolas maidir leis an gcomhairliúchán agus maidir leis na deiseanna

rannpháirtíochta. Cuireadh glaonna ar roinnt eagraíochtaí ina dhiaidh sin lena áirithiú go mbeadh an fhaisnéis faighte nó chun ábhair bhreise faoin tionscadal a thairiscint.

- 45 I gcás roinnt de na grúpaí páirtithe leasmhara sin, ní dheachthas i dteagmháil ach leis na hionadaithe sin a bhí suite laistigh d'achar 5 km ón línebhealach a bheartaítear (i.e. conair 10 km). Ba é an aidhm a bhí leis sin a áirithiú go mbeadh ionaid faisnéise poiblí thábhachtacha sna pobail a mbeidh tionchar díreach orthu, amhail scoileanna agus ionaid faisnéise don phobal, ar an eolas faoin tionscadal agus go mbeidís ábalta cabhrú le scaipeadh na faisnéise faoin tionscadal ar a mbaill. Ba iad sin na pobail a dúirt gurbh orthu ba mhó a bheadh tionchar an tionscadail le sonrú agus, dá bhrí sin, rinneadh iarracht ar leith dul i mbun caidrimh leo.

5.5.3.6 Grúpaí a Bhaineann go Sonrach leis an Tionscadal

- 46 I measc na ngrúpaí sin, bhí North East Pylon Pressure (*Muintir an Oirthuaiscirt in Éadan Píolón*) (NEPP). Bhuail triúr ionadaithe ó fhoireann tionscadail EirGrid le triúr ionadaithe ó NEPP an 17 Bealtaine 2011 in Óstán Knightsbrook i mBaile Átha Troim, Co. na Mí chun tuairimí an ghrúpa ar an tionscadal a phlé. Reáchtáladh cruinniú eile idir EirGrid agus NEPP an 12 Iúil 2011.

5.5.4 An tAiseolas a Fuarthas

5.5.4.1 An Leibhéal Rannpháirtíochta

- 47 Fuarthas 18 n-aighneacht i scríbhinn ar an iomlán ó pháirtithe leasmhara le linn thréimhse an chomhairliúcháin agus rannpháirtíochta an phobail maidir leis an *Preliminary Re-evaluation Report (Réamhthuarascáil Athmheasúnaithe)*. Bhain na haighneachtaí sin le daoine príobháideacha den chuid ba mhó (arbh úinéirí talún iad cuid acu freisin) laistigh d'achar an Línebhealaigh Tháscaigh mar atá sainaitheanta sa *Preliminary Re-evaluation Report (Réamhthuarascáil Athmheasúnaithe)*. Fuarthas aighneachtaí freisin ó údaráis fhorordaithe agus ó eagraíochtaí eile. Déantar achoimre ar na haighneachtaí i scríbhinn a fuarthas i d**Tábla 5.5**, áit a n-atáirgtear na sonraí atá i dTábla 1 d'Aguisín B leis an *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)* (dar teideal *Athbhreithniú ar na Saincheistanna a Ardaíodh in Aighneachtaí i Scríbhinn chuig an mBord Pleanála agus ar Chur i Láthair ag an Éisteacht ó Bhéal i dtaca leis an Iarratas Roimhe Seo ar Cheadú [Uimhir Thagartha an Bhoird Pleanála VA0006]*). Leithdháileadh uimhir thagartha ar leith ar gach aighneacht (e.g. FS-1, FS-2 etc.). Tugadh aitheantas sonracha do na comhlachtaí reachtúla agus do na heagraíochtaí eile a rinne aighneachtaí. I gcomhthéacs na n-oibleagáidí dlíthiúla atá ann maidir le cosaint sonraí, áfach, níor tugadh aon fhaisnéis a d'fhéadfadh aitheantas na ndaoine aonair príobháideacha / na n-úinéirí talún a nochtadh.

Tábla 5.5: Aighneachtaí i Scríbhinn a Fuarthas le linn an Phróisis Chomhairliúcháin Phoiblí maidir leis an Preliminary Re-evaluation Report (*Réamhthuarascáil Athmheasúnaithe*)

Uimh. Aighneachta	An Comhlacht a Chuir an Aighneacht Isteach	Sonraí faoin gComhlacht Reachtúil / Eagraíocht
FS-1	Duine Aonair	
FS-2	Úinéir Talún	
FS-3	Úinéir Talún	
FS-4	Úinéir Talún	
FS-5	Comhlacht Reachtúil	An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta (NRA)
FS-6	Úinéir Talún	
FS-7	Úinéir Talún	
FS-8	Comhlacht Reachtúil	Comhairle Contae Mhuineacháin
FS-9	Eagraíocht	NEPP
FS-10	Eagraíocht	Sinn Féin
FS-11	Eagraíocht	Monaghan Anti-Pylon Committee (<i>Coiste Frith-Phiolón Chontae Mhuineacháin</i>)
FS-12	Eagraíocht	AMP/SAFE
FS-13	Duine Aonair	
FS-14	Duine Aonair	
FS-15	Duine Aonair	
FS-16	Eagraíocht	Cumann Forbartha Pobail Cheantar Dhúthamhlachta
FS-17	Duine Aonair	

Uimh. Aighneachta	An Comhlacht a Chuir an Aighneacht Isteach	Sonraí faoin gComhlacht Reachtúil / Eagraíocht
FS-18	Duine Aonair	

48 Bhí tuairisceoireacht fhorleathan ar an tionscadal sna meáin áitiúla agus náisiúnta mar thoradh ar an ngníomhaíocht sna meáin a rinne EirGrid le linn na céime seo chun feasacht a mhúscailt agus chun plé a spreagadh ar an tionscadal.

5.5.5 An Cineál Aiseolais a Fuarthas

49 Rinne EirGrid cineál an aiseolais a fuarthas a thaifeadadh in Aguisín B leis an *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)*. Áirítear na nithe seo a leanas i measc na bpríomh-shaincheisteanna a ardaíodh sna 18 n-aighneacht i scríbhinn:

- Bonneagar tarchuir a chur os cionn na talún i gcoinne bonneagar tarchuir a leagan faoin talamh;
- Fianaise ar dhul chun cinn teicniúil agus ar roghanna malartacha atá níos fearr;
- An limistéar staidéir a shainaithint;
- Tionchar féideartha a bhaineann le piolóin lasnairde agus le EMF ar shláinte;
- Tionchar féideartha ar an tírdhreach agus tionchar amhairc;
- Tionchar féideartha ar luachanna réadmhaoine;
- Tionchar féideartha ar ghníomhaíochtaí turasoireachta agus spóirt, agus ar ghnóthais atá ag brath ar ghníomhaíochtaí dá leithéid chun ioncam a thuilleamh;
- Tionchar féideartha ar an éiceolaíocht;
- Modheolaíocht an *Preliminary Re-evaluation Report (Réamhthuarascáil Athmheasúnaithe)* agus an mhodheolaíocht a úsáideadh don mheasúnacht ar an gconair le linn an phróisis um athmheasúnú;
- Mionathruithe a rinneadh ar an ailíniú bealaigh;
- Mótárbealach an M3 gar don Ghráinseach, Co. na Mí;
- Dearadh na líne;

- An teicneolaíocht tarchuir roghnaithe;
- An t-údarás atá ag EirGrid leictreachas a tharchur thar réadmhaoin phríobháideach;
- Gaireacht an tionscadail do thithe, do scoileanna agus d'ionaid oibre;
- An gaol idir an fhorbairt idirnasctha agus pleananna an Rialtais maidir le bonneagar straitéiseach tarchuir agus a bhfuil beartaithe d'fhorbairt fuinneamh gaoithe agus an chaoi a nascfaí leis an eangach iad;
- Saincheisteanna a bhaineann le Coinbhinsiún Aarhus; agus
- Éilimh go gcuirfí stop le forbairt bhreise ar fhuinneamh gaoithe go dtí go mbeidh imscrúdú déanta ag réimse speisialtóirí teicniúla éagsúla.

5.5.6 Freagraí ar na Saincheisteanna a Ardaíodh

50 In Aguisín B leis an *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)*, d'fhéach foireann tionscadail EirGrid le freagairt chuimsitheach a chur ar fáil do shaincheisteanna sonracha mionsonraithe sna 18 n-aighneacht i scríbhinn ar an *Preliminary Re-evaluation Report (Réamhthuarascáil Athmheasúnaithe)*. Leagtar amach iad i Rannán 2 d'Aguisín B leis an *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)* agus déantar tagairt dóibh de réir uimhir aighneachta. Sa chás gur tagraíodh do shaincheisteanna i dtéarmaí ginearálta sna haighneachtaí, leagtar amach i Rannán 4 den tuarascáil an bealach inar fhreagair EirGrid agus foireann an tionscadail dóibh nó ina bhfuil sé beartaithe acu freagairt dóibh. Áiríodh leis sin saincheisteanna a bhí ábhartha do chéim an deartha mhionsonraithe agus do chéim na Measúnachta Tionchair Timpeallachta (EIA) sa phróiseas forbartha tionscadail, e.g. an tionchar dóchúil éiceolaíochta, tírdhreacha agus agramamaíochta a bhaineann leis an bhforbairt. Tá Aguisín B den *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)* le fáil mar **Aguisín C** leis an Tuarascáil seo.

51 Ina theannta sin, thug EirGrid freagra ar an aiseolas a chuir NEPP agus County Monaghan Anti-Pylon Committee (*Coiste Frith-Phiolón Chontae Mhuineacháin*) faoina bhráid (faoi thagairt aighneachtaí FS-9 agus FS-11 in Aguisín B leis an *Final Re-evaluation Report [Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh]*) agus chuir sé freagra i scríbhinn ar fáil ansin freisin ar gach ceann de na pointí bunúsacha a ardaíodh sna haighneachtaí.

5.5.7 An Dóigh a ndeachaigh Aiseolas i gcion ar Fhorbairt an Tionscadail

52 De bhun aiseolais, síneadh coicíse breise leis an tréimhse thosaigh comhairliúcháin go dtí an 1 Iúil 2011. Tréimhse sé seachtaine a bhí ann i dtosach, agus bhí deireadh le cur léi an 17 Meitheamh 2011. Mheas EirGrid go bhféadfaí leanúint leis an gcaidreamh leanúnach sa

tréimhse bhreise ama sin, dá mba ghá leis, agus go bhféadfaí cruinnithe a reáchtáil sna cásanna sin nár tharla aon chaidreamh go fóill.

- 53 Thug EirGrid aird ar na haighneachtaí agus ar an aiseolas maidir leis an *Preliminary Re-evaluation Report (Réamhthuarascáil Athmheasúnaithe)*. Agus aird á tabhairt acu ar an aiseolas a fuarthas, mheas EirGrid agus a chomhairleoirí gurb iad Roghanna Conaire Bealaigh A agus 3B na roghanna is lú srianadh fós (agus na roghanna roghnaithe dá dhroim sin) ó thaobh cúrsaí teicniúla, comhshaoil agus pobail de. Ina theannta sin, níor sainithníodh aon saincheistanna a d'athródh ailíniú ginearálta an línebhealaigh tháscaigh go mór laistigh de Roghanna Conaire Bealaigh A agus 3B mar a sainithníodh iad sa *Preliminary Re-evaluation Report (Réamhthuarascáil Athmheasúnaithe)*. Mar sin féin, sainithníodh roinnt mionathruithe ar an ailíniú táscach a tháinig as an bpróiseas um chaidreamh le húnéirí talún i ndáil leis an *Preliminary Re-evaluation Report (Réamhthuarascáil Athmheasúnaithe)*, i measc nithe eile.
- 54 De bhreis air sin, ardaíodh roinnt saincheistanna sna haighneachtaí ar an *Preliminary Re-evaluation Report (Réamhthuarascáil Athmheasúnaithe)* ar measadh gur cheart iad a shoiléiriú ar bhealach níos fearr sa *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)* trí théacs mínitheach breise nó athbhreithnithe a chur isteach. Leagtar iad sin amach sna freagraí aonair atá in Aguisín B leis an *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)* (a chuirtear san áireamh mar **Aguisín C** leis an tuarascáil seo).
- 55 Bhain aiseolas eile leis an méid faisnéise a bhí á chur i láthair na bpáirtithe leasmhara. Chomhaontaigh EirGrid, de bharr aiseolas sonracha a fuarthas ó County Monaghan Anti-Pylon Committee (*Coiste Frith-Phiolón Chontae Mhuineacháin*) (CMAPC), go ndéanfaidh sé an *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)* agus an scaipeadh faisnéise agus an comhairliúchán maidir leis an línebhealach táscach a scaradh ó chéile. Baineadh é sin amach tríd an *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)* a fhoilsiú agus tríd an gcéim comhairliúcháin ar leith a bhain léi.

5.6 AN T-ATHMHEASÚNÚ DEIRIDH (2011 – 2013)

- 56 Idir 2011 agus 2013, rinne foireann an tionscadail athbhreithniú ar na haighneachtaí go léir, idir aighneachtaí ó bhéal agus aighneachtaí i scríbhinn, a fuarthas ón bpobal mar thoradh ar an réamhchéim athmheasúnaithe. Bhí athbhreithniú a thionscain an Rialtas ar siúl le linn na tréimhse sin freisin. Cuireadh tús leis sin i mí Iúil 2011 nuair a ceapadh Coimisiún Idirnáisiúnta Saineolaithe (IEC) chun breithniú a dhéanamh ar na tairbhí, agus ar an gcostas, a bhaineann le líne iomlán Fhorbairt Idirnasctha 400 kV na Mí-Thír Eoghain, nó le cuid den líne, a leagan faoin talamh, lena áiríodh athbhreithniú ar na tuarascálacha go léir a rinneadh maidir le tionscadal na Forbartha Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV. Foilsíodh cinní an IEC i

- mí Eanáir 2012¹⁵ agus pléadh iad ina dhiaidh sin i gcomhairliúchán ar bhainistigh Comhchoiste an Oireachtais é. Chríochnaigh athbhreithniú an Rialtais i mí Iúil 2012 nuair a foilsíodh ráiteas beartais faoin tábhacht a bhaineann le bonneagar fuinnimh.
- 57 Bhreithnigh EirGrid na gnéithe teicniúla agus comhshaoil den tionscadal seo tuilleadh sa tréimhse seo, agus beachtaíodh an ‘Línebhealach Tásach’ agus an ‘Chonair Bhealaigh Roghnaithe’ dá bharr sin. Áiríodh arís leis an bpróiseas um athmheasúnú deiridh sin athbhreithniú ar an iarratas roimhe chun a dhearbhu cibé acu an raibh nó nach raibh gá sainaitheanta, raon feidhme, roghanna eile a breithníodh (lena n-áirítear roghanna eile teicneolaíochta), ábhar agus conclúidí an iarratais roimhe sin fós infheidhmithe chun críche eolas a thabhairt don iarratas nua ar cheadú agus é a mhúnlú. Chuimsigh sé freisin athbhreithniú ar gach saincheist agus aighneacht a bhaineann leis an iarratas roimhe, agus ar fhaisnéis a fuarthas agus ar shaincheisteanna a tháinig aníos ó mhí an Mheithimh 2010.
- 58 D’fhoilsigh EirGrid *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)* i mí Aibreáin 2013 ina ndearnadh sainaitheantú agus cur síos ar na tograí tionscadail athbhreithnithe beachtaithe. Leagadh amach sa tuarascáil cineál agus méid an aiseolais a fuarthas agus an dóigh ar tugadh aghaidh air sna tograí athbhreithnithe, de réir mar ba chúil. Reáchtáil EirGrid tréimhse rannpháirtíocht an phobail a mhair sé seachtaine (idir an 16 Aibreán 2013 agus an 27 Bealtaine 2013) tar éis fhoilsiú an *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)* i mí Aibreáin 2013. Tugtar sonraí i **Rannán 5.6.3** den tuarascáil seo ar an bhfeachtas fógraíochta agus meán agus ar na modhanna eile ar baineadh leas astu chun an tréimhse comhairliúcháin a phoibliú.
- 59 Le linn na tréimhse sin, d’iarr EirGrid rannpháirtíocht an phobail agus úinéirí talún maidir le hábhar agus príomhthorthaí na tuarascála. Chuir EirGrid fáilte roimh an aiseolas ar fad a fuarthas agus cuireadh in iúl don phobal go ndéanfaí breithniú ar gach freagra a fuarthas agus an *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)* á hullmhú. D’fhoilseofaí an tuarascáil le haghaidh comhairliúcháin in am is i dtráth.
- 60 Mheas EirGrid gurbh iomchuí tréimhse bhreise caidrimh struchtúrtha ar ábhar agus ar thorthaí an *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)* a chur ar fáil roimh leanúint ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile den tionscadal. Cuireadh an tréimhse bhreise caidrimh sin ar siúl mar fhreagairt d’uirill ó County Monaghan Anti-Pylon Committee (*Coiste Frith-Phiolón Chontae Mhuineacháin*) go ndéanfaí caidreamh breise ar thorthaí an phróisis

¹⁵ An Coimisiún Idirnáisiúnta Saineolaithe (IEC) (Eanáir 2012). *Meath-Tyrone Report Review by the International Expert Commission (Athbhreithniú ar Thuarascáil na Mí-Thír Eoghain leis an gCoimisiún Idirnáisiúnta Saineolaithe)* Lúnasa – Samhain 2011. (*Athbhreithniú ar na tairbhí, agus ar an gcostas, a bhaineann le líne iomlán Fhorbairt Idirnasctha 400 kV na Mí-Thír Eoghain, nó le cuid den líne, a leagan faoin talamh*). Ar fáil ar: <http://www.dcenr.gov.ie>.

um athmheasúnú. Mar thoradh air sin, chinn EirGrid foilsíú an *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)*, agus an caidreamh ar an Tuarascáil sin, agus an comhairliúchán ar an *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)* a chur ar siúl ag amanna éagsúla.

- 61 Chuir sé sin ar chumas EirGrid aiseolas a bhailiú ar an *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)* agus rinne foireann an tionscadail an t-aiseolas sin a bhreithniú agus a athbhreithniú sular foilsíodh an *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)* i mí Iúil 2013.

5.6.1 Téarmaí Tagartha

- 62 Ba iad seo a leanas na téarmaí tagartha don chaidreamh leis an bpobal maidir leis an *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)*:

- Tuairim a léiriú ar ábhar agus ar thorthaí an *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)*;
- An raibh breithniú déanta ag EirGrid ar na saincheistanna ábhartha ar fad mar chuid den phróiseas um athmheasúnú? Mura raibh, cé na saincheistanna eile ar cheart do EirGrid breithniú a dhéanamh orthu, dar leat?; agus
- Aiseolas a sholáthar ar an gcaoi is fearr chun glacadh le bearta sochar pobail laistigh d'fhorbairtí tionscadal tarchuir agus don Fhorbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV.

- 63 Tugadh cuireadh don phobal agus do pháirtithe leasmhara aighneachtaí a dhéanamh maidir leis an bhfaisnéis a cuireadh i láthair sa *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)* le linn na tréimhse caidrimh leis an bpobal a bhí ar siúl idir an 16 Aibreán 2013 agus an 27 Bealtaine 2013. Chuir EirGrid fáilte roimh an aiseolas ar fad a fuarthas agus cuireadh in iúl don phobal go ndéanfaí breithniú ar gach freagra a fuarthas agus an *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)* á hullmhú. D'fhoilseofaí an tuarascáil le haghaidh comhairliúcháin in am is i dtráth.

- 64 Sa chéim athmheasúnaithe deiridh, chuaigh EirGrid i gcomhairle leis an bpobal agus le húnéirí talún freisin maidir le saincheistanna sochar pobail tar éis fhoilsíú *Policy Statement on the Strategic Importance of Transmission and Other Energy Infrastructure (Ráiteas Beartais faoin Tábhacht Straitéiseach a bhaineann le Tarchur agus Bonneagar Eile Fuinnimh)* a d'fhoilsigh an Rialtas i mí Iúil 2012. Go háirithe, d'iarr EirGrid aiseolas ar an gcaoi is fearr chun glacadh le bearta sochar pobail laistigh d'fhorbairt tionscadail tarchuir agus de chlár Eangach25 go ginearálta. D'iarr EirGrid tuairimí an phobail ar shochar pobail de réir na dtéarmaí tagartha a thugtar i d**Tábla 5.6**.

Tábla 5.6: Téarmaí Tagartha don Sochar Pobail

Téarmaí Tagartha don Sochar Pobail
<p>Cé?</p> <ul style="list-style-type: none"> • Cé ba cheart a bheith i dteideal sochar pobail a fháil? • Cé ba cheart a chur san áireamh leis an “bpobal” maidir le tionscadail tarchuir?
<p>Céard?</p> <ul style="list-style-type: none"> • Céard iad na tionscnaimh ba cheart a bheith incháilithe le haghaidh tacaíocht sochar pobail, mar shampla spóirt, na healaíona, oideachas? • Céard is “sochar” ann don phobal dar leat e.g. bearta maolaithe amhail leagan faoin talamh ar bhonn cúiteach* nó ciste le haghaidh ghrúpaí an phobail áitiúil?
<p>Cathain?</p> <ul style="list-style-type: none"> • Ag cén chéim de thionscadal ar cheart sochar pobail a bhreithniú? • Ag cén chéim de thionscadal ar cheart go mbeadh sochar pobail ar fáil?
<p>Cén chaoi?</p> <ul style="list-style-type: none"> • Cén chaoi ar cheart sochar pobail a bhainistiú? • Cén chaoi ar cheart sochar pobail a dháileadh, cé na critéir ba cheart a úsáid, agus cé ba cheart an critéar sin a shainmhíniú?

5.6.2 Modhanna Rannpháirtíochta

65 Rinneadh rannpháirtíocht an phobail a phoibliú trí na nithe seo: suíomh gréasáin EirGrid, preaseisiúintí, fógraí preasa agus post díreach chuig páirtithe leasmhara sainaitheanta ar spéis leo an tionscadal.

66 Fógraíodh laethanta oscailte don phobal i Muineachán, sa Chabhán agus sa Mhí, mar aon leis na hionaid agus na dátaí a bhaineann leo. Fógraíodh freisin láithreacha agus uaireanta oscailte Oifigí Faisnéise an Tionscadail san Uaimh agus i gCarraig Mhachaire Rois agus láthair agus uaireanta oscailte na hoifige nua i nDún an Rí. Chomh maith leis sin, baineadh leas as an bhfógraíocht chun daoine a threorú chuig suíomh gréasáin EirGrid le haghaidh faisnéise faoin tionscadal. Táirgeadh bileog faisnéise freisin ina ndearnadh cur síos ar an

bhforbairt a bheartaítear agus ar chuspóir an chaidrimh leis an bpobal. Cuireadh sonraí ar fáil inti faoi na laethanta oscailte don phobal a chuirfí ar siúl agus faoi conas a d'fhéadfaí aighneachtaí a dhéanamh trí aighneacht i scríbhinn, trí ríomhphost nó trí aighneacht ó bhéal ag ionaid faisnéise an tionscadail, ag laethanta oscailte don phobal, trí líne theileafóin íosghlao an tionscadail nó trí chruinnithe eagraithe duine le duine dá n-iarrfaí iad.

5.6.3 Gníomhaíochtaí Cumarsáide

- 67 Rinneadh gach iarracht caidreamh chomh forleathan agus ab fhéidir a éascú. Iarradh ar an bpobal agus ar aon pháirtí eile lena mbaineann a bheith rannpháirteach trí ionaid faisnéise an tionscadail, an tseirbhís theileafóin, nó trí freastal ar cheann de na naoi n-imeacht faisnéise don tionscadal, nó freastal ar chruinniú faisnéise réamhshocraithe don tionscadal.
- 68 Tugtar achoimre i d**Tábla 5.7** ar na gníomhaíochtaí cumarsáide ar baineadh úsáid astu le haghaidh an chaidrimh leis an bpobal ar an *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)*. Tugtar sonraí ar na gníomhaíochtaí sin sna rannáin ina dhiaidh seo.

Tábla 5.7: Achoimre ar na Gníomhaíochtaí Cumarsáide a Rinne EirGrid le linn an Chaidrimh leis an bPobal agus le hÚinéirí Talún maidir le torthaí an Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)


Modh	Gníomhaíocht Cumarsáide
Preaseisiúintí	D'eisigh EirGrid preaseisiúintí leis na meáin lena áirithiú go mbeadh an pobal agus úinéirí talún ar an eolas faoi fhoilsiú an Final Re-evaluation Report (<i>Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh</i>) agus faoi na deiseanna le bheith rannpháirteach i gcéim an chaidrimh den athmheasúnú deiridh.
Fógraíocht	Foilsíodh seacht bhfógra sna nuachtáin áitiúla agus craoladh 80 fógra ar stáisiúin raidió áitiúil chun feasacht a mhúscailt ar an gcaidreamh faoin athmheasúnú deiridh. D'fhoilsigh EirGrid fógraí breise i mí na Bealtaine 2013 chun an pobal agus úinéirí talún a chur ar an eolas i leith laethanta oscailte breise a bheadh le réachtáil in ionaid áitiúla i gContae Mhuineacháin mar thoradh ar iarratas ó Choiste Frith-Phiolón Chontae Mhuineacháin (CMAPC) go réachtálfaí imeachtaí breise.
Líne theileafóin íosghlao	Leanúint de líne theileafóin íosghlao an tionscadail.
Ionaid Faisnéise an Tionscadail	D'athoscail EirGrid an dá ionad faisnéise don tionscadal san Uaimh agus i gCarraig Mhachaire Rois ón 16 Aibreán 2013. Chomh maith leis sin, d'oscail sé ionad faisnéise breise i nDún an Rí, Co. an Chabháin

Modh	Gníomhaíocht Cumarsáide
Imeachtaí Laethanta oscailte	Reáchtáladh naoi gcinn de laethanta oscailte ar an iomlán i rith na céime sin. Tá sonraí ar na hócáidí sin le fáil i d Tábla 5.9 .
Caidreamh réamhghníomhach	Tugadh faoi chaidreamh réamhghníomhach le páirtithe leasmhara lena áirithiú go mbeadh an oiread páirtithe leasmhara agus ab fhéidir ar an eolas maidir leis an gcaidreamh agus leis na deiseanna agus na modhanna éagsúla le bheith rannpháirteach le foireann an tionscadail.
Cruinnithe	Reáchtáladh cruinnithe le roinnt grúpaí páirtithe leasmhara i rith na tréimhse caidrimh seo, lena n-áirítear iad seo a leanas: Comhairle Contae Mhuineacháin an 4 Meitheamh 2013; Monaghan Anti-Pylon Group (<i>Grúpa Mhuineacháin in Éadan Píolón</i>) i gCarraig Mhachaire Rois, Co. Mhuineacháin an 12 Aibreán 2013; agus North East Pylon Pressure Group (<i>Muintir an Oirthuaiscirt in Éadan Píolón</i>) (NEPP) i mBaile Átha Troim, Co. na Mí an 3 Aibreán 2013.
Bileog Faisnéise Nuashonraithe don Phobal	Rinne EirGrid <i>Bileog Faisnéise Nuashonraithe don Phobal</i> a ullmhú agus a eisiúint ina raibh sonraí ar thorthaí an <i>Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)</i> , ar na príomhthorthaí agus ar théarmaí tagartha an chaidrimh.
Ceisteanna Coitianta	D'fhoilsigh EirGrid leagan nua de na Ceisteanna Coitianta ar shuíomh gréasáin an tionscadail i mí Aibreáin 2013, rud inar pléadh na saincheisteanna seo a leanas: An Fhorbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV Staid reatha Amlíne agus dearadh EirGrid agus Eangach25 Cén fáth a bhfuil gá leis an tionscadal? Comhairliúchán poiblí An cor chun donais eacnamaíoch Fuinneamh in-athnuaite Fostáisiún Mhaothla Líne lasnaide v líne faoi thalamh Cineálacha fostáisiúin, líne agus túir Faisnéis theicniúil

Modh	Gníomhaíocht Cumarsáide
	EMF Tionchar áitiúil Rochtain agus Cúiteamh d'Úinéirí Talún
Litreacha	Seoladh amach litreacha agus an Bhileog Faisnéise Nuashonraithe don Phobal chuig na páirtithe leasmhara

5.6.3.1 Gníomhaíocht agus Fógraíocht sna Meáin

- 69 Chuaigh EirGrid i mbun caidrimh leis na nuachtáin agus leis na stáisiúin raidió áitiúil chun feasacht a mhúscailt ar chéim an chaidrimh den athmheasúnú deiridh. Eisíodh preaseisiúintí chuig Irish Farmers Journal, Irish Times, Irish Independent, Irish Examiner, Meath Chronicle, Anglo Celt, Northern Standard, RTÉ, LMFM agus Northern Sound. Anuas air sin, chuir EirGrid fógraí lena gcaoladh ar stáisiúin raidió áitiúil, LMFM agus Northern Sound.
- 70 Bhí tuairisceoireacht fhorleathan ar an tionscadal sna meáin áitiúla agus náisiúnta mar thoradh ar an ngníomhaíocht sna meáin a rinne EirGrid le linn na céime seo chun feasacht a mhúscailt agus chun plé a spreagadh ar an tionscadal.
- 71 Rinne EirGrid póstaer a ullmhú agus a tháirgeadh don chéim seo den chaidreamh agus é mar aidhm aige feasacht a mhúscailt ar shonraí an phróisis comhairliúcháin agus ar an gcaoi arbh fhéidir leis an bpobal dul i dteagmháil le foireann an tionscadail. Scaipeadh an póstaer sin ar ionaid phoiblí a bhí cóngarach don línebhealach, lena n-áirítear Marglann Dhún an Rí, Comhar Creidmheasa na hUaimhe, agus siopaí nuachtán áitiúla.



Fíor 5.2: Póstaer EirGrid ar Taispeáint i bhFuinneog Siopa sa Limistéar Staidéir le linn Rannpháirtíocht an Phobail agus an Chomhairliúcháin ar an Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)

5.6.3.2 Ionaid Faisnéise an Tionscadail

72 Lean na hionaid faisnéise san Uaimh agus i gCarraig Mhachaire Rois de bheith ar oscailt ar an Máirt agus ar an gCéadaoin faoi seach ón 16 Aibreán 2013. Ba iad 12 meán lae go 7pm na huaireanta oscailte ar mhaithe le freastal ar dhaoine le linn gnáthuaireanta oibre agus lasmuigh díobh (rinneadh na huaireanta oscailte a shíneadh). Éascaíodh cruinnithe lasmuigh de na huaireanta sin le coinne roimh ré.

5.6.3.3 Imeachtaí Laethanta Oscailte

73 Reáchtáladh sraith imeachtaí lae oscailte don phobal ar cuireadh sonraí faoin tionscadal ar fáil agus ar pléadh ábhair inní an phobail lena linn. Bhí baill d'fhoireann tionscadail EirGrid ar fáil ag gach lá oscailte chun labhairt leis an bpobal agus chun freagra a thabhairt ar cheist ar bith a thiocfadh chun cinn.

74 Reáchtáladh sé imeacht lae oscailte san iomlán. Anuas air sin, tar éis iarratais ó Cavan – Monaghan Anti Pylon Committee (*Coiste Chontae Mhuineacháin – an Chabháin in Éadan Píolón*), reáchtáil EirGrid trí imeacht lae oscailte eile in ionaid áitiúla i gContae Mhuineacháin. Tugtar liosta i d**Tábla 5.8** de na laethanta oscailte a reáchtáil EirGrid le linn an chaidrimh ar an athmheasúnú deiridh.

Tábla 5.8: Sonraí maidir le hIonaid, Dátaí agus Amanna na Laethanta Oscailte a reáchtáil EirGrid don Chéim Athmheasúnaithe Deiridh

Ionad	Dáta agus Am
Halla an Bhaile, an Cabhán	Dé Máirt, an 23 Aibreán 2013, 1.00 p.m. – 8.00 p.m.
Halla an Bhaile, an Cabhán	Dé Céadaoin, an 24 Aibreán 2013, 1.00 p.m. – 8.00 p.m.
An Teach Oibre, Bóthar Shearcóige, Carraig Mhachaire Rois	Déardaoin, an 25 Aibreán 2013, 1.00 p.m. – 8.00 p.m.
An Teach Oibre, Bóthar Shearcóige, Carraig Mhachaire Rois	Dé hAoine, an 26 Aibreán 2013, 1.00 p.m. – 8.00 p.m.
Ionad Oideachais na hUaimhe, Áth Luimnigh, an Uaimh	Dé Luain, an 29 Aibreán 2013, 1.00 p.m. – 8.00 p.m.
Ionad Oideachais na hUaimhe, Áth Luimnigh, an Uaimh	Dé Céadaoin, an 1 Bealtaine 2013, 1.00 p.m. – 8.00 p.m.
Laethanta Oscailte Breise	
Ionad CLG Chraobh Mhártain, Baile na Lorgan	Dé Máirt, an 21 Bealtaine 2013, 4.30 p.m. – 8.30 p.m.
Ionad Sóisialta CLG Achadh na Muileann, Carraig Mhachaire Rois	Dé Céadaoin, an 22 Bealtaine 2013, 4.30 p.m. – 8.30 p.m.
Ionad Pobail na Coirre Duibhe-Ráth Fiachrach, Carraig Mhachaire Rois	Déardaoin, an 23 Bealtaine 2013, 4.30 p.m. – 8.30 p.m.



Fíor 5.3: Ionad Oideachais na hUaimhe inar Reáchtáladh Laethanta Oscailte tar éis Fhoilsiú an *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)* agus an *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)*.

75 Chruthaigh EirGrid taispeántí faisnéise (painéil de mhéid A0) le húsáid ag na himeachtaí sin. Bhain foireann tionscadail EirGrid leas astu sin chun cabhrú leo topaicí a bhain leis an tionscadal a mhíniú don phobal agus a phlé leo. Déantar achoimre orthu sin i d**Tábla 5.9**. D'fhonn cabhrú le ceisteanna sonracha a bhaineann le láthair an Línebhealaigh Tháscaigh, agus go sonracha a chóngaraí atá sé don limistéar sainiúil is spéis leis an bpáirtí leasmhar (lenar áiríodh áiteanna cónaithe, gabháltais, agus áiseanna pobail ar nós scoileanna), tháirg EirGrid léarscáiliú mionsonraithe ar an Línebhealach Tásach. Cuireadh an léarscáiliú sin ar fáil ar na taispeántí faisnéise (scála 1:10,000) agus i leabhair léarscáileanna (1:10,000 agus 1:25,000) araon. Bhí ábhair thacaíochta bhreise ar fáil freisin.

Tábla 5.9: Sonraí ar na Taispeántí a Cuireadh ar Fáil ag na Laethanta Oscailte maidir leis an *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)*

Teideal	Cuspóir na Taispeána
Léarscáil den chóras tarchuir reatha	Ar an taispeánt seo, léiríodh gréasán na greille náisiúnta de línte agus de cháblaí cumhachta ardvoltais lena n-íompraítear leictreachas ar fud na tíre.
Céard atá i gceist leis an tionscadal agus cén fáth a bhfuil gá leis?	Soláthraíodh faisnéis inti ar phríomhspreagthóirí na Forbartha Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV.

Teideal	Cuspóir na Taispeána
Limistéar Staidéir an Chabháin-Mhuineacháin (CMSA) agus Limistéar Staidéir na Mí (MSA)	Soláthraíodh léarscáileanna inti de limistéir staidéir CMSA agus MSA.
Sriantachtaí laistigh de CMSA agus MSA	Soláthraíodh faisnéis inti ar na sriantachtaí a shainithin foireann tionscadail EirGrid agus a sainithníodh trí fhaisnéis a bailíodh le linn an chomhairliúcháin.
Sriantachtaí laistigh de roghanna um chonair bhealaigh CMSA agus MSA	Mar atá thuas le roghanna um chonair bhealaigh léirithe os a chionn chun na himpleachtaí ar shriantachtaí maidir le gach rogha a chinneadh.
Línebhealaí Táscacha CMSA agus MSA	Léiríodh inti na Línebhealaí Táscacha i limistéir staidéir CMSA agus MSA.
Treochlár Forbartha Tionscadail	Soláthraíodh faisnéis inti ar chéim reatha an tionscadail agus ar a slí i dtreo réiteach tionscadail roghnaithe agus iarratas nua pleanála don tionscadal a forbairt.
Teicneolaíocht	Soláthraíodh faisnéis inti ar an measúnacht chomparáideach ar na roghanna teicneolaíochta a mheas EirGrid don tionscadal
Sochar Pobail	Soláthraíodh faisnéis inti ar phrionsabal an tsochair pobail agus na Téarmaí Tagartha le haghaidh an chomhairliúcháin leis an bpobal chun aiseolas a lorg maidir le sochar pobail.

76 D'fhonn cabhrú le ceistanna sonracha a bhaineann le láthair an Línebhealaigh Tháscaigh, agus go sonracha a chógaráí atá sé don limistéar sainiúil is spéis leis an bpáirtí leasmhar (lenar áiríodh áiteanna cónaithe, gabháiltais, agus áiseanna pobail ar nós scoileanna), tháirg EirGrid léarscáiliú mionsonraithe ar an Línebhealach Táscach. Cuireadh an léarscáiliú sin ar fáil ar na taispeántí faisnéise (scála 1:10,000) agus i leabhair léarscáileanna (1:10,000 agus 1:25,000) araon.

77 Bhí speisialtóirí teicniúla ar fáil freisin chun na hábhair imní a phlé le páirtithe leasmhara. Ba iad seo a leanas na sainréimsí teicniúla:

- Roghanna teicneolaíochta;
- Réimsí leictreacha agus maighnéadacha (EMF);
- Pleanáil;
- Cúrsaí comhshaoil, lena n-áirítear cúrsaí éiceolaíochta agus seandálaíochta;

- Dearadh líne; agus
- Cúrsaí Úinéirí Talún

78 Bhí speisialtóir teicniúil ar EMF ar fáil ag na laethanta oscailte chun freagra a thabhairt ar cheisteanna ón bpobal agus ar na hábhair inní a bhí acu i leith EMF. Chomh maith leis sin, cheap EirGrid Compliance Engineering Ireland Ltd. chun tomhas EMF a léiriú ag roinnt de na laethanta oscailte¹⁶ le réimsí gnáthearraí tí, lena n-áirítear triomadóir gruaige agus tine leictreach. Bhí sé mar aidhm ag an taispeánt idirghníomhach sin bealach éasca praiticiúil a chur i láthair chun prionsabail agus láidreachtaí réimsí leictreacha agus maighnéadacha a thuiscint. Cuireadh cóipeanna den bhileog faisnéise a chuir EirGrid le chéile maidir le EMF, *EMF and You (EMF agus Tú Féin)*, ar fáil mar thaca leis an taispeánt sin, agus soláthraíodh cóipeanna den treoir faisnéise don phobal sin do dhaoine a d'fhreastail ar imeachtaí.

79 Rinne foireann an tionscadail, sa mhéid agus ab fhéidir é, na tuairimí agus an t-aiseolas a soláthraíodh de thoradh rannpháirtíocht an phobail sna himeachtaí sin a thaifeadh. Breacadh na nótaí sin go hoscailte i láthair na bpáirtithe leasmhara, agus míníodh dóibh gurbh é an cuspóir a bhí leis a dtuairimí/a n-ábhair inní a thaifeadh mar thaifead ar a rannpháirtíocht, agus go ndéanfadh foireann an tionscadail na tuairimí agus na hábhair inní sin ar fad a thaifeadh, a chur i gcomparáid, agus a athbhreithniú.

5.6.3.4 Bileog Faisnéise Nuashonraithe don Phobal, Aibreán 2013

80 Rinne EirGrid *Bileog Faisnéise Nuashonraithe don Phobal, Aibreán 2013* a ullmhú agus a tháirgeadh lena scaipeadh ar an bpobal agus ar pháirtithe leasmhara ar spéis leo an tionscadal mar chuid den chaidreamh leis an bpobal ar an *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)*. Sa bhileog faisnéise sin, tugadh cur síos soiléir achomair ar chúla agus ar chomhthéacs an togra, ar an dul chun cinn go dtí seo (lena n-áirítear athbhreithniú an Choimisiúin um Shaineolaithe Neamhspleácha) agus ar stádas reatha an tionscadail. Sainaithníodh inti spreagthóirí an tionscadail agus cén fáth a raibh gá leis an bhforbairt. Leagadh forbheathnú amach inti ar dhul chun cinn an tionscadail ar fad ón réamhchéim athmheasúnaithe go cur isteach an iarratais agus ar staid an tionscadail ag an am sin. Sainaithníodh inti na clocha míle tábhachtacha a baineadh amach agus na céimeanna tábhachtacha comhairliúcháin a rinneadh ar an mbealach.

¹⁶ Chuir EirGrid an Taispeánt Idirghníomhach sin ar EMF ar fáil ag na trí lá oscailte bhreise a d'iarr CMAPC agus ag na himeachtaí lae oscailte a réachtáladh le haghaidh an chomhairliúcháin maidir leis an *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)*.

- 81 Áiríodh léi léarscáil den línebhealach táscach agus den chonair roghnaithe a bhí á mbreithniú, mar aon leis an dóigh a nascfadh sé leis an gcuid sin den idirnascaire a bheadh lonnaithe i dTuaisceart Éireann.
- 82 Leagadh amach sa bhileog faisnéise torthaí an *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)*. Iarradh aiseolas inti ar cheann ar bith de thorthaí na tuarascála. Soláthraíodh inti sonraí faoi 6 lá oscailte a bheadh ar siúl, lena áiríodh láthair, dátaí agus amanna na laethanta oscailte sin. Tugadh sonraí teagmhála inti le haghaidh aighneachtaí i scríbhinn, ríomhphoist, an tsuímh gréasáin agus na n-ionad faisnéise san Uaimh, i gCarraig Mhachaire Rois agus i nDún an Rí.
- 83 Tá cóip den bhileog faisnéise sin le fáil in **Aguisín D** leis an tuarascáil seo.

5.6.3.5 Litreacha a Sheoladh chuig Páirtithe Leasmhara

- 84 Rinneadh litir, agus cóip den Bhileog Faisnéise Nuashonraithe don Phobal ag gabháil léi, a sheoladh chuig na grúpaí páirtithe leasmhara seo a leanas chun cuireadh a thabhairt dóibh a bheith rannpháirteach sa chéim seo den chomhairliúchán:
- Ionadaithe poiblí;
 - Údaráis fhorordaithe (atá forordaithe chun críocha an iarratais);
 - Grúpaí ionadaíochá náisiúnta;
 - Grúpaí ionadaíochá contae;
 - Grúpaí áitiúla, gnó, agus pobail laistigh de 5 km den Línebhealach Táscach;
 - An pobal, lena n-áirítear breathnóirí lena ndeachthas i dteagmháil mar chuid den chomhairliúchán ar an réamhchéim athmheasúnaithe agus páirtí leasmhar ar bith eile a bhí rannpháirteach sa chéim sin; agus
 - Úinéirí talún feadh an línebhealaigh (tugtar sonraí breise orthu sin i **gCaibidil 7** den tuarascáil seo).
- 85 I gcás ina raibh sonraí teagmhála ar fáil le haghaidh eagraíochtaí agus grúpaí, chuaigh baill d'fhoireann an tionscadail i dteagmháil leo agus thug siad faisnéis dóibh ar an gcaidreamh.

5.6.4 An tAiseolas a Fuarthas

5.6.4.1 An Leibhéal Rannpháirtíochta

86 Tugtar sonraí i d**Tábla 5.10** ar na haighneachtaí a fuarthas mar chuid den chomhairliúchán ar an *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)*.

Tábla 5.10: Rannpháirtíocht an phobail le linn an *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)*

Foinse an Aiseolais ó Pháirtithe Leasmhara	Líon Aighneachtaí
Cruinniú faisnéise maidir leis an tionscadal / Cruinniú	18
Ionaid faisnéise & Líne Theileafóin	22
Aighneachtaí i scríbhinn (lena n-áirítear ríomhphost)	58
Laethanta Oscailte (an Chéad Sraith*)	70
Imeachtaí Tráthnóna Oscailte (Muineachán) (an Dara Sraith*)	500
iomlán	668

* An chéad sraith: ar siúl an 11, an 16 agus an 17 Deireadh Fómhair – níos mó ná 500 páirtí leasmhar i láthair. An dara sraith: ar siúl an 27 agus an 28 Samhain 2007 – níos mó ná 300 páirtí leasmhar i láthair.

5.6.4.2 Modhanna Taifeadta agus Scaipthe

87 Taifeadadh an t-aiseolas ar fad a fuarthas mar fhreagra ar an gcomhairliúchán agus ar an gcaidreamh a bhain leis an tionscadal. Leanadh níos imeachta loighciúil i gcás gach saincheiste a d'ardaigh na páirtithe leasmhara lena áirithiú go mbeadh na baill ábhartha d'fhoireann tionscadail EirGrid ar an eolas maidir leis an tsaincheist ag an gcéim ab iomchuí agus go ndeachthas i ngleic leis an tsaincheist ar bhealach iomchuí. Is féidir cur síos ginearálta a dhéanamh ar an bpróiseas mar seo a leanas:

1. D'ardaigh an páirtí leasmhar an tsaincheist le duine d'fhoireann an tionscadail trí cheann de na bealaí cumarsáide a bhí ar fáil (líne theileafóin, ionad faisnéise agus lá oscailte).

2. Thug duine d'fhoireann an tionscadail freagra inar cuireadh faisnéis fhórasach ábhartha ar fáil ar an tsaincheist a ardaíodh.
3. I gcás inar iarr an páirtí leasmhar faisnéis bhreise, rinne an duine sin ó fhoireann an tionscadail na sonraí a thaifeadadh agus cuireadh na sonraí ar aghaidh chuig an mball iomchuí d'fhoireann tionscadail EirGrid chun go bhféachfadh an duine sin air nó go ndéanfadh sé athbhreithniú air agus, má ba chúí, go dtabharfaí freagra air. I gcás inar iarr an páirtí leasmhar faisnéis shonrach, mar shampla láthair na líne gar dá theach, cuireadh an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig foireann an tionscadail agus rinneadh léarscáil shaincheaptha a chruthú agus a thabhairt don pháirtí leasmhar. Comhdaíodh sonraí ar an gcomhfhreagras, lena áiríodh gach ceangaltán agus iatán (tuarascálacha, bróisiúir, léarscáilíú) a soláthraíodh chun taifead a choinneáil ar an bhfaisnéis a eisíodh, chun an leibhéal aiseolais a fuarthas a rianú, agus chun tuairisciú a d'athbhreithneodh foireann an tionscadail a éascú.
4. Chuir foireann an tionscadail modhanna breise caidrimh ar fáil, amhail plé duine le duine ar an tsaincheist (le foireann an tionscadail nó le saineolaí teicniúil ábhartha), agus sholáthair siad sonraí ar na modhanna ina bhféadfadh an páirtí leasmhar dul i mbun caidrimh (i.e. ionad faisnéise, imeachtaí lae oscailte ar ar fhreastail foireann an tionscadail).
5. Taifeadadh sonraí ar an aiseolas ar fad a fuarthas trí na modhanna éagsúla (i.e. lá oscailte, ionad faisnéise, ríomhphost, litir). Ina dhiaidh sin, tiomsaíodh an t-aiseolas ar fad a fuarthas de réir théamaí na saincheisteanna a ardaíodh, e.g. dearadh na líne, sláinte agus EMF, ábhair inní maidir leis an tírdhreach agus gnéithe amhairc. Scaipeadh an t-aiseolas tiomsaithe sin ar fhoireann an tionscadail le breithniú agus athbhreithniú a dhéanamh air, agus lena áirithiú go mbeadh foireann an tionscadail ar an eolas i gcónaí ar an aiseolas agus ar na saincheisteanna a bhí á n-ardú ag an bpobal.
6. Rinne foireann an tionscadail athbhreithniú ar na saincheisteanna agus ar an aiseolas a ardaíodh trí rannpháirtíocht an phobail chun an tionchar ar an tionscadal a chinneadh.
7. Nuair ba chúí, d'fhan foireann an tionscadail i dteagmháil leis an bpáirtí leasmhar maidir leis an tsaincheist a bhí ardaithe lena chinntiú gur thuig an páirtí leasmhar go raibh breithniú agus athbhreithniú á ndéanamh ar an tsaincheist agus, i gcás inar chúí, gur scrúdaíodh agus gur tuairiscíodh an tsaincheist i dtuarascálacha an tionscadail.
8. Má athraíodh an tionscadal mar gheall ar nithe ar leith nó má ardaíodh saincheist shuntasach nó nua a bhain leis an tionscadal mar gheall orthu, scaipeadh iad sin ar na daoine ábhartha den fhoireann chun go ndéanfaí breithniú agus athbhreithniú orthu.

5.6.5 An Cineál Aiseolais a Fuarthas

- 88 Rinneadh achoimre ardleibhéil i gCaibidil 2 den *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)* (a d'fhoilsigh EirGrid i mí Iúil 2013) ar na príomhshaincheisteanna a ardaíodh in aighneachtaí a fuarthas ón bpobal maidir leis an *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)*; tá an freagra a thug EirGrid ar na saincheisteanna sin le fáil sa chaibidil sin freisin. Foilsíodh achoimre níos mine ar na saincheisteanna a ardaíodh in Aguisín C leis an *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)* (faoin teideal *The Final Re-evaluation Public Engagement Report [An Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh ar Chaidreamh an Phobail]*). Cuirtear Caibidil 2 den *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)* agus Aguisín C léi san áireamh mar **Aguisín E** agus **Aguisín F** faoi seach leis an tuarascáil seo. Tá forbhreathnú ar na saincheisteanna le fáil i d**Tábla 5.11**.
- 89 Ba cheart a thabhairt faoi deara gur ó aighneachtaí i scríbhinn agus ó chruinnithe a tiomsaíodh na haighneachtaí ó údaráis phoiblí maidir leis an *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)* agus rinneadh iad a achoimriú, in éineacht leis an bhfreagra a thug EirGrid orthu, i d**Tábla 2.4** den *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)*.

Tábla 5.11: An Cineál Aiseolais a Fuarthas maidir leis an *Final Re-Evaluation Report* (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)

Catagóir Aighneachta	Sonraí
Aighneachtaí a fuarthas ó údaráis fhorordaithe maidir leis an <i>Final Re-evaluation Report</i> (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)	Feic Caibidil 2, Tábla 2.4 den <i>Preferred Project Solution Report</i> (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe) le haghaidh sonraí (i.e. Aguisín E leis an Tuarascáil seo)
Aighneachtaí a fuarthas ó pháirtithe leasmhara eile maidir leis an <i>Final Re-evaluation Report</i> (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)	<p>I roinnt aighneachtaí, ardaíodh saincheisteanna a bhí ábhartha, nó mar fhreagairt, don <i>Final Re-Evaluation Report</i> (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh). Bhain siad sin leis na nithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> ○ An Gá atá leis an Tionscadal / Raon Feidhme an Tionscadail ○ Roghanna Eile <ul style="list-style-type: none"> ▪ Comparáidí Comhshaoil agus Costais idir UGC agus OHL; ▪ Moltaí treoraithe le haghaidh UGC; ▪ Tagairt do shamplaí idirnáisiúnta agus do dhul chun cinn sa teicneolaíocht; agus ▪ Roghanna eile chun freastal ar riachtanais an tionscadail. ○ Limistéar Staidéir, Conairí a Shainnithint agus Measúnú ar Chonairí
Aighneachtaí a bhain le hábhar an <i>Preferred Project Solution Report</i> (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe) (i.e. an dearadh líne a bheartaítear)	<p>I roinnt aighneachtaí, ardaíodh ábhair inní ar leith nó fiosruithe maidir le hailíniú an chiorcaid a bheartaítear, lena n-áirítear mionathruithe áitiúla féideartha ar an ailíniú agus ar shuí an ailínithe, agus maidir le rochtain le linn na tógála.</p> <p>I measc saincheisteanna ábhartha eile bhí dearadh struchtúir agus láithreacha struchtúir, gaireacht d'áiteanna cónaithe agus do ghabhdóirí eile, agus oibriú na líne.</p>
Aighneachtaí atá ábhartha do Phróiseas na Measúnachta Tionchair Timpeallachta (EIA)	<p>Ardaíodh saincheisteanna a bhí ábhartha don EIA mar chuid den chomhairliúchán athmheasúnaithe. Den chuid is mó, is faoi na ceannteidil seo a leanas a tháinig sonraí ar thuairimí, ar shriantaí agus ar bhreithnithe ar leith a d'ardaigh páirtithe leasmhara agus a d'fhéadfadh bheith ábhartha do chéim an EIA:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Agranamaíocht; • Tionchar ar an bPobal agus ar Shaincheisteanna Socheacnamaíocha; • Tionchar Carnach; • Oidhreacht Chultúrtha & Seandálaíocht; • Éiceolaíocht; • Sláinte; • Tionchar ar an Tírdhreach agus Tionchar Amhairc; agus • Torann.

Catagóir Aighneachta	Sonraí
Aighneachtaí a bhain le sochar pobail	Faoi mar atá leagtha amach sna téarmaí tagartha do chaidreamh leis an bpobal maidir leis an <i>Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)</i> , d'iarr EirGrid aiseolas ar an gcaoi is fearr chun glacadh le bearta sochar pobail laistigh d'fhorbairt tionscadail tarchuir agus de chlár Eangach25 go ginearálta. Chuir roinnt páirtithe leasmhara aiseolas ar fáil ina leith sin.
Aighneachtaí a bhain le saincheistanna eile	Ardaíodh i roinnt aighneachtaí freisin saincheistanna ginearálta a bhain leis an tionscadal. Rangaíodh iad sin faoi na ceannteidil seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> • Caidreamh leis an bpobal; • Pleanáil; • Cúiteamh; agus • Réadmhaoin.

5.6.6 Freagraí ar na Saincheistanna a Ardaíodh

- 90 D'admhaigh EirGrid i scríbhinn na haighneachtaí i scríbhinn a fuarthas (sa phost, ag lá oscailte, i ríomhphost) agus gabhadh buíochas leis an bpáirtí leasmhar as an am a ghlacadh chun aiseolas a chur isteach. Rinneadh sonraí ar gach aighneacht ó bhéal a fuarthas ag ionaid faisnéise an tionscadail, ag imeachtaí lae oscailte, le linn plé le páirtithe leasmhara / úinéirí talún a thaifeadadh chomh mionsonraithe agus ab fhéidir. Tiomsaíodh sonraí ar na comhráite de réir téamaí chun go ndéanadh foireann an tionscadail athbhreithniú orthu ina dhiaidh sin.
- 91 Léiríodh leis an bhfreagra roghnaithe an modh teagmhála tosaigh don chaidreamh agus na sonraí teagmhála a bhí ar fáil le haghaidh an pháirtí leasmhair sin. Má roghnaíodh modh caidrimh amháin, níor chuir sin cosc ar úsáid modha eile. Ina áit sin, baineadh úsáid as gach modh caidrimh, ach bhraith an úsáid a baineadh as modh ar leith ar an bhfreagra ab iomchuí, ar riachtanais an pháirtí leasmhair, agus ar an tsaincheist áirithe.
- 92 I gCaibidil 2 den *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)* dar teideal 'Caidreamh leis an bPobal agus leis na Páirtithe Leasmhara', tá achoimre ar na gníomhaíochtaí caidrimh agus ar an aiseolas a fuarthas tar éis fhoilsiú an *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)*. Tá tuilleadh sonraí ar fáil sa *Final Re-evaluation Public Consultation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh ar an gComhairliúchán Poiblí)*, a chuirtear san áireamh mar Aguisín C leis an *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)*. Cuirtear í sin san áireamh mar **Aguisín F** leis an tuarascáil seo.

5.6.7 An Dóigh a ndeachaigh Aiseolas i gcion ar Fhorbairt an Tionscadail

- 93 Cinneadh sa *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)*, ar bhonn athmheasúnú srianta comhshaoil nuashonraithe agus eolas eile, gurb ann do línebhealach táscach atá inmharthana agus inghlactha ó thaobh an chomhshaoil de i gcomhair líne lasnairde 400 kV. Thángthas ar an gconclúid inti freisin nach bhfuil aon impleachtaí suntasacha a thacaíonn le UGC a úsáid feadh aon choda den línebhealach táscach.
- 94 Léirítear i **gCaibidil 7** den tuarascáil seo an próiseas trínar bainistíodh agus trínar láimhseáladh iarratais ar mhionathruithe a fuarthas ó úinéirí talún, áit a bpléitear an caidreamh le húinéirí talún freisin. Ar an gcaoi chéanna, rinne foireann an tionscadail aiseolas a fuarthas ó pháirtithe leasmhara (nárbh úinéirí talún iad) ag a raibh impleachtaí ar dhearadh líne an tionscadail a thaifeadadh agus a bhreithniú.
- 95 I dTábla 3.1, i dTábla 3.2 agus i dTábla 3.3 den *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)*, cuirtear samplaí i láthair lena léirítear an dóigh ar bhain saincheisteanna agus iarratais ar mhionathruithe leis na mionathruithe féideartha ar an línebhealach. Cuirtear na táblaí sin san áireamh mar **Aguisín G** leis an tuarascáil seo.
- 96 Ardaíodh ceisteanna ní ba shonraí freisin maidir le gnéithe comhshaoil. Rinne foireann an tionscadail breithniú agus athbhreithniú ar an aiseolas sin freisin agus an EIS á ullmhú.

6 PREFERRED PROJECT SOLUTION REPORT (*TUARASCÁIL UM RÉITEACH TIONSCADAIL ROGHNAITHE*)

6.1 RÉAMHRÁ

1 Mar chuid de chéim seo an chomhairliúcháin, tugadh faoi trí shraith caidrimh, mar seo a leanas:

- Comhairliúchán agus rannpháirtíocht an phobail maidir leis an réiteach tionscadail roghnaithe agus le hábhair chomhshaoil a bhí le plé sa Ráiteas Tionchair Timpeallachta (EIS);
- Caidreamh le húinéirí talún maidir leis an línebhealach roghnaithe, láithreacha beartaithe na dtúr, agus bealaí rochtana táscacha (ar a bhfuil cur síos ar leith i gCaibidil 7 den Tuarascáil seo); agus
- Caidreamh le húdaráis fhorordaithe (ar a bhfuil cur síos ar leith i gCaibidil 3, **Imleabhar 3B** den EIS atá ag gabháil leis an iarratas pleanála ar cheadú).

2 Sa chaibidil seo, leagtar amach an cur chuige a glacadh le haghaidh an chomhairliúcháin phoiblí agus soláthraítear sonraí ann ar na gníomhaíochtaí cumarsáide a rinne EirGrid le háirithiú go raibh an comhairliúchán inrochtana, cuntasach, agus bríoch.

6.2 CUR CHUIGE I LEITH AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN AGUS RANPHÁIRTÍOCHT AN PHOBAIL

3 Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an aiseolas ar fad a fuarthas le linn na dtréimhsí athmheasúnaithe, d'fhoilsigh EirGrid *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)* i mí Iúil 2013. Sainithníodh inti na tograí mionsonraithe le haghaidh an tionscadail agus cuireadh an línebhealach roghnaithe agus na láithreacha túir a bheartaítear san áireamh inti. Sainithníodh sonraí faoi bhealaí rochtana táscacha chun críocha tógála inti freisin.

4 I dTábla 3.1, i dTábla 3.2 agus i dTábla 3.3 den *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)*, cuirtear samplaí i láthair lena léirítear an dóigh ar bhain saincheisteanna agus iarratais ar mhionathruithe leis na mionathruithe féideartha ar an línebhealach a tháinig as céimeanna roimhe sin den chomhairliúchán (lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an iarratas roimhe seo ar cheadú agus leis an bpróiseas um athmheasúnú). Cuirtear na táblaí sin san áireamh mar **Aguisín G** leis an tuarascáil seo.

- 5 Reáchtáil EirGrid tréimhse comhairliúcháin fhoirmiúil phoiblí ar feadh ocht seachtaine (idir Dé Máirt, an 16 Iúil 2013, agus Dé Luain, an 9 Meán Fómhair 2013). Tugtar sonraí i **Rannán 6.2.3** den tuarascáil seo ar an bhfeachtas fógraíochta agus meán agus ar na modhanna eile ar baineadh leas astu chun an tréimhse comhairliúcháin a phoiblíú.
- 6 Le linn na céime sin, chuaigh EirGrid i mbun caidrimh freisin le húnéirí talún agus le grúpaí ionadaíocha d'úinéirí talún, de réir mar ba chuí, maidir le sonraí ar an línebhealach roghnaithe, ar na láithreacha túir a bheartaítear agus ar bhealaí rochtana táscacha le haghaidh na tógála. Cuireadh próiseas i bhfeidhm chun iarratais ar mhionathrú ó úinéirí talún a mheasúnú agus a bhainistiú. Déantar cur síos ar leith ar an gcaidreamh le húnéirí talún i **gCaibidil 7** den Tuarascáil seo.
- 7 Céim thábhachtach ab ea foilsíú na tuarascála seo i bpróiseas pleanála agus seachadta an tionscadail, agus rinne EirGrid iarracht na nithe seo a leanas a dhéanamh:
- Dul i gcomhairle leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara eile maidir le raon feidhme an EIS;
 - Dul i gcomhairle leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara eile maidir leis an Réiteach Tionscadail Roghnaithe;
 - Faisnéis ar an tionscadal, ar dhearadh na líne, agus ar an dul chun cinn ar iarratas pleanála a sholáthar don phobal, d'úinéirí talún, agus do pháirtithe leasmhara eile; agus
 - A áirithiú go mbeadh rochtain chuí ag gach páirtí leasmhar ábhartha ar fhaisnéis agus ar phróiseas cinnteoireachta an tionscadail i bhfad sula gcuirfí an t-iarratas faoi bhráid an Bhoird.

6.2.1 Téarmaí Tagartha

- 8 Ba iad seo a leanas na téarmaí tagartha don chéim seo den chaidreamh leis an bpobal:
- Tuairim a léiriú ar ábhar agus ar thorthaí an *Preferred Project Solution Report* (*Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe*), go háirithe iad seo a leanas:
 - An mhodheolaíocht don dearadh líne;
 - An mhodheolaíocht don tógáil agus do na bealaí rochtana;
 - Aiseolas a chur ar fáil ar ábhair chomhshaoil le breithniú san EIS; agus
 - Aiseolas nó tuairimí nó saincheisteananna ar bith eile a chur ar fáil a bhaineann leis an tionscadal.

- 9 Ba ón 16 Iúil 2013 go dtí an 9 Meán Fómhair 2013 a mhair an tréimhse ina bhféadfaí aighneachtaí a dhéanamh.

6.2.2 Modhanna Rannpháirtíochta

- 10 Rinneadh céim an chomhairliúcháin a phoibliú trí na nithe seo a leanas: suíomh gréasáin EirGrid, preaseisiúintí, fógraí preasa agus post díreach chuig páirtithe leasmhara sainaitheanta ar spéis leo an tionscadal. Chomh maith leis sin, thug EirGrid faoi réimse leathan gníomhaíochtaí cumarsáide chun caidreamh chomh forleathan agus ab fhéidir a éascú.
- 11 Fógraíodh laethanta oscailte don phobal, mar aon leis na hionaid agus na dátaí a bhaineann leo. Fógraíodh freisin láithreacha agus uaireanta oscailte na n-oifigí faisnéise san Uaimh, i gCarraig Mhachaire Rois agus i nDún an Rí. Chomh maith leis sin, baineadh leas as an bhfógraíocht chun daoine a threorú chuig suíomh gréasáin EirGrid le haghaidh faisnéise faoin tionscadal. Táirgeadh *Bileog Faisnéise Nuashonraithe don Phobal* freisin, rud inar cuireadh síos ar an bhforbairt a bheartaítear agus ar chuspóir chéim an chomhairliúcháin. Cuireadh sonraí ar fáil inti faoi na laethanta oscailte don phobal a chuirfí ar siúl agus faoi conas a d'fhéadfaí aighneachtaí a dhéanamh trí aighneacht i scríbhinn, trí ríomhphost nó trí aighneacht ó bhéal ag ionaid faisnéise an tionscadail, ag laethanta oscailte don phobal, trí líne theileafóin íosghlao an tionscadail nó trí chruinnithe eagraithe duine le duine dá n-iarrfaí iad.
- 12 Chun freastal ar rannpháirtíocht an phobail agus páirtithe eile sa bhabhta caidrimh seo, cuireadh an fhaisnéis seo a leanas ar fáil d'aon pháirtí eile lena mbaineann ag tús an bhabhta comhairliúcháin seo:
- Bhí an *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)* agus aguisíní gaolmhara le fáil lena n-íniúchadh ag ionaid faisnéise an tionscadail agus ag laethanta oscailte an tionscadail. Bhí an tuarascáil ar fáil ar shuíomh gréasáin an tionscadail, agus tugadh cóipeanna do pháirtithe leasmhara a d'iarr sin. Ina theannta sin, cuireadh cóipeanna den tuarascáil ar fáil do na leabharlannaithe contae sa Mhí, sa Chabhán agus i Muineachán chun iad a chur ar taispeáint sna leabharlanna.
 - Leagan nuashonraithe den *Bhileog Faisnéise Nuashonraithe don Phobal* (Iúil 2013) inar léiríodh stádas reatha an tionscadail agus sonraí ar an gcaoi a bhféadfadh páirtithe leasmhara dul i mbun caidrimh le EirGrid.
 - Cuireadh léarscáil scála 1:10,000 inar léiríodh an línebhealach roghnaithe agus na láithreacha túir i Limistéar Staidéir an Chabháin-Mhuineacháin (CMSA) agus i

Limistéar Staidéir na Mí (MSA) ar fáil ar shuíomh gréasáin an tionscadail. Cuireadh an léarscáil scála 1:10,000 agus an léarscáil scála 1:25,000 araon inar léiríodh an línebhealach roghnaithe agus na láithreacha túir i Limistéar Staidéir an Chabháin-Mhuineacháin (CMSA) agus i Limistéar Staidéir na Mí (MSA) ar fáil in ionaid áitiúla faisnéise an tionscadail san Uaimh, i gCarraig Mhachaire Rois agus i nDún an Rí, ag laethanta oscailte an tionscadail, agus ó sheirbhís faisnéise an tionscadail ach iad a iarraidh. Ullmhaíodh léarscáileanna saincheaptha agus cuireadh ar fáil iad do na páirtithe leasmhara a d'iarr sin.

- Cruthaíodh leagan nuashonraithe de na ceisteanna coitianta agus foilsíodh ar shuíomh gréasáin an tionscadail é. Bhí cóipeanna den cháipéis sin le fáil ó oifigí faisnéise an tionscadail agus ag na laethanta oscailte freisin. Foilsíodh cáipéis na gCeisteanna Coitianta i mí Iúil 2013.

6.2.3 Gníomhaíochtaí Cumarsáide

- 13 Tugtar forbhreathnú achomair i d**Tábla 6.1** thíos ar na gníomhaíochtaí cumarsáide ar glacadh leo le haghaidh comhairliúcháin le linn na céime um réiteach tionscadail roghnaithe.

Tábla 6.1: Achoimre ar na Gníomhaíochtaí Cumarsáide a Rinne EirGrid le linn an Chaidrimh leis an bPobal agus le hÚinéirí Talún maidir le torthaí an *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)*

Modh	Gníomhaíocht Cumarsáide
Preaseisiúintí	D'eisigh EirGrid preaseisiúintí leis na meáin lena áirithiú go mbeadh an pobal agus úinéirí talún ar an eolas faoi fhoilsiú an <i>Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)</i> agus faoi na deiseanna le bheith rannpháirteach sa tréimhse comhairliúcháin.
Fógraíocht	Foilsíodh ocht bhfógra sna nuachtáin áitiúla chun feasacht a mhúscailt ar chéim an chaidrimh um réiteach tionscadail roghnaithe. Tugadh faoi fhógraíocht ar an raidió freisin.
Líne theileafóin íosghlao	Leanúint de líne theileafóin íosghlao an tionscadail ó 9am go 5pm, an Luan go dtí an Aoine.
Ionaid Faisnéise an Tionscadail	Rinne EirGrid na trí ionad faisnéise tionscadail san Uaimh, i gCarraig Mhachaire Rois, agus i nDún an Rí a athoscailt.
Imeachtaí Laethanta oscailte	Reáchtáladh trí cinn de laethanta oscailte ar an iomlán le linn na céime sin (feic Tábla 6.2).
Caidreamh réamhghníomhach	Tugadh faoi chaidreamh réamhghníomhach le páirtithe leasmhara lena áirithiú go mbeadh an oiread páirtithe leasmhara agus ab fhéidir ar an eolas maidir leis an gcaidreamh agus leis na deiseanna agus na modhanna éagsúla le bheith rannpháirteach le foireann an tionscadail.
Cruinnithe	Reáchtáladh cruinnithe le roinnt grúpaí páirtithe leasmhara i rith na tréimhse caidrimh seo.
Bileog Faisnéise Nuashonraithe don Phobal	Rinne EirGrid <i>Bileog Faisnéise Nuashonraithe don Phobal: Iúil 2013</i> a ullmhú agus a eisiúint ina raibh sonraí ar thorthaí an <i>Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)</i> agus ar théarmaí tagartha an chaidrimh.
Ceisteanna Coitianta	D'fhoilsigh EirGrid leagan nua de na Ceisteanna Coitianta ar shuíomh gréasáin an tionscadail i mí Iúil 2013. Cuireadh ar fáil é ar shuíomh gréasáin an tionscadail agus i bhformáid chruachóipe ag na laethanta oscailte agus ag na hionaid faisnéise agus soláthraíodh é dóibh siúd a d'iarr cóipeanna ar an teileafón.
Litreacha	Seoladh amach litreacha agus an <i>Bhileog Faisnéise Nuashonraithe don Phobal</i> chuig na páirtithe leasmhara

Modh	Gníomhaíocht Cumarsáide
Suíomh gréasáin	Rinneadh suíomh gréasáin an tionscadail a nuashonrú, agus faisnéis á cur leis chun foilsiú an <i>Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)</i> a léiriú.
Preferred Project Solution Report (<i>Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe</i>)	Mar aon lena bheith ar fáil ar an suíomh gréasáin, ag oifigí faisnéise an tionscadail agus ag laethanta oscailte, rinneadh cóipeanna den <i>Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)</i> a scaipeadh ar leabharlannaithe contae lena gcur ar thaispeáint phoiblí agus ar aon pháirtithe leasmhara ar spéis leo an tionscadal nuair a iarradh iad (i.e. léarscáileanna agus tuarascálacha).

6.2.3.1 Gníomhaíocht agus Fógraíocht sna Meáin

- 14 Rinneadh an-iarracht a áirithiú go mbeadh an oiread daoine agus ab fhéidir ar an eolas faoin tionscadal agus go mbeadh deiseanna ag an bpobal agus ag an bpobal lena mbaineann a bheith rannpháirteach. Baineadh amach é sin trí leas a bhaint as an meascán de na nithe seo a leanas: preaseisiúintí a sheoladh chuig nuachtáin náisiúnta agus áitiúla agus chuig na meáin chraolta agus leictreonacha, fógraí a fhoilsiú i nuachtáin áitiúla agus fógraí a chraoladh ar dhá stáisiún raidió áitiúla, agus iad a sholáthar ar líne ar shuíomh gréasáin EirGrid.
- 15 Chuir EirGrid fógraí sna meáin áitiúla chun eolas a thabhairt don phobal (agus d'úinéirí talún) faoi shonraí an *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)*, faoi stádas reatha an tionscadail, agus faoin gcaoi arbh fhéidir leis an bpobal páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán poiblí.

6.2.3.2 Ionaid Faisnéise an Tionscadail

- 16 Mar chuid den chaidreamh leis an bpobal maidir leis an *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)*, agus tar éis dó éisteacht leis an aiseolas a fuarthas ó pháirtithe leasmhara ag an gcéim roimhe go n-osclófaí oifig faisnéise i gContae an Chabháin, d'oscail EirGrid an tríú hionad faisnéise don tionscadal i nDún an Rí, Contae an Chabháin. Bhí an t-ionad sin suite i seomra in Óstán Tí Dhún a Rí, atá lonnaithe ar Station Road i nDún an Rí, agus bhí an t-ionad ar oscailt lá amháin in aghaidh na seachtaine (ar an Déardaoin).



Fíor 6.1: Suíomh Ionad Faisnéise Áitiúil an Tionscadail i nDún an Rí, Co. an Chabháin¹⁷

- 17 Ba ar an Máirt, ar an gCéadaoin agus ar an Déardaoin a bhí na trí ionad faisnéise don tionscadal san Uaimh, i gCarraig Mhachaire Rois agus i nDún an Rí faoi seach ar oscailt don phobal ar feadh ocht seachtaine na tréimhse comhairliúcháin ón 16 Iúil go dtí an 5 Meán Fómhair 2013. Ina dhiaidh sin, bhí siad ar oscailt don phobal, do pháirtithe leasmhara agus d'úinéirí talún ach coinne a sceidealú roimh ré le foireann an tionscadail. D'fhonn freastal ar dhaoine le linn gnáthuaireanta oibre agus lasmuigh díobh, bhí na hoifigí ar oscailt idir 12 meán lae agus 7pm.

6.2.3.3 Laethanta Oscailte

- 18 Reáchtáil EirGrid trí lá oscailte le linn na tréimhse caidrimh um réiteach tionscadail roghnaithe. Ba iad seo a leanas cuspóirí sainiúla na laethanta oscailte a reáchtáladh le linn an chomhairliúcháin ar an *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)*:

- Láithreacha beartaithe na dtúr ar an línebhealach roghnaithe a léiriú do pháirtithe leasmhara;

¹⁷ Toisc nach raibh an t-ionad in Óstán Tí Dhún a' Rí, Dún an Rí, ar fáil, dúnadh an t-ionad faisnéise an 1 Aibreán 2015 agus cuireadh tús leis an gcuardach le haghaidh ionad nua. Osclaíodh ionad faisnéise nua an tionscadail in Ionad Teicneolaíochta agus Fiontraíochta an Chabháin, Muinchille, an Chabháin i mí an Mheithimh 2015.

- Tuiscint a chothú ar na modheolaíochtaí agus ar an gcur chuige a úsáidtear chun na túir a shuí agus a thógáil;
- A chur in iúl arís eile do páirtithe leasmhara go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh ar an tionscadal i dtreo iarratas pleanála;
- Páirtithe leasmhara, lena n-áirítear an pobal lena mbaineann, a spreagadh le bheith rannpháirteach sa phróiseas trí aiseolas a chur ar fáil maidir leis an *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)*;
- Páirtithe leasmhara a spreagadh chun aiseolas a chur ar fáil maidir leis na hábhair chomhshaoil a chuirfeofar san EIS;
- Stair an tionscadail a mhíniú; agus
- An gá atá leis an tionscadal a mhíniú.

19 D'ardaigh páirtithe leasmhara i gContae an Chabháin ábhair inmí le linn an lae oscailte don phobal ar an *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)* (23 Aibreán agus 24 Aibreán 2013) i ndáil le láthair an lae oscailte sa Chabhán a bhí ar siúl i Halla an Bhaile i mBaile an Chabháin féin. Ba é tuairim na bpáirtithe leasmhara gur cheart an t-imeacht a reáchtáil níos gaire don línebhealach a bheartaítear. Mar fhreagra air sin, fuair EirGrid ionad eile i nDún an Rí inar reáchtáladh an lá oscailte faoi choinne an chomhairliúcháin don *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)*. Bhí an t-ionad sin lonnaithe ar an bpríomhshráid i nDún an Rí cóngarach d'áiseanna siopadóireachta agus pobail, agus áit a bhfuil go leor spásanna páirceála ar fáil.



Fíor 6.2: Suíomh Lá Oscailte Dhún an Rí (Seomra Tionóil Murtagh) don Chomhairliúchán ar an Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)

Tábla 6.2: Na hIonaid inar Reáchtáladh na Laethanta Oscailte don Chéim um Réiteach Tionscadail Roghnaithe

Ionad	Dáta agus Am
An tIonad Oideachais, Áth Luimnigh, an Uaimh	Dé Máirt, an 30 Iúil 2013, 1.00 p.m. – 8.00 p.m.
An Teach Oibre, Bóthar Shearcóige, Carraig Mhachaire Rois	Dé Céadaoin, an 31 Iúil 2013, 1.00 p.m. – 8.00 p.m.
Seomra Tionóil Murtagh, an Phríomhshráid, Dún an Rí	Déardaoin, an 1 Lúnasa 2013, 1.00 p.m. – 8.00 p.m.


- 20 Bhí baill d'fhoireann tionscadail EirGrid ar fáil ag gach lá oscailte chun labhairt leis an bpobal agus chun freagra a thabhairt ar cheist ar bith a tháinig chun cinn. Rinne foireann an tionscadail iarracht, sa mhéid agus ab fhéidir é, na tuairimí agus an t-aiseolas a sholáthair páirtithe leasmhara sna himeachtaí sin a thaifeadh. Breacadh na nótaí sin go hoscailte i láthair na bpáirtithe leasmhara, agus míníodh dóibh gurbh é an cuspóir a bhí leis a dtuairimí / a n-ábhair inní agus a n-aiseolas a thaifeadh, agus go ndéanfadh foireann an tionscadail na tuairimí agus na hábhair inní sin ar fad a thaifeadh, a chur i gcomparáid, agus a athbhreithniú.

- 21 Bhí saineolaithe teicniúla ar fáil ag gach imeacht freisin chun faisnéis a thabhairt do pháirtithe leasmhara ar na hábhair seo a leanas, agus chun freagra a thabhairt ar a gceisteanna agus / nó ar a n-ábhair imní:
- Roghanna teicneolaíochta;
 - Réimsí leictreacha agus maighnéadacha (EMF);
 - Pleanáil;
 - Cúrsaí comhshaoil, lena n-áirítear cúrsaí éiceolaíochta agus seandálaíochta;
 - Dearadh líne; agus
 - Cúrsaí Úinéirí Talún
- 22 Rinne foireann an tionscadail taispeántí faisnéise saincheaptha nua a ullmhú do na himeachtaí sin chun sonraí ar dhearadh an réitigh tionscadail roghnaithe, agus chun an réasúnaíocht taobh thiar de, a léiriú. Sna taispeántí nua, díriodh ar fhaisnéis a sholáthar maidir le príomhthorthaí an *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)*, agus bhí roinnt de na taispeántí faisnéise a soláthraíodh ag an gcaidreamh ar an athmheasúnú deiridh ar fáil freisin. Tugtar sonraí i d**Tábla 6.3** ar thaispeántí na laethanta oscailte.



Fíor 6.3: Lá Oscailte na hUaimhe, Ionad Oideachais na hUaimhe, an Uaimh, Co. na Mí – Comhairliúchán ar an *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)*

- 23 Mar fhreagra ar an aiseolas a fuarthas ón bpobal lena mbaineann, ó pháirtithe leasmhara agus ó úinéirí talún le linn pléite sa bhabhta deiridh de laethanta oscailte a reáchtáladh don *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)*, go háirithe na himeachtaí breise a d'éascaigh CMAPC, d'fhorbair EirGrid taispeáint nua, 'Role of EirGrid', d'fhonn faisnéis a shoiléiriú maidir le céard é EirGrid agus cén ról atá aige maidir le soláthar sábháilte an leictreachais a phleanáil agus a dhaingniú.
- 24 Ar an gcaoi chéanna, rinneadh athdhearadh ar an taispeáint inar cuireadh léarscáil an ghréasáin tarchuir i láthair d'fhonn léiriú níos cruinne a thabhairt ar fhairsinge an bhonneagair fuinnimh reatha in Éirinn, lena n-áirítear línte cumhachta lasnairde 400 kV. Mar an gcéanna, rinneadh an t-athdhearadh sin mar fhreagra ar an aiseolas a fuarthas le linn an chaidrimh ar an *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)*, nuair a chuir roinnt den phobal in iúl gur chreid siad gur cheart an fhaisnéis ar an léarscáil a thabhairt ar bhealach níos soiléire, go háirithe maidir leis na línte tarchuir atá ann cheana féin. Chuir roinnt den phobal in iúl nár cheap siad go raibh an cineál líne tarchuir a bhí á beartú ag EirGrid cosúil le ceann ar bith eile atá le fáil áit ar bith eile in Éirinn.



Fíor 6.4: Taispeáint EirGrid don Lá Oscailte ar a Léiríodh Faisnéis don Phobal agus d'Úinéirí Talún maidir leis an nGréasán Tarchuir le linn an Chomhairliúcháin ar an *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)*

6.2.3.4 Taispeántas Idirghníomhach ar EMF

- 25 Léirigh Compliance Engineering Ireland Ltd. tomhas EMF le réimsí gnáthearraí tí, lena n-áirítear triomadóir gruaige agus tine leictreach. Bhí sé mar aidhm ag an taispeántas idirghníomhach sin bealach éasca praiticiúil a chur i láthair chun prionsabail agus láidreachtaí réimsí leictreacha agus maignéadacha a thuiscint. Cuireadh cóipeanna den Treoir Faisnéise don Phobal de chuid EirGrid *EMF and You (EMF agus Tú Féin)* ar fáil mar thaca leis an taispeántas sin.



Fíor 6.5: Taispeántas Idirghníomhach ar EMF a Sholáthair Compliance Engineering Ltd. ag an gComhairliúchán ar an Preferred Project Solution Report (*Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe*)

(Tabhair faoi deara: Soláthraíodh an taispeántas sin freisin ag na laethanta oscailte breise a d'éascaigh CMAPC tar éis fhoilsiú an Final Re-evaluation Report [*Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh*])

Tábla 6.3: Sonraí ar na Taispeántí Lae Oscailte a Cuireadh i Láthair ag Laethanta Oscailte a Reáchtáladh le linn an Chomhairliúcháin ar an *Preferred Project Solution Report* (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)

Teideal	Cuspóir na Taispeána
Taispeántí Nua	
Ról EirGrid	Faisnéis a sholáthar do pháirtithe leasmhara ar EirGrid agus ar a ról maidir le gréasán tarchuir leictreachais atá sábháilte agus daingean a phleanáil agus a sheachadadh.
Léarscáil den chóras tarchuir	<p>Léarscáil nuashonraithe de chóras tarchuir na hÉireann inar léiríodh fairsinge na línte cumhachta faoin talamh agus na línte cumhachta lasnairde ardvoltais reatha. Tugtar léaráidí ar línte cumhachta lasnairde ciorcaid shingil 400 kV, 220 kV agus 110 kV. Bhí líne dhearg bhriste ar an léarscáil chun láthair na Forbartha Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV a bheartaítear a léiriú. Bhíodh an líne sin léirithe roimhe sin mar líne dhearg iomlán níos tibhe, rud a thug le tuiscint do roinnt páirtithe leasmhara go raibh an líne a bheartaítear níos mó ná an bonneagar a bhí ann cheana féin.</p> <p>Leis an bpainéal seo, bhí ar chumas fhoireann tionscadail EirGrid míniú a thabhairt ar thaithí fhorleathan EirGrid ar láimhseáil saincheistanna a bhaineann le línte lasnairde agus cáblaí faoin talamh ar voltais tarchuir a shuiteáil, a fheidmiú agus a chothabháil.</p>
Treoirlínte maidir le dearadh línte lasnairde agus maidir le suí na dtúr	<p>Faisnéis a sholáthar do pháirtithe leasmhara, go háirithe úinéirí talún, maidir leis na treoirphrionsabail le haghaidh dhearadh na líne lasnairde agus shuí na dtúr agus maidir leis na tosca arbh éigean do EirGrid iad a chur san áireamh i bpróiseas an deartha (cúrsaí teicniúla, comhshaoil, agus úinéirí talún).</p> <p>Leis an bpainéal seo, bhí ar chumas fhoireann tionscadail EirGrid míniú a thabhairt ar na prionsabail bhunúsacha a bhaineann le dearadh na líne, mar a thugtar breac-chuntas air i gCaibidil 3 den <i>Preferred Project Solution Report</i> (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe). B'éigean na tosca sin a chur san áireamh freisin san athbhreithniú ar iarratas ar bith ar mhionathrú a fuarthas ó úinéirí talún.</p>

Teideal	Cuspóir na Taispeána
Taispeántí Nua	
Dearadh na dtúr	Soláthraíodh íomhá fhótagrafach ar an bpainéal seo den chineál struchtúir a bheartaítear le haghaidh na líne lasnairde 400 kV a bheartaítear ar a dtugtar 'túr IVI'. Fótamontáis a bhí san íomhá a úsáideadh i.e. íomhá fhótagrafach den struchtúr beartaithe forshuite ar phictiúr den tírdhreach le cur ar chumas na bpáirtithe leasmhara a mbeadh i gceist leis an struchtúr a shamhlú. Cruthaíodh mionsamhlacha taispeána mar thacaíocht don phainéal seo.
Léarscáileanna ar Limistéar Staidéir na Mí (MSA) agus ar Limistéar Staidéir an Chabháin-Mhuineacháin (CMSA) ar a léirítear an línebhealach roghnaithe mar aon le suíomhanna beartaithe na dtúr	Soláthraíodh taispeántí móra ar láthair an línebhealaigh roghnaithe agus ar láithreacha na struchtúr túir (scála 1:20,000). Leis na painéil seo, bhí ar chumas fhoireann tionscadail EirGrid cabhrú le páirtithe leasmhara a limistéar spéise a aimsiú ar an léarscáil agus a n-aiseolas / a n-ábhair imní a phlé leo. Thacaigh leabhair léarscáileanna leis na painéil – leabhair inar léiríodh na línebhealaí, na láithreacha túir agus na bealaí rochtana tógála a bheartaítear.
Treoirínte chun bealaí rochtana tógála a shainaitint	Soláthraíodh faisnéis ar na treoirphrionsabail a bhí in úsáid ag EirGrid chun na bealaí rochtana a shainaitint. Leis an bpainéal seo, bhí ar chumas fhoireann tionscadail EirGrid míniú a thabhairt ar na hiarrachtaí a dhéanann EirGrid chun an tionchar ar an gcomhshaoil agus ar chleachtais bhainistíochta feirme agus talún a laghdú an oiread agus is féidir, agus chun bealaí rochtana tógála a shainaitint, agus cúrsaí teicniúla, comhshaoil agus úinéirí talún á gcur san áireamh. D'iarr EirGrid aiseolas ar oiriúnacht na mbealaí rochtana táscacha léirithe. Thacaigh leabhair léarscáileanna, inar léiríodh na bealaí rochtana táscacha, leis na painéil sin.
Modheolaíocht tógála	Soláthraíodh faisnéis tháscach ar na cúig chéim tógála, modheolaíocht tógála agus fad ama, mar a chuirtear síos air i gCaibidil 5 den <i>Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)</i> . Baineadh leas as an léaráid sa <i>Bhileog Faisnéise</i>

Teideal	Cuspóir na Taispeána
Taispeántí Nua	
	<p><i>d'Úinéirí Talún</i> freisin.</p> <p>Leis an bpainéal seo, bhí ar chumas fhoireann tionscadail EirGrid déileáil le ceisteanna agus le hábhair inní na bpáirtithe leasmhara maidir leis an gcaoi a dtógfaí an tionscadal, an fad ama a bheadh leis, agus na modhanna a d'úsáidfí. Ina theannta sin, chabhraigh sé le EirGrid míniú a thabhairt ar na dlíthe agus ar na cleachtais Sláinte agus Sábháilteachta nach mór do BSL agus dá chonraitheoirí cloí leo.</p>
<p>Ábhair chomhshaoil le cur san áireamh san EIS</p>	<p>Soláthraíodh faisnéis ar na hábhair a chuirfeadh EirGrid san áireamh agus an EIS á ullmhú.</p> <p>Leis an bpainéal seo, bhí ar chumas fhoireann tionscadail EirGrid míniú do pháirtithe leasmhara go n-éilíonn an t-údarás inniúil, an Bord Pleanála (an Bord), go ndéanfaí Measúnacht Tionchair Timpeallachta (EIA), agus go ndéanfaidh EirGrid EIS lena cur faoi bhráid an Bhoird. Chabhraigh an painéal seo le gach ceann de na hábhair atá cuimsithe faoin EIS a mhíniú.</p> <p>D'iarr EirGrid aiseolas ar na hábhair ar cheart do EirGrid a áireamh san EIS dar leis na páirtithe leasmhara.</p>
<p>Rannpháirtíocht an phobail – cén chaoi ar féidir liom páirt a ghlacadh inti?</p>	<p>Ar an bpainéal seo, soláthraíodh téarmaí tagartha an chomhairliúcháin do pháirtithe leasmhara.</p> <p>Leis an bpainéal seo, bhí ar chumas fhoireann tionscadail EirGrid míniú a thabhairt ar na modhanna trína bhféadfadh an pobal aiseolas / tuairimí a chur isteach roimh dheireadh an spriocdháta comhairliúcháin ar an 9 Meán Fómhair 2013.</p> <p>Cuireadh cóipeanna d'fhaisnéis bhreise, a dtugtar breacchuntas uirthi i dTábla 7.6, ar fáil do pháirtithe leasmhara le tabhairt abhaile leo.</p>
<p>Treochlár forbartha tionscadail nuashonraithe</p>	<p>Soláthraíodh faisnéis ann ar chéim reatha an tionscadail i dtreo iarratas pleanála a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Bhoird.</p> <p>Leis an bpainéal seo, bhí ar chumas fhoireann tionscadail EirGrid míniú a thabhairt ar an treochlár comhairliúcháin agus ar na céimeanna eile sa phróiseas tar éis chur</p>

Teideal	Cuspóir na Taispeána
Taispeántí Nua	
	isteach an iarratais pleanála i.e. an comhairliúchán poiblí reachtúil agus an próiseas cinnteoireachta.
Taispeántí a Athúsáideadh ó na Laethanta Oscailte don Athmheasúnú Deiridh	
Céard atá i gceist leis an tionscadal agus cén fáth a bhfuil gá leis?	Soláthraíodh faisnéis inti ar phríomhspreagthóirí na Forbartha Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV. Tríd an bpainéal seo a chur ar taispeánt arís ag an gcéim seo, bhí ar chumas fhoireann tionscadail EirGrid na fáthanna a bhfuil gá leis an tionscadal a mhíniú in athuair.
Teicneolaíocht	Soláthraíodh faisnéis inti ar an measúnacht chomparáideach ar na roghanna teicneolaíochta a mheas EirGrid don tionscadal Tríd an bpainéal seo a chur ar taispeánt arís ag an gcéim seo, bhí ar chumas fhoireann tionscadail EirGrid míniú a thabhairt ar an mbreithniú a rinne EirGrid ar shaincheisteanna a bhaineann leis an líne a leagan faoin talamh nó os a cionn, agus ar an teicneolaíocht ar fáil.
Sochar pobail	Soláthraíodh faisnéis ann ar phrionsabal an tsochair pobail agus na téarmaí tagartha le haghaidh an chomhairliúcháin leis an bpobal chun aiseolas a lorg maidir le sochar pobail. Tríd an bpainéal seo a chur ar taispeánt arís ag an gcéim seo, bhí ar chumas fhoireann tionscadail EirGrid prionsabal an tsochair pobail a mhíniú in athuair agus, le linn pléite, tuairimí agus aiseolas a lorg ó pháirtithe leasmhara maidir leis an gcaoi ar cheart sochar pobail a bhreithniú agus a sheachadadh. Leagadh amach go soiléir ar an bpainéal na téarmaí tagartha don chomhairliúchán ar shochar pobail.

*Leagan athbhreithnithe in ionad an leagain a úsáideadh do chéim an athmheasúnaithe

- 26 Bhí ábhar breise ar fáil freisin le linn an chomhairliúcháin ag na hionaid faisnéise áitiúla, agus ó sheirbhís faisnéise an tionscadail ach é a iarraidh.

6.2.3.5 Mionsamhlacha Taispeána na dTúr

- 27 Sholáthair EirGrid mionsamhlacha taispeána na dtúr aonpholach agus cineál 'IVI'. Mheas EirGrid gurbh é cineál IVI an rogha ab oiriúnaí don tionscadal. Léiríodh 'Túr IVI' freisin ar an bpainéal taispeána ar dhearadh na dtúr a bhí ar taispeáint ag an lá oscailte. Tá na mionsamhlacha sin le feiceáil i bhFíor 6.6 – tá 'Túr IVI' le feiceáil ar chlé agus tá an dearadh aonpholach le feiceáil ar dheis.



Fíor 6.6: Mionsamhlacha Taispeána na dTúr a bhí ar Taispeáint ag na Laethanta Oscailte tar éis Fhoilsiú an Preferred Project Solution Report (*Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe*)

6.2.3.6 Bileog Faisnéise Nuashonraithe don Phobal (Iúil 2013)

- 28 Soláthraíodh sa leagan sin den *Bhileog Faisnéise Nuashonraithe don Phobal* cur síos beacht soiléir ar chúlra agus ar chomhthéacs an togra, ar an dul chun cinn a bhí déanta go dtí sin agus ar stádas reatha an tionscadail. Sainaithníodh inti spreagthóirí an tionscadail agus cén fáth a raibh gá leis an bhforbairt. Leagadh amach inti Treochlár EirGrid um Fhorbairt Tionscadail agus Chomhairliúchán agus an dul chun cinn a bhí déanta ar an tionscadal faoin am sin.
- 29 Iarradh sa bhileog faisnéise aiseolas maidir leis na saincheistanna a pléadh sa *Preferred Project Solution Report* (*Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe*). Tugadh sonraí inti ar na trí lá oscailte a reáchtálfá, lena áiríodh láthair, dátaí agus amanna na laethanta oscailte sin. Tugadh sonraí teagmhála inti le haghaidh aighneachtaí i scríbhinn, ríomhphoist, an tsuímh gréasáin agus na n-ionad faisnéise san Uaimh, i gCarraig Mhachaire Rois agus i nDún an Rí.

30 Tá cóip den bhileog faisnéise sin le fáil in **Aguisín H** leis an tuarascáil seo.

6.2.3.7 Bileog Faisnéise d'Úinéirí Talún (Iúil 2013)

31 Rinne EirGrid *Bileog Faisnéise d'Úinéirí Talún* a ullmhú agus a eisiúint freisin. Díríodh sa bhileog faisnéise sin ar shaincheisteanna a bhí ábhartha go sonrach d'úinéirí talún, mar shampla, conas a d'fhéadfaidís dul i gcion ar láithreacha an línebhealaigh agus ar na láithreacha túir. Tugadh míniú inti ar an modheolaíocht tógála taobh thiar den tionscadal freisin.

32 Tá cóip den bhileog faisnéise sin le fáil in **Aguisín K** leis an tuarascáil seo.

6.2.3.8 Caidreamh Réamhghníomhach

33 D'eisigh EirGrid litreacha do na páirtithe leasmhara uile a raibh faisnéis phoist ar fáil dóibh. Ina theannta sin, chuathas i dteagmháil le heagraíochtaí agus le comhaltaí tofa ar an teileafón nó ar ríomhphost i gcás ina raibh sonraí teagmhála ar fáil dóibh. Chuir EirGrid faisnéis ar fáil do North East Pylon Pressure Group (*Muintir an Oirthuaiscirt in Éadan Píolón*) (NEPP) agus do County Monaghan Anti-Pylon Committee (*Coiste Frith-Phiolón Chontae Mhuineacháin*) (CMAPC) sular foilsíodh an *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)*.

6.2.4 Aiseolas a Fuarthas le linn an Chomhairliúcháin agus Rannpháirtíocht an Phobail maidir leis an Réiteach Tionscadail Roghnaithe

6.2.4.1 Leibhéal Rannpháirtíocht an Phobail

34 Tugtar sonraí i d**Tábla 6.4** ar an líon aighneachtaí a fuarthas mar aon leis an modh ina bhfuarthas iad le linn na céime comhairliúcháin fhoirmiúil phoiblí a bhí ar siúl tar éis fhoilsiú an *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)*.

Tábla 6.4: Leibhéal Rannpháirtíocht an Phobail maidir leis an *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)**

Foinse an Aiseolais ó Pháirtithe Leasmhara	Líon Aighneachtaí
Ionaid Faisnéise agus Líne Theileafóin	35
Aighneachtaí i Scríbhinn (lena n-áirítear ríomhphost)	27
Laethanta Oscailte	62

Foinse an Aiseolais ó Pháirtithe Leasmhara	Líon Aighneachtaí
iomlán	124

* Ní áirítear caidreamh le húnéirí talún a rinne gníomhairí úinéirí talún. Déantar cur síos ar leith air sin i g**Caibidil 7** den tuarascáil seo

35 Bhí tuairisceoireacht fhorleathan ar an tionscadal sna meáin áitiúla agus náisiúnta mar thoradh ar an ngníomhaíocht sna meáin a rinne EirGrid le linn na céime seo chun feasacht a mhúscailt agus chun plé a spreagadh ar an tionscadal.

6.2.5 An Cineál Aiseolais a Fuarthas

36 Ionas go bhféadfadh foireann an tionscadail athbhreithniú agus measúnacht a dhéanamh ar na saincheistanna a d'ardaigh páirtithe leasmhara sna haighneachtaí, rinneadh na saincheistanna a aicmiú mar seo a leanas de réir na dtéarmaí tagartha a leagadh síos don chomhairliúchán.

- Aighneachtaí a bhain le hábhar an *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)*;
- Aighneachtaí a bhain le hábhar an EIS (lena n-áirítear an tionchar ar an bpobal agus an tionchar sóisialta, Flóra agus Fána, EMF, gaireacht d'áiteanna cónaithe agus do ghabhdóirí eile, réadmhaoin, cúiteamh, an tionchar carnach, agus an oidhreacht chultúrtha);
- Aighneachtaí a bhain le hábhar an iarratais pleanála;
- Aighneachtaí a bhain leis an modheolaíocht don tógáil agus do na bealaí rochtana;
- Aighneachtaí a bhain le sochar pobail;
- Aighneachtaí a bhain le dearadh líne;
- Aighneachtaí a bhain leis an bpróiseas comhairliúcháin phoiblí; agus
- Aiseolas nó tuairimí nó saincheistanna ar bith eile a bhaineann leis an tionscadal.

37 Maidir le haiseolas ar shaincheistanna suíomhoiriúnaithe a d'ardaigh úinéirí talún le linn phróiseas an chaidrimh le húnéirí talún, thug foireann tionscadail EirGrid aghaidh orthu sin cás ar chás mar chuid den bhreithniú ar iarratais ar athrú ó úinéirí talún (ar a ndéantar cur síos i g**Caibidil 6** den tuarascáil seo). Le linn an chaidrimh sin, luaigh na húnéirí talún aiseolas agus/nó ábhair imní eile a bhí ábhartha don chomhairliúchán níos forleithne. Bhí na saincheistanna a d'ardaigh na húnéirí talún ar aon dul, a bheag nó a mhór, leo siúd a

d'ardaigh an pobal i gcoitinne, an pobal lena mbaineann agus páirtithe leasmhara. Mar sin féin, i g**Caibidil 7** den tuarascáil seo, tugtar sonraí ar aiseolas agus ar shaincheistean eile a fuarthas ó úinéirí talún a bhain go sainiúil leo.

38 Fuarthas roinnt aighneachtaí ó údaráis fhorordaithe (atá forordaithe mar chomhairlithe foirmiúla le próiseas an iarratais san Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú) le linn an chomhairliúcháin ar an Preferred Project Solution Report (*Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe*). Chuaigh foireann tionscadail EirGrid i mbun caidreamh réamhghníomhach leis na húdaráis fhorordaithe le linn na céime sin, agus tugtar cur síos mionsonraithe ar an gcaidreamh sin i gCaibidil 3 (Scópáil an EIS), **Imleabhar 3B** den EIS atá ag gabháil leis an iarratas pleanála ar cheadú.

39 Tugtar achoimre thíos ar na haighneachtaí a fuarthas.

6.2.5.1 Aighneachtaí a Bhain le hÁbhar an Preferred Project Solution Report (*Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe*)

40 Cuireadh fáilte i roinnt aighneachtaí nach mbeadh cead á lorg ag EirGrid le haghaidh mhicreashuí¹⁸ na dtúr ina iarratas chuig an mBord.

41 Maidir le roinnt de na critéir mheasúnaithe a breithníodh ag céim na rogha conaire bealaigh, léiríodh imní nár cuireadh i bhfeidhm go cothrom iad i gcéim an deartha líne, ar chéim ní ba mhionsonraithe í. Ba é tuairim na bpáirtithe a rinne an aighneacht sin go dtugtar tús áite do chúinsí agus do shriantachtaí deartha comhshaoil ag leibhéal níos airde na rogha conaire bealaigh, ach go dtugtar tús áite do chúinsí teicniúla agus úinéirí talún ag céim an deartha líne. Mar thacaíocht leis an áitiú sin, luadh na mionathruithe ar na láithreacha túir a bheartaítear i nDúthamlacht mar thoradh ar cheadú pleanála a tugadh d'fhorbairt in 2011. D'fhiafraigh na páirtithe leasmhara an bhfuil tionchar níos mó le sonrú ar a gceantar ó thaobh an tírdhreacha agus an chomhshaoil de mar thoradh ar an leasú sin. San aighneacht sin, lorgaíodh bonn oscailte trédhearcach chun sriantachtaí laistigh den dearadh líne a chur in ord tosaíochta agus a bhreithniú.

42 Moladh in aighneachtaí áirithe nár cheart leanúint leis an tionscadal san fhormaid a bhí beartaithe agus gur cheart breithniú eile a dhéanamh ar an líne a leagan faoin talamh. Mheas daoine eile go gcaithfear an tionscadal a thógáil os cionn na talún mar, dar leo, ní fios cé na fadhbanna a bhainfeadh leis an líne a leagan faoin talamh.

¹⁸ Is é atá i gceist le micreashuí ná cead a iarraidh laistigh den toiliú reachtúil ar sholúbthacht chun láithreacha túir a bhogadh, laistigh de theorainneacha sainiúla, le linn chéim na tógála. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach mbeidh EirGrid ag iarraidh solúbthachta den sórt sin san iarratas seo ar cheadú pleanála.

- 43 Mheas roinnt páirtithe leasmhara nár tugadh aghaidh go cuí ar na haighneachtaí a bhí curtha isteach acu roimhe sin sna freagraí a sholáthair EirGrid sa *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)*, agus mheas siad go raibh pointí tábhachtacha a rinneadh ina n-aighneacht fágtha ar lár. Cheistigh páirtithe leasmhara eile cár thug EirGrid freagra ar an aiseolas a tuairiscíodh in Aguisín C den *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)*.
- 44 Fuarthas aighneachtaí i dtaca leis an mbonn a bhí leis an mbealach a moladh sa *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)* a roghnú mar an rogha bealaigh in áit bealaí eile.

6.2.5.2 Aighneachtaí a Bhain le hÁbhar an EIS

- 45 Sa bhabhta seo caidrimh, iarradh agus fuarthas aiseolas ar ábhair a dtabharfaí aghaidh orthu san EIS. Bhain formhór na saincheisteanna a ardaíodh in aighneachtaí i scríbhinn agus le linn plé le páirtithe leasmhara ag na himeachtaí comhairliúcháin le tionchar féideartha na forbartha a bheartaítear ar an gcomhshaol a bhí rangaithe go leathan faoi na ceannteidil seo a leanas:
- Agranamaíocht;
 - An Pobal agus an Tionchar Socheacnamaíoch (lena n-áirítear gaireacht do ghabhdóirí cónaithe);
 - Díluacháil Réadmhaoine agus Cailliúint Forbartha;
 - Oidhreacht Chultúrtha & Seandálaíocht;
 - Éiceolaíocht;
 - Sláinte agus EMF;
 - An Tírdhreach & Tionchar Amhairc;
 - Torann; agus
 - Tionchar Carnach.
- 46 Mheas páirtithe a rinne aighneachtaí nach bhféadfaí teacht ar mheasúnacht eolach ar an bhforbairt a bheartaítear go dtí go mbeadh an EIS curtha i gcrích agus go gcuirfí ar fáil sonraí ar na bearta maolaithe a bheartaítear agus ar aon athruithe ar an líne ina dhiaidh sin.

47 Fuarthas na haighneachtaí seo a leanas i dtaca le hábhair ar cheart iad a chuimsiú san EIS dar le páirtithe leasmhara:

- Ba cheart tionchar féideartha an tionscadail ar ruthag eiltle balún te agus ar chúrsaí eitlíochta a bhreithniú mar chuid den EIS, mar gheall ar an aiseolas a fuarthas go bhfuil Contae na Mí ar an bpríomháit eiltle balún in Éirinn agus go bhfuil go leor pólótaí príobháideacha bunaithe sa chontae freisin;
- An tionchar féideartha ar shláinte ainmhithe agus ar shláinte an duine; agus
- Measadh in aighneachtaí áirithe a fuarthas gur cheart díluacháil réadmhaoine a bhreithniú san EIS.

6.2.5.2.1 Tionchar ar an bPobal agus an Tionchar Socheacnamaíoch

48 Léirigh roinnt páirtithe leasmhara inní maidir leis an tionchar atá ag an tionscadal ar mhuintir na bpobal áitiúil atá cóngarach don líne. Mheas go leor páirtithe leasmhara go raibh an tionscadal ina chúis buartha agus inní, agus dúirt roinnt eile díobh go raibh orthu gach rud a chur ar athlá ó 2007 i leith.

49 Chuir go leor páirtithe leasmhara in iúl go bhfuil siad ag cur in aghaidh an tionscadail mar gheall ar thionchar na línte cumhachta lasnairde ar thaitneamhachtaí cónaithe.

50 Léirigh roinnt de na páirtithe leasmhara go raibh inní orthu go bhfeicfí iad i mbun caidrimh le EirGrid, agus chuir go leor úinéirí talún in iúl nár theastaigh uathu rochtain a cheadú le haghaidh suirbhéanna mar nár theastaigh uathu gníomhú i gcoinne an phobail. Chuir go leor de na páirtithe leasmhara sin sonraí ar fáil ar an eolas a bhí acu ar na pobail áitiúla a bheith i gcoinne an tionscadail. Chuir roinnt díobh in iúl nach ndéanfaidís aighneacht maidir le hathrú ar an dearadh agus go raibh siad den tuairim go bhféadfadh fadhbanna sa phobal teacht chun cinn mar gheall ar an togra.

51 Bíodh is gur aithin roinnt páirtithe leasmhara go raibh gá leis an tionscadal seo, agus gur thuig siad é sin, léirigh siad inní maidir le brú poiblí agus maidir le míshásamh sa phobal. Phléigh roinnt acu míshásamh an phobail maidir leis an tionscadal agus mheas siad gur dhócha go rachadh an togra ar aghaidh ina ainneoin sin. Chuir roinnt úinéirí talún in iúl nach bhféadfaidís cur i gcoinne an méid a theastaigh ó chuid den phobal níos forleithne agus a bhí léirithe acu. Chuir páirtithe leasmhara eile in iúl nach raibh fadhb acu féin leis an tionscadal, ach nach gcomhoibreoidís leis mar go bhféadfaí cur isteach ar a gcomharsana. Léirigh páirtithe leasmhara go raibh inní orthu maidir lena chónagaraí atá an líne agus na túir a bheartaítear d'áiseanna pobail lena n-áirítear limistéir áineasa do leanaí agus scoileanna. I measc na scoileanna a luadh mar shampla de sin, áirítear scoileanna sa Mhaí, sa Chorr

Liath, agus Scoil Naomh Mhuire Naofa. I measc na n-ábhar inní eile maidir le scoileanna, áiríodh laghdú ar an líon daltaí mar thoradh ar an tionscadal, mar nach dteastódh ó thuismitheoirí a leanaí a chur chuig scoil a bheadh gar do línte cumhachta agus do struchtúir túir. Ar an gcaoi chéanna, léiríodh inní go roghnódh baill foirne a n-áit oibre a athrú mar gheall ar na línte cumhachta. Bhí na hábhair inní sin bunaithe ar bhonn na saincheisteanna sláinte féideartha agus ar an drochthionchar a cheaptar a bhíonn ag EMF ar shláinte an duine.

- 52 Fuarthas aighneachtaí maidir leis an ngréasán bóithre áitiúla, agus fiafraíodh an ndéanfaí infheistíocht sa ghréasán sin tar éis thógáil an tionscadail.
- 53 Mheas roinnt páirtithe leasmhara atá i mbun gnó sa cheantar go mbeidh drochthionchar ag an tionscadal ar a ngnóthas, go háirithe ina gcás siúd a bhíonn ag brath ar ioncam ó chuariteoirí a bhíonn ag taisteal agus ag fanacht sa cheantar chun cuairt a thabhairt ar láithreáin oidhreachta. Is samplaí iad Gleann na Bóinne, Tailtin agus Caisleán Bhaile Átha Troim de shuíomhanna den sórt sin.
- 54 I measc na gcineálacha gnóthas a chuir in iúl go raibh siad i gcoinne an tionscadail toisc go mbeadh drochthionchar aige ar chúrsaí gnó, áiríodh cuideachta áitiúil eitle balún, lóistín leaba is bricfeasta do thurasóirí, agus gnó oibríochtaí héileapad.

Gaireacht d'Áiteanna Cónaithe agus do Ghabhdóirí Eile

- 55 Léiríodh inní in go leor aighneachtaí maidir lena ghaire atá an línebhealach do thithe cónaithe nó do ghabhdóirí eile. D'iarr líon mór de na daoine a d'fhreastail ar laethanta oscailte an tionscadail le haghaidh an fhaid chruinn idir a dteach cónaithe nó gabhdóir eile agus an línebhealach roghnaithe agus / nó na struchtúir túir. Bhain líon áirithe aighneachtaí lena ghaire atá an línebhealach do thithe cónaithe agus do ghabhdóirí eile, amhail áiseanna pobail agus scoileanna. Léirigh roinnt páirtithe leasmhara inní maidir lena ghaire atá na gabhdóirí sin don línebhealach agus do na struchtúir túir ar bhonn drochthionchar amhairc agus a n-inní maidir le sláinte ainmhithe agus le sláinte an duine.

6.2.5.2.2 Réadmhaoin

- 56 Léirigh páirtithe leasmhara inní maidir le tionchar féideartha an tionscadail ar luach réadmhaoine, laghdú ar an acmhainneacht forbartha, agus sriantachtaí ar fhorbairt amach anseo mar thoradh ar an tionscadal. D'iarr roinnt rannpháirtithe litreacha ó EirGrid le deimhniú nach gcuirfí isteach ar chead pleanála le haghaidh tí ar a dtalamh mar thoradh ar an togra. Chuir roinnt páirtithe leasmhara in iúl gur bhraith siad go dtiocfadh laghdú ar luach a réadmhaoine (feirm agus / nó teach). Bhraith roinnt díobh go bhféadfadh laghdú suas le 30%

den luach reatha a bheith i gceist leis an díluacháil sin. In aighneachtaí a fuarthas ó dhaoine a bhfuil cónaí orthu gar do línte cumhachta reatha, chuir siad in iúl go bhfuil laghdú chomh mór sin tagtha ar an luach réadmhaoine nach bhféadfaidís a dteach a thabhairt uathu. D'iarr rannpháirtithe áirithe sonraí maidir leis an bpróiseas eadrána a bhfuil sé i gceist ag EirGrid é a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar chúiteamh do chónaitheoirí a bhraitheann go mbeadh réadmhaoin díluacháilte acu mar thoradh ar an tionscadal.

- 57 Léiríodh imní go bhfágfaí an talamh aimrid mar thoradh ar an togra, agus léirigh go leor úinéirí talún imní maidir le laghdú féideartha ar fhorbairt ar a dtalamh agus maidir le cur crann amach anseo.
- 58 D'fhiafraigh roinnt páirtithe leasmhara an bhféadfaí tithe nua a fhorbairt gar don línebhealach agus do na struchtúir túir a bheartaítear, agus an mbeadh fadhb maidir le cead pleanála a fháil do na tithe sin.
- 59 Bhraith rannpháirtithe gur cheart do EirGrid cúiteamh a íoc as an díluacháil réadmhaoine, agus d'iarr roinnt páirtithe leasmhara ar EirGrid a réadmhaoin a cheannach uathu mar chúiteamh ar an tionscadal. Léiríodh frustrachas i ndáil leis an tionscadal agus chuir páirtithe leasmhara in iúl nach mbeadh infheistíocht ama agus airgid déanta ina réadmhaoin acu dá mbeadh eolas acu ar an tionscadal ag an am. Thug rannpháirtithe eile le fios gur chuir siad fúthu faoin tuath chun éalú ó thorann agus ó bhonneagar na cathrach.
- 60 Fuarthas aighneachtaí ó roinnt páirtithe leasmhara a raibh spéis acu réadmhaoin a cheannach sa cheantar ar mhian leo sonraí a fháil maidir leis an tionscadal, go sonrath láthair an línebhealaigh agus na struchtúir túir gar don réadmhaoin a raibh spéis acu inti.
- 61 Fuarthas aighneachtaí inar tugadh le fios go bhfuair daoine an talamh le hoidhreacht óna dtuismitheoirí agus go raibh sé i gceist acu an talamh a chur ar aghaidh dá shliocht féin agus do shliocht a sleachta, agus nár mhian leo go ndéanfaí dochar d'oidhreacht a leanaí mar thoradh ar an togra.

6.2.5.2.3 Cúiteamh

- 62 I roinnt de na haighneachtaí, ceistíodh cineál agus fairsinge an phacáiste cúitimh a bhí á thairiscint maidir leis na struchtúir túir a shuí ar thalamh agus le línte lasnairde os a chionn. D'fhiafraigh daoine go sonrath cé mhéad airgid a d'íocfaí leo agus cén cháin a bheadh le hÍoc ar na hÍocaíochtaí sin. In aighneachtaí áirithe, tugadh le fios go nglacfadh an páirtí leasmhar le roinnt struchtúir túir.

- 63 Mheas roinnt páirtithe leasmhara gur cheart cúiteamh a íoc le húinéirí talún in aice láimhe freisin.

6.2.5.2.4 Tionchar Carnach

- 64 Fuarthas roinnt aighneachtaí i ndáil le tionchar carnach féideartha an togra nuair a cuireadh san áireamh le forbairtí beartaithe eile é. I measc na samplaí sonracha a luadh, áirítear:

- Tionchar carnach an togra le forbairt áiteanna cónaithe nua a bheartaítear gar don láthair;
- Chuir páirtithe leasmhara in iúl gur ghlac siad páirt i bpléite le forbróirí tuirbíní gaoithe agus go raibh spéis acu plé a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an líne ar thograí i ndáil le tuirbíní gaoithe; agus
- Léirigh roinnt páirtithe leasmhara an imní a bhí orthu maidir le tionchar carnach an togra in éineacht leis an bhforbairt atá beartaithe ar thuirbíní gaoithe, agus bhraith siad nach bhfuil an togra seo á thógáil ach chun freastal ar thógáil tuirbíní gaoithe in Éirinn.

6.2.5.2.5 Oidhreacht Chultúrtha agus Seandálaíocht

- 65 Léiríodh imní maidir le tionchar féideartha an tionscadail ar láithreáin oidhreachta cultúrtha agus seandálaíochta gar don línebhealach agus do na láithreacha túir roghnaithe. I measc na láithreán sonracha ar cheart d'fhoireann an tionscadail iad a bhreithniú dar le páirtithe leasmhara, áiríodh na láithreáin seo a leanas:

- Liosanna gar don línebhealach roghnaithe;
- Láithreán Neoiliteach ag loch Mhaigh nEach in éineacht le sonraí ar na suirbhéanna seandálaíochta a iarradh ar láithreáin Neoiliteacha;
- Crannóg i loch na Coille Báine;
- Gleann na Bóinne;
- Caisleán Bhaile Átha Troim;
- Láithreáin oidhreachta i mBaile Chrúis / san Obair, sa Choill Bhán, agus Teach Brittas;
- Ceantar Bheighthí;
- Nithe seandálaíochta i dTailtin; agus

- Gnéithe den oidhreacht áitiúil ar thailte na n-úinéirí talún lena n-áirítear dúnfoirt.

6.2.5.2.6 Éiceolaíocht

66 Leanadh d'inní a léiriú sa chéim seo den chomhairliúchán maidir le leas ainmhithe agus fiadhúlra gar don líne. Bhí inní ar pháirtithe leasmhara maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an togra ar éin go háirithe. I measc na láithreán sonracha agus na ngnéithe sonracha éiceolaíochta ar cheart d'fhoireann an tionscadail iad a bhreithniú dar le páirtithe leasmhara, áiríodh iad seo a leanas:

- An tionchar ar fhálta sceach agus ar chrainn; agus
- An tionchar ar éin.

6.2.5.2.7 Sláinte agus EMF

67 Saincheist leanúnach a ardaíodh le linn an chomhairliúcháin seo ab ea inní an phobail maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an togra seo ar chúrsaí sláinte. Cheistigh páirtithe leasmhara cé na leibhéil EMF a bheadh ann dá ndéanfaí an líne a leagan faoin talamh. Ardaíodh ábhair inní ar leith maidir leis an drochthionchar féideartha ar an tsláinte i gcás leanaí scoile atá ag freastal ar scoileanna gar don líne. Measadh go raibh fad 285 méadar ó scoil róghar.

68 Mhol páirtithe leasmhara go bhféadfadh EirGrid tionchair ar shláinte na bpobal áitiúil a sheachaint tríd an tionscadal a leagan faoin talamh.

69 I measc na gceisteanna agus na n-ábhar inní ar leith a ardaíodh, áiríodh iad seo a leanas:

- Aiseolas ó pháirtithe leasmhara a bhfuil cónaí orthu gar do línte tarchuir cumhachta reatha ar toisc riosca iad dar leo maidir le géar-leoicéime limfeablastach i leanaí, riosca damáiste do DNA, ailse, galar néarmheathlúcháin, agus breith anabáí;
- Iarratas ar shonraí nó ar thagairtí d'fhoilseacháin a bhfuil piarmheasúnú déanta orthu le haghaidh na hoibre eipidéimeolaíochta a rinne EirGrid nó a réamhtheachtaí, nó obair lena thacaigh siad, maidir le tionchar línte 400 kV in Éirinn;
- Rioscaí do leanaí a chodlaíonn i dtithe gar do línte cumhachta lasnairde;
- Aiseolas ina gcuirtear in iúl go n-iarrann ospidéal anois ar othair a bhfuil ailse orthu an bhfuil cónaí orthu gar do phiolóin;

- Iarratais chun tuarascálacha a fheiceáil ina gcruthófaí nach ann do thionchar díobhálach ar an tsláinte de bharr línte cumhachta agus piolón;
- Imní a léiríodh maidir le tionchar EMF ar bheostoc agus tugadh samplaí d'fhálta sceach a bhfuil athrú tagtha ar a gcruth de bharr EMF;
- Iarratais ar fhaisnéis ar thionchar na línte 400 kV reatha ar an tsláinte, agus chuir roinnt páirtithe leasmhara in iúl gur bhraith siad nach raibh measúnacht oiriúnach déanta ag EirGrid ar thionchar sláinte an togra;
- Imní go bhfuil EMF á eisiáimh ó pholasaithe árachais cheana féin ag cuideachtaí árachais in Éirinn agus go bhfuil a leagan féin den phrionsabal réamhchúramach á chur i bhfeidhm ag na hárachóirí Eorpacha sin;
- Imní maidir le tionchar línte cumhachta lasnairde ar shéadairí; agus
- Imní maidir le foilseacháin EirGrid ar an tionchar ar shláinte agus leis an gcaoi ar táirgeadh iad. Cheistigh roinnt de na páirtithe leasmhara na samplaí a chuir EirGrid ar fáil sa Treoir Faisnéise don Phobal maidir le EMF a d'fhoilsigh EirGrid.

6.2.5.2.8 Tionchar ar an Tírdhreach agus Tionchar Amhairc

70 Imní ghinearálta maidir leis an tionchar amhairc féideartha, an chaoi a rachadh an tionscadal i bhfeidhm orthu seo a leanas:

- Amhairc ar an tuath óna dtalamh agus / nó óna n-áit chónaithe;
- Tírdhreach agus cáilíocht amhairc na gceantar, go háirithe drochthionchar féideartha ar thírdhreach droimní; agus
- An tionchar a thiocfadh chun cinn de bharr bearradh crann mar gheall ar an tionscadal.

71 I measc na n-ábhar imní sonracha a fuarthas i ndáil leis an tionchar ar an tírdhreach agus leis an tionchar amhairc, áirítear iad seo a leanas:

- Aighneacht a léirigh tuairimí cumann pobail inar cuireadh in iúl go raibh imní orthu fós go mbeadh tionchar diúltach ag an bhforbairt a bheartaítear ar na cónaitheoirí agus na daoine ina phobal, agus go bhfuil íobairt á déanamh den tírdhreach agus de na purláin d'fhonn tús áite a thabhairt do chosaint ceantar eile;
- Cuireadh ceisteanna maidir le hairde na struchtúr;

- Maidir leis an dearadh túir agus an struchtúr 'Túr IVI' a bheartaítear, mheas go leor páirtithe leasmhara go bhfuil cuma níos measa ar an struchtúr a bheartaítear ná na piolóin atá ann cheana;
- Léirigh go leor páirtithe leasmhara an imní shonrach a bhí orthu maidir lena ghaire is a bheadh na struchtúir dá dteach cónaithe. Léirigh roinnt díobh go mbeidh an tionscadal le feiceáil ó gach amharcpointe óna dteach cónaithe agus / nó óna bhfeirm, nach dteastaíonn uathu na struchtúir sin a fheiceáil, agus go mbeidís ag cur i gcoinne an tionscadail;
- Léirigh roinnt páirtithe leasmhara imní go mbeadh na struchtúir suite ar na hamharcpointí is airde sa cheantar, agus cheistigh siad an fáth a raibh struchtúir túir beartaithe i gceantair droimníní; agus
- Léirigh páirtithe leasmhara frustrachas maidir le hiarratais pleanála chun áiteanna cónaithe a fhorbairt sa cheantar ar diúltaíodh dóibh, ach go bhféadfadh EirGrid línte cumhachta agus struchtúir túir a bheartú i gceantair arda.

6.2.5.2.9 Torann

- 72 Léirigh páirtithe leasmhara imní maidir leis an tionchar féideartha ón torann a bheadh i gceist leis an tionscadal, dar leo, i gceantair gar don línebhealach agus do na struchtúir túir roghnaithe.
- 73 I measc an aiseolais shonraigh a bhaineann le cúrsaí torainn, áiríodh:
- Imní maidir leis an torann a thiocfaidh ó na línte cumhachta. Fuarthas aighneachtaí inar dearbhaíodh go raibh drochthionchar ó thorann á bhrath faoi láthair cóngarach do línte cumhachta, go háirithe le linn aimsir fhliuch;
 - Léiríodh ábhair imní shonracha maidir le tionchar féideartha ó thorann ar ghabhdóirí torainn íogaire, lena n-áirítear daoine a bhfuil uathachas orthu;
 - Léirigh roinnt páirtithe leasmhara an imní a bhí orthu maidir le drochthionchar féideartha ó thorann ar a dteaghlach, go háirithe in éineacht leis an torann atá le cloisteáil acu cheana féin ón mbonneagar reatha ina gceantar, lena n-áirítear línte cumhachta agus mótarbhealach an M3; agus
 - Aighneachtaí maidir leis an torann a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis na struchtúir agus leis an líne a bheartaítear, agus iarradh sonraí i roinnt aighneachtaí maidir leis an torann a d'fhéadfaí a bhrath ag achair shonracha ón líne, lena n-áirítear ionsá an torainn i ndeicibeilí a bheadh le cloisteáil ag achair suas le 300 méadar ón líne.

6.2.5.3 Aighneachtaí a Bhain le hÁbhar an Iarratais Pleanála

- 74 Chuir roinnt páirtithe leasmhara ceist maidir le próiseas ullmhaithe an iarratais pleanála agus d'fhiafraigh siad cén uair a bheadh an t-iarratas á chur isteach ag EirGrid. D'fhiafraigh páirtithe leasmhara cén chaoi a dtabharfaí faoin bpróiseas pleanála agus cé a chinneadh cibé acu an rachadh an tionscadal ar aghaidh nó nach rachadh sa deireadh thiar;
- 75 I gcás roinnt páirtithe leasmhara a rinne aighneachtaí maidir leis an iarratas roimhe, d'iarr siad go soláthrófaí míniú ar ar tharla leis an iarratas sin, lena n-áireofaí an fáth ar cuireadh deireadh leis an éisteacht ó bhéal. Chuir páirtithe leasmhara eile in iúl gur mheas siad gur laige san iarratas a bhí san EIS roimhe;
- 76 Cuireadh ceisteanna freisin maidir leis an bpróiseas pleanála i dTuaisceart Éireann, agus ceistíodh stádas reatha an iarratais sin i roinnt aighneachtaí;
- 77 I gcás go leor páirtithe leasmhara a d'fhreastail ar imeachtaí na laethanta oscailte, tháinig siad le cur in iúl go raibh siad ag cur i gcoinne an tionscadail agus mheas siad nár cheart go rachfaí ar aghaidh leis an tionscadal toisc go bhfuil an pobal ina aghaidh. I gcomparáid leis sin, cuireadh in iúl in aighneachtaí eile go raibh na páirtithe leasmhara i bhfabhar an tionscadail, nach bhfuil siad ag cur ina aghaidh, agus dúirt go raibh siad i bhfabhar dul chun cinn. Fuarthas aighneachtaí inar fiafraíodh cén chaoi a bhféadfaí agóid a dhéanamh i gcoinne an tionscadail agus ar cheart agóidí a dhéanamh leis na húdaráis áitiúla nó leis an mBord;
- 78 Chuir roinnt páirtithe leasmhara in iúl nach gceadóidh siad piolóin ar a dtalamh, cibé acu an dtabharfar cead pleanála do EirGrid nó nach dtabharfar; agus
- 79 I gcás roinnt páirtithe leasmhara a fuair a bhfeirm le hoidhreacht agus a dteastaíonn uathu an fheirm a chur ar aghaidh chuig an gcéad ghlúin eile amach anseo, chuir siad in iúl nach dteastaíonn uathu go ndéanfaí díobháil don oidhreacht sin le piolóin atá carcanaigineach, dar leo.

6.2.5.4 Aighneachtaí a Bhain leis an Modheolaíocht Tógála agus Bealaí Rochtana

- 80 Ardaíodh an próiseas tógála agus rochtain ar thalamh i roinnt aighneachtaí agus, le linn imeachtaí lae oscailte don tionscadal, phléigh roinnt páirtithe leasmhara saincheisteanna rochtana láithreáin a bhain go sonrach lena ngabháltas agus / nó lena láthair féin. Mar shampla:

- Aighneachtaí lenar cuimsíodh agus / nó ina ndearnadh tagairt do limistéir ina bhféadfadh fadhbanna a bheith ann maidir leis an rochtain, mar shampla páirceanna a bhfuil rochtain ghéar agus / nó chaol isteach orthu;
- Aighneachtaí inar fiafraíodh an ndéanfaí talamh a gcuirfear isteach uirthi a chur ar ais mar a bhíodh;
- Cheistigh roinnt páirtithe leasmhara cén chaoi a bhfuil sé beartaithe ag EirGrid rochtain a dhéanamh ar thailte ar le daoine atá i gcoinne an tionscadail iad agus nuair a chuirtear san áireamh nach bhfuil an togra ar leas feirmeoirí, de réir na dtuairiscí in Anglo Celt;
- Aighneachtaí inar fiafraíodh an bhfuil sé i gceist ag EirGrid innealra trom a thiomáint ar thailte;
- Fuarthas aighneachtaí maidir le BSL agus línte a thóg BSL roimhe seo. Tugadh le fios gur scriosadh talamh de bharr gníomhaíochtaí tógála;
- Chuir roinnt páirtithe leasmhara in iúl go raibh siad sásta leis na rianta rochtana a bheartaítear; agus
- Thug roinnt páirtithe leasmhara cuntas ar a dtairbhí ar thograí cosúla a thógáil in Albain.

6.2.5.5 Aighneachtaí a Bhain le Sochar Pobail

81 Sholáthair roinnt páirtithe leasmhara aiseolas a bhain le sochar pobail le linn an chomhairliúcháin ar an réiteach tionscadail roghnaithe. Bhain formhór an aiseolais sin le ceisteanna maidir le prionsabal an tsochair pobail, moltaí agus aiseolas maidir le cé ba cheart a bheith i dteideal sochar pobail a fháil agus cé ba cheart an ciste a bhainistiú. I measc an aiseolais shonraigh a soláthraíodh, áirítear:

- Prionsabal maith atá i bprionsabal an tsochair pobail, agus bheadh tionchar an-dearfach aige ar an bpobal áitiúil. Cheistigh páirtithe leasmhara céard a d'fhéadfadh EirGrid a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail;
- Ba cheart maoiniú an tsochair pobail a chur ar fáil do sheirbhísí pobail áitiúla gar don línebhealach, lena n-áirítear na gasóga agus eagraíochtaí spóirt. Cuireadh isteach samplaí sonracha d'fhorbairtí beartaithe agus leanúnacha a bhí ar siúl ag na heagraíochtaí sin, lena n-áiríodh iad seo a leanas:
 - Ionad nua le haghaidh Ghasóga Dhún an Rí;

- Ionad pobail saintógtha ag Machaire Cluana ar ar cuireadh síos san aighneacht mar pharóiste mór éagsúil a bhfuil áiseanna nua-aimseartha fóillíochta agus sóisialta in easnamh ann;
- Plean forbartha Chlub Peile Gaelaí Mhachaire Cluana lena n-áirítear pleananna chun páirc imeartha nua a fhorbairt; agus
- D'fhéadfaí na Comhairlí Ceantair atá beartaithe a úsáid chun maoirseacht a dhéanamh ar sholáthar an tsochair pobail.

6.2.5.6 Aighneachtaí a bhain le Dearadh Líne agus le Láthair na Struchtúr Túir

82 I dtaca leis an dearadh líne agus le láithreacha beartaithe na struchtúr túir, bhain na haighneachtaí leo seo a leanas:

- Chuir go leor páirtithe leasmhara in iúl go raibh siad i gcoinne pleananna don tionscadal san fhormaid a bheartaítear, agus thug siad le fios nár aontaigh siad leis an rogha dearadh líne;
- Bhraith roinnt díobh go raibh láithreacha beartaithe na struchtúr túir ar a dtailte níos gaire go díreireach dá réadmhaoin féin i gcomparáid le húinéirí talún eile;
- Bhí go leor páirtithe leasmhara míshásta nuair a fuair siad amach go raibh piolóin bhreise le cur ar a dtailte faoin réiteach tionscadail roghnaithe i gcomparáid le togra 2009, agus mheas siad go raibh líon éagothrom struchtúr sannta dá dtailte;
- D'fhiafraigh roinnt páirtithe leasmhara an leagan deiridh a bhí sa línebhealach agus sna láithreacha túir a bhí ar taispeáint ag na laethanta oscailte agus an bhféadfaí an dearadh a athrú;
- D'fhiafraigh roinnt páirtithe leasmhara cén fáth a raibh sé beartaithe struchtúr túir a lonnú i lár páirceanna, agus d'iarr míniú ar an bhfáth nach raibh na túir lonnaithe taobh le fáлта sceaigh, faoi mar a bhí i dtogra 2009;
- Cuireadh ceisteanna maidir le hairde na struchtúr túir a bheartaítear agus maidir leis an bhfad idir na túir;
- Fuarthas aighneachtaí maidir le struchtúr túir a athshuí toisc go gcuirfeadh an suíomh beartaithe bac ar rochtain ar an gcuid eile den ghabháltas;
- Ceisteanna maidir lena ísle a thitfeadh na sreanga idir túir, i.e. faid ghlanta; agus

- D'fhiafraigh roinnt páirtithe leasmhara cén fáth a raibh an línebhealach beartaithe gar dá n-áit cónaithe in áit é a lonnú gar do thithe feirme nach bhfuil duine ar bith ina chónaí iontu.

6.2.5.7 Aighneachtaí a bhain le Próiseas an Chomhairliúcháin agus Rannpháirtíocht an Phobail

- 83 Bhraith roinnt páirtithe leasmhara nach gcloíonn an tionscadal le Coinbhinsiún Aarhus. Ba é tuairim rannpháirtithe áirithe nár chomhairliúchán bríoch a bhí sa chomhairliúchán agus nach raibh ann ach gníomh caidrimh poiblí. Thug roinnt páirtithe leasmhara le fios nach dtugann EirGrid aird ar bith ar thuairimí agus ar aiseolas ón bpobal, dar leo. Maidir leis na himeachtaí breise a d'éascaigh CMAPC i gContae Mhuineacháin i mí na Bealtaine 2013 ar ar fhreastail os cionn 500 duine lenar áiríodh úinéirí talún, mheas CMAPC nach mbeadh a leithéid d'imeacht curtha ar fáil ag EirGrid dá mba rud é gur thuig EirGrid go raibh na himeachtaí á gcur ar fáil ar mhaithe leis an gcaidreamh leis an bpobal seachas ar mhaithe le comhairliúchán poiblí.
- 84 Mheas CMAPC nár thug EirGrid aon aird ar an líon mór ábhair inmí agus aiseolais a ardaíodh ag na himeachtaí. Tar éis don choiste bualadh lena mbaill ina dhiaidh sin, cuireadh in iúl go raibh díomá ar úinéirí talún maidir leis na himeachtaí a reáchtáladh i mí na Bealtaine 2013 agus go raibh siad ar fad ar aon intinn nárbh fhiú aon chomhairliúchán breise a dhéanamh maidir le suíomhanna na bpiolón.
- 85 Chuir go leor páirtithe leasmhara a bhí i dteagmháil ar an teileafón agus / nó ag na himeachtaí lae oscailte in iúl nach dtugann EirGrid aon aird ar inmí an phobail agus mhaígh siad, dá mbeadh aird tugtha ag EirGrid ar na hábhair inmí sin, gur faoin talamh a bheadh an tionscadal leagtha agus go mbeadh sé tógtha faoin am seo.
- 86 Léirigh roinnt páirtithe leasmhara inmí maidir leis na foinsí óna bhfaigheann grúpa Mhuintir an Oirthuaiscirt in Éadan Píolón (North East Pylon Pressure) (NEPP) a gcuid faisnéise agus bhraith siad go raibh sé tábhachtach an dá thaobh den scéal a chloisteáil. Mhínigh siad gurbh é sin an fáth ar fhreastail siad ar an lá oscailte.
- 87 Iarradh faisnéis i roinnt aighneachtaí maidir leis an bpróiseas comhairliúcháin náisiúnta a rinneadh d'fhonn an togra a bhreithniú.
- 88 Mhol rannpháirtithe áirithe go bhféadfaí nuachtlitreacha áitiúla paróiste a úsáid chun faisnéis a sholáthar maidir leis na laethanta oscailte, agus dúirt daoine eile nach raibh faisnéis ar shaincheisteanna sláinte an tionscadail le fáil sa *Bhileog Faisnéise Nuashonraithe don Phobal*.

- 89 Maidir le cumarsáid agus caidreamh le húinéirí talún, fuarthas líon mór aighneachtaí inar fiafraíodh cén chaoi a raibh teagmháil á déanamh leis na húinéirí talún agus an raibh rochtain á soláthar acu do EirGrid le haghaidh suirbhéanna. Cheistigh roinnt páirtithe leasmhara an fáth ar tháirg EirGrid bileoga eolais d'úinéirí talún ach nár tháirg siad bileoga do chónaitheoirí.
- 90 Mheas roinnt páirtithe leasmhara gur tugadh le fios ar an léarscáiliú a cuireadh ar taispeáint agus/nó a soláthraíodh don tionscadal go raibh an líne níos faide ar shiúl.
- 91 D'fhreastail daoine áirithe den phobal ar na laethanta oscailte toisc gur chuala siad faoin tionscadal ar an raidió agus gur theastaigh uathu faisnéis bhreise a fháil faoin tionscadal agus faoina mbíonn ar siúl ag EirGrid.
- 92 Léiríodh an tuairim in aighneachtaí áirithe nach fiú labhairt le EirGrid agus nach dtugann EirGrid aird ar bith ar dhaoine a dúirt ón tús go dteastaíonn uathu an líne a leagan faoin talamh.
- 93 Fuarthas aighneacht inar measadh gur cheart leagan Gaeilge de gach foilseachán a bhaineann leis an bhforbairt a chur ar fáil go poiblí, agus iarradh inti go ndéanfaí gach faisnéis a sholáthródh EirGrid as sin amach a chur ar fáil i nGaeilge.
- 94 Fuarthas aighneachtaí maidir le láithreacha ionaid faisnéise an tionscadail, agus fiafraíodh in aighneachtaí áirithe cén fáth ar dúnadh na hionaid faisnéise i mí Mheán Fómhair.

6.2.5.8 Aiseolas nó Tuairimí nó Saincheisteanna Eile a Bhaineann leis an Tionscadal

6.2.5.8.1 Tagairt do Shamplaí Idirnáisiúnta agus do Dhul Chun Cinn sa Teicneolaíocht

- 95 Rinne roinnt páirtithe leasmhara tagairt do shamplaí idirnáisiúnta inar úsáideadh cáblaí faoin talamh agus rinne siad tagairt freisin do dhul chun cinn i dteicneolaíocht maidir le cáblaí faoin talamh. I measc na saincheisteanna a ardaíodh, áirítear:
- Fiosrúcháin ghinearálta maidir le bonneagar nua leictreachais i dtíortha eile agus rinneadh tagairt do thionscadail le déanaí sa tSualainn agus sa Danmhairg inar roghnaíodh cáblaí faoin talamh mar an rogha teicneolaíochta;
 - Níor ghlac go leor páirtithe leasmhara leis na cúiseanna a chuir EirGrid i láthair nach bhféadfaí an tionscadal a chur faoin talamh agus bhraith siad go raibh cúrsaí costais go mór i gceist. Ina theannta sin, dúirt roinnt páirtithe leasmhara nár cheart an costas a sholáthar mar chúis gan an tionscadal a chur faoin talamh; agus

- Léirigh roinnt rannpháirtithe tuiscint shoiléir ar na saincheisteanna a bhain leis an argóint idir línte lasnairde agus línte faoin talamh, ach, dá ainneoin sin, d'áitigh siad gur cheart na línte a leagan faoin talamh.

6.2.5.8.2 Fostáisiún Dhún an Rí

96 Cheistigh roinnt páirtithe leasmhara cén fáth nach raibh an fostáisiún ag Dún an Rí ina chuid den togra a thuilleadh, agus chuir siad ceisteanna faoi phleananna EirGrid le haghaidh fostáisiúin amach anseo.

6.2.5.8.3 Línte Lasnairde i gcoinne Línte a Leagan faoin Talamh

97 Léirigh líon suntasach páirtithe leasmhara gurbh fhearr leo go ndéanfaí na línte cumhachta a leagan faoin talamh. Cuireadh in iúl i roinnt aighneachtaí go dtacódh an páirtí leasmhar leis an tionscadal dá leagfaí faoin talamh é. Rinneadh trácht i roinnt aighneachtaí ar iarratas NEPP go leagfaí na cáblaí faoin talamh agus cuireadh in iúl go mbeadh an togra curtha i gcrích sé bliana ó shin dá ndéanfaí a leithéid;

98 Measadh nárbh fhéadfaí glacadh le línte lasnairde agus gur cheart na línte cumhachta a leagan faoin talamh. Bhraith roinnt páirtithe leasmhara, ós rud é gur féidir línte a leagan faoin talamh idir Sasana agus Baile an Bhóthair, gur cheart iad a leagan faoin talamh don chuid eile den línebhealach.

99 Mheas roinnt páirtithe leasmhara gur cheart do EirGrid a bheith ceannródaíoch sa réimse seo agus an tionscadal seo a leagan faoin talamh ar mhaithe leis an bpobal. Mheas roinnt páirtithe leasmhara go bhfuil EirGrid ag diúltú an tionscadal seo a leagan faoin talamh toisc gurbh fhasach a bheadh ann chun tionscadail eile dá chuid a leagan faoin talamh amach anseo; agus

100 Mhol roinnt páirtithe leasmhara roghanna féideartha treoraithe le haghaidh cábla faoin talamh. Bhí comhshuíomh leis an mbonneagar reatha i gceist le formhór na moltaí sin. I measc na láithreacha sonracha a moladh, áiríodh conairí líneacha reatha e.g. na línte a leagan faoi raonta rothar lasmuigh den Uaimh nó faoi mhótarbhealach an M3.

6.2.5.8.4 An Gá Atá leis an Tionscadal

101 Rinne go leor páirtithe leasmhara tuairim a léiriú agus aiseolas a chur ar fáil maidir leis an ngá atá leis an tionscadal le linn na tréimhse comhairliúcháin seo. I measc na saincheisteanna sonracha a luadh, áiríodh iad seo a leanas:

- Chuir roinnt páirtithe leasmhara fáilte roimh an tionscadal agus dúirt go raibh siad i bhfabhar an tionscadail. D'aithin agus thuig roinnt páirtithe leasmhara go bhfuil gá leis an líne chumhachta a thógáil, ach ba cheart an líne a leagan faoin talamh dar leo. Ina leith sin, cuireadh in iúl i roinnt aighneachtaí nach gcuirí i gcoinne an tionscadail dá mbeartódh EirGrid é a leagan faoin talamh agus go mbeadh an tionscadal curtha i gcrích faoin am anseo dá mbeadh sé beartaithe ag EirGrid é a leagan faoin talamh;
- D'aithin roinnt páirtithe leasmhara go bhfuil gá leis an tionscadal agus go bhfuil sé riachtanach an eangach a fhorbairt chun tacú le forbairt gheilleagar na hÉireann de réir mar a thioctadh méadú ar an éileamh ar leictreachas. Aithníodh i roinnt aighneachtaí go mbeidh cumas tarchuir breise de dhíth chun freastal ar an éileamh sin;
- Fuarthas aighneachtaí inar ceistíodh an bonn a bhí leis na réamhaisnéisí a d'fhoilsigh EirGrid maidir le hiontaofacht an tsoláthair leictreachais san oirthuaisceart;
- Mar a bhí san aiseolas a fuarthas sa chomhairliúchán roimhe ar an *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)*, níor ghlac go leor páirtithe leasmhara le prionsabal an tionscadail go fóill. Bhí na cúiseanna leis an tuairim seo bunaithe ar an leibhéal ard dífhostaíochta agus imirce. De bharr dhrochstaid gheilleagar na hÉireann, bhraith roinnt páirtithe leasmhara gur cheart an t-airgead a chaitheamh ar ospidéal agus nach bhfuil gá leis an tionscadal seo;
- Measadh in aighneachtaí áirithe go mbaineann an tionscadal le hairgead a thuilleamh seachas le freastal ar dhaoine;
- Bhraith roinnt páirtithe leasmhara nach bhfuil an tionscadal á mholadh ach chun onnmhairiú fuinnimh chuig an Ríocht Aontaithe a éascú;
- Fuarthas aiseolas freisin go bhfuil líon ollmhór piolón i gceist agus go bhfuil an tionscadal a bheartaítear ina mhótarbhealach ag BSL; agus
- Mheas roinnt páirtithe leasmhara go mbeidh líon iomarcach bonneagair nach bhfuil gá leis ina gceantar áitiúil féin.

6.2.5.8.5 Costas

- 102 Bhí ceisteanna ag roinnt páirtithe leasmhara maidir le costas an tionscadail, agus mheas siad gurbh fhearr an t-airgead a caitheadh ar imeachtaí agus ar ábhair faisnéise don phobal a chaitheamh ar an tionscadal a leagan faoin talamh;

- 103 In aighneachtaí áirithe, cuireadh in iúl go raibh na mílte euro d'airgead an phobail caite ar chur i gcoinne an tionscadail chun iarracht a dhéanamh stop a chur leis an líne chumhachta a shuiteáil lasnairde;
- 104 D'fhiafraigh roinnt rannpháirtithe cén tionchar a bheidh ag an idirnascaire nua ar chostais leictreachais sna blianta amach anseo, agus d'iarr siad faisnéis ar an gcoigilteas costais atá réamh-mheasta ag EirGrid.
- 105 Mhóthaigh roinnt rannpháirtithe nach bhfuil aghaidh chuí á tabhairt ag BSL ná ag EirGrid ar chostas an tionscadail. Luadh cás thionscadal 220 kV Choillín an Triain-Shrath na nEach agus tugadh le fios gur measadh i dtosach go mbeadh costas €36 milliún i gceist leis ach go raibh costas i bhfad níos airde ná sin i gceist leis ar deireadh thiar agus
- 106 D'fhiafraigh roinnt páirtithe leasmhara faoin gcostas a bhain leis na tuarascálacha teicniúla a tháirgeadh don tionscadal.

6.2.5.8.6 Sláinte agus Sábháilteacht

- 107 Maidir leis na treoirlínte i leith línte lasnairde ardvoltais a oibriú, fuarthas aighneachtaí inar cuireadh in iúl go mbaineann na treoirlínte a chuir EirGrid ar fáil le géarnochtadh (gearrthéarmach) seachas le nochtadh ainsealach (fadtéarmach). I gcás na samplaí d'fhearais tí a sholáthair EirGrid sa leabhrán EMF, measadh gur bhain siad le géarnochtadh. Measadh go roghnaíonn daoine cur fúthu i dtithe agus na fearais sin a úsáid ach nach roghnaíonn siad cur fúthu gar do línte cumhachta ardvoltais a bhrúitear orthu dar leo. Iarradh sonraí ar an tslánaíocht árachais atá beartaithe ag EirGrid le haghaidh éilimh sláinte a eascróidh as an tionscadal agus ar an gcaoi a bhfuil sé beartaithe é sin a shlánú go buan ar bhonn leanúnach dá ndóilfaí EirGrid ar bhonn tráchtála.

6.2.5.9 Aighneachtaí a Fuarthas ó Údaráis Fhorordaithe maidir leis an *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)*

- 108 Fuarthas roinnt aighneachtaí ó údaráis fhorordaithe (atá forordaithe mar chomhairlithe foirmiúla le próiseas an iarratais san Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 [arna leasú]) le linn an chomhairliúcháin ar an Preferred Project Solution Report (*Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe*). Chuaigh foireann tionscadail EirGrid i mbun caidreamh réamhghníomhach leis na húdaráis fhorordaithe le linn na céime sin, agus tugtar cur síos mionsonraithe ar an gcaidreamh sin i gCaibidil 3 (Scópáil an EIS), **Imleabhar 3B** den EIS atá ag gabháil leis an iarratas pleanála ar cheadú.

6.2.5.10 Iarratas ó North East Pylon Pressure Group (Muintir an Oirthuaiscirt in Éadan Píolón)

- 109 Thug an NEPP cuireadh do EirGrid an 14 Lúnasa 2013 freastal ar chruinniú poiblí an 17 Deireadh Fómhair 2013. Mhaígh an NEPP gurbh é cuspóir an chruinnithe ardán a thabhairt do na páirtithe go léir lena réasúnaíocht agus a mbonn cirt a chur i láthair ar son beartas línte lasnairde nó cáblaí faoin talamh i gcomhair na Forbartha Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV.
- 110 Tar éis breithniú a dhéanamh ar a n-iarratas, thug EirGrid freagra don NEPP an 30 Lúnasa 2013 agus dhiúltaigh sé don chuireadh bheith i láthair.
- 111 Sa litir uaidh an 30 Lúnasa 2013, luaigh EirGrid go ndeachaigh sé i mbun cuid mhór caidrimh leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara sa Mhí, sa Chabhán agus i Muineachán ó foilsíodh an *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)* i mí Aibreáin 2013. Ar na nithe a áiríodh leis sin, bhí:
- Mórán laethanta oscailte sa Mhí, sa Chabhán agus i Muineachán;
 - Cruinnithe duine le duine inár n-ionaid faisnéise áitiúla i gCarraig Mhachaire Rois, i nDún an Rí agus san Uaimh;
 - Caidreamh leis an NEPP agus leis an CMAPC;
 - Cruinnithe faisnéise polaitíochta;
 - Cruinnithe faisnéise le haghaidh Oifigigh na Comhairle Contae;
 - Cruinnithe faisnéise agus agallaimh rialta leis na meáin; agus
 - Fógraíocht sna nuachtáin agus ar an raidió.
- 112 Luaigh EirGrid freisin gur chas sé le cuid mhór úinéirí talún agus páirtithe leasmhara eile le linn an chomhairliúcháin don *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)*. Dhearbhaigh EirGrid leis go mbeadh sé ar fáil i rith an ama chun dul i mbun caidreamh díreach le húinéirí talún agus / nó le páirtithe leasmhara a raibh imní orthu nó ceist acu maidir leis an tionscadal ag na hionaid faisnéise áitiúla san Uaimh, i gCarraig Mhachaire Rois agus i nDún an Rí sna seachtainí a bhí le teacht.
- 113 Luaigh EirGrid gurbh fhearr leis casadh le húinéirí talún ina n-aonar toisc go mbaineann plé ar bith den sórt sin lena réadmhaoín agus, dá bhrí sin, mheas EirGrid gur cuí tailte úinéir talún a phlé leis an úinéir talún lena mbaineann agus mar sin measadh go raibh sé míchuí é a dhéanamh i bhfóram poiblí (feic **Caibidil 7** den tuarascáil seo).

- 114 Shonraigh EirGrid freisin nach gcuirfeadh sé isteach ná amach air dá mbeadh a rogha ionadaíochta ag an úinéir talún ag cruinniú ar bith den sórt sin, bíodh sé sin ball de Choiste an NEPP, ionadaíocht dhlíthiúil nó comhairleoir gairmiúil eile. Mhaígh sé go gcuirfeadh sé fáilte roimh an gcleachtas sin fiú.

6.2.6 Freagraí ar na Saincheisteanna a Ardaíodh le linn Rannpháirtíocht an Phobail

- 115 Rinneadh gach comhfhreagras a d'eisigh agus a fuair EirGrid maidir leis an gcomhairliúchán ar an tionscadal a thaifeadadh de réir an phróisis a bhfuil cur síos air i **Rannán 4.6** den tuarascáil seo.
- 116 Ba iad foireann an tionscadail a rinne bainistiú ar ghlaonna ar líne faisnéise an tionscadail, agus tugadh freagra do pháirtithe leasmhara ar a gceisteanna. I gcásanna nach raibh fáil éasca ar fhreagra, nó i gcás go raibh gá go ndéanadh foireann tionscadail EirGrid breithniú agus athbhreithniú ar an tsaincheist, coimeádadh taifead ar an bplé a rinneadh ar an ábhar inmí/ar an tsaincheist, agus rinne foireann an tionscadail athbhreithniú orthu sin ina dhiaidh sin.
- 117 D'admhaigh EirGrid na haighneachtaí i scríbhinn a fuarthas (sa phost nó ar ríomhphost) agus dearbhaíodh go ndéanadh foireann an tionscadail breithniú agus athbhreithniú ar na saincheisteanna a ardaíodh.
- 118 Ba iad foireann an tionscadail a thug freagra díreach ar cheisteanna a cuireadh. I gcás ceist ar bith ar a raibh freagra teicniúil nó faisnéis shonrach de dhíth, seoladh an cheist ar aghaidh chuig an speisialtóir teicniúil cuí lena breithniú agus lena measúnú. D'ullmhaigh agus d'eisigh foireann an tionscadail freagraí ar iarratais ón bpobal agus ón bpobal lena mbaineann ar fhaisnéis shonrach, mar shampla, léarscáil shaincheaptha ina léireofaí láthair bheartaithe an línebhealaigh agus / nó an struchtúir thúr i ngaireacht d'áit chónaithe.
- 119 Soláthraítear faisnéis i d**Tábla 6.5** ar na saincheisteanna agus ar na hábhair inmí a tháinig chun cinn sa chomhairliúchán poiblí ar an *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)* agus léiriú ar an áit a dtugtar aghaidh orthu san EIS agus / nó ar fhaisnéis tacaíochta a chuir EirGrid isteach chuig an mBord mar chuid den iarratas planála.

Tábla 6.5: Na Príomhábhair Imní a Tháinig Chun Cinn sa Chomhairliúchán Poiblí ar an *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)* agus Léiriú ar an Áit a dTugtar Aghaidh Orthu san EIS agus / nó i bhFaisnéis Tacaíochta a Chuir EirGrid Isteach Chuig an mBord Pleanála mar chuid den Iarratas Pleanála seo

Saincheist	Ábhar Imní / Saincheist	Caibidil san EIS nó Cáipéis Ábhartha de chuid EirGrid
Gaireacht do thithe cónaithe	Saincheisteanna a bhaineann le gaireacht an togra do thithe cónaithe, do scoileanna, d'áiseanna pobail agus do ghnóthais.	An chaibidil maidir le <i>Daoine – Pobal agus Eacnamaíoch</i> san EIS.
Láithreáin oidhreachta	Ábhair imní a bhaineann le drochthionchar féideartha ar thaitneamhachtaí turasóireachta.	An chaibidil maidir leis an <i>Oidhreacht Chultúrtha</i> agus maidir le <i>Daoine – Turasóireacht</i> agus <i>Taitneamhacht</i> san EIS.
An pobal agus spórt	An tionchar ar thaitneamhachtaí an phobail áitiúil agus ar chlubanna spóirt.	An chaibidil maidir le <i>Daoine – Turasóireacht</i> agus <i>Taitneamhacht</i> san EIS.
Tionchar amhairc	Tionchar amhairc ar an tírdhreach agus ar thaitneamhacht amhairc, tírdhreach droimní.	An chaibidil maidir le <i>Tírdhreach</i> san EIS.
Truailliú torainn	Tionchar torainn ón líne chumhachta.	An chaibidil maidir le <i>hAer – Torann agus Creathadh</i> san EIS.
Éiceolaíocht	An tionchar ar éin, ar an bhfiadhúlra, ar iascaigh agus ar cháilíocht an uisce.	An chaibidil maidir le <i>Flóra agus Fána</i> san EIS agus <i>Ráiteas Tionchair Natura (NIS)</i>
Sláinte / EMF	EMF, ailse, breith anabái.	An chaibidil maidir le <i>Daoine – EMF</i> san EIS; an leabhrán <i>EMF and You (EMF agus Tú Féin)</i> ; agus Ceisteanna Coitianta an tionscadail
Díluacháil Réadmhaoine	Díluacháil réadmhaoine.	Ceisteanna Coitianta EirGrid agus an Tuarascáil Phleanála a ghabhann leis an iarratas ar cheadú pleanála.
Forbairt réadmhaoine	Imní go gcaillfí an acmhainneacht chun cur isteach ar chead pleanála ar fhorbairt amach anseo (e.g. áiteanna nua cónaithe ar thalamh ar leis an teaghlach é).	An Tuarascáil Phleanála a ghabhann leis an iarratas pleanála nua.

Saincheist	Ábhar Imní / Saincheist	Caibidil san EIS nó Cáipéis Ábhartha de chuid EirGrid
Beostoc agus feirmeoireacht	Imní / saincheisteanna úinéirí talún a ndéantar breac-chuntas orthu i gCaibidil 7 den tuarascáil seo.	An chaibidil maidir le <i>Daoine – Úsáid Talún</i> san EIS.
Leagan faoin talamh	Líne lasnairde i gcoinne cábla faoin talamh.	An chaibidil maidir le <i>Roghanna Eile Tarchuir agus Teicneolaíochta</i> san EIS.
Suíomh bealaí	Suíomh an línebhealaigh roghnaithe.	An chaibidil maidir le <i>Roghanna Bealaigh</i> san EIS.

6.2.7 Tionchar Rannpháirtíocht an Phobail

- 120 Rinne EirGrid breithniú agus measúnú ar na haighneachtaí a rinne an pobal agus úinéirí talún agus páirtithe leasmhara eile le linn an chomhairliúcháin ar an réiteach tionscadail roghnaithe, agus freisin ar aiseolas a fuarthas le linn an chomhairliúcháin ar an *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)*. Sa chás sin, bhain go leor den aiseolas le dearadh mionsonraithe agus le tionchar comhshaoil an togra.
- 121 De bharr na n-aighneachtaí agus an aiseolais a fuarthas, rinne foireann tionscadail EirGrid roinnt mionathruithe ar dhearadh an réitigh tionscadail deiridh.
- 122 Rinneadh na mionathruithe sin de réir an aiseolais a fuarthas ó úinéirí talún a chuaigh i mbun caidrimh le EirGrid mar chuid den chomhairliúchán ar dhearadh an línebhealaigh, ar lonnú na struchtúr túir, agus ar thógáil na mbealaí rochtana. Tá plé níos mionsonraithe air sin i **gCaibidil 7** ina ndéantar cur síos ar an gcaidreamh leis na húnéirí talún agus ar thoradh an chaidrimh, lena n-áirítear na mionathruithe a rinneadh ar an línebhealach de bharr iarratais ar athrú a fuarthas ó úinéirí talún.
- 123 Tá na treoirlínte a bhí in úsáid ag EirGrid chun iarratais ar mhionathruithe a láimhseáil leagtha amach thíos:
- Rinneadh measúnú teicniúil agus comhshaoil ar gach iarratas réasúnta ar athrú ar an dearadh mar aon le measúnú ar chúrsaí úinéirí talún;

- Le bheith in-fhorfheidhmithe, níor mhór go raibh na nithe seo a leanas i gceist leis na hathruithe molta ar an dearadh:
 - Na riachtanais ghinearálta don dearadh líne a chomhlíonadh¹⁹ (áirítear leis sin na cúrsaí comhshaoil agus teicniúla a aithnítear i Rannán 3.3.2 den *Preferred Project Solution Report [Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe] [Iúil 2013]*);
 - Ní féidir tionchar míchuí níos mó ar áiteanna cónaithe ná ar ghabhdóirí íogaire cóngaracha nó in aice láimhe a bheith mar thoradh ar na hathruithe molta;
 - Ba cheart an líon macra-athruithe²⁰ atá de dhíth ar an dearadh líne foriomlán a laghdú an oiread is féidir; agus
 - Teoranta, nuair is féidir, do réadmhaoin an úinéara talún.

124 Rinneadh breithiúnas cothrom bunaithe ar chúrsaí teicniúla agus comhshaoil agus ar chúrsaí eile.

6.2.7.1 Raon Feidhme an Ráitis Tionchair Timpeallachta

125 Maidir leis na saincheisteanna a ardaíodh in aighneachtaí áirithe a fuarthas, i measc nithe eile, le linn an chomhairliúcháin ar an réiteach tionscadail roghnaithe, rinne foireann tionscadail EirGrid breithniú orthu le linn ullmhú an iarratais reatha ar cheadú pleanála agus le linn ullmhú an EIS agus, nuair is ábhartha, an NIS a ghabhann leis.

126 Tugtar achoimre i gCaibidil 3 d'Imleabhar 3B den EIS, atá ag gabháil leis an iarratas pleanála ar cheadú, ar an gcaoi ar úsáideadh an fhaisnéis ón bpróiseas comhairliúcháin, lena áiríodh comhairliúchán le húdarais fhorordaithe, in ullmhú an iarratais pleanála nua agus an EIS.

¹⁹ Tugadh tús áite do mhionathruithe d'fhonn comhlíonadh na reachtaíochta ábhartha a áirithiú (an Treoir Chódaithe maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta [EIA] [2011/92/AE] agus an Treoir maidir le Gnáthóga [92/43/CEE]).

²⁰ Athrú suntasach thar chúpla céad méadar lena bhfuil crainn uillinne bhreise i gceist go hiondúil

7 CAIDREAMH LE HÚINÉIRÍ TALÚN

7.1 RÉAMHRÁ

- 1 Sainithníodh úinéirí talún ag céim luath mar ghrúpa tábhachtach den phobal ó thaobh na forbartha a bheartaítear de. Bhí foireann tionscadail EirGrid toilteanach an tionscadal a phlé le húinéirí talún ag gach céim den tionscadal d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na hábhair inní agus ar na saincheistanna a d'fhéadfadh a bheith acu. Maidir leis sin, déanann EirGrid iarracht an méid a chuirfí isteach ar úsáid reatha na talún agus ar chleachtais bainistíochta feirme a laghdú an oiread agus is féidir agus, mar thoradh air sin, ghlac sé i gcónaí cur chuige réamhghníomhach i leith caidrimh le húinéirí talún don tionscadal.
- 2 Mar sin féin, ba as aiseolas a fuarthas ó úinéirí talún ar na gníomhaíochtaí agus ar na himeachtaí comhairliúcháin le linn chéimeanna tosaigh an tionscadail (i.e. le linn 2008 agus 2009) a tháinig straitéis chomhthreomhar, réamhghníomhach agus shaincheaptha i leith caidrimh le húinéirí talún chun cinn, straitéis ar ghlac EirGrid léi tar éis athmheasúnú a thosú ar an tionscadal sa bhliain 2010.
- 3 Tugtar breac-chuntas sa chaibidil seo den tuarascáil ar an gcomhairliúchán agus ar an gcaidreamh a rinneadh le húinéirí talún, agus ar a son, ó 2007. Cuirtear samplaí de litreacha agus de cháipéisí gaolmhara a eisíodh le linn an chaidrimh le húinéirí talún san áireamh in **Aguisín I** leis an tuarascáil seo.

7.2 CAIDREAMH LE HÚINÉIRÍ TALÚN, 2007 GO 2010

- 4 Cuireadh tús le caidreamh dírithe le húinéirí talún tar éis fhoilsiú na gconairí bealaigh roghnaithe agus na línebhealaí táscaha i mí Aibreáin 2009. Sainithníodh na húinéirí talún tar éis an chlárann réadmhaoine a chuardach le haghaidh réadmhaoine atá suite feadh fhad na línebhealaí táscaha. Scríobh EirGrid chuig na húinéirí talún / na háititheoirí uile chun cuireadh a thabhairt dóibh teacht le chéile le foireann an tionscadail agus an togra agus aon ábhar inní a bhí acu a phlé. Rinneadh iarrachtaí eile ina dhiaidh sin cuairt a thabhairt ar úinéirí talún agus cead a fháil suirbhéanna comhshaoil agus / nó teicniúla a dhéanamh. Tugtar sonraí i d**Tábla 7.1** ar na litreacha a seoladh chuig úinéirí talún le linn na tréimhse.

Tábla 7.1: Sonraí ar na Litreacha a Seoladh chuig Úinéirí Talún idir 2007 agus 2009

Dáta Eisiúna	Faisnéis a Soláthraíodh
07 Aibreán 2009	<p>Seoladh an fhaisnéis seo a leanas chuig gach úinéir talún a bhféadfaí dul i gcion orthu:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Litir ó EirGrid inar fógraíodh gur críochnaíodh na staidéir a rinneadh chun na bealaí is fearr do dhá líne tharchuir nua a shaináithint. Ba iad sin, líne na Mí – an Chabháin agus líne an Chabháin – Thír Eoghain; • Cuireadh in iúl dóibh go dtabharfadh ionadaí de chuid EirGrid cuairt orthu sna seachtainí le teacht chun an togra a phlé; • Tugadh cuireadh d'úinéirí talún aon tionchar féideartha ar a gcleachtais feirmeoireachta nó pleananna forbartha a phlé leis an ionadaí de chuid EirGrid nó trí theagmháil a dhéanamh le EirGrid; • Léarscáil (nó léarscáileanna) inar léiríodh láthair bheartaithe na líne san áit ar thrasnaigh sí a dtalamh faoi seach; agus • Cóip de bhileog faisnéise inar tugadh sonraí ar na línte tarchuir nua.
29 Iúil 2009	Fuair gach úinéir talún litir óna ngníomhaire ceaptha, agus bhí an <i>Bhileog Faisnéise Nuashonraithe don Phobal</i> do mhí Iúil 2009 faoi iamh leis.
21 Nollaig 2009	<p>Fuair gach úinéir talún litir óna ngníomhaire ceaptha, inar tugadh an fhaisnéis seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Cuireadh in iúl dóibh go mbeadh EirGrid ag cur an iarratais pleanála agus an EIS faoi bhráid an Bhoird; • Tugadh cuireadh dóibh teagmháil a dhéanamh le EirGrid maidir le haon cheisteanna, fhadhbanna nó ábhair imní a bhí acu maidir leis an tionscadal; • Cuireadh in iúl dóibh go reáchtálfaí comhairliúchán poiblí tar éis chur isteach an iarratais agus gur ghá aighneachtaí ar an tionscadal ag an gcéim sin a dhéanamh go díreach chuig an mBord; • Cuireadh in iúl dóibh go ndearna EirGrid tréimhse comhairliúcháin phoiblí deich seachtaine a bheartú don Bhord Pleanála toisc go mbeadh an t-iarratas á chur isteach chomh gar sin do thréimhse na Nollag; agus • Cuireadh cóip den <i>Bhileog Faisnéise Nuashonraithe don Phobal</i> faoi iamh leis an litir
21 Eanáir 2010	<p>Fuair gach úinéir talún litir óna ngníomhaire ceaptha, inar tugadh an fhaisnéis seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Cuireadh in iúl dóibh go raibh an t-iarratas pleanála curtha isteach ag EirGrid; • Cuireadh in iúl dóibh gur cuireadh deich seachtaine eile leis an tréimhse comhairliúcháin phoiblí don tionscadal, agus í ar siúl go dtí an 12 Márta 2010 anois; • Cuireadh leagan páipéir den achoimre neamhtheicniúil ar an EIS agus DVD ina raibh cóip iomlán den EIS faoi iamh leis an litir; agus • Tugadh sonraí ar uaireanta oscailte Ionaid Faisnéise EirGrid, áit a bhféadfaí amharc ar an iarratas agus áit a mbeadh baill d'fhoireann EirGrid ar fáil chun ceisteanna a fhreagairt.

- 5 I mí Iúil 2009, d'fhógair EirGrid go dtosódh sé ag díriú ar iarratas pleanála a ullmhú agus mhol sé d'úinéirí talún teagmháil a dhéanamh leis chomh luath agus ab fhéidir má bhí aon cheisteanna acu.

7.2.1 Leibhéal Rannpháirtíocht na nÚinéirí Talún

- 6 Tar éis na conairí bealaigh roghnaithe agus na línebhealaí táscacha a fhoilsiú, bhain úinéirí talún tairbhe as na deiseanna a bhí ann aiseolas a chur ar fáil trí mheicníochtaí bunaithe: an líne theileafóin, as litreacha, as foirmeacha aiseolais agus as ríomhphoist. Le linn earrach na bliana 2009, sheol páirtithe leasmhara moll mór comhfhreagrais isteach, lena áiríodh sé shraith de cheisteanna caighdeánacha, mar aon le ceisteanna mionsonraithe ar raon saincheisteanna eile a bhain le hoidhreacht, le stoc folaíochta agus le slatiascaireacht (feic **Rannán 4.5.1**). Is fiú a thabhairt faoi deara gurbh úinéirí talún a bhí i sciar suntasach de na páirtithe leasmhara ar leith sin.
- 7 Beag beann ar an iarracht a rinne foireann tionscadail EirGrid teagmháil a dhéanamh go díreach le húinéirí talún agus / nó cuairt a thabhairt orthu agus cead a fháil chun suirbhé a dhéanamh ar thailte, níor baineadh amach ach méid teoranta caidrimh (tuairim is 33%).
- 8 Tar éis an t-iarratas ar cheadú a chur isteach i mí na Nollag 2009 d'Fhorbairt Idirnasctha 400 kV na Mí-Thír Eoghain, d'éirigh úinéirí talún ina rannpháirtithe gníomhacha sa phróiseas comhairliúcháin reachtúil.
- 9 Tugtar faoi deara freisin gur bhuail roinnt úinéirí talún isteach in oifigí faisnéise an tionscadail tar éis iad a oscailt i mí Lúnasa 2008 chun faisnéis ábhartha a fháil faoin tionscadal nó chun saincheisteanna a phlé le baill d'fhoireann tionscadail EirGrid. Bhí sé sin an-choitianta tar éis an t-iarratas pleanála a chur faoi bhráid an Bhoird, toisc go raibh cóip den iarratas ar fáil sna hoifigí.

7.2.2 An Cineál Aiseolais a Fuarthas

- 10 Mar thoradh ar fhoilsiú na línebhealaí táscacha i mí Aibreáin 2009, bhí úinéirí talún in ann teacht ar fhaisnéis faoi chineál agus faoi láthair na forbartha a bheartaítear i gcoibhneas lena ngabháltais féin. Fuair EirGrid raon leathan aiseolais a bhain leis na nithe seo a leanas, i measc nithe eile:
- Na cearta a bhí ag EirGrid dul isteach ar thailte / tailte a rochtain chun suirbhéanna a dhéanamh;
 - Cúiteamh i gcineálacha áirithe tionchair ar nós damáiste do bharr;

- An t-achar slán oibre inar féidir oibríochtaí feirmeoireachta a dhéanamh in aice le túir agus le sreanga beo;
- Ceisteanna maidir le cé acu an mbeadh nó nach mbeadh ar EirGrid comhaontú a fháil ó na húnéirí talún uile sula gcuirfeadh sé pleananna faoi bhráid an Bhoird; agus
- Ceisteanna maidir le cé na réamhchúraimí sábháilteachta a dhéanfaí agus an líne lasnairde á tógáil.

11 Ina theannta sin, chuir úinéirí talún aiseolas ar fáil a bhain leis an gcineál comhairliúcháin agus leis an dóigh a ndearnadh comhairliúchán le húnéirí talún le linn na céime sin den tionscadal. Den chuid is mó, chuir úinéirí talún an t-aiseolas sin in iúl in aighneachtaí i scríbhinn agus / nó in aighneachtaí ó bhéal maidir leis an iarratas ar cheadú d'Fhorbairt Idirnasctha 400 kV na Mí-Thír Eoghain tar éis chur isteach an iarratais sin i mí na Nollag 2009. Áiríodh iad seo a leanas lena cuireadh in iúl sna haighneachtaí sin:

- Bhí imní ann faoin dóigh ar cuireadh úinéirí talún ar an eolas go mbeadh an togra lonnaithe ar a gcuid réadmhaoine. Maíodh gur foilsíodh dearadh roghnaithe deiridh agus na láithreacha túir deiridh sula ndeachthas i mbun caidrimh le húnéirí talún. Thug an méid sin le tuiscint go raibh an dearadh cinnte cheana féin agus nach mbeifí in ann é a athrú.
- Maíodh nár cuireadh téarmaí tagartha soiléire ar fáil d'úinéirí talún maidir le conas agus le cathain a d'fhéadfaidís dul i gcion ar an dearadh líne.
- Creideadh gur cheart deis a thabhairt d'úinéirí talún páirt a ghlacadh sa phróiseas ag céim ní ba luaithe ionas go bhféadfaidís tuilleadh ionchuir a dhéanamh maidir le forbairt an tionscadail.
- Bhí imní ann faoin dóigh ar fhéach EirGrid agus a chuid ionadaithe le dul i mbun caidrimh le húnéirí talún.
- Maíodh go raibh easpa faisnéise agus trédhearcachta ann maidir leis an dóigh ar forbraíodh an dearadh líne agus maidir leis an dóigh a dtógfaí í.
- Maíodh nár leagadh go leor béime ar an bhféidearthacht go mbeadh tionchar ag an togra ar chleachtais talmhaíochta.

7.2.3 Freagraí ar na Saincheisteanna a Ardaíodh

12 Beag beann ar na hiarrachtaí a rinne EirGrid dul i mbun caidrimh go díreach le húnéirí talún, ba iad na Ceisteanna Coitianta a foilsíodh idir mí Eanáir 2008 agus mí Iúil 2009 an príomhbhealach inar tugadh freagra ar an aiseolas a fuarthas le linn na céime sin den

tionscadal. Maidir leis sin, d'fhéach EirGrid le freagra a thabhairt ar na príomh-shaincheistanna sonracha sin a d'ardaigh úinéirí talún agus a bhí ábhartha d'úinéirí talún (mar a rinneadh achoimre orthu thuas).

- 13 Chomh maith leis sin, cuireadh aiseolas breise ar fáil i leagan eile de cheistanna coitianta a foilsíodh i mí Eanáir 2010. Leagadh amach sa cháipéis sin na freagraí ar cheistanna a chuir úinéirí talún agus an pobal áitiúil ar EirGrid mar fhreagairt do na Ceistanna Coitianta a foilsíodh i mí Iúil 2009. Mar a tharla, ceistanna leantacha inar iarradh soiléire ar roinnt de na freagraí a tugadh i mí Iúil 2009 ba ea na ceistanna nua sa cháipéis sin.


7.2.4 An Dóigh a ndeachaigh Aiseolas i gcion ar Fhorbairt an Tionscadail

- 14 Ba iad na príomhbhealaí inar tugadh freagra ar cheistanna ginearálta a d'ardaigh úinéirí talún le linn na tréimhse sin den chomhairliúchán le húinéirí talún (agus a ardaíodh le linn gníomhaíochtaí comhairliúcháin roimhe) ná dearadh deiridh agus ábhar an iarratais planála ar cheadú agus an EIS a cuireadh faoi bhráid an Bhoird i mí na Nollag 2009.
- 15 Thug aiseolas a fuarthas ó úinéirí talún le linn na céime sin eolas freisin don straitéis fhadtéarmach cumarsáide don tionscadal. Ba as na ceachtanna a foghlaimíodh a tháinig straitéis shaincheaptha i leith caidrimh le húinéirí talún chun cinn, straitéis ar ghlac EirGrid agus foireann an tionscadail léi ó 2011 ar aghaidh. Maidir leis sin, rinneadh an treochlár táscach don tionscadal a leasú chun aird a tharraingt ar na deiseanna a bheadh ag úinéirí talún dul i mbun caidrimh le foireann an tionscadail ag gach céim d'fhorbairt an bhealaigh agus de dheardh an tionscadail. Áiríodh leis an straitéis sin téarmaí tagartha le haghaidh comhairliúcháin le húinéirí talún agus na deiseanna a bhí ar fáil d'úinéirí talún aiseolas agus ionchur a chur ar fáil maidir leis an dearadh líne, leis na láithreacha túir agus leis an mbealach táscach. Ina theannta sin, cuireadh córas foirmiúil i bhfeidhm chun iarratais ar athrú a éascú agus a phróiseáil.
- 16 D'éist EirGrid go háirithe leis na hábhair imní a bhí ag úinéirí talún a chuir in iúl roimhe sin gur mhinic nach mbídís ar an eolas faoi cén chéim ag a raibh an tionscadal. Agus téarmaí tagartha á gcur ar fáil aige le haghaidh caidrimh le húinéirí talún, d'fhéach EirGrid le dul i ngleic leis an tsaincheist sin trí thuilleadh teorach a thabhairt d'úinéirí talún faoi stádas an tionscadail agus trí mhíniú a thabhairt ar na deiseanna a bheadh ar fáil d'úinéirí talún páirt a ghlacadh i ngach céim den tionscadal sula gcuirfí ar aghaidh é chuig an gcéad chéim eile.
- 17 Ina theannta sin, cuireadh in iúl sna téarmaí tagartha d'úinéirí talún na nithe a mbeifí in ann comhairliúchán agus leasú a dhéanamh orthu d'fhonn a chinntiú go mbeadh an comhairliúchán bríoch do EirGrid agus do na húinéirí talún araon.

- 18 Thacaigh an mór-raon gníomhaíochtaí comhairliúcháin a bhí ar siúl leis an bpróiseas caidrimh le húinéirí talún. Ina chuid comhfhreagrais le húinéirí talún, chuir EirGrid i gcuimhne d'úinéirí talún nach mbeadh cruinnithe ina dtithe ná ar a dtalamh féin ar an aon bhealach amháin ina bhféadfaidís dul i mbun caidrimh le foireann an tionscadail agus go bhféadfaidís, dá mba mhian leo, bualadh le foireann an tionscadail ag ionaid faisnéise an tionscadail freisin.
- 19 Tugadh faoi deara freisin go ndeachaigh aiseolas ó úinéirí talún le linn na céime sin (lenar áiríodh aighneachtaí chuig an mBord maidir leis an iarratas roimhe ar cheadú) a bhain le ceisteanna deartha mhionsonraithe i gcion ar na cúrsaí deartha mhionsonraithe a ndearnadh breithniú orthu don Fhorbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV, faoi mar a chuirtear i láthair sa *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)* (feic Rannán 6.2).

7.3 CAIDREAMH LE HÚINÉIRÍ TALÚN, 2011 - 2015

- 20 Chuir EirGrid tús leis an gcaidreamh le húinéirí talún maidir leis an línebhealach táscach i mí na Bealtaine 2011, agus é ar siúl go comhuaineach leis an gcéim comhairliúcháin ar an *Preliminary Re-evaluation Report (Réamhthuarascáil Athmheasúnaithe)*. Tugadh faoi chuardach clárúcháin réadmhaoine nuashonraithe i mí na Nollag 2010. Mar chuid den bhabhta caidrimh sin, seoladh litir chuig gach úinéir talún ina raibh na téarmaí tagartha don chaidreamh le húinéirí talún maidir leis an tionscadal.
- 21 Sna téarmaí tagartha, leagadh amach cur chuige trí chéim i leith an chaidrimh le húinéirí talún agus míníodh iontu na deiseanna d'úinéirí talún le bheith rannpháirteach i ngach céim d'fhorbairt an tionscadail. Léirítear na trí chéim i bhFíor 7.1.



Fíor 7.1: Cur Chuige Céimnithe EirGrid i leith an Chaidrimh le hÚinéirí Talún don Fhorbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV

7.3.1 Céim 1 - Bealach Táscach

- 22 Bhí Céim 1 de phróiseas an chaidrimh le húnéirí talún ar siúl idir mí na Bealtaine agus mí Iúil 2011 tar éis fhoilsiú an *Preliminary Re-evaluation Report (Réamhthuarascáil Athmheasúnaithe)* don tionscadal. Mar chuid den chéim sin, eisíodh léarscáileanna chuig gach úinéir talún ar ar léiríodh línebhealach táscach ar a réadmhaoin. I d**Tábla 7.2**, tugtar achoimre ar an bhfaisnéis a seoladh chuig úinéirí talún le linn na céime sin.
- 23 Le linn Chéim 1 den chomhairliúchán, tugadh deis d'úinéirí talún úinéireacht a dheimhniú agus tuairimí agus moltaí a chur in iúl maidir leis an tionscadal. Ba é ba chuspóir leis an gcéad litir eolas a thabhairt d'úinéirí talún faoin tionscadal, gabháltais a shainaitheint a bhféadfadh an tionscadal dul i gcion orthu, agus faisnéis a bhailiú maidir leis an bhfaisnéis is nuaí ar úinéireacht, ar úsáid talún, agus ar chleachtais bainistíochta feirme sa cheantar a bhféadfadh an tionscadal dul i gcion orthu. Feidhm thábhachtach den chéad litir sin ab ea dul i mbun caidrimh leis an oiread úinéirí talún agus ab fhéidir d'fhonn a dtuairimí a fháil ag an gcéim ba luaithe agus ab fhéidir de phróiseas an deartha.
- 24 Sheol EirGrid an dara litir chuig gach úinéir talún inar cuireadh in iúl dóibh gur cuireadh síneadh coicíse breise leis an tréimhse thosaigh comhairliúcháin go dtí an 1 Iúil 2011. Tréimhse sé seachtaine a bhí ann i dtosach, agus bhí deireadh le cur leis an 17 Meitheamh 2011. Mheas EirGrid go bhféadfaí leanúint leis an gcaidreamh leanúnach sa tréimhse bhreise ama sin, dá mba ghá leis, agus go bhféadfaí cruinnithe a reáchtáil sna cásanna sin nár tharla aon chaidreamh go fóill.
- 25 Roimh thús an chomhairliúcháin ar an athmheasúnú, sholáthar EirGrid oiliúint do gach gníomhaire úinéirí talún i rith trí cinn de cheardlanna lae ar chaidreamh le húnéirí talún. Tugadh faisnéis do gach gníomhaire úinéirí talún ar an gcaoi le próiseas comhairliúcháin inrochtana, bríoch agus cuntasach a éascú ina mbeadh meas ar an úinéir talún agus ar a riachtanais. Le linn Chéim 1, rinne gníomhairí úinéirí talún de chuid EirGrid gach iarracht cuairt a thabhairt ar gach úinéir talún ar an línebhealach táscach chun an tionscadal a phlé agus chun dul i mbun caidrimh mar chuid den phróiseas comhairliúcháin níos forleithne ar an athmheasúnú (a bhfuil cur síos air i g**Caibidil 5** den tuarascáil seo).
- 26 Rinne foireann an tionscadail trí iarracht ar a laghad cuairt a thabhairt ar gach úinéir talún nó bualadh leo. I gcás nár éirigh leo, seoladh litir eile chuig an úinéir talún i gceist inar tugadh sonraí ar na hiarrachtaí a rinneadh cuairt a thabhairt orthu nó bualadh leo, agus iarradh orthu teagmháil a dhéanamh leis an ngníomhaire úinéirí talún.
- 27 Rinne gach gníomhaire úinéirí talún foirm agallaimh / seicliosta réamhshuirbhé a chomhlánú le linn na cuairte agus an phlé le húnéirí talún.

- 28 Ba é ba chuspóir leis an gcaidreamh sin bualadh le gach úinéir talún chun aiseolas a fháil uathu, úinéireacht a dheimhniú, an línebhealach agus suíomh beartaithe na dtúr a phlé chun an tionchar ar chleachtais bainistíochta feirme a íoslaghdú an oiread agus is féidir, agus rochtain a iarraidh le haghaidh suirbhéanna comhshaoil agus / nó teicniúla nuair ab infheidhmithe.

Tábla 7.2: Sonraí ar na Litreacha a Seoladh chuig Úinéirí Talún mar chuid de Chéim 1 den Chaidreamh le hÚinéirí Talún

Dáta Eisiúna	Faisnéis a Soláthraíodh
6 Bealtaine 2011	Seoladh an fhaisnéis seo a leanas chuig gach úinéir talún a bhféadfaí dul i gcion orthu: <ul style="list-style-type: none"> • Litir ó EirGrid inar fógraíodh tús na céime comhairliúcháin le húnéirí talún; • Cóip den <i>Bhileog Faisnéise Nuashonraithe don Phobal</i> (Bealtaine 2011); • Litir ó ESBI nó ó TOBIN inar míníodh a ról mar chomhairleoir le EirGrid; agus • Léarscáil scála 1:2,500 d'úinéirí talún leis an Línebhealach Táscach léirithe ar bhonn-léarscáil agus ar ghrianghraf ón aer araon.
17 Meitheamh 2011	Litir ó EirGrid chuig gach úinéir talún inar cuireadh in iúl go raibh síneadh coicise á chur leis an tréimhse chomhairliúcháin go dtí an 1 Iúil 2011.

7.3.2 Tréimhse idir Céim 1 agus Céim 2

- 29 Sa *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)*, a foilsíodh i mí Aibreáin 2013, soláthraíodh sonraí ar an línebhealach táscach mionathraithe, agus tugadh léiriú ann don phobal agus d'úinéirí talún ar an línebhealach roghnaithe ba dhealraithe a roghnófaí roimh chur i gcrích an réitigh tionscadail roghnaithe.
- 30 Mheas EirGrid gurbh iomchuí tréimhse bhreise caidreamh struchtúrtha ar ábhar agus ar thorthaí an *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)* a chur ar fáil roimh leanúint ar aghaidh chuig an gcomhairliúchán le húnéirí talún ar chéim an réitigh roghnaithe den tionscadal. Cuireadh an tréimhse bhreise caidrimh sin ar siúl mar fhreagairt d'uirill ó County Monaghan Anti-Pylon Committee (*Coiste Frith-Phiolón Chontae Mhuineacháin*) go ndéanfaí caidreamh breise ar thorthaí an phróisis um athmheasúnú. Mar thoradh air sin, chinn EirGrid foilsiú an *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)*, agus an caidreamh ar an Tuarascáil sin, agus an comhairliúchán

ar an *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)* a chur ar siúl ag amanna éagsúla.

- 31 Chuir sé sin ar chumas EirGrid aiseolas a bhailiú ar an *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)* agus rinne foireann an tionscadail an t-aiseolas sin a bhreithniú agus a athbhreithniú sular foilsíodh an *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)* i mí Iúil 2013.
- 32 Sa chéim bhreise seo den chaidreamh le húinéirí talún, seoladh na litreacha a bhfuil cur síos orthu i d**Tábla 7.3** chuig úinéirí talún.

Tábla 7.3: Sonraí ar na Litreacha a Eisíodh d'Úinéirí Talún mar chuid de Chéim an Athmheasúnaithe Deiridh tar éis Measúnú ar an Línebhealach Mionathraithe

Catagóir Úinéirí Talún	Faisnéis a Soláthraíodh
Úinéirí talún reatha	<p>Seoladh litreacha chuig na húinéirí talún seo chun na nithe seo a leanas a bhaint amach:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Cur in iúl dóibh gur foilsíodh an <i>Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)</i>; • A mhíniú go bhfaighidís comhfheagras breise ó EirGrid in am is i dtráth agus go mbeadh léarscáileanna ar an Réiteach Tionscadail Roghnaithe in éineacht leis; agus • Cuireadh a thabhairt d'úinéirí talún aiseolas a sholáthar ar an bpróiseas um athmheasúnú agus faisnéis a thabhairt dóibh ar na laethanta oscailte a sceidealaíodh mar chuid den mhórchaidreamh leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara ar an <i>Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)</i>. <p>Bhí léarscáil scála 1:10,000 ag gabháil leis an litir agus léiríodh an Línebhealach Táscach ag trasnú a ngabháltais ann.</p>
Úinéirí talún nua (de bharr aistriú úinéireachta)	<p>Seoladh litir chuig na húinéirí talún sin leis an méid seo a chur in iúl dóibh:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Bhí a n-úinéireacht nua ar an ngabháltas tugtha faoi deara ag EirGrid; • Bhí comhfheagras déanta ag EirGrid leis na húinéirí a bhí ann rompu agus sholáthair EirGrid léarscáil dóibh ar ar léiríodh an bealach táscach ar an ngabháltas; agus • Gheobhaidís comhfheagras breise (lena n-áireofaí léarscáileanna) ó EirGrid ar an réiteach tionscadail roghnaithe.

Catagóir Úinéirí Talún	Faisnéis a Soláthraíodh
	Seoladh cóip den léarscáil scála 1:10,000 ar ar léiríodh an línebhealach táscach a bheartaítear ar an ngabháltas in éineacht sa litir sin.
Úinéirí talún nua (de bharr mionathruithe)	<p>Seoladh litir chuig na húnéirí talún seo agus áiríodh leis an litir sin:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Faisnéis ar an tionscadal; • Faisnéis ar an <i>Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)</i> agus ar an bpróiseas comhairliúcháin; • Léarscáil scála 1:2,500 ar ar léiríodh an bealach táscach a bheartaítear ar an ngabháltas; • Litir ar leith ó EirGrid inar iarradh cead an gabháltas a rochtain le haghaidh suirbhé; agus • Fógra go bhfaighidís comhfhreagras breise (lena n-áireofaí léarscáileanna) ó EirGrid ar an réiteach tionscadail roghnaithe. <p>Tar éis na litreacha sin a sheoladh, thug EirGrid agus na gníomhairí úinéirí talún dá gcuid cuairt eile ina dhiaidh sin ar an úinéir talún chun cead a iarraidh le haghaidh an tsuirbhé.</p>
Daoine nach úinéirí talún iad a thuilleadh	<p>Seoladh litreacha chuig na húnéirí talún sin le cur in iúl dóibh nach rachadh línebhealach na Forbartha Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV i gcion orthu a thuilleadh. Áiríodh sa litir sin freisin:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Léarscáil talún scála 1:10,000 ar ar léiríodh an Línebhealach Táscach gar dá dtailte; agus • Faisnéis ar an <i>Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)</i> agus ar an bpróiseas comhairliúcháin.

33 Le linn na tréimhse idir Céim 1 agus Céim 2, rinne comhairleoirí EirGrid cuardach nuashonraithe ar chláirúchán réadmhaoine i mí Dheireadh Fómhair 2012 lena áirithiú go mbeadh rochtain ag foireann an tionscadail ar an bhfaisnéis is nuaí ar úinéirí talún. Rinneadh an cuardach sin ar an línebhealach mionathraithe (de bharr na leasuithe a rinneadh de bhun Chéim 1) agus cuireadh na torthaí i gcomparáid leis an liosta úinéirí talún ó 2011. Léiríodh na nithe seo a leanas sna torthaí:


- Aithníodh caoga úinéir talún nua mar seo a leanas:
 - Aithníodh seisear de na húnéirí talún nua seo mar ‘nua’ i.e. úinéirí talún iad nach ndeachaigh an bealach táscach tosaigh in 2011 i gcion go díreach orthu; agus

- B'úinéirí talún 'nua' iad an 44 úinéir talún eile mar thoradh ar aistriú / bhunú úinéireachta.
- Aithníodh deichniúir úinéirí talún mar úinéirí talún nach rachadh an línebhealach mionathraithe i gcion orthu, i gcomparáid leis an Línebhealach Táscach tosaigh in 2011.

7.3.3 Céim 2 – An Línebhealach Roghnaithe

- 34 Cuireadh tús leis an gcéim sin i mí Iúil 2013 nuair a foilsíodh an *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)*. Ba ag an am sin a d'eisigh EirGrid léarscáileanna mionsonraithe d'úinéirí talún ar ar léiríodh an bealach roghnaithe, na láithreacha túir a bheartaítear, na bealaí rochtana sealadacha táscacha agus na limistéir oibre don tógáil. Mhair an chéim sin ar feadh tréimhse ocht seachtaine, idir an 16 Iúil 2013 agus an 9 Meán Fómhair 2013, agus bhí sí ar siúl i gcomhthráth leis an mórchomhairliúchán ar an *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)* (a bhfuil cur síos air i g**Caibidil 6**).
- 35 Ceann de na príomhtheachtaireachtaí a seachadadh chuig úinéirí talún le linn na céime sin ba ea nach mbeadh solúbthacht á hiarraidh ag EirGrid san iarratas nua maidir leis na láithreacha túir a bhogadh (i.e. 'micreashuí') tar éis ceadú pleanála a fháil.
- 36 Bhí EirGrid ag iarraidh an oiread deiseanna agus ab fhéidir a thabhairt d'úinéirí talún dul i gcion ar dheardh na líne agus na láithreacha túir ag an gcéim sin sula rachfaí i mbun pleanála. Agus an méid sin á dhéanamh aige, cuireadh roinnt bealaí éagsúla ar fáil d'úinéirí talún agus don phobal ina bhféadfaidís dul i mbun caidrimh agus iarratas ar athrú a chur isteach i leith an togra agus baineadh leas as gach ceann de na bealaí sin. Ba iad sin:
- Foirm iarratais ar athrú;
 - Cuairt ó ghníomhaire cead slí;
 - Líne theileafóin nó ríomhphost;
 - Laethanta oscailte;
 - Tríd an sainchomhairleoir talmhaíochta;
 - Bualadh isteach go hoifigí faisnéise an tionscadail; agus
 - Grúpaí Ionadaíochta (e.g. CMAPLG) nó polaiteoirí áitiúla.

37 Eochairgné de chur chuige réamhghníomhach EirGrid maidir leis an gcaidreamh le húnéirí talún ba ea ullmhú agus foilsíú *Bileog Faisnéise d'Úinéirí Talún* inar leagadh amach faisnéis chuimsitheach d'únéirí talún ar chéim reatha an tionscadail. Soláthraíodh faisnéis ann freisin ar an tairiscint a rinneadh maidir le measúnacht agranamaíochta le sainchomhairleoir talmhaíochta a sholáthar do gach únéir talún ar a raibh inní ar bith maidir le tionchar féideartha an togra ar a ghabháltas. Tá an *Bhileog Faisnéise d'Úinéirí Talún* le fáil in **Aguisín I**.



Fíor 7.2: Léaráid Scéimreach EirGrid ar an Modheolaíocht Tógála a Foilsíodh i mí Iúil 2013 mar chuid den Chomhairliúchán ar an *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)*

38 Seoladh litreacha agus léarscáileanna nuashonraithe den bhealach roghnaithe agus ar láithreacha túir a bheartaítear sa phost chuig únéirí talún an 15 Iúil 2013. Sna litreacha sin, léirigh EirGrid a thoilteanas dul i mbun caidrimh le húnéirí talún agus thug cuireadh dóibh tuairimí a nochtadh ar na láithreacha túir agus páirt bhreise a ghlacadh sa phróiseas comhairliúcháin. I gcás inar iarr únéirí talún roimhe sin go ndéanfaí mionathrú ar an línebhealach le linn Chéim 1 den chaidreamh le húnéirí talún, léiríodh é sin sa litir chucu.

39 Ba iad seo a leanas na cuspóirí a bhí le céim an chaidrimh seo:

- Gabháltais a dheimhniú;
- Aiseolas a iarraidh ar an línebhealach roghnaithe, ar láithreacha túir agus ar bhealaí rochtana;

- Aiseolas úinéirí talún a iarraidh d'fhonn an tionchar ar chleachtais feirmeoireachta a laghdú an oiread is féidir;
- Tuiscint a fháil ar chúrsaí a bhfuil tábhacht áitiúil leo, ar leasanna, agus ar ábhair imní;
- Aon srianta áitiúla nach raibh ar eolas cheana féin a shainaitint; agus
- Rochtain a iarraidh chun suirbhé a dhéanamh ar an talamh.

40 Le linn na céime sin, soláthraíodh léarscáileanna nuashonraithe díobh seo a leanas d'úinéirí talún: i) an bealach roghnaithe agus na láithreacha túir a bheartaítear agus ii) na bealaí rochtana táscacha. Chomh maith leis sin, seoladh cóip den *Bhileog Faisnéise d'Úinéirí Talún* do gach úinéir talún, inar leagadh amach an fhaisnéis seo a leanas:

- Cúlra agus comhthéacs;
- Téarmaí tagartha an chaidrimh le húnéirí talún;
- Faisnéis faoi dhul chun cinn an tionscadail i dtreo iarratas pleanála nua, lenar áiríodh sonraí ar an gcéim a bhí ar siúl ag an am, is é sin an chéim um réiteach tionscadail roghnaithe a shainaitint, agus faisnéis faoin *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)*.
- Sonraí ar na laethanta oscailte agus ar ionaid faisnéise an tionscadail, áit a bhféadfadh úinéirí talún bualadh le foireann an tionscadail;
- Sonraí ar na treoirlínte maidir leis na línte lasnairde a dhearadh agus maidir leis na túir a shuí;
- Cúiteamh;
- Na treoirlínte maidir leis na bealaí rochtana tógála a shainaitint;
- Léaráid ghrafach den mhodheolaíocht tháscach tógála a bhí i bhfeidhm don tionscadal;
- Sonraí ar na cineálacha roghnaithe túir a bheartaítear;
- Sonraí ar an dóigh a bhféadfadh úinéirí talún dul i mbun caidrimh le EirGrid chun dul i gcion ar an bpróiseas a bhaineann leis an líne a dhearadh agus leis na túir a shuí. Bhí 'Foirm Iarratais ar Athrú ó Úinéirí Talún' ag gabháil leis seo;

- Faisnéis teagmhála do EirGrid agus bealaí ina bhféadfadh úinéirí talún teagmháil a dhéanamh le foireann an tionscadail;
- Rinneadh tairiscint go bhféadfadh úinéirí talún a n-ábhair imní a phlé le sainchomhairleoir talmhaíochta agus go bhféadfadh an sainchomhairleoir talmhaíochta measúnacht a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an togra ar a gcleachtas feirmeoireachta;
- Tagairt do na teorainneacha claonta (micreashuí) a bhaint ón togra; agus
- Tagairt do na túir a aistriú ó na fála sceaich.

41 I d**Tábla 7.4**, tugtar achoimre ar na teachtaireachtaí tábhachtacha agus ar ábhar na litreacha agus na bpacáistí faisnéise d'úinéirí talún a d'eisigh EirGrid le linn Chéim 2 den chaidreamh le húinéirí talún do dhá ghrúpa faighteoirí.

Tábla 7.4: Sonraí ar an bhFaisnéis a Eisíodh d'Úinéirí Talún le linn Chéim 2 den Chaidreamh le hÚinéirí Talún

Cur Síos ar an Litir	Príomhábhair a Pléadh ann	Iatáin
larratais ar mhionathruithe (Gach úinéir talún a d'iarr athrú le linn an bhabhta caidrimh roimhe sin)	<p>Soláthraíodh faisnéis go raibh an tionscadal imithe ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile agus iarradh rannpháirtíocht sa chéad chéim eile den chomhairliúchán.</p> <p>Gabhadh buíochas as páirt a ghlacadh sa bhabhta comhairliúcháin roimhe sin.</p> <p>Tugadh freagra ar an iarratas ar athrú. Cuireadh in iúl sa litir cé acu a d'fhreastail nó nár fhreastail foireann tionscadail EirGrid ar an iarratas ar athrú, agus leagadh amach na cúiseanna a bhain leis an gcinneadh sin.</p> <p>Rinneadh tairiscint go ndéanfadh sainchomhairleoir talmhaíochta measúnacht ar an talamh agus leagadh amach na roghanna maidir leis an iarratas ar athrú.</p> <p>Iarradh rochtain chun suirbhé a dhéanamh ar an talamh.</p> <p>Rinneadh tagairt do léarscáileanna agus do bhileoga faisnéise a bhí faoi iamh.</p>	<p><i>Bileog Faisnéise Nuashonraithe don Phobal agus Bileog Faisnéise d'Úinéirí Talún</i></p> <p>Léarscáil(eanna) ar ar léiríodh na láithreacha túir</p> <p>Léarscáil(eanna) ar ar léiríodh na bealaí rochtana</p>
Úinéirí talún ginearálta (i.e. gach úinéir talún eile nach bhfuarthas iarratas ar mhionathrú uathu le linn Chéim 1)	<p>Soláthraíodh faisnéis go raibh an tionscadal imithe ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile agus iarradh rannpháirtíocht sa chéad chéim eile den chomhairliúchán.</p> <p>Iarradh rochtain chun suirbhé a dhéanamh ar an talamh.</p> <p>Rinneadh tagairt do léarscáileanna agus do bhileoga faisnéise a bhí faoi iamh.</p> <p>Rinneadh tairiscint go ndéanfadh sainchomhairleoir talmhaíochta measúnacht ar an talamh agus leagadh amach na roghanna maidir leis an iarratas ar athrú.</p>	<p><i>Bileog Faisnéise Nuashonraithe don Phobal agus Bileog Faisnéise d'Úinéirí Talún</i></p> <p>Léarscáil(eanna) ar ar léiríodh na láithreacha túir</p> <p>Léarscáil(eanna) ar ar léiríodh na bealaí rochtana</p> <p>Fógra d'úinéirí talún nua ar úinéirí nua iad de bharr aistriú úinéireachta</p>

7.3.3.1 Iarratais ar Athrú ó Úinéirí Talún

- 42 Mar chuid de phróiseas deartha an línebhealaigh roghnaithe, rinne EirGrid cúrsaí teicniúla, comhshaoil agus úinéirí talún a chur san áireamh. Ba sa *Bhileog Faisnéise d'Úinéirí Talún* a leagadh amach na treoirphrionsabail don dearadh líne lasnairde, do shuíomh na dtúr agus do shainnithint na mbealaí rochtana a bhí in úsáid ag EirGrid. Foilsíodh iad freisin i gCaibidil 3 den *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)*, a bhí ar fáil d'úinéir talún ar bith a d'iarr cóip agus a bhí ar fáil freisin ar shuíomh gréasáin an tionscadail agus ag ionaid faisnéise an tionscadail.
- 43 Faoi mar a chuirtear síos air i **gCaibidil 6**, chuir EirGrid painéil faisnéise ar taispeánt ag gach ceann de na laethanta oscailte maidir leis an réiteach tionscadail roghnaithe. I measc na bpainéal a raibh tábhacht ar leith leo d'úinéirí talún, áiríodh léarscáileanna den línebhealach agus de na láithreacha túir roghnaithe, treoirlínte don dearadh líne lasnairde agus do shuíomh na dtúr agus treoirlínte chun na bealaí rochtana le haghaidh na tógála a shainnithint.
- 44 Bhí daoine ó fhoireann theicniúil deartha líne EirGrid ar fáil ag gach ceann de na laethanta oscailte chun freagra a thabhairt ar cheisteanna a bheadh ag úinéirí talún maidir leis an línebhealach agus leis na láithreacha túir. Ar an gcaoi chéanna, bhí agranamaí comhairleach EirGrid ar fáil chun tionchar an togra ar chleachtais feirme na n-úinéirí talún a phlé.
- 45 D'fhonn freastal ar bhreithniú agus ar mheasúnú na n-athruithe ar an línebhealach agus ar na láithreacha túir a d'iarr úinéirí talún, bhí foirm iarratais ar athrú ó úinéirí talún mar aon le faisnéis ar an gcaoi a bhféadfadh úinéirí talún dul i gcion ar an líne san áireamh sa *Bhileog Faisnéise d'Úinéirí Talún*.
- 46 Iarradh ar úinéirí talún an fhaisnéis seo a leanas a thabhairt ar an bhfoirm sin:
- A rogha modh teagmhála (i.e. fón, ríomhphost, post, cuairt);
 - Ar mhaith leo bualadh le EirGrid go díreach;
 - Ar mhaith leo go ndéanfadh sainchomhairleoir talmhaíochta measúnacht ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an togra ar a gcleachtas feirmeoireachta;
 - An gceadóidís rochtain chun suirbhé comhshaoil allamuigh a dhéanamh ar a réadmhaoin ionas go bhféadfadh EirGrid aon iarratas ar athrú a mheasúnú;
 - An raibh aiseolas ar bith acu ar an línebhealach a bheartaítear, ar na láithreacha túir nó ar na bealaí rochtana táscacha a léiríodh ar an léarscáil; agus

- Aiseolas agus sonraí ar an athrú/na hathruithe a mhol siad agus na cúiseanna leis an athrú/na hathruithe sin.

7.3.3.2 An Dóigh a nDearnadh Breithniú ar Iarratais ar Athrú

- 47 I gcás go raibh an moladh nó an t-iarratas maidir le dearadh na líne, mar a foilsíodh sa *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)*, indéanta ó thaobh an chomhshaoil agus cúrsaí teicniúla de agus go raibh sé i gcomhréir le cúrsaí úinéirí talún a raibh an dearadh faoina dtreoir, rinneadh mionathruithe ar dhearadh na líne.
- 48 Tá sé feicthe ag EirGrid tráth bonneagar tarchuir leictreachais a fhorbairt, gur minic a dhéanann daoine a bhfuil cónaí orthu i bhfoisceacht an línebhealaigh, lena n-áirítear úinéirí talún, iarratas chun an fad idir an líne a bheartaítear agus a dteaghais a mhéadú an oiread agus is féidir. Ina theannta sin, is minic a chuireann úinéirí talún in iúl gurbh fhearr leo dá dtrasnódh an líne áit ar leith ar a dtalamh nó is minic a iarrann siad athrú ar an gcaoi nó ar an áit a mbeartaítear líne a chur trasna a dtalún, go háirithe dá bhféadfadh struchtúir ar bith a bheith suite ar a dtalamh (e.g. ar theorainneacha páirce nó i bhfálta sceach). Sa mhullach air sin, is minic a dhíríonn comhlachtaí agus eagraíochtaí eile (lena n-áirítear údaráis fhorordaithe) aird ar cheisteanna nó ar ábhar imní i ndáil le gnéithe áirithe den fhorbairt a bheartaítear, lena n-áirítear suíomhanna na dtúr.
- 49 Déileáladh mar seo a leanas le hiarratais ar mhionathrú a fuarthas le linn an chaidrimh le húnéirí talún i dtaca leis an réiteach tionscadail roghnaithe:
- Ó thaobh cúrsaí teicniúla de, rinneadh measúnú ar na mionathruithe ar láthair bheartaithe na dtúr trí úsáid a bhaint as Samhail Dhigiteach den Tír-raon (DTM), Córais Líne Chumhachta – Dearadh Ríomhchuidithe agus Dréachtú (PLS-CADD), grianghrafadóireacht ón aer, aershuirbhéireacht brath solais (LiDAR)²¹ agus léarscáileanna na Suirbhéireachta Ordanáis lena n-indéantacht a chinneadh. Rinneadh measúnú freisin ar na himpleachtaí i dtaobh réisí na dtúr, airde na dtúr, ghlanspás na seoltóirí, an fhaid ó áiteanna cónaithe, etc., agus
 - Ó thaobh an chomhshaoil de, rinne na speisialtóirí ábhartha measúnú ar an mionathrú beartaithe, lena n-áirítear éiceolaithe, seandálaithe, hidreolaithe, geolaithe, ailtirí tírdhreacha, pleanálaithe, agramamaithe agus gníomhairí cead slí. Tugadh faoi mheasúnú deasc-bhunaithe a chéaduaire lenar áiríodh athbheithniú ar shrianta comhshaoil trí leas a bhaint as grianghrafadóireacht ón aer, as suirbhé LiDAR agus

²¹ Is éard is LiDAR ann teicneolaíocht chianbhraiteachta ina n-úsáidtear scanadh léasair chun sonraí tríthoiseacha (3D) a bhailiú.

as tacair shonraí chomhshaoil eile. Tugadh faoi shuirbhéanna allamuigh, faoi shuirbhéanna ionad faire agus faoi shuirbhéanna eile ar shuíomhanna ar leith chomh maith i gcás inarb infheidhme é, agus rinneadh suirbhéanna ar na tailte le toiliú an úinéara talún nuair ab fhéidir.

50 Tá na treoirlínte a glacadh chun iarratais ar mhionathrú a láimhseáil leagtha amach thíos:

- Rinneadh measúnú teicniúil agus comhshaoil ar gach iarratas réasúnta maidir le hathrú ar an dearadh de réir an chuir chuige a shonraítear thuas; agus
- Le gur féidir freastal orthu, níor mhór go raibh na nithe seo a leanas i gceist leis na hathruithe molta ar an dearadh:
 - Riachtanais ghinearálta i leith dhearadh na líne a chomhlíonadh (faoi mar atá leagtha amach sa *Preferred Project Solution Report [Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe]*);
 - Ní féidir tionchar míchuí níos mó ar áiteanna cónaithe ná ar ghabhdóirí íogaire cóngaracha nó in aice láimhe a bheith mar thoradh orthu;
 - Ba cheart an líon mórathruithe²² ar dhearadh iomlán na líne a laghdú an oiread is féidir; agus
 - Ba cheart mionathruithe a bheith teoranta, nuair is féidir, do réadmhaoin an úinéara talún.

51 Rinneadh breithiúnas cothromaithe bunaithe ar chúrsaí teicniúla, ar chúrsaí comhshaoil, ar chúrsaí úinéirí talún agus ar chúrsaí eile. Tugadh litir do gach úinéir talún inar insíodh dóibh cé acu an ndearnadh nó nach ndearnadh freastal ar a n-iarratas ar athrú laistigh de dhearadh na líne agus leagadh amach na cúiseanna a bhí leis an gcinneadh. Bhí eolas teagmhála a ngníomhaire ainmnithe úinéirí talún san áireamh sa litir agus d'éascaigh EirGrid tuilleadh faisnéise nó plé ar na cúiseanna.

7.3.4 Céim 3 – An Línebhealach Deiridh

52 I gCéim 3, tar éis measúnacht a dhéanamh ar na hiarratais ar fad ar mhionathruithe a fuarthas, tugadh faisnéis d'úinéirí talún (i scríbhinn) ar an línebhealach deiridh²³, ar na láithreacha túir agus ar na bealaí rochtana sealadacha a bheartaítear, de réir mar a bhain

²² Athrú suntasach thar chúpla céad méadar lena mbíonn túir idirmheánacha / uillinne bhreise i gceist go hiondúil

²³ Rinne EirGrid an línebhealach deiridh ó mhí na Nollag 2013 a athbhreithniú ina dhiaidh sin, agus foilsíodh é i mí an Mhárta 2015. Mar thoradh ar an athbhreithniú sin, athlonnaíodh roinnt de na suíomhanna túir a bheartaítear feadh an ailínithe. Níor tháinig aon athrú ar an ailíniú féin mar thoradh ar an athbhreithniú.

siad lena ngabháltas faoi seach, a raibh sé ar intinn ag EirGrid iad a chur faoi bhráid an Bhoird Pleanála lena bhfaomhadh. Eisíodh na litreacha sin an 12 Nollaig 2013.

53 I gcás na n-úinéirí talún sin a chuir iarratas ar athrú isteach, cuireadh in iúl sna litreacha cé acu a freastalaíodh nó nár freastalaíodh ar an iarratas sin. I gcásanna nach rabhthas in ann freastal ar iarratas ar athrú iontu, tugadh míniú air sin sna litreacha do na húinéirí talún agus tugadh cuireadh dóibh teagmháil a dhéanamh lena ngníomhaire úinéirí talún dá mbeadh tuilleadh mínithe ag teastáil uathu.

54 Seoladh na cineálacha litreacha seo a leanas chuig úinéirí talún:

- Úinéirí talún ginearálta chun an togra is déanaí a chur in iúl dóibh;
- Úinéirí talún ar freastalaíodh ar a n-iarratas ar mhionathrú; agus
- Úinéirí talún nár freastalaíodh ar á n-iarratas ar mhionathrú.

55 Tugtar sonraí i d**Tábla 7.5** ar an gcomhfhreagras a seoladh chuig úinéirí talún.

7.3.5 Comhfhreagras le hÚinéirí Talún roimh Chur Isteach an Iarratais Pleanála

56 I mí an Mhárta 2015, d'fhoilsigh EirGrid an togra le haghaidh dearadh líne deiridh don tionscadal. Rinneadh athbhreithniú ar línebhealach mhí na Nollag 2013 agus dá bharr sin athlonnaíodh roinnt de na suíomhanna túir a bheartaítear feadh an ailínithe. Níor tháinig aon athrú ar an ailíniú féin. Chuaigh na hathruithe iarmhartacha i bhfeidhm ar 16 úinéir talún san iomlán. Roimh fhoilsiú an deartha líne athbhreithnithe, scríobh EirGrid chuig na 16 úinéir talún sin, agus é ag cur in iúl dóibh go ndearnadh athbhreithniú ar línebhealach mhí na Nollag 2013 agus go ndearnadh roinnt athruithe ar an dearadh líne dá bharr sin. Tugadh faisnéis sa litir faoin gcaoi a mbeadh tionchar ag na hathruithe ar a sealúchas talún agus cuireadh léarscáil isteach chun an t-athrú a léiriú. Bhí ainm agus eolas teagmhála a ngníomhaire ainmnithe úinéirí talún san áireamh sa litir agus bhí siad in ann an t-athrú a phlé leis an duine sin. Tar éis an litir a fháil, tionóladh cruinnithe le roinnt úinéirí talún. Tugtar sampla den litir in **Aguisín I** leis an tuarascáil seo. Bhain na hathruithe a tháinig ón athbhreithniú ar línebhealach mhí na Nollag 2013 le Limistéar Staidéir an Chabháin-Mhuineacháin agus ní raibh aon athruithe infheidhme i gcás Limistéar Staidéir na Mí.

57 Eiseoidh EirGrid léarscáil den togra deiridh d'úinéirí talún – sa mhéid go dtéann an fhorbairt i bhfeidhm ar a gcuid tailte – sula gcuirfean an t-iarratas pleanála faoi bhráid an Bhoird. Beidh cóip den Bhileog Faisnéise PCI don Phobal agus an Bhileog Faisnéise Nuashonraithe don Phobal ag gabháil leis an litir seo (feic **Caibidil 8; Rannán 8.2** den Tuarascáil seo).

- 58 Tar éis do EirGrid an t-iarratas pleanála a chur isteach chuig an mBord Pleanála, eiseoidh sé cóip chlóite den achoimre neamhtheicniúil den EIS mar aon le cóip dhigiteach den EIS agus NIS iomlán i bhformáid dlúthdhiosca d'úinéirí talún.

Tábla 7.5: Sonraí ar an bhFaisnéis a Eisíodh d'Úinéirí Talún le linn Chéim 3 den Chaidreamh le hÚinéirí Talún

Úinéir Talún	Príomh-shaincheisteanna a Pléadh ann	Iataín
Úinéirí Talún ar freastalaíodh ar a n-iarratas ar Mhionathrú	Cuireadh in iúl dóibh gur freastalaíodh ar a n-iarratas ar athrú. Soláthraíodh faisnéis maidir le cén uair a chuirfí an t-iarratas faoi bhráid an Bhoird. Faisnéis ar stádas reatha an tionscadail.	<ul style="list-style-type: none"> léarscáil talún scála 1:2,500 ar ar léiríodh an dearadh líne deiridh trasna a dtalún. léarscáil scála 1:2,500 ar ar léiríodh na bealaí rochtana chuig na túir agus na suíomhanna sreangaithe nuair is infheidhmithe. <i>Nuachtlitir Nuashonraithe don Phobal – Nollaig 2013.</i>
Úinéirí Talún nár freastalaíodh ar a n-iarratas ar Mhionathrú	Cuireadh in iúl dóibh nár freastalaíodh ar a n-iarratas ar athrú agus tugadh cúiseanna leis an gcinneadh sin. Cuireadh in iúl dóibh gur mhaith leis an ngníomhaire úinéirí talún de chuid EirGrid a bhí ag plé lena n-iarratas cuairt a thabhairt orthu chun na cúiseanna léirithe a phlé go mionsonraithe. Soláthraíodh faisnéis maidir le cén uair a chuirfí an t-iarratas faoi bhráid an Bhoird. Faisnéis ar stádas reatha an tionscadail.	<ul style="list-style-type: none"> léarscáil talún scála 1:2,500 ar ar léiríodh an dearadh líne deiridh trasna a dtalún. léarscáil scála 1:2,500 ar ar léiríodh na bealaí rochtana chuig na túir agus na suíomhanna sreangaithe nuair is infheidhmithe. <i>Nuachtlitir Nuashonraithe don Phobal – Nollaig 2013.</i>
Úinéir Talún ginearálta Seoladh an litir seo chuig gach úinéir talún eile	Cuireadh in iúl dóibh gur cuireadh an dearadh líne i gcrích. Soláthraíodh faisnéis maidir le cén uair a chuirfí an t-iarratas faoi bhráid an Bhoird.	<ul style="list-style-type: none"> léarscáil talún scála 1:2,500 ar ar léiríodh an dearadh líne deiridh a bheartaítear agus na láithreacha túir trasna a dtalún. léarscáil scála 1:2,500 ar ar

Úinéir Talún	Príomh-shaincheisteanna a Pléadh ann	latáin
nár chuir iarratas ar athrú isteach agus chuig úinéirí talún sainaitheanta laistigh de 50 m den lár líne.	Faisnéis ar stádas reatha an tionscadail.	léiríodh na bealaí rochtana chuig na túir agus suíomhanna sreangaithe aon túir a d'fhéadfadh a bheith ar a dtalamh. • <i>Nuachtlítir Nuashonraithe don Phobal – Nollaig 2013.</i>

7.4 AN CINEÁL AISEOLAIS A FUARTHAS

7.4.1.1 Céim 1

59 Bhain go leor den chaidreamh le húnéirí talún le saincheisteanna suíomhoiriúnaithe le linn Chéim 1, lena n-áirítear tionchar féideartha an tionscadail ar ghabháiltais shonracha. Déileáladh leis na saincheisteanna sin leis an úinéir talún ar leith.

60 Ardaíodh roinnt saincheisteanna le linn an chomhairliúcháin le húnéirí talún. I d**Tábla 7.6**, soláthraítear na príomh-shaincheisteanna agus na fo-shaincheisteanna ábhartha a bhaineann leo a thaifid gníomhairí úinéirí talún le linn Chéim 1 den phróiseas comhairliúcháin.

Tábla 7.6: Príomh-shaincheisteanna Úinéirí Talún a Ardaíodh le linn Chéim 1 den Chaidreamh le hÚinéirí Talún

Príomh-shaincheist	Fo-shaincheist
Rochtain	Cearna dlíthiúla EirGrid dul isteach ar thailte.
Agranamaíocht	Ábhair inní maidir le cúrsaí talmhaíochta, beostoc (eallach agus tairbh), stoc folaíochta, graifheirmeacha, beacha, áireamh na bhfuilcheall i mba, aimrideacht i mbeostoc, druileanna prátaí, tionchar ar an Scéim um Chaomhnú an Chomhshaoil Faoin Tuath (REPanna), ar an Scéim um Roghanna Comhshaoil Talmhaíochta (AEOS) nó ar fhóirdheontais, sadhlas, coimíneacht, tolláin torthaí, éanlaith chlóis.
Seandálaíocht	Dúnfoirt, séadchomharthaí.
Eitlíocht	Tionchar ar aerárthaí ag eitilt go híseal.
Cumarsáid	Droch-chumarsáid, fad na tréimhse comhairliúcháin / tráchttaireachta.
Cúiteamh	Cúiteamh i leith forbartha, árachas, tabhartas do ghrúpaí pobail.

Príomh-shaincheist	Fo-shaincheist
Tionchar Tógála	An tionchar ar chleachtais feirmeoireachta le linn tógála, méid agus cineál na bhfeithiclí tógála, fad na n-oibreacha tógáil, doimhneacht na mbunsraitheanna, an torann tógála.
Díluacháil	Cead pleanála, cailliúint forbartha an tsuimh, cailliúint an díolacháin talún, díluacháil, cailliúint forbartha amach anseo, tionchar ar ioncam ó chíos, tionchar ar sheideanna, tionchar ar fheirmeacha gaoithe reatha, cailliúint forbartha feirmeacha gaoithe amach anseo.
An Comhshaol	Foraoiseacht / crainn, criosanna foscaidh, ealaí, portaigh / seascainn, fála scean, lochanna, flóra agus fána, geolaíocht (cairéil, poill ghainimh, toibreacha fíoruisce).
Sláinte	EMF, séadairí, uathachas, ailse, radaíocht.
Srianta áitiúla	Gluaiseachtaí, saincheisteanna sonracha ar thalamh (crainn, fála scean, seascainn).
Gá agus Pleanáil	An gá atá leis an tionscadal, tionchar trasteorann.
Roghanna bealaigh	Roghnú bealaigh, féidearthacht chun bealaí malartacha a bhreithniú, línte cumhachta reatha.
Fostáisiúin	An chúis atá le Fostáisiún Mhaothla a fhágáil ar lár.
Tionchar amhairc	Tionchar ar amhairc, tionchar ar lochanna áitiúla, tionchar ar thaitneamhacht chónaitheach.
Leagan faoin talamh	Iarratas maidir leis an líne a leagan faoin talamh, cruthú fostaíochta áitiúla mar thoradh ar an líne a leagan faoin talamh.

7.4.1.2 Céim 2

- 61 Ardaíodh roinnt saincheisteanna ginearálta le linn an chaidrimh le húnéirí talún faoi Chéim 2. Bhí formhór na saincheisteanna sin ar aon dul, den chuid ba mhó, leo siúd a d'ardaigh páirtithe leasmhara eile faoi mar a chuirtear síos orthu roimhe seo i d**Tábla 7.6** agus i **gCaibidlí 4, 5** agus **6** den tuarascáil seo.
- 62 I d**Tábla 7.7**, soláthraítear na príomh-shaincheisteanna agus na fo-shaincheisteanna ábhartha a bhaineann leo a thairfid gníomhairí úinéirí talún le linn phróiseas comhairliúcháin Chéim 2 ar an réiteach tionscadail roghnaithe.

Tábla 7.7: Saincheisteanna Úinéirí Talún a Ardaíodh le linn Chéim 2 den Chaidreamh le hÚinéirí Talún

Príomh-shaincheist	Fo-shaincheist
Rochtain	Thug úinéirí talún aiseolas ar na bealaí rochtana táscacha a bheartaítear le haghaidh na tógála agus thug siad faisnéis faoi fhadhbanna féideartha rochtana. San áireamh san aiseolas sin bhí faisnéis faoin topagrafaíocht áitiúil agus faoi na bealaí rochtana roghnaithe. Chuir mórán úinéirí talún in iúl do EirGrid nach gcuirfidís rochtain ar fáil mar gheall ar a gcuid buarthaí i dtaobh sláinte agus EMF agus / nó tionchar amhairc.
Tógáil	Ardaíodh ceisteanna maidir le fad ama beartaithe na tógála ar a gcuid tailte agus maidir leis na modhanna trína mbainfí é sin amach. Anuas air sin, d'fhiafraigh úinéirí talún an ndéanfaí na tailte agus na rianta rochtana a athchóiriú tar éis chéim na tógála.
Agranamaíocht	An tionchar ar a ngabháltas agus ar a gcleachtais bainistíochta feirme.
Cúiteamh	D'fhiosraigh na húnéirí talún faoin oiread íocaíochtaí cúitimh as na struchtúir túr, faoin dóigh a ndéanfaí na híocaíochtaí sin agus faoi na himpleachtaí cánach.
Díluacháil agus cailliúint forbartha	Bhí cuid mhór úinéirí talún buartha faoin tslí a ndéanfadh tógáil an tionscadail díluacháil ar a gcuid tailte agus réadmhaoine. Mhaígh go leor acu go bhfuair siad na tailte le hoidhreacht ó na glúine roimhe sin agus go raibh sé ar intinn acu na tailte sin a bhronnadh ar an gcéad ghlúin eile. Sa chomhthéacs sin, bhí imní ar leith ar na húnéirí talún maidir leis an tslí a mbeadh tionchar ag na tograí ar iarratais phleanála a dteaghlai sa todhcháil.
Srianta áitiúla	Bhí buairt ar úinéirí talún maidir le srianta áitiúla a shainathin siad agus thug siad faisnéis ina leith. Bhí liosanna, cairéil, toibreacha, etc., i measc na samplaí a luadh.
Leagan faoin talamh	Léirigh a lán úinéirí talún gurbh fhearr leo dá leagfaí na cáblaí le haghaidh na dtionscadal faoin talamh. Bhí úinéirí talún eile go hiomlán i gcoinne an tionscadail beag beann ar leagan na gcáblaí os cionn na talún nó faoina bun.

7.5 FREAGRAÍ AR NA SAINCHEISTEANNA A ARDAÍODH LE LINN RANNPHÁIRTÍOCHT AN PHOBAIL (CÉIMEANNA 1 AGUS 2)

63 Maidir le gach ceann de na hiarratais ar athrú a chuir úinéirí talún isteach, bíodh sé san fhoirm iarratais ar athrú nó le linn na cuairte leis an ngníomhaire úinéirí talún, rinne speisialtóirí a cheap EirGrid le haghaidh dhearadh na líne, cúrsaí teicniúla agus cúrsaí comhshaoil measúnú orthu de réir cúrsaí teicniúla, comhshaoil agus úinéirí talún mar a

thuaireascítear i gCaibidil 3 den *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)*.

- 64 I gcás go raibh an moladh nó an t-iarratas maidir le dearadh na líne, mar a foilsíodh sa *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)*, indéanta ó thaobh an chomhshaoil agus cúrsaí teicniúla de agus go raibh sé i gcomhréir le cúrsaí úinéirí talún a raibh an dearadh faoina dtreoir, rinneadh mionathruithe ar dhearadh na líne. Tugadh litir do gach úinéir talún inar insíodh dóibh cé acu an ndearnadh nó nach ndearnadh freastal ar a n-iarratas ar athrú laistigh de dhearadh na líne agus leagadh amach na cúiseanna a bhí leis an gcinneadh. Bhí eolas teagmhála a ngníomhaire ainmnithe úinéirí talún san áireamh sa litir agus d'éascaigh EirGrid tuilleadh faisnéise nó plé ar na cúiseanna.

7.6 TIONCHAR AN CHAIDRIMH LE HÚINÉIRÍ TALÚN (CÉIMEANNA 1 AGUS 2)

- 65 Tugtar i d**Tábla 7.8** garbhleibhéal an chaidrimh a bhí ann le húnéirí talún ó 2011 go 2013 (ag eascairt as gníomhaíochtaí caidrimh le húnéirí talún le linn Chéim 1 agus Chéim 2). Mar fhreagairt do Chéim 2 – an línebhealach roghnaithe (lenar áiríodh iarratais ar mhionathrú a fuarthas ó úinéirí talún le linn Chéim 1), ba mar thoradh ar an gcaidreamh réamhghníomhach a bhí ag EirGrid le húnéirí talún a chuir úinéirí talún aonair tuairim is 60 iarratas ar athrú isteach i ndáil le dearadh na líne agus le bealaí rochtana. Cuireadh níos mó ná 50% díobh sin san áireamh sa dearadh deiridh.

Tábla 7.8: Toradh ar an gCaidreamh le hÚinéirí Talún idir an Tréimhse um Athmheasúnú agus Cur Isteach an Iarratais

Líon iomlán na n-úinéirí talún*	456
Gabháltais a ndearnadh suirbhé orthu	115
Líon na n-iarratas ar athrú a fuarthas**	57
Líon na n-iarratas ar athrú ar freastalaíodh orthu**	30

Nótaí:

* Líon iomlán na n-úinéirí talún a raibh tionchar orthu i rith chéim an deartha (dá bhrí sin, is mó a líon ná líon na n-úinéirí talún – 439 úinéir talún – a mbeidh tionchar ag an líne dheiridh a bheartaítear orthu)

*** Tar éis fhoilsiú an *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)*

- 66 Faoi mar a tugadh faoi deara i **Rannán 3.7.2**, d'eisigh úinéirí talún áirithe foirmeacha údaráis agus treoracha do EirGrid gan teagmháil a dhéanamh leo ach amháin trína n-ionadaithe ceaptha. Mar sin, bhí cosc ar EirGrid agus ar a chuid gníomhairí teagmháil a dhéanamh go

díreach le húinéirí talún a ndearna an dá ghrúpa ionadaíoch a d'úinéirí talún ionadaíocht dóibh. Dá bharr sin, ní raibh EirGrid in ann ach fógraí reachtúla nó fógraí foirmiúla eile a bhaineann lena dtailte a sholáthar go díreach do na húinéirí talún sin agus, dá bhrí sin, ní raibh EirGrid in ann teagmháil réamhghníomhach a dhéanamh le húinéirí talún a ndearna na grúpaí sin ionadaíocht dóibh le linn chéim 2 den chomhairliúchán le húinéirí talún.

8 AN TRÉIMHSE TAR ÉIS DHEIREADH AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN AR AN RÉITEACH TIONSCADAIL ROGHNAITHE AGUS ROIMH CHUR ISTEACH AN IARRATAIS PLEANÁLA

8.1 MEÁN FÓMHAIR 2013 GO NOLLAIG 2013

1 Ó tugadh faisnéis d'úinéirí talún (i scríbhinn) maidir leis an dearadh líne deiridh agus maidir leis an láthair thuir a raibh sé ar intinn ag EirGrid iad a chur faoi bhráid an Bhoird Pleanála (an Bord) lena bhfaomhadh (an 12 Nollaig 2013), rinneadh na gníomhaíochtaí comhairliúcháin seo a leanas:

- Bhí an líne theileafóin eolais, an seoladh ríomhphoist agus an suíomh gréasáin le haghaidh an tionscadail fós ann agus fógraíodh go raibh siad i mbun feidhme. Nuashonraíodh an suíomh gréasáin le faisnéis faoi na gníomhaíochtaí a bhí ar siúl.
- D'ullmhaigh agus d'eisigh EirGrid *Nuachtlitir Nuashonraithe don Phobal* i mí na Nollag 2013 (feic **Aguisín J** leis an tuarascáil seo) inar tugadh faisnéis don phobal agus d'úinéirí talún faoi ghníomhaíochtaí tionscadail a rinneadh ó dheireadh an chomhairliúcháin an 9 Meán Fómhair 2013. Tugadh an nuacht ba dhéanaí do na meáin, d'ionadaithe poiblí agus do pháirtithe leasmhara eile i dtaobh dhul chun cinn an tionscadail. Tugadh cóip dóibh den *Nuachtlitir Nuashonraithe don Phobal* freisin.
- Chuathas i dteagmháil le grúpaí pobail sna trí chontae a chuir in iúl go raibh spéis acu i dtuilleadh rannpháirtíochta i gcéimeanna roimhe sin den tionscadal. Orthu sin bhí grúpaí a léirigh suim a bheith rannpháirteach sa chomhairliúchán i dtaobh sochar pobail don tionscadal agus grúpaí a d'iarr cruinnithe breise le foireann an tionscadail.
- Tairgeadh cruinniú faisnéise faoin tionscadal i mí na Nollag 2013 do gach ceann de na comhlachais tráchtála áitiúla i gContae an Chabháin, i gContae na Mí agus i gContae Mhuineacháin. Tionóladh cruinniú faisnéise i gComhlachas Tráchtála na hUaimhe an 4 Nollaig 2013.
- Rinne gníomhairí úinéirí talún de chuid EirGrid teagmháil le húnéirí talún a chuir iarratais ar athrú isteach trí litir i mí na Nollag 2013. Insíodh dóibh sa litir sin cé acu ar freastalaíodh nó nár freastalaíodh ar a n-iarratas ar athrú sa dearadh líne deiridh. I gcásanna nach raibh EirGrid in ann freastal ar iarratas ar athrú, tugadh na cúiseanna leis sin sa litir chuig an úinéir talún. Tugadh litir agus léarscáil do na húnéirí talún uile inar léiríodh an dearadh líne deiridh a raibh sé beartaithe ag EirGrid é a chur faoi bhráid an Bhoird in am is i dtráth.
- Rinne EirGrid cur i láthair do na húdaráis áitiúla i gContae an Chabháin agus i gContae na Mí i mí Dheireadh Fómhair 2013.

- D'fhreastail EirGrid ar chruinniú le Comhchoiste an Oireachtais an 4 Nollaig 2013 mar a iarradh chun aghaidh a thabhairt ar fhiosrúcháin i dtaobh thionscadail EirGrid, lena n-áirítear an Fhorbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV.

8.2 CÉIM THOGRA AN TIONSCADAIL (NOLLAIG 2013 GO DTÍ A CHUR ISTEACH)

- 2 Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an aiseolas a fuarthas le linn an chomhairliúcháin ar an *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)*, d'fhoilsigh EirGrid an dearadh líne deiridh i mí na Nollag 2013, rud a bheadh ina mbonn don iarratas ar cheadú pleanála a chuirfí faoi bhráid an Bhoird. Ba i mí na Nollag 2013 freisin a eisíodh *Bileog Faisnéise Nuashonraithe don Phobal* (feic **Aguisín J** leis an tuarascáil seo) chun an méid sin a phoibliú agus chun comhairle a chur ar pháirtithe leasmhara faoi dhóigheanna a bhféadfaidís amharc ar fhaisnéis maidir leis an dearadh líne deiridh agus í a iarraidh.

8.2.1 Ábhair eile lena mbaineann Ábharthacht a tháinig chun cinn le linn na Tréimhse

8.2.1.1 An Painéal um Shaineolaithe Neamhspleácha

- 3 I mí Eanáir 2014, cheap an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha Painéal um Shaineolaithe Neamhspleácha (IEP) chun maoirsiú agus éascú a dhéanamh ar "*anailís chomparáideach ar roghanna faoin talamh agus os a chionn do thionscadail Grid West agus Grid Link.*" Anuas air sin, cuireadh mar chúram ar an IEP tuairim a sholáthar don Aire maidir le "*hoiriúnacht na modheolaíochtaí a úsáidfeair ar thionscadail GL agus GW lena bhfuil déanta go dtí seo ar thionscadal na Líne Tarchuir Thuaidh-Theas.*"
- 4 Is iad an Breitheamh Catherine McGuinness (Cathaoirleach), an tOllamh Keith Bell, an tOllamh John Fitzgerald, an Dr Karen Foley agus an tUasal Colm McCarthy atá ar an bpainéal, agus chuir siad a dtuairim ar fáil i mí Iúil 2014. D'fhoilsigh an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (DCENR) an tuairim sin. Tá an IEP den tuairim go bhfuil an obair atá déanta go dtí seo ar an bhForbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV ag luí leis na téarmaí tagartha atá leagtha síos go sonrach aige do thionscadail Grid West agus Grid Link. D'fhoilsigh an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (DCENR) an tuairim sin.

8.2.1.2 Tionscnaimh Eangach25 de chuid EirGrid

- 5 I mí Eanáir 2014, leag EirGrid roinnt tionscnaimh éagsúla amach mar fhreagra ar imní a bhí ar an bpobal faoi roinnt de na mórthionscadail atá beartaithe mar chuid de straitéis

- Eangach25 (lena n-áirítear an Fhorbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV) chun gréasán tarchuir leictreachais na hÉireann a fhorbairt agus a uasghrádú.
- 6 Áiríodh leis na tionscnaimh, a foilsíodh ar shuíomh gréasáin EirGrid, <http://www.eirgrid.com/media/Grid25Initiatives.pdf>, togra chun cistí sochar pobail a bhunú le haghaidh dúichí atá gar do phiolóin agus d'fhostáisiúin nua. Tugtar tuilleadh sonraí ar na tionscnaimh faoi Eangach25 ar an suíomh gréasáin agus leagtar amach iad sa *Tuarascáil Phleanála, Imleabhar 2A*, de na cáipéisí iarratais.
- 7 Faoi mar a leagtar amach i **Rannán 2.1.5**, tá an Fhorbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV sainithe mar Thionscadal Leasa Choitinn (PCI) de réir Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (Treoirlínte le haghaidh Bonneagair Tras-Eorpaigh Fuinnimh). Rinne EirGrid fógra faoi Airteagal 10.1(a) de Rialachán 347/2013 a chur faoi bhráid an Bhoird an 3 Meitheamh 2014 i ndáil leis an bhForbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV. Fuair EirGrid admháil ar an bhfógra ón mBord an 2 Iúil 2014 inar deimhníodh go measann an Bord go bhfuil an tionscadal “*aibí go leor chun tús a chur leis an bpróiseas deonaithe ceadanna*”. [aistriúchán neamhoifigiúil]
- 8 D'fhoilsigh EirGrid *Bileog Faisnéise Nuashonraithe don Phobal* i mí Iúil 2014 (feic **Aguisín K** leis an tuarascáil seo) chun feasacht leantach ar an tionscadal a chinntiú sula gcuirfí an t-iarratas isteach. Cuireadh in iúl inti go raibh Ráiteas Tionchair Timpeallachta (EIS) á ullmhú ag EirGrid de réir na tuairime scópála a tugadh don Bhord agus a bhí bunaithe ar an aiseolas a fuarthas le linn comhairliúchán poiblí agus rannpháirtíocht an phobail. Tugadh an t-eolas is deireanaí inti freisin ar thuairim an IEP go bhfuil an obair atá déanta go dtí seo ar an bhForbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV ag luí leis na modheolaíochtaí atá á leanúint anois maidir le tionscadail Grid West agus Grid Link. Leagadh amach sa bhileog faisnéise Treochlár nuashonraithe EirGrid um Fhorbairt Tionscadail agus Chomhairliúchán agus saináithníodh inti an chéim a bhí bainte amach ag an am sin ó thaobh an treochláir de. Tugadh faisnéis inti freisin faoi na hamlínte a ghabhann leis na nósanna imeachta um fhógairt PCI a bhí á leanúint ag EirGrid ag an am sin agus roimh chur isteach an iarratais. Chomh maith leis sin, tugadh forbhreathnú sa bhileog faisnéise ar an tionscadal agus ar an straitéis náisiúnta forbartha eangaí (Eangach25) agus soláthraíodh seoltaí gréasáin d'ardán trédhearcachta Choimisiún an AE agus an *Projects of Common Interest - Manual of Permit Granting Process Procedure (Tionscadail Leasa Choitinn – Lámhleabhar maidir le Nósanna Imeachta don Phróiseas Deonaithe Ceadanna)* ón mBord.
- 9 Le linn na tréimhse sin, lean EirGrid ar aghaidh ag oibriú a sheirbhíse faisnéise don tionscadal agus ag cur cruinnithe faisnéise ar fáil do phríomhpháirtithe leasmhara.

8.2.2 Gníomhaíochtaí Cumarsáide a bhí ar siúl ó Mhárta 2015 suas go Cur Isteach an Iarratais Pleanála ar Cheadú

10 I mí na Nollag 2013, d'fhoilsigh EirGrid doiciméad dar teideal "Athbhreithniú agus Feabhas a chur ar ár bPróiseas Comhairliúcháin Phoiblí, dá dtagraítear i **Rannán 2.2.2.1** den tuarascáil seo. Rinneadh iniúchadh san athbhreithniú sin ar an gcur chuige a ghlac EirGrid i leith chomhairliúcháin agus cuireadh i gcomparáid í leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta i ndáil le comhairliúchán ar thionscadail straitéiseacha bonneagair. Ina theannta sin, rinneadh achoimre ar an aiseolas a fuarthas ón bpobal, ó ionadaithe tofa agus ó na meáin maidir leis an gcomhairliúchán a rinneadh i ndáil leis na tionscadail EirGrid ba mhó go príomha. Sainathnódh trí phríomhthéama san athbhreithniú, agus leagtar amach thíos iad:

- Téama 1: Cur chuige rannpháirteach a fhorbairt – “bogfaimid i dtreo cur chuige atá níos dírithe ar an bpobal agus tionscadail leictreachais á bhforbairt – d’fhonn rannpháirtíocht níos mó na bpáirtithe leasmhara a chumasú ón tús”;
- Téama 2: Ár gcultúr agus ár bpróiseas a athrú – “athróimid an cultúr atá inár n-eagraíocht – d’fhonn caidrimh níos láidre a fhorbairt le páirtithe leasmhara agus le pobail”;
- Téama 3: Ceannaireacht agus tacaíocht a spreagadh – “lorgóimid tacaíocht ón gcóras polaitiúil agus ó chomhlachtaí stáit – d’fhonn saincheisteanna a bhaineann le cúrsaí fuinnimh a mhíniú níos fearr agus d’fhonn na leasanna a bhaineann le córas níos láidre a shoiléiriú do chách”.

11 Tá gach téama mar bhonn agus mar thaca ag roinnt gealltanais, agus tá sé mar aidhm leo sin ar fad cur le cineál comhoibríoch an phróisis forbartha tionscadail. Tá sé beartaithe go gcuirfí an cur chuige feabhsaithe seo i bhfeidhm le haghaidh chéim forbartha an tionscadail agus ar bhonn leanúnach araon.

12 Mar chuid de na tiomantais sin, chuaigh EirGrid chun cainte leis an bpobal, le páirtithe leasmhara agus le húinéirí talún, sular cuireadh an t-iarratas pleanála faoi bhráid an Bhoird. D’oscail EirGrid na hionaid faisnéise tionscadail san Uaimh, i gCarraig Mhachaire Rois, agus i nDún an Rí an 16 Márta 2015 (gan laethanta saoire bainc agus saoirí poiblí san áireamh). Tríd an gcaidreamh gníomhach sin leis an bpobal agus leis an bpobal lena mbaineann, cuireadh na páirtithe leasmhara ar an eolas is úire faoin tionscadal, lena n-áirítear forbairtí a rinneadh le déanaí agus tosca a raibh tionchar acu ar amlíne an phróisis pleanála (lena n-áirítear an tAthbhreithniú IEP agus sainiú an tionscadail mar Thionscadal Leasa Choitinn [PCI]). Tríd an gcaidreamh leis an bpobal, cuireadh ar an eolas iad faoin dearadh líne deiridh a bhí beartaithe ag EirGrid a chur faoi bhráid an Bhoird in am trátha.

- 13 Mar chuid de na tiomantais a rinne EirGrid ina chur chuige nuashonraithe maidir le comhairliúchán ar a thionscadail tarchuir, chuir EirGrid fógraí amach go raibh sé chun beirt oifigeach idirchaidrimh pobail agus triúr oifigeach idirchaidrimh talmhaíochta a earcú. Cuideoidh na ról idirchaidrimh le rannpháirtíocht páirtithe leasmhara ar fud na hÉireann (lena n-áirítear an Mhí, an Cabhán agus Muineachán) le haghaidh thionscadail EirGrid. Rachaidh na hoifigigh idirchaidrimh talmhaíochta chun cainte le páirtithe leasmhara tábhachtacha i gcúrsaí talmhaíochta agus le húinéirí talún maidir leis an bhforbairt bonneagair tarchuir i ngach céim de shaolré an tionscadail óna thús agus síos tríd go dtí na céimeanna pleanála agus tógála. Rachaidh na hoifigigh idirchaidrimh pobail chun cainte le daoine aonair, le hionadaithe na n-údarás áitiúil agus le grúpaí scairshealbhóirí ábhartha.
- 14 D'eisigh EirGrid trí thuarascáil mar chuid den rún a bhí aige freagairt d'ábhair inní na n-earnálacha talmhaíochta, eachaí agus turasóireachta faoi na mórthionscadail dá chuid. Tá na tuarascálacha sin ar fáil ag www.eirgrid.com/aboutus/publications/gridinitiatives. I
- 15 D'fhoilsigh EirGrid *"Your Grid, Your Views, Your Tomorrow. A Discussion Paper on Ireland's Grid Development Strategy (Do Líonra, Do Thuairimí, Do Thodhchaí. Páipéar Plé ar Straitéis Forbartha Líonra na hÉireann)"* an 27 Márta 2015. Foilsíodh an doiciméad, agus aguisíní gaolmhara, ar shuíomh gréasáin EirGrid. I gCaibidil 5 den doiciméad plé, chuir EirGrid an méid seo a leanas in iúl maidir leis an bhForbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV:
- "Léiríodh inár n-athbhreithniú ar Grid25 go raibh gá láidir soiléir leis an tionscadal i gcónaí. Tá súil againn iarratas pleanála a chur isteach maidir leis an bhForbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV sna seachtainí amach romhainn.*
- Táimid fós tiomanta dár gcaighdeán nua comhairliúcháin lena áirithiú go mbeidh deis ag gach páirtí leasmhar a gcuid tuairimí a chur in iúl. Chuige sin, d'osclaíomar oifigí áitiúla le déanaí i gCarraig Mhachaire Rois, san Uaimh agus i nDún an Rí" [aistriúchán neamhoifigiúil].*
- 16 Tar éis dó cuireadh a fháil, d'fhreastail EirGrid ar chruinniú de chuid Chomhchoiste an Oireachtais an 21 Aibreán 2015 mar a iarradh chun aghaidh a thabhairt ar fhiosrúcháin i dtaobh na Forbartha Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV.
- 17 Tá achoimre ar na gníomhaíochtaí cumarsáide a rinne EirGrid ó mhí na Mhárta 2015 go dtí gur cuireadh isteach an t-iarratas pleanála i dTábla 8.1.

Tábla 8.1: Achoimre ar na Gníomhaíochtaí Cumarsáide a rinne EirGrid ó mí an Mhárta 2015 go dtí gur cuireadh isteach an tIarratas Pleanála

Modh	Gníomhaíocht Cumarsáide
Ionaid Faisnéise an Tionscadail	<p>D'oscail EirGrid na trí ionad faisnéise tionscadail san Uaimh, i gCarraig Mhachaire Rois, agus i nDún an Rí an 16 Márta 2015. Bhí gach oifig ar oscailt idir 12 meán lae agus 6pm ar na laethanta a bhí fógartha acu (gan laethanta saoire bainc agus saoirí poiblí san áireamh).</p> <p>Bhí oifig na hUaimhe ar oscailt dhá lá sa tseachtain (Dé Máirt agus Dé hAoine).</p> <p>Bhí oifig Charraig Mhachaire Rois ar oscailt dhá lá sa tseachtain (Dé Luain agus Déardaoin).</p> <p>Bhí an t-ionad i nDún an Rí ar oscailt lá amháin sa tseachtain (Dé Céadaoin) agus d'fhan sé ar oscailt gach Céadaoin go dtí an 1 Aibreán 2015. Ní raibh an t-ionad ar fáil a thuilleadh ina dhiaidh sin agus cuireadh tús leis an gcuardach le haghaidh ionad nua. Thángthas ar ionad nua i gContae an Chabháin agus osclaíodh é in Ionad Teicneolaíochta agus Fiontraíochta an Chabháin i Muinchille, Co. an Chabháin ina dhiaidh sin i mí an Mheithimh 2015.</p> <p>.</p>
Preaseisiúintí	<p>D'eisigh EirGrid preaseisiúint leis na meáin áitiúla agus náisiúnta lena áirithiú go raibh an pobal agus úinéirí talún ar an eolas maidir le hoscailt na n-ionad faisnéise tionscadail i mí an Mhárta 2015.</p> <p>D'eisigh EirGrid preaseisiúint leis na meáin áitiúla agus náisiúnta sular cuireadh an t-Iarratas Pleanála faoi bhráid an Bhoird.</p>
Fógraíocht	<p>Cuireadh fógraí sna meáin áitiúla chun an pobal agus páirtithe leasmhara a chur ar an eolas faoi oscailt na n-ionad faisnéise tionscadail i mí an Mhárta 2015.</p> <p>Cuireadh fógraí in dhá nuachtán náisiúnta chun an pobal a chur ar an eolas maidir le foilsiú <i>Bileog Faisnéise PCI don Phobal</i> i mí na Bealtaine 2015.</p> <p>Cuirfear fógra in dhá nuachtán náisiúnta agus i dtrí nuachtán réigiúnacha chun an pobal a chur ar an eolas go bhfuil sé i gceist an t-Iarratas a chur isteach chuig an mBord go luath. Cuirfear fógra in "Seachtain", nuachtán Gaeilge an Irish Independent.</p>
Líne theileafóin íosghlao	<p>Leanadh de líne theileafóin íosghlao an tionscadail a oibriú ó 9am go 5pm, Luan go hAoine.</p>
Ábhar Faisnéise	<p>D'fhoilsigh EirGrid <i>Bileog Faisnéise PCI</i> agus fógraíodh a foilsiú in dhá nuachtán náisiúnta freisin.</p>

Modh	Gníomhaíocht Cumarsáide
	Ina theannta sin, eiseofar Bileog Faisnéise Nuashonraithe don Phobal le páirtithe leasmhara i gcomhthráth le cur isteach an iarratais pleanála leis an mBord. Treoir d'úsáideoirí maidir leis an iarratas a bheidh sa bhileog sin (feic Aguisín M).
Ceisteanna Coitianta	Déanfaidh EirGrid leagan nua de na Ceisteanna Coitianta faoin tionscadal ag teacht nuair a chuirfear an t-iarratas isteach chuig an mBord Pleanála. Cuirfear na Ceisteanna Coitianta ar fáil i bhformáid chruachóipe ag na trí ionad faisnéise de chuid an tionscadail.
Suíomh gréasáin	<p>Rinneadh suíomh gréasáin an tionscadail a nuashonrú, agus faisnéis á cur leis chun oscailt ionaid faisnéise an tionscadail, foilsíú <i>Bileog Faisnéise PCI don Phobal</i> agus dúnadh ionad faisnéise an tionscadail i nDún an Rí a léiriú. I gcomhthráth le hoscailt an ionaid, cuireadh sonraí faoi ionad faisnéise nua an tionscadail i Muinchille, Co. an Chabháin, leis an suíomh i mí an Mheithimh 2015.</p> <p>Foilseoidh EirGrid an Bhileog Faisnéise Nuashonraithe don Phobal ar shuíomh gréasáin an tionscadail ag an am céanna a n-eiseofar é do pháirtithe leasmhara agus d'úinéirí talún sula gcuirfidh sé an t-iarratas pleanála isteach chuig an mBord.</p> <p>Déanfar an suíomh gréasáin a nuashonrú arís i gcomhthráth le cur isteach an iarratais pleanála leis an mBord agus beidh nasc ann leis an suíomh gréasáin pleanála.</p>

- 18 D'fhoilsigh EirGrid an dearadh líne a bhí mar bhonn don iarratas pleanála seo chuig an mBord, ar shuíomh gréasáin an tionscadail i mí an Mhárta 2015. I gcomhthráth leis an bhfoilsíú sin, d'oscail na hionaid faisnéise tionscadail i mí an Mhárta 2015, arbh fhéidir teacht orthu roimhe sin trí choinne a dhéanamh roimh ré ó tugadh an comhairliúchán ar an rogha réitigh tionscadail chun críche i mí Mheán Fómhair 2013. D'oscail na hionaid faisnéise tionscadail san Uaimh (Dé Máirt agus Dé hAoine) agus i gCarraig Mhachaire Rois (Dé Luain agus Déardaoin) dhá lá sa tseachtain (idir meán lae agus 6pm) agus an t-ionad i nDún an Rí lá amháin sa tseachtain (idir meán lae agus 6pm). Bhí foireann EirGrid ar fáil le linn na tréimhse sin chun an fhaisnéis is úire a thabhairt maidir leis an tionscadal. Toisc nach raibh an t-ionad in Óstán Tí Dhún a' Rí, Dún an Rí, ar fáil d'ionad faisnéise an tionscadail, dúnadh an t-ionad an 1 Aibreán 2015 agus cuireadh tús leis an gcuardach le haghaidh ionad nua i gContae an Chabháin. Osclaíodh ionad faisnéise nua don tionscadal in Ionad Teicneolaíochta agus Fiontraíochta an Chabháin i Muinchille i mí an Mheithimh 2015.

- 19 Chuir EirGrid fógraí sna nuachtáin áitiúla chun an pobal a chur ar an eolas faoi oscailt na n-ionad faisnéise tionscadail agus chun suíomh agus uaireanta oscailte gach ionaid a chur in iúl. Chuir na fógraí in iúl don phobal go bhfuil an dearadh líne a bheartaítear á fhoilsiú agus tugadh cuireadh don phobal agus do pháirtithe leasmhara cuairt a thabhairt ar na hionaid faisnéise tionscadail chun bualadh le foireann an tionscadail agus an dearadh líne a bheartaítear a phlé.
- 20 Bhí foireann EirGrid ar fáil i ngach ceann d'ionaid faisnéise an tionscadail chun an fhaisnéis is úire a thabhairt maidir leis an tionscadal agus aon cheist a d'fhéadfadh a bheith ag an bpobal faoin togra a fhreagairt.
- 21 I mí na Bealtaine 2015, d'fhoilsigh EirGrid an Bhileog Faisnéise Poiblí PCI ar shuíomh gréasáin an tionscadail. Tá ábhar na bileoige ar fáil sa rannán seo a leanas. Bhí cóipeanna clóite den bhileog ar fáil ag gach ceann d'ionaid faisnéise an tionscadail.
- 22 Fógraíodh an *Bhileog Faisnéise PCI don Phobal* (feic **Aguisín L** leis an tuarascáil seo) in The Irish Times agus in Irish Independent agus cuireadh ar fáil í freisin ar shuíomh gréasáin an tionscadail de chuid EirGrid lena breathnú agus / nó a íoslódáil: Ina theannta sin, bhí an bhileog faisnéise ar fáil ag gach ceann d'ionaid faisnéise an tionscadail agus ó sheirbhís faisnéise an tionscadail ach iad a iarraidh. Tugadh faisnéis faoin méid seo a leanas sa bhileog.
- Stair an tionscadail go dtí seo;
 - Faisnéis maidir le Rialachán 347/2013;
 - Stádas an tionscadail mar Thionscadal Leasa Choitinn (PCI);
 - Na himpleachtaí is mó (buntáistí agus ceanglais) a thiocfaidh chun cinn de bharr a stádais mar PCI;
 - Treochlár don tionscadal amach anseo lena n-áirítear dáta táscach faoina gcuirfear isteach iarratas faoi Alt 182A de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000 – 2014, agus lena léireofar na deiseanna le haghaidh rannpháirtíocht phoiblí.
- 23 Eiseofar an *Bhileog Faisnéise Nuashonraithe don Phobal* le páirtithe leasmhara i gcomhthráth le cur isteach an iarratais (feic **Aguisín M** leis an tuarascáil seo). Tabharfar an fhaisnéis seo a leanas sa bhileog faisnéise sin:
- Léarscáil den dearadh líne deiridh arna chur faoi bhráid an Bhoird chomh maith le cur síos gairid ar an líne agus ar láithreacha túir, agus cur síos ar an bpróiseas agus ar an réasúnaíocht a bhí taobh thiar den dearadh críochnaithe don líne.

- Achoimre ar an EIS a chuimseoidh bearta maolaithe a bheartaítear;
- Treoir faoin bpróiseas iarratais (agus na cáipéisí arna gcur faoi bhráid an Bhoird) agus reachtúil a bhfuiltear ina bhun;
- Sonraí ar na háiteanna a bhféadfar na cáipéisí iarratais (lena n-áirítear an EIS agus Ráiteas Tionchair Natura [NIS]) a bhreathnú agus / nó a íoslódáil; agus San áireamh leis sin beidh faisnéis maidir le cén áit agus cén uair a bheidh an t-iarratas agus an EIS/NIS ar taispeánt phoiblí;
- Mionsonraí maidir leis an dóigh a bhféadfaidh an pobal aighneachtaí nó tuairimí a chur faoi bhráid an Bhoird, cén áit ba chóir iad a sheoladh agus cén dáta deiridh a nglacfar leo;
- Faisnéis faoi dhátaí agus uaireanta oscailte na n-ionad faisnéise tionscadail agus cén áit iad.

24 Ar na gníomhaíochtaí eile, anuas orthu sin a liostaítear i d**Tábla 8.1**, a bheartaíonn EirGrid a dhéanamh i gcomhthráth le cur isteach an iarratais tá:

- Eiseoidh EirGrid preaseisiúint ina bhfógrófar cur isteach an iarratais pleanála do na meáin i gContae an Chabháin, i gContae na Mí agus i gContae Mhuineacháin.
- Déanfar suíomh gréasáin an tionscadail a nuashonrú, agus faisnéis á cur leis chun cur isteach an iarratais a léiriú.

8.3 AN PRÓISEAS COMHAIRLIÚCHÁIN REACTÚIL

25 Foráiltear le ceanglais an phróisis um cheadú pleanála faoin *Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000-2014* do chomhairliúchán a dhéanamh le linn an phróisis reachtúil ar na bealaí seo a leanas. Áirítear iad seo a leanas, i measc nithe eile, leis na forálacha ábhartha:

- Ceanglaítear ar iarratasóir fógra a fhoilsiú faoin iarratas i nuachtán Náisiúnta amháin ar a laghad agus i nuachtán áitiúil amháin atá ar fáil sa cheantar. Is gá fógraí suímh a sholáthar freisin. Feic **Imleabhar 1A** de na cáipéisí iarratais, áit a leagtar amach an dóigh a chomhlíonfaidh EirGrid na ceanglais sin.
- Cuirfear suíomh gréasáin tiomnaithe ar bun le haghaidh an phróisis iarratais reachtúil agus cuirfear san áireamh ann na cáipéisí iarratais pleanála go léir atá le cur faoi bhráid an Bhoird. Beifear ábalta amharc ar an bhfaisnéis ar fad agus í a íoslódáil. Feic **Imleabhar 1A** sna cáipéisí iarratais chun tuilleadh sonraí a fháil. Cuirfear nasc leis an suíomh gréasáin nua sin ar fáil ar leathanach gréasáin an tionscadail ar shuíomh gréasáin EirGrid, áit ar óstáladh an fhaisnéis ar fad faoin tionscadal agus

faoin gcomhairliúchán go dtí seo. Beidh cáipéisí iarratais ar fáil i nGaeilge ar an suíomh gréasáin tiomnaithe. Leanfar ar aghaidh ag nuashonrú an tsuímh gréasáin agus ag cur cáipéisí ar fáil le linn an phróisis pleanála.

- Cuirfear na cáipéisí iarratais pleanála ar fáil ag oifigí an Bhoird freisin agus ag oifigí na n-údarás pleanála a mbeidh an fhorbairt a bheartaítear lonnaithe ina ndlíní (i.e. Comhairle Contae Mhuineacháin, Comhairle Chontae an Chabháin agus Comhairle Chontae na Mí). Chomh maith leis sin, cuirfidh EirGrid cóipeanna crua den iarratas, lena n-áireofar an EIS agus an NIS, ar fáil lena n-íniúchadh agus lena gceannach (ar an gcostas réasúnach atá ar an gcóip a dhéanamh) le linn chéim an chomhairliúcháin reachtúil tar éis an t-iarratas a chur isteach.
- Déantar foráil sa phróiseas reachtúil d'aighneachtaí i scríbhinn a dhéanamh chuig an mBord. Féadfaidh aon duine nó aon chomhlacht aighneacht a dhéanamh chuig an mBord laistigh den tréimhse cheadaithe go ndéanfar cigireacht ar an iarratas i dtaca le himpleachtaí na forbartha a bheartaítear i leith pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe agus i dtaca leis an tionchar dóchúil a bheadh ag an bhforbairt a bheartaítear ar an gcomhshaol nó i dtaca leis an drochthionchar a bheadh aici ar iomláine láithreáin Eorpaigh. Is in Airteagal 217 de na *Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001* (arna leasú) a leagtar amach na ceanglais maidir le haighneacht a dhéanamh. Tá treoir ar fáil freisin ar shuíomh gréasáin an Bhoird (www.pleanala.ie).
- Ina theannta sin, déantar foráil sa phróiseas reachtúil d'éisteacht ó bhéal a chur ar siúl agus tionóltar iad de ghnáth i gcás tograí bonneagair straitéisigh. Sa chás go gcuirtear éisteacht ó bhéal ar siúl, tá an ceart ag na páirtithe chun aighneachtaí ó bhéal a dhéanamh agus, de rogha an chigire, chun ceisteanna a chur ar an iarratasóir.

26 Anuas air sin, leanfaidh EirGrid ar aghaidh ag oibriú líne theileafóin agus sheirbhís ríomhphoist an tionscadail i gcaitheamh chéim an chomhairliúcháin reachtúil. De bhreis air sin, beidh trí ionad faisnéise an tionscadail (an Uaimh, Carraig Mhachaire Rois agus Muinchille) ar oscailt i gcaitheamh na tréimhse agus beidh baill foirne ar fáil chun treoir agus cúnaimh a sholáthar maidir le faisnéis a fháil / le hamharc ar na cáipéisí iarratais.

9 CONCLÚID

- 1 Sa tréimhse ón mbliain 2007, ghlac EirGrid le próiseas comhairliúcháin phoiblí lena raibh dhá shraith i gceist don Fhorbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV a bheartáítear. Dhírigh an chéad sraith ar an bpobal, ar an bpobal lena mbaineann agus ar gach páirtí leasmhar ar spéis leo an tionscadal. Dhírigh an dara sraith ar úinéirí talún a bhféadfadh an tionscadal dul i bhfeidhm orthu.
- 2 D'aithin EirGrid ón tús in 2007 go raibh sé tábhachtach feasacht ar an tionscadal a mhúscailt lena chinntiú go leanfadh an pobal de bheith rannpháirteach i ngach ceann de chéimeanna forbartha an tionscadail agus, rud ríthábhachtach, i dtréimhsí comhairliúcháin phoiblí dhírithhe. Chuige sin, bhain EirGrid leas as modhanna agus uirlisí éagsúla cumarsáide d'fhonn próiseas comhairliúcháin fadréimseach inrochtana a chur ar fáil. Rinneadh amhlaidh chun deis a thabhairt do na daoine sin ar mhian leo deis a thapú le bheith páirteach sa tionscadal ina rogha formáide i.e. trí mhodhanna traidisiúnta (amhail an post, cáipéisí cóipe crua agus léarscáileanna) nó ar líne (amhail ríomhphost agus suíomh gréasáin an tionscadail).
- 3 Rinneadh cur chuige EirGrid maidir le comhairliúchán poiblí le haghaidh thionscadal na Forbartha Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV a dhréachtú agus a chur chun feidhme de réir na dtrí cholún bhunúsacha a bhí aige maidir le comhairliúchán poiblí, a bhfuil gach ceann díobh ag luí le ceanglais Choinbhinsiún Aarhus. Is é is aidhm do cholúin chomhairliúcháin EirGrid ná comhairliúchán inrochtana, bríoch agus cuntasach a dhéanamh. Chuige sin, ghlac EirGrid le raon leathan modhanna agus uirlisí cumarsáide, lena áiríodh an méid seo a leanas, i measc nithe eile:
 - Líne theileafóin íosghlao thiomnaithe don tionscadal (1890 25 26 90), rud a cuireadh ar bun in 2007 ag an gcéad chéim den chomhairliúchán ionas go mbeadh an pobal ábalta teagmháil a dhéanamh le foireann an tionscadail le haghaidh tuilleadh faisnéise, freagraí a fháil ar a gcuid ceistanna agus cáipéisí agus cruinnithe le foireann an tionscadail a iarraidh. Tá an líne theileafóin sin ar oscailt don phobal ó 9am go 5pm, Luan go hAoine, ón mbliain 2007 go dtí seo.
 - Chuir EirGrid seoltaí ríomhphoist agus poist ar fáil in 2007 don phobal agus d'úinéirí talún le go bhféadfaidís ceistanna a sheoladh chucu agus / nó faisnéis a iarraidh i scríbhinn.
 - Bhí suíomh gréasáin á reáchtáil ag EirGrid don tionscadal, áit a bhféadfadh an pobal teacht ar ábhair thábhachtacha ar an tionscadal, tuarascálacha agus léarscáileanna cothrom le dáta ina measc. Bhí an áis sin i bhfeidhm ón mbliain 2007 i leith agus chuimsigh sí rannán dar teideal 'gníomhaíocht an tionscadail' lena cuireadh taifead dátstampáilte d'fhoilseacháin an tionscadail ó thús an tionscadail ar fáil don phobal.

- Na meáin agus fógraíocht idir 2007 agus 2010 (go dtí ullmhú agus cur isteach an chéad iarratais ar phleanáil) a atosáíodh le linn na réamhchéime athmheasúnaithe in 2011 agus a bhí ar siúl go dtí gur cuireadh an t-iarratas isteach.
- Táirgeadh Bileoga Faisnéise agus cáipéisí Ceisteanna Coitianta ar bhonn rialta chun an fhaisnéis is déanaí ar fhorbairtí an tionscadail a chur ar fáil don phobal, chun achoimre a dhéanamh ar phríomhthuarascálacha agus ar phríomhcháipéisí agus chun freagraí a thabhairt ar cheisteanna a ardaíodh le linn an phróisis chomhairliúcháin phoiblí. Cuireadh sonraí ar fáil i ngach bileog faisnéise faoi conas a d'fhéadfaí dul i dteagmháil le foireann an tionscadail agus faoi dhátaí agus faoi ionaid na laethanta oscailte agus ionaid faisnéise an tionscadail.
- D'oscail EirGrid ionaid faisnéise áitiúla don tionscadal laistigh den limistéar staidéir, áiteanna a bhféadfadh an pobal, úinéirí talún agus páirtithe leasmhara bualadh isteach chucu nó coinne a eagrú chun bualadh le foireann tionscadail EirGrid agus / nó chun faisnéis a fháil faoin tionscadal. Thacaigh gnéithe eile cumarsáide den tionscadal (líne theileafóin, seirbhís ríomhphoist agus seirbhís phoist) leis na hionaid faisnéise.
- Cuireadh go leor laethanta oscailte agus oícheanta faisnéise ar siúl i gcomhthráth le clocha míle tábhachtacha an tionscadail. Ceapadh na himeachtaí sin chun deis a thabhairt don phobal ar fad agus do gach páirtí leasmhar ar spéis leo an tionscadal ceisteanna a chur go díreach faoin tionscadal agus freagraí a fháil ar a gcuid ceisteanna ar bhonn duine le duine le foireann tionscadail EirGrid. Ag na himeachtaí sin, bhí fáilte roimh dhaoine amharc ar fhaisnéis faoin tionscadal amhail léarscáileanna agus bileoga faisnéise agus / nó iad a thabhairt abhaile leo le go bhféadfaidís iad a léamh ar a mithidí féin.
- Cuireadh cruinnithe faisnéise agus cruinnithe duine le duine ar fáil do pháirtithe leasmhara ar spéis leo an tionscadal, agus do na daoine sin a d'iarr cruinnithe den sórt sin, chun faisnéis faoin tionscadal a chur i láthair agus a phlé. Bhí cruinnithe pearsanta le daoine aonair nó le grúpaí beaga ionadaíocha ar fáil do pháirtithe leasmhara freisin ionas go bhféadfaidís freagra a fháil ar a gcuid ceisteanna ar bhealach níos pearsanta.
- Rinne an t-aiseolas a fuarthas ó úinéirí talún le linn na gcéimeanna tosaigh den tionscadal (i.e. le linn 2008 agus 2009) eolas do straitéis úinéirí talún a bhí réamhghníomhach, saincheaptha agus comhthreomhar, straitéis ar ghlac EirGrid léi tar éis athmheasúnú a thosú ar an tionscadal in 2010. Leag EirGrid cur chuige trí chéim amach maidir leis an gcaidreamh le húnéirí talún inar míníodh na deiseanna d'únéirí talún le bheith rannpháirteach i ngach céim d'fhorbairt an tionscadail.

- Rinne EirGrid treochláir don tionscadal a dhréachtú agus a chur i láthair an phobail i gcaitheamh an chomhairliúcháin phoiblí. Próiseas atriallach a bhí ann a tháinig chun cinn ar fud fhorbairt agus dhul chun cinn an tionscadail agus chuaigh aiseolas a fuarthas le linn comhairliúchán poiblí i bhfeidhm air.
- Téarmaí tagartha an tionscadail lena dtagraítear do na paraiméadair a bhfuil raon feidhme an chomhairliúcháin / an chaidrimh sainithe laistigh díobh, leag EirGrid amach iad go soiléir ag tús gach tréimhse comhairliúcháin phoiblí dhírithe ionas go mbeadh tuiscint ag páirtithe leasmhara ar an méid a d'fhéadfaidís cur leis an bpróiseas agus ar an dóigh a bhféadfaidís páirt a ghlacadh sa phróiseas.

4 Tá difear breisíoch déanta ag aiseolas ón bpobal, ón bpobal lena mbaineann, ó pháirtithe leasmhara, ó údaráis reachtúla agus ó údaráis eile agus ó úinéirí talún i rith na gcéimeanna comhairliúcháin, d'fhorbairt an tionscadail ag gach céim, agus ar deireadh thiar don togra atá mar iarratas anois ar cheadú chuig an mBord.

9.1 SCAIPEADH ÉIFEACTACH FAISNÉISE AR AN BPOBAL AGUS AR ÚINÉIRÍ TALÚN

5 De thoradh an ardleibhéil feasachta ar an tionscadal a chruthaigh gníomhaíochtaí meán agus fógraíochta EirGrid, bhíothas in ann na heochairghnéithe eile den chomhairliúchán poiblí agus den phróiseas caidrimh le húnéirí talún a thabhairt isteach go héifeachtach. Ba thábhachtach gur lig sé sin d'fhoireann an tionscadail liosta a chur le chéile de pháirtithe leasmhara ar spéis leo an tionscadal, daoine lena eisigh an fhoireann an fhaisnéis scríofa agus an t-ábhar comhairliúcháin ar fad agus lena ndeachaigh sí i dteagmháil ar an teileafón ina dhiaidh sin. Chuir EirGrid an iliomad modhanna cumarsáide ar fáil lena chinntiú go mbeadh deis ag na páirtithe leasmhara go léir teacht ar fhaisnéis trí mhodhanna traidisiúnta (tríd an bpost, i dtuarascálacha cruachóipe agus i gcáipéisí) agus ar líne (suíomh gréasáin faisnéise, ríomhphost).

6 Músclaíodh cuid mhór feasacht phoiblí ar an gcaoi agus ar an áit a bhféadfaí faisnéis a fháil. Bhí feachtas rathúil faisnéise agus comhairliúcháin le sonrú san iomlán.

9.2 MÉID AGUS CINEÁL RANPHÁIRTÍOCHT AN PHOBAIL AGUS AN AISEOLAIS A FUARTHAS

7 Mar a tuairiscíodh sna caibidlí roimhe seo den tuarascáil seo, fuarthas freagraí agus aiseolas ón bpobal agus ó úinéirí talún le linn gach céime forbartha den tionscadal. Tráth thús an tionscadail, bhí an t-aiseolas diúltach den chuid is mó – bhíothas i gcoinne phrionsabal na forbartha, na teicneolaíochta lasnairde a bheartaítear agus / nó na n-impleachtaí sláinte a d'fhéadfadh bheith i gceist léi. Sheas roinnt de na páirtithe leasmhara a thug a n-aiseolas

agus a ghlac páirt sa chomhairliúchán agus sa chaidreamh ar son mórghrúpa de phobal na bpáirtithe leasmhara, mar shampla baill de ghrúpaí pobail nó de chumainn ionadaíocha.

- 8 De réir mar a rinneadh dul chun cinn ar an tionscadal agus de réir mar a tháinig níos mó sonraí chun cinn faoin línebhealach táscach, chuaigh an pobal lena mbaineann i ngleic ní ba mhó le sonraí na dtograí ó thaobh láithreach agus impleachtaí comhshaoil de. Téama a tháinig aníos ar bhonn athfhillteach le linn gach céime den chomhairliúchán ná gur mhian le páirtithe leasmhara go leagfaí an t-idirnascaire faoin talamh go hiomlán nó go dtógfaí an t-idirnascaire ach úsáid a bhaint as cineál eile teicneolaíochta nach mbeadh bonneagar tarchuir lasnairde ag teastáil uaidh. Mar fhreagairt do na haighneachtaí sin, bhain EirGrid leas as próiseas um athbhreithniú agus breithniú leanúnach ar na teicneolaíochtaí ar fáil ar bhonn aon fhaisnéise nua a tháinig chun cinn. Chuir EirGrid in iúl do pháirtithe leasmhara na fáthanna go léir a raibh an rogha lasnairde ar an rogha teicneolaíochta roghnaithe a bhí aige go fóill.
- 9 Rinne EirGrid athbhreithniú agus breithniú ar na haighneachtaí go léir a fuarthas le linn an phróisis comhairliúcháin phoiblí go dtí seo agus cuireadh san áireamh iad le linn fhorbairt an tionscadail, lena n-áirítear sainaitheant na gconairí bealaigh roghnaithe agus na línebhealaí táscacha agus nuair a bhíodas ag cinneadh an línebhealaigh roghnaithe. Fuarthas méid suntasach aiseolais tar éis chur isteach an iarratais roimhe seo. Rinne EirGrid athbhreithniú agus breithniú cuimsitheach ar an aiseolas ar fad nuair a tosaíodh ag déanamh athmheasúnú ar an tionscadal in 2010.
- 10 Bhain cuid mhór den aiseolas ón bpobal agus ó pháirtithe leasmhara tar éis an réamhphróisis um athmheasúnú (ó 2011 ar aghaidh) le prionsabal an tionscadail agus an gá atá leis sin sa chéad dul síos. Bhain ní ríthábhachtach eile leis an teicneolaíocht a bheartaítear agus, go háirithe, leis na roghanna faoin talamh i gcoinne na roghanna lasnairde. Dhírigh an pobal lena mbaineann aird freisin ar an iomad cúrsaí comhshaoil. De bharr na n-aighneachtaí a fuarthas an t-am sin, rinne EirGrid athbhreithniú ar roinnt gnéithe teicneolaíochta den tionscadal, agus leag sé béim freisin ar shaincheisteanna comhshaoil le haghaidh tuilleadh breithniúcháin. I dteannta le hathruithe ar an togra, de bharr cúrsaí comhshaoil agus oibriúcháin, mionathraíodh an Línebhealach Táscach tar éis comhairliúcháin i ndiaidh fhoilsiú an *Preliminary Re-evaluation Report (Réamhthuarascáil Athmheasúnaithe)*.
- 11 In aighneachtaí a rinneadh tar éis fhoilsiú an *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)* in 2013, ardaíodh ceisteanna arís maidir le prionsabal an tionscadail agus na teicneolaíochta a bheartaítear. Nochtadh ní ba mhó tuairimí faoi shonraí an Línebhealaigh Tháscaigh an t-am sin ná mar a nochtadh sna céimeanna ní ba luaithe. Bhain siad sin le suíomh na líne, láithreacha dóchúlacha na struchtúr túir, cóngarachta an togra d'áiteanna cónaithe agus riachtanais maidir le rochtain le haghaidh tógála. Ardaíodh

- ceisteanna ní ba shonraí freisin maidir le gnéithe comhshaoil. Mar thoradh ar an aiseolas sin, rinneadh roinnt mionathruithe eile ar an Línebhealach Tásach. Bhí tionchar aige sin freisin ar na láithreacha a bhí beartaithe le haghaidh struchtúir thúir sa chéim ina dhiaidh sin den Dearadh Líne Roghnaithe. Sainithníodh saincheisteanna comhshaoil ann freisin le breithniú san EIS.
- 12 Fuarthas an méid ba mhó d'aiseolas mionsonraithe tar éis fhoilsiú an *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)* agus tar éis fhoilsiú na léarscáileanna mionsonraithe den Línebhealach Roghnaithe. Ba é sin ba chúis le líon suntasach iarratas ar athrú a fuair EirGrid ó úinéirí talún. Rinneadh measúnú ar gach ceann de na hiarratais sin ar athrú ina n-aonar agus cuireadh líon suntasach díobh san áireamh sa dearadh deiridh a cuireadh isteach le haghaidh ceadú pleanála. Arís, mionathraíodh sonraí a bhí le cur san áireamh san EIS mar thoradh ar an gcéim sin den chomhairliúchán, i measc nithe eile.
- 13 I mí an Mhárta 2015, d'oscail ionaid faisnéise an tionscadail agus bhí foireann EirGrid ar fáil le linn na tréimhse sin chun faisnéis a thabhairt faoin línebhealach a bheadh mar bhonn don iarratas pleanála.
- 14 Sular cuireadh an t-iarratas pleanála faoi bhráid an Bhoird, sholáthair EirGrid faisnéis ar dhul chun cinn an tionscadail i dtaca leis an bpróiseas PCI i m*Bileog Faisnéise PCI don Phobal* (feic **Aguisín L**).
- 15 I gcomhthráth le cur isteach an iarratais pleanála chuig an mBord, is do pháirtithe leasmhara agus d'úinéirí talún a soláthrófar faisnéis ar an iarratas pleanála, faisnéis ar na cáipéisí iarratais agus treoir maidir leis an bpróiseas reachtúil a thiocfaidh sna sála air.
- 16 Tar éis dó athbhreithniú agus breithniú a dhéanamh ar na haighneachtaí a fuarthas le linn gach babhta den chomhairliúchán poiblí go dtí seo, tá EirGrid sásta gur cuireadh faisnéis ábhartha ar fáil don phobal ag gach céim den phróiseas comhairliúcháin poiblí. Chuir EirGrid deiseanna éagsúla ar fáil don phobal páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán poiblí. Rinne EirGrid breithniú agus athbhreithniú ar thoradh gach comhairliúcháin poiblí ar tugadh faoi. Sa chás gur iarr páirtithe leasmhara faisnéis shonrach nó faisnéis shaincheaptha i dtaca leis an tionscadal (e.g. fad an tionscadail óna láthair féin), freagraíodh do na hiarratais sin ar bhonn aonair. D'fhéach EirGrid le freagraí a thabhairt ar an aiseolas a fuarthas ón bpobal i bhfoilseacháin agus in ábhar faisnéise don phobal a cuireadh ar fáil.

9.2.1 Tuairisciú ar Aiseolas Comhairliúcháin

17 Tar éis tharraingt siar an iarratais roimhe seo go mall i mí an Mheithimh 2010, chuir EirGrid tús le hathmheasúnú ar an tionscadal. Chríochnaigh sé sin i mí Aibreáin 2013 nuair a foilsíodh *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)*. Cuimsítear in Aguisín A leis an *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)* athbhreithniú ar na saincheisteanna a ardaíodh in aighneachtaí i scríbhinn chuig an mBord Pleanála agus tuairimí a cuireadh in iúl ag an éisteacht ó bhéal a tionóladh i dtaca leis an iarratas roimhe seo. Tugtar sonraí in Aguisín B ar fhreagraí ar aighneachtaí agus ar chaidreamh eile a tháinig chun cinn le linn an phróisis um athmheasúnú. D'fhoilsigh EirGrid *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)* ina dhiaidh sin i mí Iúil 2013. I gCaibidil 2 den *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)*, leagtar amach an t-aiseolas a fuarthas le linn an chaidrimh leis an bpobal tar éis fhoilsiú an *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)* i mí Iúil 2013 agus tugtar freagraí ar an aiseolas. Cuirtear mionanailís ar an aiseolas sin san áireamh in Aguisín C.

9.2.2 Cáipéisí Iarratais

18 San áireamh leis an iarratas féin ar cheadú pleanála tá EIS, lena n-áirítear achoimre neamhtheicniúil, ina soláthraítear foinse eile faisnéise don phobal. Cuireadh an cháipéis sin, mar aon le gnéithe eile den iarratas pleanála, ar thaispeáint phoiblí ag oifigí an Bhoird in oifigí Chomhairlí Contae an Chabháin, na Mí agus Mhuineacháin. Tá sí ar fáil chomh maith ar shuíomh gréasáin sainithe an tionscadail. Cuirtear faisnéis mhionsonraithe faoin bhforbairt a bheartaítear agus faoin tionchar féideartha san áireamh san EIS, san NIS agus i gcáipéisí iarratais eile.

9.3 ACHOIMRE

19 Ag féachaint do na sonraí thuasluaite a sholáthraítear sa tuarascáil seo (agus sna hagusíní), is soiléir go gcomhlíonann an tréimhse comhairliúcháin roimh an iarratas a ghlac EirGrid ceanglais Choinbhinsiún Aarhus, Threoir Chódaithe an EIA agus reachtaíocht náisiúnta na hÉireann, go hiomlán.

10 LEABHARLIOSTA

CAIBIDIL 1

Jones, Rhion agus Gammell, Elizabeth. (1999). *The Art of Consultation – Public Dialogues in a Noisy World*.

UNECE (Meitheamh 1998). *Convention on Access to Information, Public Participation in Decision-making and Access to Justice in Environmental Matters. The Aarhus Convention: An Implementation Guide*. Ar fáil ar: <http://www.unece.org>

CAIBIDIL 2

UNECE (Meitheamh 1998). *Convention on Access to Information, Public Participation in Decision-making and Access to Justice in Environmental Matters. The Aarhus Convention: An Implementation Guide*. Ar fáil ar: <http://www.unece.org>

UNECE (2000). *The Aarhus Convention: An Implementation Guide*. Ar fáil ar: <http://www.unece.org>

Rialacháin na gComhphobal Eorpach maidir le Rochtain Phoiblí ar Fhaisnéis Chomhshaoil (Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaoil) 2007-2011.

An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (2000). *An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000*. Ar fáil ar: <http://www.irishstatutebook.ie>

An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (2001). *Na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001*. Ar fáil ar: <http://www.irishstatutebook.ie>

An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (2006). *An tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Bonneagar Straitéiseach) 2006*. Ar fáil ar: <http://www.irishstatutebook.ie>

An Coimisiún Eorpach (2013). *Treoirlínte le haghaidh Bonneagair Tras-Eorpaigh Fuinnimh*. Ar fáil ar: <http://www.ec.europa.eu>

An Bord Pleanála (2014). *Project of Common Interest Manual of Permit Granting Process Procedures*. Ar fáil ar: <http://www.eirgridprojects.com>

EirGrid (2012). *Approach to the Development of Electricity Transmission Infrastructure*. Ar fáil ar: <http://www.eirgridprojects.com>

EirGrid (Bealtaine 2011). *North-South 400 kV Interconnection Development Preliminary Re-evaluation Report*. Ar fáil ar: <http://www.eirgridprojects.com>

EirGrid (Aibreán 2013). *North-South 400 kV Interconnection Development Final Re-evaluation Report*. Ar fáil ar: <http://www.eirgridprojects.com>

EirGrid (Iúil 2013). *North-South 400 kV Interconnection Development Preferred Project Solution Report*. Ar fáil ar: <http://www.eirgridprojects.com>

An tAcht Leictreachais (1927). Ar fáil ar: <http://www.irishstatutebook.ie>

CAIBIDIL 3

EirGrid (Bealtaine 2011). *North-South 400 kV Interconnection Development Preliminary Re-evaluation Report*. Ar fáil ar: <http://www.eirgridprojects.com>

EirGrid (Aibreán 2013). *North-South 400 kV Interconnection Development Final Re-evaluation Report*. Ar fáil ar: <http://www.eirgridprojects.com>

EirGrid (Iúil 2013). *North-South 400 kV Interconnection Development Preferred Project Solution Report*. Ar fáil ar: <http://www.eirgridprojects.com>

CAIBIDIL 4

EirGrid (2008). *Public Consultation Report – Public Consultation on Meath-Cavan and Cavan-Tyrone Power Lines*. Ar fáil ar: <http://www.eirgridprojects.com>

PB Power (2009). *Cavan-Tyrone & Meath-Cavan 400 kV Transmission Circuits – Comparison of High Voltage Transmission Options: Alternating Current Overhead and Underground, and Direct Current Underground*. Ar fáil ar: <http://www.eirgridprojects.com>

EirGrid (2008). *Policy on the Use of Overhead Line and / or Underground Cable Policy on the Use of Overhead Line and / or Underground Cable*. Ar fáil ar: <http://www.eirgridprojects.com>

Socoin agus Innealtóirí Comhairleacha TOBIN (2007). *Meath-Cavan Constraints Report Kingscourt to Woodland Constraints Report Volume 1 and Constraints Report 1*. Ar fáil ar: <http://www.eirgridprojects.com>

ESBI agus AOS Planning (Meán Fómhair 2007) *Cavan-Tyrone Constraints Report for EirGrid. Route Constraints Report*. Ar fáil ar: <http://www.eirgridprojects.com>

CAIBIDIL 5

Athbhreithniú an Choimisiúin um Shaineolaithe Neamhspleácha (Iúil 2011)

An Comhchoiste Oireachtais (Meitheamh 2012). *Report: Review by the International Expert Commission*

EirGrid (2008). *Eangach25 – Straitéis chun Eangach Leictreachais na hÉireann a Fhorbairt le bheith Inbhuanaithe agus Iomaíoch Amach Anseo*. Ar fáil ar: <http://www.eirgridprojects.com>

PB Power (2009). *Cavan-Tyrone & Meath-Cavan 400 kV Transmission Circuits – Comparison of High Voltage Transmission Options: Alternating Current Overhead and Underground, and Direct Current Underground*. Ar fáil ar: <http://www.eirgridprojects.com>

EirGrid (2008). *Tyrone-Cavan Interconnector & Meath Cavan Transmission Circuit – Corridor Evaluation Document*. Ar fáil ar: <http://www.eirgridprojects.com>

EirGrid (2009). *Locating 400 kV Rail Beds Report* (Tuarascáil maidir le Foghráid) Ar fáil ar: <http://www.eirgridprojects.com>

EirGrid (2008). *Kingscourt to Woodland 400 kV Power Line Response to Fáilte Ireland*. Ar fáil ar: <http://www.eirgridprojects.com>

EirGrid (Aibreán 2013). *North-South 400 kV Interconnection Development Final Re-evaluation Report*. Ar fáil ar: <http://www.eirgridprojects.com>

EirGrid (Bealtaine 2012). *Grid25 Implementation Programme (IP) 2011-2016 agus an Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA) a ghabhann leis*. Ar fáil ar: <http://www.eirgrid.com>

DCENR (Iúil 2012). *Government Policy Statement on the Strategic Importance of Transmission and Other Energy Infrastructure*. Ar fáil ar: <http://www.dcenr.gov.ie>

An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (2000). *An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000*. Ar fáil ar: <http://www.irishstatutebook.ie>

EirGrid (Bealtaine 2011). *North-South 400 kV Interconnection Development Preliminary Re-evaluation Report*. Ar fáil ar: <http://www.eirgridprojects.com>

CAIBIDIL 6

EirGrid (Bealtaine 2011). *North-South 400 kV Interconnection Development Preliminary Re-evaluation Report*. Ar fáil ar: <http://www.eirgridprojects.com>

EirGrid (Aibreán 2013). *North-South 400 kV Interconnection Development Final Re-evaluation Report*. Ar fáil ar: <http://www.eirgridprojects.com>

EirGrid (Iúil 2013). *North-South 400 kV Interconnection Development Preferred Project Solution Report*. Ar fáil ar: <http://www.eirgridprojects.com>

CAIBIDIL 7

EirGrid (Bealtaine 2011). *North-South 400 kV Interconnection Development Preliminary Re-evaluation Report*. Ar fáil ar: <http://www.eirgridprojects.com>

EirGrid (Aibreán 2013). *North-South 400 kV Interconnection Development Final Re-evaluation Report*. Ar fáil ar: <http://www.eirgridprojects.com>

EirGrid (Iúil 2013). *North-South 400 kV Interconnection Development Preferred Project Solution Report*. Ar fáil ar: <http://www.eirgridprojects.com>

CAIBIDIL 8

An Bord Pleanála (2014). *Project of Common Interest Manual of Permit Granting Process Procedures*. Ar fáil ar: <http://www.eirgridprojects.com>

EirGrid (Iúil 2013). *North-South 400 kV Interconnection Development Preferred Project Solution Report*. Ar fáil ar: <http://www.eirgridprojects.com>

EirGrid (Nollaig 2013). *Athbhreithniú agus Feabhas a Chur ar ár bPróiseas Comhairliúcháin Phoiblí*. Ar fáil ar: <http://www.eirgrid.com/aboutus/publications/gridinitiative>

EirGrid (Márta 2015). *Your Grid, Your Views, Your Tomorrow. A Discussion Paper on Ireland's Grid Development Strategy*. Ar fáil ar: <http://www.eirgrid.com>.

EirGrid (Bealtaine 2015). *Your Grid, Your Views, Your Tomorrow. Responding to Agricultural Concerns, Aguisín 1, Aguisín 2 & Aguisín 3*. Ar fáil: www.eirgrid.com/aboutus/publications/gridinitiatives.

EirGrid (Bealtaine 2015). *Your Grid, Your Views, Your Tomorrow. Responding to Equine Concerns, Aguisín 1, Aguisín 2, Aguisín 3 & Aguisín 4.* Ar fáil: www.eirgrid.com/aboutus/publications/gridinitiatives.

EirGrid (Bealtaine 2015). *Your Grid, Your Views, Your Tomorrow. Responding to Tourism Concerns,* Ar fáil ar: www.eirgrid.com/aboutus/publications/gridinitiatives.